

Iris Oifigiúil

an Aontais Eorpaigh

L 229



An t-eagrán Gaeilge

Reachtaíocht

Imleabhar 66

18 Meán Fómhair 2023

Clár

I *Gníomhartha reachtacha*

RIALACHÁIN

- ★ Rialachán (AE) 2023/1781 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 13 Meán Fómhair 2023 lena mbunaítear creat beart chun éiceachóras leathsheoltóra na hEorpa a neartú agus lena leasaítear Rialachán (AE) 2021/694 (an Gníomh um Shliseanna) ⁽¹⁾ 1

II *Gníomhartha neamhreachtacha*

COMHAONTUITHE IDIRNÁISIÚNTA

- ★ Nóta faisnéise maidir le teacht i bhfeidhm an Phrótacail lena gcuirtear chun feidhme an Comhaontú Comhpháirtíochta Iascaigh idir an tAontas Eorpach agus Poblacht Oileán Mhuirís (2022–2026) 54

RIALACHÁIN

- ★ Rialachán (AE) 2023/1782 ón gComhairle an 25 Iúil 2023 lena leasaítear Rialachán (AE) 2021/2085 lena mbunaítear na Comhghnóthais faoi Fís Eorpach, a mhéid a bhaineann leis an gComhghnóthas um Shliseanna ⁽¹⁾ 55
- ★ Rialachán (AE) 2023/1783 ón gCoimisiún an 15 Meán Fómhair 2023 lena leasaítear Iarscríbhinní II agus V a ghabhann le Rialachán (CE) Uimh. 396/2005 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle a mhéid a bhaineann le huasleibhéil iarmhar le haghaidh beansóait dínadóiniam, dé-úróin, eatocsasóil, meitimile, agus teafluibeansúróin i dtáirgí áirithe nó ar tháirgí áirithe ⁽¹⁾ 63
- ★ Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2023/1784 ón gCoimisiún an 15 Meán Fómhair 2023 lena leasaítear Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) Uimh. 686/2012 a mhéid a bhaineann le leithdháileadh ar Bhallstáit, chun críocha an nós imeachta athnuachana, na meastóireachta ar eatocsasóil, ar substaint í a rachaidh a formheas in éag an 31 Eanáir 2028 ⁽¹⁾ 89

⁽¹⁾ Téacs atá ábhartha maidir le LEE.

GA

Tagraíonn gníomhartha a bhfuil a dteidil i gcló éadrom do bhainistiú cúrsaí talmhaíochta ó lá go lá agus go ginearálta bíonn tréimhse theoranta bailíochta i gceist leo.

Tá teidil na gníomhartha eile i gcló trom agus tagann réiltín rompu.

CINNÍ

- ★ Cinneadh (AE) 2023/1785 ón gCoimisiún an 15 Meán Fómhair 2023 lena n-aisghairtear Cinneadh 2006/929/CE lena mbunaítear sásra comhair agus fíorúcháin ar dhul chun cinn sa Bhulgáir chun aghaidh a thabhairt ar thagarmharcanna sonracha i réimsí an athchóirithe bhreithiúnaigh agus an chomhraic i gcoinne an éillithe agus na coireachta eagraithe 91
- ★ Cinneadh (AE) 2023/1786 ón gCoimisiún an 15 Meán Fómhair 2023 lena n-aisghairtear Cinneadh 2006/928/CE lena mbunaítear sásra comhair agus fíorúcháin ar dhul chun cinn sa Rómáin chun aghaidh a thabhairt ar thagarmharcanna sonracha i réimsí an athchóirithe bhreithiúnaigh agus an chomhraic i gcoinne an éillithe 94

I

(Gníomhartha reachtacha)

RIALACHÁIN

RIALACHÁN (AE) 2023/1781 Ó PHARLAIMINT NA hEORPA AGUS ÓN gCOMHAIRLE

an 13 Meán Fómhair 2023

lena mbunaítear creat beart chun éiceachóras leathsheoltóra na hEorpa a neartú agus lena leasaítear Rialachán (AE) 2021/694 (an Gníomh um Shliseanna)

(Téacs atá ábhartha maidir le LEE)

TÁ PARLAIMINT NA hEORPA AGUS COMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh, agus go háirithe Airteagal 173(3) agus Airteagal 114 de,

Ag féachaint don togra ón gCoimisiún Eorpach,

Tar éis dóibh an dréachtghníomh reachtach a chur chuig na parlaimintí náisiúnta,

Ag féachaint don tuairim ó Choiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa ⁽¹⁾,

Ag féachaint don tuairim ó Choiste na Réigiún ⁽²⁾,

Ag gníomhú dóibh i gcomhréir leis an ngnáthnós imeachta reachtach ⁽³⁾,

De bharr an mhéid seo a leanas:

- (1) Tá leathsheoltóirí i gcoirlár aon ghairis dhigitigh agus aistriú digiteach an Aontais: ó fhóin chliste agus gluasteáin, trí fheidhmchlár agus bonneagair rithábachtacha i réimse na sláinte, an fhuinnimh, na cumarsáide agus an uathobrithe go dtí an chuid is mó d'earnálacha eile na tionsclaíochta. Ós rud é go bhfuil leathsheoltóirí lárnach sa gheilleagar digiteach, is cumasóirí cumhachtacha iad don aistriú inbhuanaitheachta agus glas agus rannchuidíonn siad, dá bhrí sin, le cuspóirí na teachtaireachta ón gCoimisiún an 11 Nollaig 2019 maidir leis an gComhaontú Glas don Eoraip. Cé go bhfuil leathsheoltóirí fíor-riachtanach d'fheidhmiú gheilleagar an lae inniu agus na sochaí chomh maith le d'fheidhmiú cosanta agus slándála, tá bristeacha gan fasach ina soláthar tar éis tarlú san Aontas, ar suntasach iad a n-iarmhairtí. Nochtaigh na bristeacha atá ann faoi láthair leochaileachtaí fadtréimhseacha i ndáil leis sin, go háirithe spleáchas láidir ar thriú tíortha maidir le monaraíocht agus dearadh sliseanna. Is iad na Ballstáit go príomha atá freagrach as bonn láidir tionsclaíoch, iomaíoch, inbhuanaithe agus nuálach a chothabháil san Aontas thar raon iomlán sliseanna.
- (2) Ba cheart creat a bhunú chun athléimneacht an Aontais i réimse na dteicneolaíochtaí leathsheoltóra a mhéadú, chun éiceachóras leathsheoltóra an Aontais a threisiú trí spleáchais a laghdú, ceannasacht dhigiteach a fheabhsú, infheistíocht a spreagadh, cumais, slándáil, inoiriúnaitheacht agus athléimneacht shlabhra soláthair leathsheoltóra an Aontais a neartú, agus comhar a mhéadú i measc na mBallstát, an Choimisiúin, agus comhpháirtithe straitéiseacha idirnáisiúnta.

⁽¹⁾ IO C 365, 23.9.2022, lch. 34.

⁽²⁾ IO C 498, 30.12.2022, lch. 94.

⁽³⁾ Seasamh ó Pharlaimint na hEorpa an 11 Iúil 2023 (nár foilsíodh fós san Iris Oifigiúil) agus cinneadh ón gComhairle an 25 Iúil 2023.

- (3) Tá dhá chuspóir ghinearálta á saothrú leis an gcreat sin. Is é an chéad chuspóir na dálaí a áirithiú is gá le haghaidh iomaíochas agus acmhainneacht nuálaíochta an Aontais, oiriúnú an tionscail d'athruithe struchtúracha i ngeall ar thimthriallta nuálaíochta tapa agus an gá le hinbhuanaitheacht a áirithiú, agus chun an t-éiceachóras leathsheoltóra uile-Aontais a neartú le heolas, saineolas, acmhainní comhthiomsaithe agus láidreachtaí coiteanna. Is é an dara cuspóir, ar leithligh ón gcéad chuspóir agus comhlántach leis, feidhmiú an mhargaidh inmheánaigh a fheabhsú trí chreat dlíthiúil aonfhoirmeach de chuid an Aontais a leagan síos chun athléimneacht fhadtéarmach agus cumas nuálaíochta an Aontais agus a chumas slándáil soláthair a chur ar fáil a mhéadú i réimse na dteicneolaíochtaí leathsheoltóra d'fhonn cur leis an stóinseacht chun bristeacha a chomhrac.
- (4) Is gá bearta a dhéanamh chun acmhainneacht a fhorbairt agus éiceachóras leathsheoltóra an Aontais a neartú i gcomhréir le hAirteagal 173(3) den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh (CFAE). Níor cheart comhchuíbhiú na ndlíthe náisiúnta ná na rialachán náisiúnta a bheith ag baint leis na bearta sin. I ndáil leis an méid sin, ba cheart don Aontas iomaíochas agus athléimneacht an bhoinn theicneolaíoch agus thionsclaíoch leathsheoltóra a threisiú, agus an tráth céanna acmhainneacht nuálaíochta a éiceachóras leathsheoltóra a neartú ar fud an Aontais, an spleáchas ar líon teoranta cuideachtaí agus limistéir gheografacha tríú tír a laghdú, agus a acmhainneacht leathsheoltóirí ardfhorbartha a dheardh, a tháirgeadh, a phacáistiú, a athúsáid agus a athchúrsáil a neartú. Ba cheart an Tionscnamh Sliseanna don Eoraip ('an Tionscnamh') a bhunaítear leis an Rialachán seo a bheith ina thacú leis na haidhmeanna sin tríd an mbearna a dhúnadh idir ardchumais taighde agus nuálaíochta an Aontais agus saothrú tionsclaíoch inbhuanaithe na gcumas sin. Leis an Tionscnamh, ba cheart fothú acmhainneachta a chur chun cinn chun dearadh, táirgeadh agus comhtháthú córas a éascú i dteicneolaíochtaí leathsheoltóra den chéad ghlúin eile, agus ba cheart feabhas a chur ar an gcomhar idir príomhghníomhaithe ar fud an Aontais, rud a neartódh slabhraí soláthair agus luacha leathsheoltóra an Aontais, a fhreastalódh ar phríomhearnálacha tionsclaíocha agus a chruthódh margáí nua.
- (5) Mar gheall ar uileláithreacht leathsheoltóirí, rinne na ganntanais a bhí ann le déanaí dochar díreach nó indíreach do ghnólachtaí ar fud an Aontais agus spreag siad mór-iarmhairtí eacnamaíocha. Mar thoradh ar an tionchar eacnamaíoch agus sóisialta atá aige sin, is mó feasacht an phobail agus na n-oibreoirí eacnamaíocha, agus tá brú ar na Ballstáit dá bharr sin aghaidh a thabhairt ar na spleáchais straitéiseacha a mhéid a bhaineann le leathsheoltóirí. Ag an am céanna, is saintréith den earnáil leathsheoltóra é idirtheuilleamaíochtaí a bheith ar fud an tslabhra luacha, nach bhfuil aon gheografacht amháin inti chun tosaigh ar na céimeanna go léir den slabhra luacha. Léiriú breise ar an nádúr trasteorann sin is ea nádúr na dtáirgí leathsheoltóra mar chumasóir do thionscail iarteachtacha. Cé go bhféadfadh monaríocht leathsheoltóra a bheith comhchruinnithe i roinnt réigiún, tá tionscail na n-úsáideoirí scaipthe amach ar fud an Aontais. I bhfianaise an mhéid sin, is trí dhlí chomhchuíbhithe an Aontais, ar bhonn Airteagal 114 CFAE is fearr aghaidh a thabhairt ar shlándáil soláthair leathsheoltóra agus athléimneacht an éiceachórais leathsheoltóra. Tá gá le creat rialála comhleanúnach aonair lena gcomhchuíbhithear coinníollacha áirithe d'oibreoirí chun tionscadail shonracha a chur i gcrích a chuireann le slándáil an tsoláthair agus le hathléimneacht éiceachóras leathsheoltóra an Aontais. Ina theannta sin, ba cheart sásra comhordaithe le haghaidh faireacháin, mapáil straitéiseach agus cosc agus freagairt ar ghéarchéimeanna a bhunú chun aghaidh a thabhairt ar ghanntanais soláthair agus chun bacainní ar aontacht an mhargaidh inmheánaigh a chosc, agus difríochtaí sa fhreagairt idir na Ballstáit á seachaint.
- (6) Chun bonneagar criticiúil agus slándáil an Aontais a neartú chomh maith lena cheannaireacht theicneolaíoch, tá gá le sliseanna ceannródaíocha agus aibí ar aon, go háirithe chun féachaint chuige go seasfaidh earnálacha straitéiseacha an aimsir.
- (7) Ba cheart tacú le baint amach na gcuspóirí sin le sásra rialachais. Ar leibhéal an Aontais, leis an Rialachán seo, ba cheart an Bord Eorpach um Leathsheoltóirí a bhunú, ar a mbeidh ionadaithe ó na Ballstáit agus a mbeidh an Coimisiún ina chathaoirleach air, chun cur chun feidhme rianúil, éifeachtach agus comhchuíbhithe an Rialacháin seo, agus chun comhar agus malartú faisnéise a éascú. Ba cheart don Bhord Eorpach um Leathsheoltóirí comhairle agus cúnaimh a chur ar fáil don Choimisiún maidir le ceisteanna sonracha, lena n-áirítear cur chun feidhme comhsheasmhach an Rialacháin seo, rud a d'éascódh comhar idir na Ballstáit agus malartú faisnéise maidir le saincheisteanna a bhaineann leis an Rialachán seo. Ba cheart don Bord Eorpach um Leathsheoltóirí comhairle a thabhairt freisin don Choimisiún i ndáil le comhar idirnáisiúnta a bhaineann le leathsheoltóirí. Ba cheart don Bhord Eorpach um Leathsheoltóirí cruinnithe ar leithligh a thionól dá chúraimí faoi na caibidlí éagsúla den Rialachán seo. Féadfar comhdhéanamh éagsúil de na hionadaithe ardleibhéil a bheith ag na cruinnithe éagsúla agus féadfaidh an Coimisiún foghrúpaí a bhunú.

- (8) I bhfianaise chineál domhandaithe an tslabhra soláthair leathsheoltóra, is gné thábhachtach é an comhar idirnáisiúnta le tríú tíortha chun athléimneacht in éiceachóras leathsheoltóra an Aontais a bhaint amach. Leis na gníomhaíochtaí arna ndéanamh faoin Rialachán seo, ba cheart a chur ar chumas an Aontais ról níos láidre a bheith aige freisin, mar ionad barr feabhais, in éiceachóras domhanda idirspiléach leathsheoltóra a fheidhmiú níos fearr. Chuige sin, ba cheart don Bhord Eorpach um Leathsheoltóirí comhairle a chur ar an gCoimisiún maidir le hábhair a bhaineann leis na hiarrachtaí sin a chomhordú agus le feabhas a chur ar an gcomhar feadh an tslabhra luacha leathsheoltóra dhomhanda idir an tAontas agus tríú tíortha, agus tuairimí na comhghuaillíochta um próiseálaithe agus teicneolaíochtaí leathsheoltóra agus geallsealbhoirí eile á gcur san áireamh i gcás inarb ábhartha.
- (9) I gcomhréir leis na hoibleagáidí idirnáisiúnta agus leis na ceanglais nós imeachta is infheidhme, d'fhéadfadh an tAontas agus na Ballstáit a bheith rannpháirteach, lena n-áirítear trí bhíthin taidhleoireachta, le comhpháirtithe straitéiseacha idirnáisiúnta a bhfuil buntáistí acu sa thionscal leathsheoltóra, d'fhonn réitigh a lorg chun slándáil an tsoláthair a neartú agus chun aghaidh a thabhairt ar bhristeacha sa slabhra soláthair leathsheoltóra amach anseo, mar shampla iad sin a eascraíonn as srianta ar onnmhairiú tríú tír, chun infhaighteacht amhábar agus táirgí idirmheánacha a shainiú. D'fhéadfadh, i gcás inarb iomchuí, comhaontuithe infheistíochta agus trádála nó iarrachtaí taidhleoireachta eile a thabhairt i gcrích i gcomhréir leis na ceanglais nós imeachta is infheidhme comhordú a bheith i gceist leis sin i bhfóramh ábhartha idirnáisiúnta nó rannpháirtíocht le geallsealbhoirí ábhartha.
- (10) Chun an gealltanais a chomhlíonadh go bhfreastalófaí ar riachtanais lucht saothair ar fud an tslabhra soláthair leathsheoltóra, ba cheart don Choimisiún sineirgí le clár de chuid an Aontais atá ann cheana a áirithiú agus ba cheart dó tacú leis na Ballstáit agus iad a spreagadh chun tionscnaimh a bhunú a rannchuidíonn le malartú eolais acadúil, le comhpháirtithe straitéiseacha idirnáisiúnta.
- (11) Is cuspóir soiléir de chuid an Aontais é comhar idirnáisiúnta agus malartú eolais a chur chun cinn ar bhonn leasanna an Aontais, ar leasanna frithpháirteacha, ar ghealltanais idirnáisiúnta, agus, a mhéid is féidir, ar chómhálartacht. Mar sin féin, d'fhéadfadh sárú ar chearta maoinne intleachtúla, nochtadh neamhúdaraíthe rún trádála, nó sceitheadh teicneolaíochtaí fogaire atá ag teacht chun cinn san earnáil leathsheoltóra dochar a dhéanamh do leasanna slándála an Aontais. I bhfianaise an mhéid sin, tá an Coimisiún ag féachaint ar thograí nithiúla chun creataí infheistíochta agus rialála onnmhairí an Aontais a neartú. Ina theannta sin, ba cheart don Aontas agus do na Ballstáit comhoibriú le comhpháirtithe straitéiseacha chun an chomhcheannaireacht theicneolaíoch agus thionsclaíoch a neartú i gcomhréir leis na ceanglais nós imeachta is infheidhme.
- (12) Príomhthréith san earnáil leathsheoltóra is ea costais forbartha agus nuálaíochta an-ard agus costais an-ard chun saoráidí úrscothacha le haghaidh tástála agus bailíochtú a thógáil chun tacú leis an táirgeacht thionsclaíoch. Tá tionchar díreach aige sin ar iomaíochas agus ar acmhainneacht nuálaíochta thionsclaíoch an Aontais, agus ar shlándáil an tsoláthair agus athléimneacht éiceachóras leathsheoltóra an Aontais chomh maith. I bhfianaise na gceachtanna a foghlaimíodh ó na ganntanais a bhí ann le déanaí san Aontas agus ar fud an domhain agus i bhfianaise éabhlóid ghasta na ndúshlán teicneolaíochta agus na dtimthriallta nuálaíochta a dhéanann difear don slabhra luacha leathsheoltóra, is gá na láidreachtaí atá ag an Aontas cheana a threisiú agus, ar an gcaoi sin a iomaíochas, a iomaíochas, a athléimneacht, agus a acmhainneacht taighde agus nuálaíochta a mhéadú trí bhíthin an Tionscnaimh a bhunú.
- (13) Is iad na Ballstáit go príomha atá freagrach as bonn láidir thionsclaíoch, iomaíoch, inbhuanaithe agus nuálach a chothú san Aontas. Mar sin féin, mar gheall ar chineál agus scála na ndúshlán taighde agus nuálaíochta i réimse na leathsheoltóirí, ní mór gníomhú go comhoibríoch ar leibhéal an Aontais.
- (14) Chun na hacmhainneachtaí le haghaidh taighde agus nuálaíochta i gcúrsaí teicneolaíochta leathsheoltóra a thabhairt don Aontas a bhfuil gá leo chun ról ceannaireachta a chuid infheistíochtaí taighde agus thionsclaíoch a choinneáil ar thús cadhnaíochta, agus chun an bhearna atá ann faoi láthair idir taighde agus forbairt (T&F) agus an mhonaraíocht a líonadh, ba cheart don Aontas agus do na Ballstáit a gcuid iarrachtaí a chomhordú ar bhealach níos fearr agus ba cheart dóibh comh-infheistiú. Mar gheall ar na dúshlán atá roimh éiceachóras leathsheoltóra an Aontais faoi láthair, tá gá le hacmhainneacht mhórsála a bhaint amach agus teastaíonn iarracht chomhchoiteann ó na Ballstáit, i dteannta an Aontais, chun tacú le hacmhainneacht mhórsála a fhorbairt agus a imscaradh. Áirítear leis an iarracht chomhchoiteann sin acmhainní airgeadais a chur ar fáil i gcomhréir le huaimhian an Tionscnaimh tacú le forbairt agus infhaighteacht fhorleathan acmhainneachtaí nuálacha agus bonneagar digiteach fairsing, lena gcuimsítear an t-ardán dearthóireachta fíorúil, na línte píolótacha, lena n-áirítear le haghaidh sliseanna candamacha, agus scaipeadh eolais, scileanna agus inniúlachtaí ar mhaithe leis an éiceachóras leathsheoltóra iomlán. Chun an méid sin a bhaint amach, ba cheart don Aontas agus do na Ballstáit spriocanna an aistrithe ghlais agus dhigitigh araon a chur san áireamh. I ndáil leis an méid sin, cuireann feistí leathsheoltóra agus próisis mhonaraíochta deiseanna suntasacha ar fáil chun tionchar comhshaoil, agus, go háirithe, tionchar carbóin, na dtionscal a laghdú, agus ar an gcaoi sin rannchuidiú le huaimhianta, mar shampla, an teachtaireacht ón gCoimisiún an 14 Iúil 2021 dar teideal ‘Fit for 55’: delivering the EU’s 2030 Climate Target on the way to climate neutrality’ [“Oiriúnach do 55”: Sprioc Aeráide 2030 AE i dtreo aeráidneodracht a bhaint amach], na Saoráide Téarnaimh agus Athléimneachta arna bhunú le Rialachán

(AE) 2021/241 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle (*) agus teachtaireacht ón gCoimisiún an 18 Bealtaine 2022 dar teideal 'plean REPowerEU'. Trí chomhpháirteanna agus gníomhaíochtaí uile an Tionscnaimh, ba cheart, a mhéid is féidir, na tairbhí a bhaineann le cur i bhfeidhm na dteicneolaíochtaí leathsheoltóra a phríomhshruthú agus a uasmhéadú mar chumasóirí cumhachtacha don aistriú inbhuanaitheachta a bhféadfadh táirgí nua agus úsáid acmhainní atá níos éifeachtúla, níos éifeachtaí, níos glaine agus níos marthanaí a bheith mar thoradh orthu, lena n-áirítear fuinneamh agus ábhair atá riachtanach do tháirgeacht agus d'úsáid shaolré iomlán na leathsheoltóirí.

- (15) Chun a chuspóir ginearálta a bhaint amach, agus chun aghaidh a thabhairt ar dhúshlán soláthair agus éilimh an éiceachórais leathsheoltóra atá ann faoi láthair, ba cheart cúig chuspóir oibríochtúla a chuimsiú sa Tionscnamh. Ar an gcéad dul síos, chun acmhainneacht deartha an Aontais a threisiú, ba cheart, leis an Tionscnamh tacú le gníomhaíochtaí chun ardán dearthóireachta fíorúil a fhorbairt a bheadh ar fáil ar fud an Aontais. Leis an ardán, ba cheart dearthóireachta fíorúil pobail na dtithe dearthóireachta, na ngnólachtaí nuathionscanta, FBManna agus na soláthróirí maoine intleachtúla agus uirlisí agus eagraíochtaí taighde agus teicneolaíochta a nascadh chun réitigh fréamhshamhla fíorúla a sholáthar bunaithe ar chomhfhorbairt na teicneolaíochta.
- (16) Ar an dara dul síos, chun bonn a chur faoi shlándáil an tsoláthair agus éiceachóras leathsheoltóra an Aontais a neartú, ba cheart don Tionscnamh tacú le feabhas a chur ar ardlínte píolótacha atá ann cheana agus le hardlínte píolótacha nua a fhorbairt agus a imscaradh chun forbairt agus imscaradh teicneolaíochtaí leathsheoltóra úrscothacha agus teicneolaíochtaí leathsheoltóra na chéad ghlúine eile a chumasú. Ba cheart do na línte píolótacha saoráid a sholáthar don tionscal chun teicneolaíochtaí leathsheoltóra agus coincheapa deartha córais a thástáil agus a bhailíochtú agus chun turgnamh a dhéanamh orthu ar leibhéal ullmhachta teicneolaíochta atá níos airde ná leibhéal 3 ach faoi bhun leibhéal 8, agus na tionchair ar an gcomhshaol a laghdú a mhéid is féidir an tráth céanna. Tá gá le hinfheistíochtaí ón Aontas, in éineacht le hinfheistíocht ó na Ballstáit agus ón earnáil phríobháideach, i línte píolótacha chun aghaidh a thabhairt ar an dúshlán struchtúrach agus ar an gcliseadh margaidh atá ann faoi láthair i gcás nach bhfuil saoráidí den sórt sin ar fáil san Aontas, rud a chuireann bac ar phoitéinseal nuálaíochta agus ar iomaíochas domhanda an Aontais.
- (17) Ar an tríú dul síos, chun dlús a chur le forbairt nuálach slisíní candamacha agus teicneolaíochtaí gaolmhara leathsheoltóra, lena n-áirítear iad siúd atá bunaithe ar ábhar leathsheoltóra nó atá comhtháite le fótonaic, lena gcuidítear le forbairt na hearnála leathsheoltóra, ba cheart don Tionscnamh tacú le gníomhaíochtaí lena n-áirítear gníomhaíochtaí a bhaineann le leabharlanna dearthóireachta le haghaidh sliseanna candamacha, le línte píolótacha chun sliseanna candamacha a dhéanamh agus saoráidí le haghaidh tástála agus bailíochtú sliseanna candamacha arna dtáirgeadh ag na línte píolótacha.
- (18) Ar an gceathrú dul síos, chun úsáid na dteicneolaíochtaí leathsheoltóra a chur chun cinn, chun rochtain a sholáthar ar shaoráidí dearthóireachta agus línte píolótacha, agus chun aghaidh a thabhairt ar bhearnaí scileanna ar fud an Aontais, ba cheart don Tionscnamh deis a thabhairt do na Ballstáit ar a laghad lárionad inniúlachta amháin maidir le leathsheoltóirí a bhunú i ngach Ballstát, trí na lárionaid atá ann cheana a fheabhsú nó trí shaoráidí nua a chruthú. Ba cheart rochtain ar bhonneagar a chistítear go poiblí, mar shampla saoráidí píolótacha agus tástála, agus ar lárionaid inniúlachta, a bheith oscailte do raon leathan úsáideoirí agus ba cheart an rochtain sin a dheomú ar bhonn trédhearcach neamh-idirdhealaitheach agus ar théarmaí margaidh (nó ar bhonn an chostais móide corrlach réasúnta) do ghnóthais mhóra, agus féadfaidh FBManna agus institiúidí acadúla tairbhe a bhaint as rochtain fhabhrach nó as praghsanna laghdaithe an tráth céanna. Is féidir le crostoirchiú níos leithne agus gnóthachain maidir le fios gnó agus barr feabhais eascairt as rochtain den sórt sin, lena n-áirítear rochtain do chomhpháirtithe idirnáisiúnta taighde agus tráchtála, agus an tráth céanna rannchuidiú le gnóthú costais.
- (19) Ar an gcúigiú dul síos, ba cheart don Choimisiún saoráid thiomnaithe a bhunú chun infheistíocht a dhéanamh i leathsheoltóirí (mar chuid de na gníomhaíochtaí éascaithe infheistíochta a ndéantar cur síos orthu go comhchoiteann mar 'an Ciste um Shliseanna') lena molfaí réitigh chothromais agus fiachais araon, lena n-áirítear saoráid mheasctha faoin gCiste InvestEU a bhunaítear le Rialachán (AE) 2021/523 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle (¶), i ndlúthchomhar le Grúpa an Bhainc Eorpaigh Infheistíochta agus in éineacht le comhpháirtithe cur chun feidhme eile mar shampla bainc agus institiúidí náisiúnta le haghaidh spreagadh. Ba cheart do ghníomhaíochtaí 'an Ciste um Shliseanna' tacú le héiceachóras leathsheoltóra dinimiciúil athléimneach a fhorbairt trí dheiseanna a chur ar fáil le haghaidh infhaighteacht mhéadaithe chun tacú le fás gnólachtaí nuathionscanta agus FBManna chomh maith le hinfheistíochtaí ar fud an tslabhra luacha, lena n-áirítear deiseanna le haghaidh cuideachtaí eile sa slabhra luacha leathsheoltóra. I ndáil leis an méid sin, ba cheart tacaíocht agus treoir shoiléir a chur ar fáil, go háirithe, do FBManna, agus é mar aidhm leis sin cabhrú leo sa phróiseas iarratais. Sa chomhthéacs sin, trí dheontais agus infheistíochtaí cothromais, táthar ag súil go gcuirfidh an Chomhairle Nuálaíochta Eorpach tacaíocht bhreise thiomnaithe ar fáil do nuálaithe ardriosca a chruthaíonn margadh.

(*) Rialachán (AE) 2021/241 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 12 Feabhra 2021 lena mbunaítear an tSaoráid Téarnaimh agus Athléimneachta, (IO L 57, 18.2.2021, lch. 17).

(¶) Rialachán (AE) 2021/523 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 24 Márta 2021 lena mbunaítear Clár InvestEU agus lena leasaítear Rialachán (AE) 2015/1017 (IO L 107, 26.3.2021, lch. 30).

- (20) Chun na teorainneacha leis na hiarrachtaí ilroinnte infheistíochta poiblí agus príobháidí atá ann faoi láthair a shárú, chun comhtháthú, crostoirchiú agus toradh ar infheistíocht sna cláir leanúnacha a éascú agus chun fis straitéiseach chomhchoiteann de chuid an Aontais maidir le leathsheoltóirí a shaothrú mar bhealach chun uailmhian an Aontais agus na mBallstát ról ceannasach a áirithiú sa gheilleagar digiteach a bhaint amach, ba cheart don Tionscnamh comhordú níos fearr agus sineirgí níos dlúithe idir na cláir chistiúcháin atá ann cheana ar leibhéal an Aontais agus ar an leibhéal náisiúnta, comhordú agus comhoibriú níos fearr le geallsealbhóirí tionsclaíochta agus le príomh-gheallsealbhóirí de chuid na hearnála príobháidí agus infheistíochtaí breise leis na Ballstáit a éascú. Tá cur chun feidhme an Tionscnaimh ceaptha chun acmhainní a chomhthiomsú ón Aontas, ó na Ballstáit agus ó thríú tíortha a bhfuil baint acu leis na cláir de chuid an Aontais atá ann cheana, mar aon leis an earnáil phríobháideach. Dá bhrí sin, ní fhéadfar rath an Tionscnaimh a fhorbairt ach le hiarracht chomhchoiteann ó na Ballstáit, agus ón Aontas chun tacú leis na costais shuntasacha chaipitil agus le hinfhaighteacht fhorleathan an dearaidh fhíorúil araon, le hacmhainní a thástáil agus a phiólótu agus le heolas, scileanna agus inniúlachtaí a scaipeadh. I gcás inarb iomchuí, i bhfianaise shainiúlachtaí na gníomhaíochtaí lena mbaineann, ba cheart tacú freisin le cuspóirí an Tionscnaimh, go háirithe le gníomhaíochtaí ‘an Ciste um Shliseanna’, trí shaoráid mheasctha faoin gCiste InvestEU.
- (21) Ba cheart tacaíocht ón Tionscnamh a úsáid ar bhealach comhréireach costéifeachtach chun aghaidh a thabhairt ar chlistí margaidh nó ar chásanna infheistíochta fo-optamacha a bhíonn ann mar thoradh ar ard-déine caipitil, ardriosca agus tírdhreach casta an éiceachórais leathsheoltóra, agus níor cheart maoiniú príobháideach a dhúbailt ná a phlódú le gníomhaíochtaí, ná níor cheart an iomaíocht sa mhargadh inmheánach a shaobhadh leo. Ba cheart breisluach soiléir ar fud an Aontais a bheith ag na gníomhaíochtaí.
- (22) Ba cheart cur chun feidhme príomha an Tionscnaimh a chur faoi chúram an Chomhghnóthais um Shliseanna arna bhunú le Rialachán (AE) 2021/2085 ón gComhairle ⁽⁶⁾ (‘an Comhghnóthas um Shliseanna’).
- (23) Ba cheart don Tionscnamh cur leis an mbonn láidir eolais agus feabhas a chur ar shineirgí le gníomhaíochtaí a dtacaíonn an tAontas agus na Ballstáit leo faoi láthair trí chlár agus gníomhaíochtaí taighde agus nuálaíochta maidir le leathsheoltóirí agus maidir le forbairtí ar chuid den slabhra soláthair, go háirithe Fís Eorpach an Clár Réime um Thaighde agus um Nuálaíocht a bhunaítear le Rialachán (AE) 2021/695 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle ⁽⁷⁾ (Fís Eorpach) agus an Clár don Eoraip Dhigiteach a bhunaítear le Rialachán (AE) 2021/694 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle ⁽⁸⁾ arb é is aidhm dó faoin mbliain 2030 an tAontas a threisiú mar ghníomhaí domhanda i dteicneolaíocht leathsheoltóra agus a feidhmchlár, a mbeidh a sciar domhanda den mhonaríocht ag dul i méid, i gcomhréir leis an teachtaireacht ón gCoimisiún an 9 Márta 2021 dar teideal ‘2030 Digital Compass: the European way for the Digital Decade’ [Compás Digiteach 2030: an modh Eorpach le haghaidh na Deacáide Digití]. Ina theannta sin, meastar go slógfar infheistíochtaí príobháideacha chun cistiú an Tionscnaimh a chomhlánú chun rannchuidiú lena chuspóirí a bhaint amach. Agus na gníomhaíochtaí sin á gcomhlánú aige, d’oibreodh an Tionscnamh i ndlúthchomhar le geallsealbhóirí ábhartha eile, lena n-áirítear an Chomhghuaillíocht Thionsclaíoch um Próiseálaithe agus Teicneolaíochtaí Leathsheoltóra.
- (24) Chun sineirgí a cheadú idir cláir an Aontais agus cláir na mBallstát, ba cheart do chlár oibre an Chomhghnóthais um Shliseanna faoin Tionscnamh, i gcomhréir le hAirteagal 17(2), pointe (k), agus Airteagal 137, pointe (aa), de Rialachán (AE) 2021/2085 ón gComhairle, idirdhealú soiléir a dhéanamh idir gníomhaíochtaí chun tacú le taighde agus nuálaíocht i leathsheoltóirí agus na gníomhaíochtaí sin arb é is aidhm dóibh codanna den slabhra soláthair a fhorbairt, chun rannpháirtíocht iomchuí eintiteas poiblí agus príobháideach a áirithiú.
- (25) D’fhonn cur chun feidhme gníomhaíochtaí sonracha a dtacaíonn an Tionscnamh leo a éascú, mar shampla an t-ardán dearthóireachta fíorúil nó línte píolótacha, is gá ionstraim dlí nua, cuibhreas Eorpach um bonneagar sliseanna (ECIC) a chur ar fáil mar rogha. Ba cheart pearsantacht dhlítheanach a bheith ag ECIC. Ciallaíonn sé sin, nuair a dhéantar iarratas ar na gníomhaíochtaí sonracha atá le cistiú ag an Tionscnamh, gur féidir le ECIC féin, seachas na heintitis aonair in ECIC, a bheith ina iarratasóir. Mar sin féin, de bhun Airteagal 134(43) de Rialachán (AE) 2021/2085, iarrtar faoin gClár Oibre go bhfuil na tograí faoin oscailte d’fhoirmeacha dlíthiúla éagsúla comhair agus do rannpháirtithe eile, agus níl roghnú na dtograí le haghaidh cistiúcháin bunaithe ar fhoirm shonrach dhlíthiúil comhair. Ba cheart spreagadh an chomhair éifeachtaigh struchtúraigh idir eintitis dlíthiúla, lena n-áirítear

⁽⁶⁾ Rialachán (AE) 2021/2085 ón gComhairle an 19 Samhain 2021 lena mbunaítear na Comhghnóthais faoi Fís Eorpach agus lena n-aisghairtear Rialachán (CE) Uimh. 219/2007, (AE) Uimh. 557/2014, (AE) Uimh. 558/2014, (AE) Uimh. 559/2014, (AE) Uimh. 560/2014, (AE) Uimh. 561/2014 agus (AE) Uimh. 642/2014, (IO L 427, 30.11.2021, lch. 17.).

⁽⁷⁾ Rialachán (AE) 2021/695 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 28 Aibreán 2021 lena mbunaítear Fís Eorpach – an Clár Réime um Thaighde agus um Nuálaíocht, lena leagtar síos a rialacha maidir le rannpháirtíocht agus scaipeadh, agus lena n-aisghairtear Rialachán (AE) Uimh. 1290/2013 agus (AE) Uimh. 1291/2013. (IO L 170, 12.5.2021, lch. 1).

⁽⁸⁾ Rialachán (AE) 2021/694 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 29 Aibreán 2021, lena mbunaítear an Clár don Eoraip Dhigiteach agus lena n-aisghairtear Cinneadh (AE) 2015/2240. (IO L 166, 11.5.2021, lch. 1).

eagraíochtaí taighde agus teicneolaíochta, lucht tionscail agus na Ballstáit, a bheith ina phríomhaidhm ag ECIC. Ba cheart trí chomhalta ar a laghad a bheith rannpháirteach in ECIC, eadhon na Ballstáit, nó eintitis dhlíthiúla phoiblí nó príobháideacha ó thrí Bhallstát ar a laghad, nó teaghlaim díobh sin, d'fhonn ionadaíocht leathan ar fud an Aontais a bhaint amach. Ach pearsantacht dhlítheanach a bheith aige, bheadh dóthain neamhspleáchais ag ECIC chun a bhallraíocht, a rialachas, a chistiú, a bhuiséad, na socrúithe le haghaidh ranníocaíochtaí airgeadais agus comhchineáil óna chomhaltaí, agus an comhordú agus bainistiú a dhéantar ar mhaoin intleachtúil agus modhanna oibre a leagan síos. Ba cheart comhaltaí ECIC a bheith in ann lánsolúbthacht a bheith acu maidir leis an dlí is infheidhme, an suíomh reachtúil agus cearta vótála a chinneadh. Ba cheart roghnú na n-eintiteas dlíthiúil poiblí agus príobháideach lena gcuirtear plean oibre ECIC chun feidhme a bheith cothrom, trédhearcach agus oscailte. Chun rochtain chothrom chomhionann ar rannpháirtíocht a áirithiú, ba cheart ECIC a bheith oscailte do chomhaltaí nua, eadhon Ballstáit nó eintitis dhlíthiúla phoiblí nó príobháideacha, i gcaitheamh a shaolré. Ba cheart do na Ballstáit, go háirithe, a bheith in ann dul isteach in ECIC tráth ar bith mar lánchomhaltaí nó mar bhreathnóirí, ach ba cheart d'eintitis dhlíthiúla phoiblí nó príobháideacha eile a bheith in ann teacht isteach tráth ar bith ar théarmaí cothroma agus réasúnacha a shonraítear i reachtanna ECIC. Ba cheart do Bhord Údarás Poiblí an Chomhghnóthais um Shliseanna a bheith in ann oscailteacht ECIC a fhíorú agus a mholadh go ndéanfaí bearta feabhais áirithe i gcás inar gá. Níor cheart bunú iarbhír comhlachta nua de chuid an Aontais a bheith i gceist le ECIC a bhunú. Ba cheart dó aghaidh a thabhairt ar an mbearna atá i mbosca uirlisí an Aontais maidir le cistiú ó na Ballstáit, ó bhuiséad an Aontais agus ó infheistíocht príobháideach a chomhcheangal chun gníomhaíochtaí sonracha a dtacaíonn an Tionscnamh leo a chur chun feidhme. Níor cheart don Choimisiún a bheith ina bhall de ECIC.

- (26) I gcás nach n-áirítear eintitis príobháideacha le comhaltas ECIC, aithneofar mar chomhlacht idirnáisiúnta é de réir bhrí Airteagal 143(1), pointe (g), agus Airteagal 151(1) pointe (b), de Threoir 2006/112/CE ón gComhairle ⁽⁹⁾ agus mar eagraíocht idirnáisiúnta de réir bhrí Airteagal 11(1), pointe (b), de Threoir (AE) 2020/262 ón gComhairle ⁽¹⁰⁾. Níor cheart ECIC a aithint mar chomhlacht idirnáisiúnta den sórt sin ná mar eagraíocht idirnáisiúnta den sórt sin má tá eintitis príobháideacha i measc a chomhaltaí.
- (27) Tá T&F laistigh den Aontas níos neamhchosanta ar chleachtas darb aidhm faisnéis rúnda, rún trádála, agus sonraí cosanta a chúbláil, mar shampla goid maoinne intleachtúla, aistrithe éigeantacha teicneolaíochta agus spiaireacht eacnamaíoch. Chun drochthionchair ar leasanna an Aontais agus ar chuspóirí an Tionscnaimh a chosc, is gá cur chuige a ghlacadh chun a áirithiú go gcosnófar rochtain ar fhaisnéis íogair nó ar thorthaí íogaire agus a n-úsáid, lena n-áirítear sonraí agus fios gnó, slándáil agus aistriú úinéireachta torthaí chomh maith le hinneachar atá faoi chosaint ag cearta maoinne intleachtúla a ghintear i ndáil le gníomhaíochtaí a dtacaíonn an Tionscnamh leo nó mar thoradh orthu. Chun an chosaint sin a áirithiú, aon gníomhaíocht a fhaigheann tacaíocht ón Tionscnamh agus a chistítear le Clár Fís Eorpach agus leis an gClár don Eoraip Dhigiteach ba cheart dóibh forálacha ábhartha na gClár sin a leanúint, mar shampla maidir le rannpháirtíocht eintiteas atá bunaithe i dtríú tíortha atá comhlachaithe leis an gclár, comhaontuithe deontais, úinéireacht agus cosaint, slándáil, saothrú agus scaipeadh, aistriú agus ceadúnú agus cearta rochtana. Is féidir forálacha sonracha a leagan síos agus na Clár sin á gcur chun feidhme, go háirithe maidir le teorainneacha ar aistrithe agus ceadúnú i gcomhréir le hAirteagal 40(4) de Rialachán (AE) 2021/695, agus teorainn le rannpháirtíocht eintiteas dlítheanach atá bunaithe i dtíortha comhlachaithe sonraithe nó i dtríú tíortha eile mar gheall ar chúiseanna bunaithe ar shócmhainní straitéiseacha, leasanna, uathriail nó slándáil an Aontais agus a Bhallstát, i gcomhréir le hAirteagal 22(5) de Rialachán (AE) 2021/695 agus le hAirteagal 12(6) de Rialachán (AE) 2021/694. Ina theannta sin, ba cheart láimhseáil faisnéise íogaire, slándáil, rúndacht, cosaint rún trádála agus cearta maoinne intleachtúla a rialú le dlí an Aontais, lena n-áirítear Treoracha (AE) 2016/943 ⁽¹¹⁾ agus 2004/48/CE ⁽¹²⁾ ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle agus leis an dlí náisiúnta. Is féidir leis an gCoimisiún agus na Ballstáit aistrithe teicneolaíochta a chosaint ar chúiseanna a bhaineann le leasanna slándála an Aontais agus náisiúnta maidir le hinfeistíochtaí a dhéantar i saoráidí a thagann faoi raon feidhme an Rialacháin seo i gcomhréir le Rialachán (AE) 2019/452 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle ⁽¹³⁾.

⁽⁹⁾ Treoir 2006/112/CE ón gComhairle an 28 Samhain 2006 maidir leis an gcóras comhchoiteann cánach breisluacha (IO L 347, 11.12.2006 lch. 1).

⁽¹⁰⁾ Treoir (AE) 2020/262 ón gComhairle an 19 Nollaig 2019 lena leagtar síos na socrúithe ginearálta maidir le dleacht mháil (IO L 58, 27.2.2020, lch. 4).

⁽¹¹⁾ Treoir (AE) 2016/943 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 8 Meitheamh 2016 maidir le fios gnó agus faisnéis ghnó gan nochtadh (rúin trádála) a chosaint ar fháil, ar úsáid agus ar nochtadh (IO L 157, 15.6.2016, lch. 1).

⁽¹²⁾ Treoir 2004/48/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 29 Aibreán 2004 maidir le cearta maoinne intleachtúla a fhorfheidhmiú (IO L 157, 30.4.2004, lch. 45).

⁽¹³⁾ Rialachán (AE) 2019/452 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 19 Márta 2019 lena gcuirtear ar bun creat maidir le hinfeistíochtaí díreacha coigríche isteach san Aontas a scagadh (IO L 79 I, 21.3.2019, lch. 1).

- (28) Chun rochtain ar shaineolas teicniúil a éascú agus chun scaipeadh eolais a áirithiú ar fud an Aontais, agus tacaíocht a áirithiú do thionscnaimh scileanna éagsúla, ba cheart líonra d'ionaid inniúlachta a bhunú. Chuige sin, ba cheart don Chomhghnóthas um Shliseanna an nós imeachta chun lárionaid inniúlachta a bhunú a leagan síos, lena n-áirítear na critéir roghnúcháin, chomh maith le sonraí breise maidir le cur chun feidhme na gcúraimí agus na bhfeidhmeanna dá dtagraítear sa Rialachán seo. Is é an Comhghnóthas um Shliseanna ba cheart na lárionaid inniúlachta a roghnú lena gcomhdhéanfar an líonra agus ba cheart uathriail shubstaintiúil fhoriomlán a bheith ag na lárionaid sin chun a n-eagrúchán, a gcomhdhéanamh agus a modhanna oibre a leagan síos. Mar sin féin, lena n-eagar, a gcomhdhéanamh agus a modhanna oibre ba cheart cuspóirí an Rialacháin seo agus an Tionscnaimh a chomhlíonadh, agus ba cheart dóibh rannchuidiú leis na cuspóirí sin.
- (29) Ba cheart do lárionaid inniúlachta rannchuidiú leis an Aontas a choimeád i dtús cadhnaíochta maidir le cumais taighde, forbartha agus nuálaíochta agus deartha sliseanna trí dhíríú ar thaighde, forbairt, nuálaíocht agus dearadh a chur chun cinn, mar aon le béim a chur ar an monaraíocht. Chun an cuspóir sin a bhaint amach, tá sé rithábhachtach poitéinseal agus scileanna daonna a chur chun cinn trí oideachas in ábhair eolaíochta, theicneolaíochta, innealtóireachta agus mhataimice (ETIM) go dtí an leibhéal iardhochtúireachta. Go háirithe, ba cheart lárionaid inniúlachta seirbhísí a chur ar fáil do na geallsealbhóirí leathsheoltóra, lena n-áirítear gnólachtaí nuathionscanta agus FBManna. I measc na samplaí a bheadh ann de seo tá rochtain ar línte píolótacha agus ar an ardán dearthóireachta fíorúil a éascú, oiliúint agus forbairt scileanna a chur ar fáil, tacaíocht a thabhairt chun infheisteoirí a aimsiú, úsáid a bhaint as inniúlachtaí áitiúla atá ann cheana nó teagmháil a dhéanamh leis na ceartingearacha ábhartha. Ba cheart na seirbhísí a sholáthar ar bhonn oscailte, trédhearcach agus neamh-idirdhealaitheach. Ba cheart do gach ionad inniúlachta nascadh le agus bheith páirteach i Líonra Eorpach na lárionaid inniúlachta maidir le leathsheoltóirí agus feidhmiú mar phointe rochtana ar nóid eile an líonra. I ndáil leis an méid sin, ba cheart uasmhéadú a dhéanamh ar shineirgí le struchtúir chomhchosúla atá ann cheana, mar shampla na Moil Eorpacha maidir leis an Nuálaíocht Dhigiteach arna bhunú faoin gClár Fís Eorpach. Mar shampla, d'fhéadfadh na Ballstáit an Mol Eorpach maidir leis an Nuálaíocht Dhigiteach atá ann cheana agus é dírithe ar leathsheoltóirí a ainmniú mar lárionaid inniúlachta chun críocha an Rialacháin seo, ar choinníoll nach sáraítear an toirmeasc ar mhaoiniú dúbailte.
- (30) Is cumas rithábhachtach é an dearadh sliseanna chun aon nuálaíocht agus feidhmiúlacht a chur chun feidhme i réitigh leictreonacha a cuireadh in oiriúint do chur i bhfeidhm difriúil agus riachtanais úsáideoirí leathsheoltóirí. Dá réir sin, tá an dearadh sin i gcroílár an tslabhra luacha leathsheoltóra agus tá sé rithábhachtach tacú le leathnú na gcumas dearthóireachta san Aontas. Chun aitheantas a thabhairt do phríomhról na n-ionad dearthóireachta agus an méid a chuireann siad le barr feabhais Eorpach i ndearadh ardsliseanna trí sheirbhísí a thairiscint nó trí scileanna dearthóireachta agus cumais san Aontas a neartú, ba cheart an Coimisiún a bheith in ann lipéad a bhronnadh ar 'lárionad dearthóireachta barr feabhais'. I bhfianaise a thábhachtaí atá siad chun éiceachóras leathsheoltóra athléimneach a chumasú, ba cheart a mheas go bhfuil na lárionaid dearthóireachta barr feabhais chun leas an phobail. Chun cur le hathléimneacht éiceachóras leathsheoltóra an Aontais, ba cheart na Ballstáit a bheith in ann bearta tacaíochta a chur i bhfeidhm, ar bhealach comhréireach, más FBManna iad na lárionaid dearthóireachta barr feabhais sin. Ní dochar an méid sin d'inniúlacht an Choimisiúin i réimse na Státchabhrach faoi Airteagail 107 agus 108 CFAE, i gcás inarb ábhartha, agus Teachtaireacht ón gCoimisiún an 19 Deireadh Fómhair 2022 dar teideal 'Creat maidir le Státchabhair le haghaidh taighde agus forbartha agus nuálaíochta' (creat státchabhrach T&F&N'). Is é is aidhm do chreat státchabhrach T&F&N gníomhaíochtaí taighde, forbartha agus nuálaíochta a éascú, gníomhaíochtaí nach dtarlódh, de dheasca teipeanna margaidh, in éagmais tacaíocht phoiblí. I ndáil leis sin, ar bhonn chreat státchabhrach T&F&N, féadfaidh na Ballstáit, faoi réir coinníollacha áirithe, na dreasachtaí is gá a sholáthar do chuideachtaí agus don phobal taighde chun na gníomhaíochtaí agus na hinfeistíochtaí tábhachtacha sin a dhéanamh sa réimse sin. Faoi chreat státchabhrach T&F&N, féadfar déine uasta cabhrach suas go dtí an leibhéal 80 % a cheadú do chabhair do thionscadail T&F d'fhiontair mheánmhéide agus suas le 90 % dóibh siúd atá ag fiontair bheaga. Ina theannta sin, chun sineirgí a uasmhéadú, d'fhéadfaí ionaid inniúlachta arna mbunú faoin Tionscnamh a dhíríonn ar dhearadh sliseanna úrscothacha iarratas a dhéanamh chun lipéad an lárionaid dearthóireachta barr feabhais a fháil. Ag an am céanna, ba cheart na Ballstáit a bheith in ann lárionaid dearthóireachta barr feabhais a ainmniú mar a lárionaid inniúlachta a d'fhéadfaí a áireamh.
- (31) Chun bunú na n-acmhainneachtaí monaraíochta agus na n-acmhainneachtaí dearthóireachta gaolmhara is gá a spreagadh, agus ar an gcaoi sin slándáil an tsoláthair a áirithiú agus athléimneacht éiceachóras leathsheoltóra an Aontais a neartú, d'fhéadfadh tacaíocht phoiblí a bheith iomchuí, ar choinníoll nach mbeidh saobhadh sa mhargadh inmheánach mar thoradh air sin. I ndáil leis sin, is gá comhchuidiú a dhéanamh ar choinníollacha áirithe d'uibheoirí chun tionscadail shonracha a chur i gcrích ar leibhéal an Aontais a rannchuidíonn le cuspóirí an Rialacháin seo a bhaint amach agus idirdhealú á dhéanamh idir dhá chineál saoráide, eadhon: saoráidí táirgeachta comhtháite agus teilgcheartaí oscailte AE. Ba cheart gurb í an tsamhail ghnó an fachtóir idirdhealaitheach le haghaidh cáiliú mar cheachtar den dá chineál saoráide. Táirgeann teilgcheartaí oscailte AE acmhainneacht táirgeachta do ghnóthais eile. Táirgeann saoráidí táirgeachta comhtháite chun a gcríoch tráchtála féin agus féadfaidh siad céimeanna eile den slabhra soláthair a chomhtháthú ina samhail ghnó chomh maith le monaraíocht, mar shampla na táirgí a dhearadh agus a dhíol.

- (32) Le saoráidí táirgeachta comhtháite agus teilgcheártaí oscailte AE, ba cheart acmhainneachtaí monaraithe leathsheoltóra a sholáthar nó acmhainneachtaí táirgthe trealaimh nó príomh-chomhpháirteanna le haghaidh an trealaimh sin a úsáidtear go príomha le haghaidh monaraíocht leathsheoltóra atá ceannródaíoch san Aontas agus a chuireann le slándáil an tsoláthair agus le hathléimneacht an éiceachórais leathsheoltóra sa mhargadh inmheánach. Is é an fachtóir cáilitheach le bheith 'ceannródaíoch' go ndéantar eilimint nuálach a thabhairt isteach sa mhargadh inmheánach maidir leis na próisis mhonaraíochta nó maidir leis an táirge deiridh a d'fhéadfaí é a bhunú ar nóid teicneolaíochta nua nó ar nóid teicneolaíochta atá ann cheana. D'fhéadfadh na heilimintí ábhartha nuálaíochta a bheith bainteach leis an nód teicneolaíochta nó ábhar foshraithe, nó cineálacha cur chuige as a n-eascraíonn feabhsuithe ar ríomhaireacht nó tréithe feidhmíochta eile, éifeachtúlacht fuinnimh, leibhéal slándála, sábháilteachta nó iontaofachta, chomh maith le comhtháthú feidhmiúlachtaí nua, mar shampla an intleacht shaorga, acmhainneacht cuimhne nó eile. Is samplaí freisin den nuálaíocht iad comhtháthú próiseas éagsúil as a dtagann gnóthachain éifeachtúlachta nó uathobriú pacáistíochta agus cóimeála. Maidir le gnóthachain chomhshaoil, áirítear ar eilimintí nuálaíochta laghdú ar bhealach inchainníochtaíthe ar an méid fuinnimh, uisce nó ceimiceán a úsáidtear, nó in-athchúrsáilteacht a fheabhsú. Féadfaidh na heilimintí nuálaíochta feidhm a bheith acu maidir le nóid teicneolaíochta aibí agus úrscothacha. Níor cheart an nuálaíocht sin a bheith i láthair go substaintiúil fós ná níor cheart gealltanais a bheith tugtha í a thógáil laistigh den Aontas. Mar shampla, ní gá go bhféadadh nuálaíocht den chineál céanna in T&F nó i dtáirgeadh ar mionscála nach gcáileodh an teicneolaíocht sin ina dhiaidh sin mar shaoráid 'ceannródaíoch'. D'fhéadfadh cáiliú mar shaoráid 'ceannródaíoch' trí shaoráid nua nó saoráid atá uasghrádaithe go substaintiúil a shuiteáil.
- (33) I gcás ina gcuirfidh teilgcheárta oscailte AE acmhainneacht táirgeachta ar fáil do ghnóthais nach bhfuil baint acu le hoibreoír na saoráide, ba cheart don teilgcheárta oscailte AE deighilt fheidhmiúil leordhóthanach éifeachtach a bhunú, a chur chun feidhme agus a choinneáil ar bun chun malartú faisnéise rúnda idir táirgeacht inmheánach agus táirgeacht sheachtrach a chosc. Ba cheart feidhm a bheith aige sin maidir le haon fhaisnéis a fhaightear sna próisis dearthóireachta agus sna próisis mhonaraíochta tosaigh nó chúil.
- (34) Chun cáiliú mar shaoráidí táirgeachta comhtháite nó teilgcheártaí Oscailte AE ba cheart tionchar dearfach soiléir a bheith ag bunú na saoráide le héifeachtaí iarmharta thar an ngnóthas nó an Ballstát lena mbaineann ar shlabhra luacha leathsheoltóra an Aontais sa mheántearma agus san fhadtearma, d'fhonn slándáil soláthair agus athléimneacht an éiceachórais leathsheoltóra a áirithiú agus rannchuideofar le haistriú glas agus le haistriú digiteach an Aontais. Féadfar gníomhaíochtaí éagsúla darb aidhm éifeachtaí iarmharta dearfacha a chruthú a mheas chun críche cáilithe mar shaoráidí táirgeachta comhtháite nó mar teilgcheártaí oscailte AE. Is sampla díobh sin é rochtain a thabhairt ar shaoráidí monaraíochta i gcoinne táille mhargaidh; pacáistí deartha próisis a thabhairt do chuideachtaí dearthóireachta beaga nó don ardán dearthóireachta fíorúil; torthaí óna ngníomhaíochtaí T&F a scaipeadh; páirt a ghlacadh i gcomhar taighde le hollscoileanna agus institiúidí taighde Eorpacha; comhoibriú le húdaráis náisiúnta nó le hinstiúidí oideachais agus gairme chun cur le forbairt scileanna; rannchuidiú le tionscadail taighde ar fud an Aontais; nó deiseanna tacaíochta tiomnaithe a chur ar fáil do ghnólachtaí nuathionscanta agus do FBManna. Ba cheart an tionchar ar roinnt Ballstát, lena n-áirítear i ndáil leis na cuspóirí comhtháthaithe, a mheas mar cheann de na táscairí go bhfuil tionchar dearfach soiléir ag saoráid táirgeachta comhtháite agus teilgcheárta oscailte AE ar an slabhra luacha leathsheoltóra san Aontas.
- (35) Tá sé tábhachtach nach mbeadh saoráidí táirgeachta comhtháite ná teilgcheártaí oscailte AE faoi réir cur i bhfeidhm seach-chríochach oibleagáidí seirbhíse poiblí arna bhforchur ag tríú tíortha a d'fhéadfadh an bonn a bhaint dá gcumas a mbonneagar, a mbogearraí, a seirbhísí, a saoráidí, a sócmhainní, a n-acmhainní, a maoin intleachtúil nó a bhfios gnó a úsáid, rudaí atá ag teastáil chun an oibleagáid a chomhlíonadh maidir le horduithe a bhfuil rátáil tosaíochta ag baint leo faoin Rialachán seo, agus lena mbeadh orthu gealltanais a thabhairt a dhéanamh.
- (36) I bhfianaise na forbartha tapa ar theicneolaíochtaí leathsheoltóra agus chun iomaíochas tionsclaíoch an Aontais a neartú amach anseo, ba cheart do shaoráidí táirgeachta comhtháite agus teilgcheártaí oscailte AE infheistíocht a dhéanamh san Aontas i nuálaíocht leanúnach d'fhonn dul chun cinn nithiúil a bhaint amach i dteicneolaíocht leathsheoltóra nó d'fhonn teicneolaíochtaí den chéad ghlúin eile a ullmhú. I bhfianaise an mhéid sin, ba cheart na saoráidí táirgeachta comhtháite agus teilgcheártaí oscailte AE a bheith in ann tástáil agus turgnamh a dhéanamh ar fhorbairtí nua trí rochtain fhabhrach a thabhairt ar na línte píolótacha arna mbunú ag an Tionscnamh, trí iarratais bhrostithe ar a gcuid seirbhísí. Níor cheart le haon rochtain fhabhrach a thabharfaí, rochtain éifeachtach aon ghnóthais leasmhair eile ar théarmaí cothroima ar na línte píolótacha a eisiáil ná a chosc, go háirithe gnólachtaí nuathionscanta agus FBManna.

- (37) Ag cur san áireamh a thábhachtaí atá lucht saothair cáilithe agus oilte chun cuspóirí an Rialacháin seo a bhaint amach, ba cheart do shaoráidí táirgeachta comhtháite agus teilgcheártaí oscailte AE tacú le píblíne thalainne an Aontas trí oiliúint oideachais agus scileanna a fhorbairt agus a imscaradh agus tríd an líon lucht saothair cáilithe agus oilte a mhéadú.
- (38) Chun go mbeidh nós imeachta aonfhoirmeach trédhearcach ann chun an stádas a bhaint amach mar shaoráid táirgeachta chomhtháite nó mar theilgcheárta oscailte AE, ba cheart don Choimisiún an cinneadh lena ndeonaítear an stádas sin a ghlacadh tar éis do ghnóthas aonair nó do chuibhreas ina bhfuil roinnt gnóthas iarratas a dhéanamh. Ba cheart an stádas a bheith ar oscailt chun saoráid monaraíochta leathsheoltóra nua a shuiteáil agus chun saoráid monaraíochta leathsheoltóra atá ann cheana a uas-scálú nó a chlaohlú go nuálach. Chun an tábhacht a bhaineann le cur chun feidhme comhordaithe comhoibritheach na saoráide atá beartaithe a chur san áireamh, maidir le Ballstát amháin nó níos mó ina bhfuil sé beartaithe ag an iarratasóir saoráidí den sórt sin a bhunú ba cheart don Choimisiún a ullmhacht nó a n-ullmhacht tacú leis an mbunú a chur san áireamh ina mheasúnú. Thairis sin, agus measúnú á dhéanamh ar indéantacht an phlean gnó, d'fhéadfadh an Coimisiún taifead foriomlán an iarratasóra a chur san áireamh.
- (39) I bhfianaise na gceart a bhaineann le haitheantas mar shaoráid táirgeachta chomhtháite nó mar theilgcheárta oscailte AE, ba cheart don Choimisiún faireachán a dhéanamh le feiceáil an leanann na saoráidí ar deonaíodh an stádas sin dóibh de na ceanglais a leagtar amach sa Rialachán seo a chomhlíonadh. Murab amhlaidh an cás a thuilleadh, ba cheart an ceart a bheith ag an gCoimisiún an stádas a athscrúdú agus, más gá, a aisghairm agus, dá réir sin, na cearta a ghabhann leis an stádas sin a aisghairm. Níor cheart aon chinneadh maidir le haisghairm an stádas a dhéanamh ach amháin tar éis dul i gcomhairle leis an mBord Eorpach um Leathsheoltóirí agus ba cheart é a bheith cuiréasúnaithe. Dá réir sin, ba cheart an deis a bheith ag an ngnóthas a bhfuil saoráid táirgeachta chomhtháite nó teilgcheárta oscailte AE á hoibriú aige a iarraidh go réamhghníomhach go ndéanfaí athbheithniú ar ré an stádas nó na bpleananna cur chun feidhme i gcás ina bhféadfadh imthosca seachtreacha gan choinne, mar shampla bristeacha tromchúiseacha ag a mbíonn tionchar díreach eacnamaíoch ar an tsaoráid aitheanta, tionchar a imirt ar a chumas na critéir a chomhlíonadh. Chun a chur san áireamh gur le linn na tréimhse bunaíochta a dheonaítear formhór na gceart, ba cheart saoráidí a bheith fós faoi réir na hoibleagáide orduithe a bhfuil rátáil tosaíochta ag baint leo a chomhlíonadh fiú i gcás ina n-aisghairfí an stádas don tréimhse atá fágtha go dtí go mbeadh an stádas imithe in éag.
- (40) I bhfianaise a thábhachtaí atá siad chun slándáil an tsoláthair a áirithiú agus chun éiceachóras leathsheoltóra athléimneach a chumasú, ba cheart a mheas go bhfuil saoráidí táirgeachta comhtháite agus teilgcheártaí oscailte AE chun leas an phobail. Tá sé tábhachtach freisin slándáil an tsoláthair leathsheoltóra a áirithiú i gcomhair digiteáil lena gcumasaítear an t-aistriú glas in go leor earnálacha eile. Chun infheistíochtaí a mhealladh chuig earnáil leathsheoltóra an Aontais agus chun rannchuidiú le cinnteacht soláthair leathsheoltóra agus athléimneacht éiceachóras leathsheoltóra an Aontais, féadfaidh na Ballstáit bearta tacaíochta a chur i bhfeidhm, lena n-áirítear dreasachtaí, agus foráil a dhéanamh maidir le tacaíocht riaracháin i nósanna imeachta náisiúnta um dheonú ceadanna le haghaidh saoráidí táirgeachta comhtháite agus teilgcheártaí oscailte AE. Ní dochar an méid sin d'inniúlacht an Choimisiúin i réimse na Státchabhrach faoi Airteagail 107 agus 108 CFAE, i gcás inarb ábhartha. Chun a áirithiú go gcuirfear na rialacha maidir leis an státchabhair i bhfeidhm i gceart agus go héifeachtúil, sa teachtaireacht uaidh an 8 Feabhra 2022 dar teideal 'Ionstraim um Shliseanna don Eoraip', d'aithin an Coimisiún cheana féin an gá atá le measúnú cás ar chás maidir le státchabhair a dheonaítear do shaoráidí táirgeachta leathsheoltóra ardfhorbartha d'fhonn cinnteacht soláthair agus athléimneacht shlabhra soláthair an Aontais a choimirciú agus, ag an am céanna, tionchair dhearfacha shuntasacha a ghiniúint don gheilleagar i gcoitinne. Ina theannta sin, déanfar na nósanna imeachta maidir le haitheantas a thabhairt do shaoráidí táirgeachta comhtháite' nó teilgcheártaí oscailte AE' agus chun státchabhair a údarú, i gcás inarb infheidhme, ag an am céanna chun dlús a chur leis an bpróiseas cinnteoireachta. Ba cheart do na Ballstáit tacú le bunú saoráidí táirgeachta comhtháite agus teilgcheártaí Oscailte AE i gcomhréir le dlí an Aontais. Agus bearta tacaíochta á gcur ar fáil do shaoráidí táirgeachta comhtháite agus do theilgcheártaí oscailte AE, ba cheart na Ballstáit a bheith in ann breithniú a dhéanamh ar cheanglais neamh-idirdhealaitheach a bhunú a bhaineann le cosaint agus slándáil intleachtúil, lena n-áirítear cibearshláid, agus rúndacht agus féadfaidh siad bearta maolaithe a mholadh chun aghaidh a thabhairt ar rioscaí sonracha a bhaineann leis an gcur isteach, le haistrithe éigeantacha teicneolaíochta, agus le goid maoinne intleachtúla a dhéanann eintitis ó thrú tíortha.
- (41) Chun bunú na gcumas dearthóireachta gaolmhar is gá a spreagadh, féadfaidh na Ballstáit tacaíocht a chur ar fáil do na gníomhaíochtaí sin i gcomhréir leis na rialacha maidir le Státchabhair ar bhonn Airteagail 107 agus 108 CFAE, lena n-áirítear faoi chreat státchabhrach T&F&N nó Rialachán (AE) Uimh. 651/2014⁽¹⁴⁾ ón gCoimisiún..

⁽¹⁴⁾ Rialachán (AE) Uimh. 651/2014 ón gCoimisiún an 17 Meitheamh 2014 ina ndearbhaítear go bhfuil catagóirí áirithe cabhrach comhoiriúnach leis an margadh inmheánach i gcur i bhfeidhm Airteagail 107 agus 108 den Chonradh (IO L 187, 26.6.2014, lch. 1).

- (42) Ní mór saoráidí táirgeachta comhtháite agus teilgcheartaí oscailte AE a bhunú a luaithe is féidir, agus an t-ualach riaracháin a choinneáil chomh héadrom agus is féidir. Ar an gcúis sin, ba cheart do na Ballstáit iarratais a phróiseáil a bhaineann le pleanáil, tógáil agus oibriú saoráidí táirgeachta comhtháite agus teilgcheartaí oscailte AE ar an mbealach is tapa is féidir. Ba cheart do na Ballstáit bheith in ann údarás a cheapadh a éascóidh agus a chomhordóidh na próisis deonaithe ceadanna agus comhordaitheoir a cheapadh, a fhéadfaidh a bheith ina phointe teagmhála aonair don tionscadal. Thairis sin, i gcás inar gá chun maolú a dheonú faoi Threoir 92/43/CEE ⁽¹⁵⁾ ón gComhairle agus Treoir 2000/60/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle ⁽¹⁶⁾, féadfar a mheas go bhfuil bunú agus oibriú na saoráidí sin chun leasa phoiblí sháraithigh de réir bhrí na Rialacháin sin, ar choinníoll go gcomhlíontar na coinníollacha eile a leagtar amach sna forálacha seo. Tá seo gan dochar d'infheidhmeacht nó do chur chun feidhme dlí chomhshaoil eile an Aontais.
- (43) Tá gnólachtaí nuálacha ardeicneolaíochta níos neamhchosanta ar chleachtais darb aidhm faisnéis rúnda, rúin trádála, agus sonraí cosanta a chúbláil, mar shampla goid maoine intleachtúla, cóipeáil neamhúdaraithe, aistrithe éigeantacha teicneolaíochta, spaireacht eacnamaíoch nó sárú ceanglas rúndachta, arna ndéanamh laistigh den Aontas agus go háirithe lasmuigh de. Cuireann a bhfuil ag titim amach le déanaí, mar shampla eisfhoinsíú méadaithe, slabhraí luacha domhanda níos faide, agus méadú ar úsáid na teicneolaíochta faisnéise agus cumarsáide leis an riosca a bhaineann leis na cleachtais sin. I gcás ina ndéantar faisnéis rúnda, rúin trádála, agus sonraí cosanta a fháil, a úsáid nó a nochtadh go neamhdhleathach, cuirtear isteach ar chumas na n-iarrachtaí nuálaíochta torthaí ar thús cadhnaíochta a bhaint amach. Chun cosaint faisnéise rúnda, rúin trádála, agus sonraí cosanta a áirithiú, ba cheart an Rialachán seo a chur chun feidhme ar bhealach a urramaíonn go hiomlán creat an Aontais agus creat idirnáisiúnta maidir le sonraí agus cosaint agus forfheidhmiú maoine intleachtúla, lena n-áirítear, Treoir 2001/29/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle ⁽¹⁷⁾, Treoracha 2004/48/CE agus (AE) 2016/943 agus Treoir (AE) 2019/790 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle ⁽¹⁸⁾. Chun aghaidh a thabhairt a thuilleadh ar na príomhrioscaí sa slabhra soláthair, féadfaidh na Ballstáit úsáid a bhaint as an bhféidearthacht dá bhforáiltear le Treoir (AE) 2022/2555 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle ⁽¹⁹⁾ measúnuithe riosca slándála comhordaithe a dhéanamh ar shlabhraí soláthair criticiúla, mar a dhéantar le haghaidh líonraí 5G i gcomhréir le Moladh (AE) 2019/534 ón gCoimisiún ⁽²⁰⁾, agus é mar aidhm leis sin bagairtí agus leochaileachtaí ábhartha a shainathint, de réir earnála, agus bearta, pleananna maolaithe agus dea-chleachtais a shainathint chun spleáchais chriticiúla, pointí aonair féideartha teipe, bagairtí, leochaileachtaí agus rioscaí eile a bhaineann leis an slabhra soláthair a chomhrac.
- (44) Bhainfeadh an margadh inmheánach an-tairbhe as comhchaighdeán le haghaidh sliseanna a mhonaraítear go hinbhuanaithe, atá iontaofa agus atá slán. Beidh ar ghairis chliste, córais chliste agus ardáin nascachta chliste a bheidh ann amach anseo brath ar ardsliseanna leathsheoltóra agus beidh orthu ceanglais ghlasa, iontaoibhe agus chibearshlándála a chomhlíonadh, ceanglais a bheidh ag brath den chuid is mó ar ghnéithe den bhunteicneolaíocht. Chuige sin, ba cheart don Aontas nósanna imeachta tagartha deimhniúcháin a fhorbairt agus ceangal a chur ar an tionscal na nósanna imeachta sin a fhorbairt go comhpháirteach le haghaidh earnálacha agus teicneolaíochtaí sonracha a bhféadfadh tionchar mór sóisialta a bheith acu.
- (45) I bhfianaise an mhéid sin, ba cheart don Choimisiún, i gcomhairle leis an mBord Eorpach um Leathsheoltóirí agus le rannpháirtíocht chuí na ngeallsealbhóirí, na hearnálacha agus na táirgí a bhraitheann ar theicneolaíochtaí leathsheoltóra nó a bhaineann úsáid fhorleathan astu agus a bhfuil sliseanna atá glas, iontaofa agus slán de dhíth orthu a shainathint; D'fhéadfadh sainaithint na n-earnálacha agus na dtáirgí glacadh a spreagadh i gcás caighdeán Eorpacha agus idirnáisiúnta maidir le bainistiú riosca.

⁽¹⁵⁾ Treoir 92/43/CEE ón gComhairle an 21 Bealtaine 1992 maidir le gnáthoga nádúrtha agus fána agus flóra fiáine a chaomhnú (IO L 206, 22.7.1992, lch. 7).

⁽¹⁶⁾ Treoir 2000/60/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 23 Deireadh Fómhair 2000 lena mbunaítear creat do ghníomhaíocht Chomhphobail i réimse an bheartais uisce (IO L 327, 22.12.2000, lch. 1).

⁽¹⁷⁾ Treoir 2001/29/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 22 Bealtaine 2001 maidir le comhchuíbhíú gnéithe áirithe den chóipcheart agus cearta gaolmhara sa tsochaí faisnéise (IO L 167, 22.6.2001, lch. 10).

⁽¹⁸⁾ Treoir (AE) 2019/790 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 17 Aibreán 2019 maidir le cóipcheart agus cearta gaolmhara sa Mhargadh Aonair Digiteach agus lena leasaítear Treoracha 96/9/EC agus 2001/29/CE (IO L 130, 17.5.2019, lch. 92).

⁽¹⁹⁾ Treoir (AE) 2022/2555 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 14 Nollaig 2022 maidir le bearta le haghaidh ardleibhéal comhchoiteann cibearshlándála ar fud an Aontais, lena leasaítear Rialachán (AE) Uimh. 910/2014 agus Treoir (AE) 2018/1972 agus lena n-aighnítear Treoir (AE) 2016/1148 (Treoir NIS 2) (IO L 333, 27.12.2022, lch. 80).

⁽²⁰⁾ Moladh (AE) 2019/534 ón gCoimisiún an 26 Márta 2019 maidir le Cibearshlándáil Líonraí 5G (IO L 88, 29.3.2019, lch. 42).

- (46) I bhfianaise chastachtaí an tslabhra soláthair leathsheoltóra agus an riosca go mbeidh ganntanais amach anseo, ba cheart foráil a dhéanamh sa Rialachán seo maidir le hionstraimí le haghaidh cur chuige comhordaithe maidir le mapáil straitéiseach agus faireachán a dhéanamh ar an earnáil leathsheoltóra agus dul in ngleic go héifeachtach le haon bhristeacha a d'fhéadfadh a bheith ann sa mhargadh ar bhealach comhréireach.
- (47) Ba cheart é a bheith mar chuspóir ag mapáil straitéiseach ar an earnáil leathsheoltóra anailís a sholáthar ar láidreachtaí agus laigí an Aontais sna hearnálacha domhanda leathsheoltóra d'fhonn bonn a chur ar fáil do bhearta chun slándáil soláthair agus athléimneacht éiceachóras leathsheoltóra an Aontais a áirithiú. Chuige sin, ba cheart, leis an mapáil straitéiseach, tosca a shainathint mar shampla príomhtháirgí agus bonneagair chriticiúla sa mhargadh inmheánach a bhíonn ag brath ar sholáthar leathsheoltóirí, príomhthionscail úsáideoirí agus a riachtanais reatha agus ionchasacha, príomhchodanna de slabhra soláthair leathsheoltóra an Aontais, saintréithe teicneolaíochta, spleáchais ar theicneolaíocht agus soláthraithe tríú tíortha, agus scrogaill in earnáil leathsheoltóra an Aontais, riachtanais reatha agus ionchasacha scileanna agus rochtana ar lucht saothair cáilithe agus, i gcás inarb iomchuí, an tionchar a d'fhéadfadh a bheith ag bearta an bhosca uirlisí éigeandála. Ba cheart an mhapáil straitéiseach a bheith bunaithe ar shonraí atá ar fáil go poiblí agus ar bhonn tráchtála agus, más gá, ar na sonraí a fhaightear trí iarrataí deonacha ar fhaisnéis chuig gnóthais, i gcomhairle leis an mBord Eorpach um Leathsheoltóirí.
- (48) Chun bristeacha amach anseo i gcéimeanna éagsúla an tslabhra luacha leathsheoltóra san Aontas agus sa trádáil laistigh den Aontas a thuar agus chun ullmhú lena n-aghaidh, ba cheart don Choimisiún, le cúnaimh ón mBord Eorpach um Leathsheoltóirí agus ar bhonn thoradh na mapála straitéisí, liosta táscairí luathrabhaidh a shainathint agus a fhorbairt. D'fhéadfaí a áireamh ar na táscairí sin méaduithe neamhthipiciúla ar an aga tionscanta, infhaighteacht na n-amhábhbar, na dtáirgí idirmheánacha agus an chaipitil dhaonna atá riachtanach chun leathsheoltóirí a mhonarú, nó trealamh monaraíochta iomchuí, an t-éileamh réamh-mheasta ar leathsheoltóirí san Aontas agus ar mhargaí domhanda, borradh praghsanna atá níos mó ná an ghnáthluaineacht praghsanna, tionchar timpistí, ionsaithe, tubaistí nádúrtha nó imeachtaí tromchúiseacha eile, tionchar beartas trádála, taraifí, srianta le honnmhairí, bacainní trádála agus bearta eile a bhaineann le trádáil, agus tionchar dúnta gnólachtaí, seachfhoinsiú nó fálacha príomhghníomhaithe margaidh. Ba cheart gníomhaíochtaí faireacháin an Choimisiúin a dhírú ar na táscairí luathrabhaidh sin.
- (49) Mar gheall ar na slabhraí luacha leathsheoltóra le gníomhaithe éagsúla atá casta agus idirnasctha agus a bhíonn ag athrú go tapa, tá gá le cur chuige comhordaithe maidir le faireachán chun cur leis an gcumas rioscaí a mhaolú a bhféadfadh tionchar diúltach a bheith acu ar sholáthar leathsheoltóirí agus chun feabhas a chur ar an tuiscint ar dhinimic na slabhraí luacha leathsheoltóra. Ba cheart don Choimisiún, i gcomhairle leis an mBord Eorpach um Leathsheoltóirí, faireachán a dhéanamh ar an slabhra luacha leathsheoltóra lena ndíreofaí ar tháscairí luathrabhaidh agus ar dhea-chleachtais a shainathint le haghaidh maolú riosca agus trédhearcacht mhéadaithe sa slabhra luacha leathsheoltóra ar bhealach nach gcuirfeadh ualach riaracháin iomarcach ar ghnóthais, go háirithe FBManna.
- (50) Chun an t-ualach ar ghnóthais a fhreagraíonn don fhaireachán a íoslaghdú agus chun a áirithiú gur féidir an fhaisnéis a fhaightear a thiomnú ar bhealach fóinteach, ba cheart don Choimisiún foráil a dhéanamh maidir le modhanna caighdeánaithe slána le haghaidh aon bhailiú faisnéise. Ba cheart a áirithiú leis na modhanna sin go gcaithfear le haon fhaisnéis a bhailítear faoi rún, chun rúndacht ghnó agus cibearshlándáil a áirithiú.
- (51) Ba cheart torthaí ábhartha, lena n-áirítear faisnéis arna cur ar fáil ag geallsealbhóirí ábhartha agus comhlachais tionscail ábhartha, a chur ar fáil don Bhord Eorpach um Leathsheoltóirí ionas gur féidir faisnéis a mhalartú go rialta agus chun an fhaisnéis a chomhtháthú i bhforbhreathnú faireacháin ar na slabhraí luacha leathsheoltóra.
- (52) Chun na gníomhaíochtaí faireacháin sin a chumasú, ba cheart d'údarás inniúla náisiúnta na mBallstát liosta teagmhála a bhunú de na gnóthais ábhartha uile a oibríonn feadh an tslabhra soláthair leathsheoltóra arna bhunú ar a gcríoch náisiúnta. Ba cheart a cheadú leis an liosta sin freagróirí iomchuí na n-iarrataí ar fhaisnéis dheonach a shainathint. Níor cheart é a bheith riachtanach don liosta sin a bheith uileghabhálach. Ba cheart an liosta a láimhseáil ar bhealach ina dtugtar lánurraim do na rialacha rúndachta is infheidhme.

- (53) Dá mbeadh acmhainní leordhóthanacha daonna, airgeadais agus teicniúla ar fáil, d'fhéadfaí na cúraimí faoin Rialachán seo a chur chun feidhme go héifeachtúil agus chuideofaí leis na cuspóirí a leagtar amach ann a bhaint amach. Dá bhrí sin, gan dochar don nós imeachta buiséadach ná d'uathriaíl riaracháin, ba cheart don Choimisiún an leas is fearr is féidir a bhaint as acmhainní chun a áirithiú gur féidir leis a dhualgais a chomhlíonadh go héifeachtach agus a chumhachtaí a fheidhmiú faoin Rialachán seo.
- (54) Glactar leis go bhfuil roinnt gnóthas a sholáthraíonn seirbhísí nó earraí leathsheoltóra bunriachtanach le haghaidh slabhra soláthair leathsheoltóra éifeachtach in éiceachóras leathsheoltóra an Aontais, i ngeall ar líon na ngnóthas de chuid an Aontais atá ag brath ar a dtáirgí, ar a sciar de mhargadh an Aontais nó den mhargadh domhanda, ar a dtábhacht chun leibhéal leordhóthanach soláthair a áirithiú nó ar an tionchar a d'fhéadfadh a bheith ag briseadh i soláthar a dtáirgí nó a seirbhísí. Ba cheart do na Ballstáit, i gcomhar leis an gCoimisiún, na príomhghníomhaithe margaidh sin ina gcriócha a shainaithint.
- (55) Faoi Airteagal 4 de Rialachán (AE) 2019/452, agus cinneadh á dhéanamh an dócha go ndéanfaidh infheistíocht dhíreach choigríche difear don tslándáil nó don ord poiblí, féadfaidh na Ballstáit agus an Coimisiún na héifeachtaí a mheas a d'fhéadfadh a bheith aici ar theicneolaíochtaí rithábhachtacha agus ar ítimí dé-úsáide mar a shainmhínítear iad in Airteagal 2, pointe (1), de Rialachán (CE) Uimh. 428/2009 ón gComhairle ⁽²¹⁾, lena n-áirítear leathsheoltóirí.
- (56) Mar chuid den fhaireachán, ba cheart do na Ballstáit sláine na ngníomhaíochtaí a dhéanann príomhghníomhaithe na margáí a mheas go sonrath. D'fhéadfadh an Ballstát lena mbaineann aird an Bhoird Eorpaigh um Leathsheoltóirí a tharraingt ar shaincheisteanna den sórt sin.
- (57) Chun réamhaíocht a chumasú maidir le ganntanais a d'fhéadfadh a bheith ann, ba cheart do na húdaráis inniúla náisiúnta an Coimisiún a chur ar an eolas má fhaigheann siad amach go bhfuil riosca ann go mbeadh briseadh tromchúiseach sa soláthar leathsheoltóirí nó i gcás ina mbeidh faisnéis nithiúil iontaoifa aige faoi aon fhachtóir nó teagmhas ábhartha eile a thiocthaid chun cinn. Chun cur chuige comhordaithe a áirithiú, ba cheart don Choimisiún, i gcás ina bhfaighidh sé amach go bhfuil baol ann go dtarlódh briseadh tromchúiseach i soláthar leathsheoltóirí nó ina bhfuil faisnéis nithiúil nó iontaoifa aige faoi aon toisc riosca ábhartha eile nó faoi aon teagmhas ábhartha eile a thagann chun cinn, nó ar fholáireamh a fháil ó chomhpháirtithe idirnáisiúnta, cruinniú urghnách den Bhord Eorpach um Leathsheoltóirí chun plé a dhéanamh ar dhéine an tsuaite agus ar thionscnamh féideartha an nós imeachta chun céim na géarchéime a ghníomhachtú, agus i gcás inarb iomchuí, riachtanach agus comhréireach do na Ballstáit soláthar comhpháirteach comhordaithe a dhéanamh mar bheart coisctheach, chomh maith le dul i mbun idirphlé le geallsealbhóirí, d'fhonn bearta coisctheacha den sórt sin a shainaithint, a ullmhú agus b'fhéidir a chomhordú. Ba cheart don Bhord Eorpach um Leathsheoltóirí agus don Choimisiún, san idirphlé sin, tuairimí gheallsealbhóirí an tslabhra luacha leathsheoltóra a chur san áireamh. Ba cheart don Choimisiún dul i mbun comhairliúcháin agus comhair le tríú tíortha ábhartha d'fhonn aghaidh a thabhairt go comhpháirteach ar bhristeacha sa slabhra soláthair, i gcomhréir le hoibleagáidí idirnáisiúnta agus gan dochar do cheanglais nós imeachta.
- (58) Ba cheart an chéim ghéarchéime leathsheoltóra a chur i bhfeidhm nuair a bhíonn fianaise nithiúil thromchúiseach iontaoifa ann go bhfuil géarchéim den sórt sin ann. Tarlaíonn géarchéim leathsheoltóra i gcás ina bhfuil briseadh tromchúiseach ar sholáthar leathsheoltóirí nó bacainní tromchúiseacha ar thrádáil leathsheoltóirí laistigh den Aontas, rud is cúis le ganntanais shuntasacha leathsheoltóirí, táirgí idirmheánacha nó amhábar nó ábhar próiseáilte, agus cuireann na ganntanais shuntasacha sin cosc ar sholáthar, deisiú agus cothabháil táirgí riachtanacha a úsáideann ear nálacha criticiúla, mar shampla trealamh leighis agus diagnóiseach, sa mhéid go mbeadh tionchar díobhálach tromchúiseach aige ar fheidhmiú na n-earnálacha criticiúla i ngeall ar a dtionchar ar shochoaí, ar gheilleagar agus ar shlándáil an Aontais.
- (59) D'fhonn freagairt lúfar agus éifeachtach a áirithiú ar an ngéarchéim leathsheoltóra sin, i gcás ina dtiocfadh an Coimisiún ar an eolas faoi ghéarchéim leathsheoltóra fhéideartha, ba cheart dó measúnú a dhéanamh an comhlíontar na coinníollacha chun an ghéarchéim a ghníomhachtú. Má chruthaíonn an measúnú sin fianaise nithiúil, thromchúiseach agus iontaoifa ar ghéarchéim leathsheoltóra, ba cheart go mbeadh an Coimisiún in ann togra a chur faoi bhráid na Comhairle chun an chéim ghéarchéime a chur i ngníomh ar feadh tréimhse réamhchinntithe 12 mhí ar a mhéad, agus tuairim an Bhoird Eorpaigh um Leathsheoltóirí á cur san áireamh. Ba cheart don Choimisiún measúnú a dhéanamh ar an ngá atá le fadú nó foirceannadh luath na céime géarchéime agus an nós imeachta sin a thionscnamh, i gcás ina bhfionnfaí an gá sin, agus an tuairim ón mBord Eorpach um Leathsheoltóirí á cur san áireamh.

⁽²¹⁾ Rialachán (CE) Uimh. 428/2009 ón gComhairle an 5 Bealtaine 2009 lena ndéantar córas Comhphobail a chur ar bun chun rialú a dhéanamh ar onnmhairiú, ar aistriú agus ar bhróicéireacht ítimí dé-úsáide agus ar iad a bheith ar idirthuras (IO L 134, 29.5.2009, lch. 1).

- (60) Mar gheall ar a íogaire atá gníomhachtú na céime géarchéime agus na bearta a d'fhéadfaí a dhéanamh mar fhreagairt air, lena n-áirítear an tionchar suntasach a d'fhéadfadh a bheith ag na bearta sin ar ghnóthais phríobháideacha san Aontas, ba cheart an chumhacht a thabhairt don Chomhairle gníomh cur chun feidhme a ghlacadh maidir leis an gcéim ghéarchéime a ghníomhachtú, a fhadú agus a fhoirceannadh i ngéarchéim leathsheoltóra.
- (61) Tá dlúthchomhar idir an Coimisiún agus na Ballstáit agus beidh an comhordú a dhéantar ar aon bhearta náisiúnta maidir leis an slabhra soláthair leathsheoltóra fíor-riachtanach le linn na céime géarchéime d'fhonn aghaidh a thabhairt ar bhristeacha leis an gcomhleanúnachas, leis an athléimneacht agus leis an éifeachtacht is gá. Chuige sin, ba cheart don Bhord Eorpach um Leathsheoltóirí cruinnithe urghnácha a thionól de réir mar is gá. Ba cheart aon bheart a dhéantar a bheith teoranta go docht d'fhad na céime géarchéime.
- (62) D'fhonn freagairt thapa éifeachtúil chomhordaithe a fháil ón Aontas ar ghéarchéim leathsheoltóra, is gá faisnéis thráthúil cothrom le dáta a chur ar fáil don Choimisiún agus na Ballstáit tríd an mBord Eorpach um Leathsheoltóirí maidir leis an staid oibríochtúil faoi mar atá sí ag titim amach agus trína áirithiú chomh maith go bhféadfar bearta éifeachtacha a dhéanamh chun soláthar leathsheoltóirí d'earnálacha rithábhachtacha atá buailte a áirithiú. Ba cheart bearta iomchuí éifeachtacha comhréireacha a shainnithint agus a chur chun feidhme nuair a ghníomhachtaítear an chéim ghéarchéime gan dochar do rannpháirtíocht leanúnach idirnáisiúnta a d'fhéadfadh a bheith ann leis na comhpháirtithe ábhartha d'fhonn an ghéarchéim a bhíonn ag síorathrú a mhaolú. I gcás inarb iomchuí, ba cheart don Choimisiún faisnéis a iarraidh ar ghnóthais feadh an tslabhra soláthair leathsheoltóra. Thairis sin, ba cheart an Coimisiún a bheith in ann, i gcás inar gá agus inar comhréireach, oibleagáid a chur ar shaoráidí táirgeachta comhtháite agus teilgcheartaí oscailte AE glacadh le hordú maidir le táirgeadh na dtáirgí atá ábhartha i gcás géarchéime, agus tosaíocht a thabhairt don ordú sin, agus gníomhú mar chomhlacht lárnach ceannaigh nuair a thugann na Ballstáit sainordú chuige sin. Ba cheart don Choimisiún na bearta a theorannú ionas nach mbeadh baint acu ach le hearnálacha rithábhachtacha áirithe. Féadfaidh an Bord Eorpach um Leathsheoltóirí measúnú a dhéanamh freisin agus comhairle a thabhairt maidir le bearta iomchuí éifeachtacha. Ina theannta sin, féadfaidh an Bord Eorpach um Leathsheoltóirí comhairle a thabhairt maidir leis an ngá atá le bearta cosanta a thabhairt isteach de bhun Rialachán (AE) 2015/479 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle ⁽²²⁾. Ba cheart úsáid na mbeart éigeandála go léir a bheith comhréireach agus teoranta don mhéid is gá chun aghaidh a thabhairt ar an ngéarchéim leathsheoltóra chun leas an Aontais. Ba cheart don Choimisiún Parlaimint na hEorpa agus an Chomhairle a chur ar an eolas go tráthrialta faoi na bearta a rinneadh agus faoi na cúiseanna foluiteacha. Féadfaidh an Coimisiún, tar éis dó dul i gcomhairle leis an mBord Eorpach um Leathsheoltóirí, treoir bhreise a eisiúint faoi chur chun feidhme agus úsáid na mbeart éigeandála.
- (63) Tá roinnt earnálacha rithábhachtach d'fheidhmiú cuí an mhargaidh inmheánaigh. Chun críocha an Rialacháin seo, ba cheart na hearnálacha criticiúla sin na hearnálacha a liostú in iarscríbhinn a gabhann leis an Rialachán seo. Ba cheart an liosta sin a bheith teoranta d'earnálacha agus fo-earnálacha na hIarscríbhinne arna liostú i dTreoir (AE) 2022/2557 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle ⁽²³⁾, an leagan atá i bhfeidhm an 19 Meán Fómhair 2023, lena gcuirtear leis earnálacha na cosanta agus na slándála, ar bhonn an ról tábhachtach atá acu maidir le feidhmeanna sochaíocha rithábhachtacha a áirithiú. Níor cheart bearta áirithe a ghlacadh ach amháin chun an soláthar d'earnálacha rithábhachtacha a chinntiú. Féadfaidh an Coimisiún na bearta éigeandála a theorannú do roinnt de na hearnálacha sin nó do chodanna áirithe díobh nuair a bheidh an ghéarchéim leathsheoltóra tar éis cur isteach ar a n-oibriú nó nuair atá an bhagairt ann go gcuirfidh sí isteach ar a n-oibriú.
- (64) Is é is aidhm d'iarrataí ar fhaisnéis ó ghnóthais feadh an tslabhra soláthair leathsheoltóra atá bunaithe san Aontas le linn na céime géarchéime measúnú beacht a dhéanamh ar an ngéarchéim leathsheoltóra nó chun bearta maolaithe nó éigeandála féideartha a shainnithint agus a ullmhú ar leibhéal an Aontais nó ar an leibhéal náisiúnta. D'fhéadfadh sé go n-áireofaí ar an bhfaisnéis sin cumas táirgeachta, acmhainneacht táirgeachta agus na príomhbhristeacha agus na príomhscrogaill láithreacha. D'fhéadfaí a áireamh ar na gnéithe sin stoc tipiciúil agus stoc reatha iarbhir na dtáirgí atá ábhartha i gcás géarchéime i saoráidí táirgeachta atá lonnaithe san Aontas chomh maith le saoráidí táirgeachta atá lonnaithe i dtríú tíortha ina n-oibríonn na gnóthais sin nó lena ndéanann siad Conradh leo nó as a gceannaíonn siad soláthairtí; an gnáth-aga tionscanta agus an meán-aga tionscanta iarbhir reatha do na táirgí is coitianta a tháirgtear; an t-aschur táirgeachta ionchasach i gcomhair na 3 mhí ina dhiaidh sin le haghaidh gach saoráide táirgthe de chuid an Aontais; nó cúiseanna lena gcuirtear cosc ar líonadh na hacmhainneachta táirgeachta. Ba cheart an fhaisnéis sin a bheith teoranta don mhéid is gá chun measúnú a dhéanamh ar chineál na géarchéime leathsheoltóra nó na mbeart féideartha maolaithe nó éigeandála ar leibhéal an Aontais nó ar an leibhéal náisiúnta. Níor cheart soláthar faisnéise a bheith i gceist leis na hiarrataí ar fhaisnéis soláthar faisnéise a bheadh contrártha do

⁽²²⁾ Rialachán (AE) 2015/479 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 11 Márta 2015 maidir le comhrialacha le haghaidh onnmhairí (IO L 83, 27.3.2015, lch. 34).

⁽²³⁾ Treoir (AE) 2022/2557. ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 14 Nollaig 2022 maidir le maidir le hathléimneacht na n-einteach rithábhachtach agus lena n-aisghairtear Rialachán 2008/114/CE (IO L 333, 27.12.2022, lch. 164.).

leasanna slándála náisiúnta na mBallstát dá nochtfaí í. Féadfar an fhaisnéis nithiúil atá le iarraidh a chinneadh ar bhonn comhairle roimh ré ó líon ionadaíoch gnóthas ábhartha trí chomhairliúchán deonach, i gcomhar leis an mBord Eorpach um Leathsheoltóirí. Ba cheart aon iarraidh a bheith comhréireach, ba cheart aird a thabhairt léi ar aidhmeanna dlísteanaacha an ghnóthais agus ar an gcostas agus ar an iarracht is gá chun na sonraí a chur ar fáil, chomh maith le teorainneacha ama iomchuí a leagan amach maidir leis an bhfaisnéis arna iarraidh a chur ar fáil. Ba cheart a cheangal ar ghnóthais an iarraidh a chomhlíonadh agus féadfaidh siad a bheith faoi réir pionóis má bhíonn siad neamh-chomhlíontach nó má chuireann siad faisnéis mhícheart ar fáil. Níor cheart aon fhaisnéis a fhaightear a úsáid ach amháin chun críocha an Rialacháin seo agus ba cheart í a bheith faoi réir rialacha rúndachta. Chun rannpháirtíocht iomlán na mBallstát ina bhfuil a láithreán táirgthe ag an ngnóthas a áirithiú, ba cheart don Choimisiún cóip den iarraidh ar fhaisnéis a chur ar aghaidh gan mhoill chuig an údarás inniúil náisiúnta agus, má iarrann an t-údarás inniúil náisiúnta amhlaidh, an fhaisnéis a fuarthas a roinnt leis an údarás inniúil sin trí mhodhanna slána. I gcás ina bhfaighfí gnóthas iarraidh ó thríú tír ar fhaisnéis a bhaineann lena ghníomhaíochtaí leathsheoltóra, ba cheart dó an Coimisiún a chur ar an eolas ionas go mbeidh an Coimisiún in ann measúnú a dhéanamh le fáil amach an bhfuil údar maith le iarraidh ar fhaisnéis ón gCoimisiún.

- (65) Mar uirlis na rogha deiridh, chun a áirithiú gur féidir le hearnálacha ríthábhachtacha leanúint de bheith ag oibriú le linn géarchéime agus lena linn sin amháin nuair is gá agus nuair is comhréireach chun na críche sin, d'fhéadfadh an Coimisiún ceangal a chur ar shaoráidí táirgeachta comhtháite agus teilgcheartaí oscailte AE glacadh le horduithe maidir le táirgí atá ábhartha i gcás géarchéime agus tosaíocht a thabhairt dóibh. Ba cheart tairbhíthe féideartha na n-orduithe a bhfuil rátáil tosaíochta ag baint leo a bheith ina n-eintitis ó eárnálacha ríthábhachtacha nó gnóthais a sholáthraíonn d'earnálacha ríthábhachtacha ar tharla briseadh ina ngníomhaíochtaí nó ar baol dó sin tarlú mar gheall ar an nganntanas. Chun a áirithiú nach n-úsáidfear orduithe a bhfuil rátáil tosaíochta ag baint leo ach amháin nuair is gá, ba cheart iad a theorannú do thairbhíthe nach raibh in ann, tar éis dóibh bearta maolaithe riosca a chur chun feidhme, tionchar an ghanntanais a sheachaint, mar shampla trína gcleachtais soláthair, agus é a mhaolú, trí mhodhanna eile, mar shampla úsáid a bhaint as stoc-chairn a bhí ann cheana. Féadfar an oibleagáid sin a leathnú freisin chuig saoráidí monaraíochta leathsheoltóra inar glacadh leis an bhféidearthacht sin i gcomhthéacs ina bhfaightear tacaíocht phoiblí, más rud é go bhfuil an tacaíocht phoiblí sin dírithe ar an gcumas a chothú acmhainneacht táirgeachta a mhéadú. Ba cheart an cinneadh maidir le hordú a bhfuil rátáil tosaíochta ag baint leis a ghlacadh i gcomhréir le hoibleagáidí dlíthiúla uile an Aontais is infheidhme, ag féachaint d'imthosca an cháis. Ba cheart tosaíocht a bheith ag an oibleagáid maidir le rátáil tosaíochta ar aon oibleagáid feidhmíochta faoin dlí príobháideach nó poiblí agus ba cheart aird a thabhairt léi ar aidhmeanna dlísteanaacha na ngnóthas agus ar an gcostas agus ar an iarracht is gá d'aon athrú ar sheicheamh na táirgeachta. Gach ordú a bhfuil rátáil tosaíochta ag baint leis, ba cheart é a dhéanamh ar phraghas cóir réasúnta. Féadfaidh an praghas sin a ríomh ar bhonn na meánphraghsanna margaidh le blianta beaga anuas, faoi réir cúiseanna a thabhairt d'aon mhéadú, mar shampla boilsciú nó ardú i gcostais fuinnimh a chur san áireamh. Féadfaidh gnóthais a bheith faoi réir pionóis mura n-éiríonn leo an oibleagáid maidir le horduithe a bhfuil rátáil tosaíochta ag baint leo a chomhlíonadh.
- (66) I gcás saoráidí a dhéanann ordú rátáilte tosaíochta, d'fhéadfadh sé a bheith tairbheach don Choimisiún, le cúnaimh ón mBord Eorpach um Leathsheoltóirí, agus do na Ballstáit dea-chleachtais a mhalartú maidir le forghníomhú na n-orduithe sin, lena n-áirítear dea-chleachtais riaracháin.
- (67) Ba cheart ceangal a bheith ar an ngnóthas lena mbaineann ordú a bhfuil rátáil tosaíochta ag baint leis a ghlacadh agus tosaíocht a thabhairt dó. D'fhonn a áirithiú go mbeidh na horduithe a bhfuil rátáil tosaíochta ag baint leo ag teacht le hacmhainneachtaí agus le punann táirgthe na saoráide, ba cheart don Choimisiún an deis a thabhairt don tsaoráid lena mbaineann éisteacht a fháil maidir le hindéantacht agus sonraí an ordaithe a bhfuil rátáil tosaíochta ag baint leis. Níor cheart don Choimisiún an t-ordú a bhfuil rátáil tosaíochta ag baint leis a eisiúint i gcás nach bhfuil an tsaoráid in ann an t-ordú a chomhlíonadh fiú má thugtar tosaíocht do, bíodh sé mar gheall ar chumas táirgthe neamhleor nó acmhainneacht táirgeachta neamhleor, nó ar fhorais theicniúla nó i gcás nach soláthraítear an táirge nó i gcás nach bhfuil an tseirbhís á feidhmiú ag an tsaoráid nó toisc go gcuirfeadh sé sin ualach eacnamaíoch míréasúnta agus cruatan ar leith ar an ngnóthas, lena n-áirítear rioscaí suntasacha a bhaineann le leanúnachas gnó.
- (68) Chun creat trédhearcach agus soiléir a áirithiú chun orduithe a bhfuil rátáil tosaíochta ag baint leo a chur chun feidhme, ba cheart an chumhacht a thabhairt don Choimisiún gníomh cur chun feidhme a ghlacadh lena leagtar síos na socruithe praiticiúla agus oibríochtúla. Ba cheart coimircí a bheith sa ghníomh cur chun feidhme sin chun a áirithiú go ndéanfar na horduithe a bhfuil rátáil tosaíochta ag baint leo a chur chun feidhme i gcomhréir le prionsabail na riachtanais agus na comhréireachta, mar shampla sásra lena gcuirtear san áireamh orduithe atá ann cheana agus sásra chun a áirithiú nach rachaidh líon na n-orduithe a bhfuil rátáil tosaíochta ag baint leo thar a bhfuil riachtanach.
- (69) Sa chás eisceachtúil go bhfaighidh gnóthas atá ag oibriú feadh an tslabhra soláthair leathsheoltóra san Aontas iarraidh ó thríú tír ar ordú a bhfuil rátáil tosaíochta ag baint leis, ba cheart dó an Coimisiún a chur ar an eolas faoi iarraidh den sórt sin, chun bonn eolais a chur faoi mheasúnú le fáil amach ar cheart don Choimisiún oibleagáid maidir le hordú a bhfuil rátáil tosaíochta ag baint leis a fhorchur chomh maith, i gcás ina bhfuil tionchar suntasach ar shlándáil an tsoláthair d'earnálacha ríthábhachtacha, agus gur comhlíonadh ceanglais eile an riachtanais, na comhréireachta agus na dlíthiúlachta i gcúinsí an cháis.

- (70) I bhfianaise a thábhachtaí atá sé slándáil an tsoláthair a áirithiú d'earnálacha ríthábhachtacha a bhfuil feidhmeanna sochaíocha ríthábhachtacha á ndéanamh acu, níor cheart dliteanas i leith damáistí do thrú páirtithe a bheith i gceist le comhlíonadh na hoibleagáide maidir le hordú a bhfuil rátáil tosaíochta ag baint leis a dhéanamh i leith aon sárú ar oibleagáidí conarthacha a d'fhéadfadh eascairt as na hathruithe sealadacha riachtanacha ar phróisis oibríochtúla an mhonaróra lena mbaineann, arna theorannú don mhéid a bhí an sárú ar oibleagáidí conarthacha riachtanach chun an tosaíocht shainordaithe a chomhlíonadh. Ba cheart do ghnóthais a d'fhéadfadh a bheith laistigh de raon feidhme ordaithe a bhfuil rátáil tosaíochta ag baint leis an fhéidearthacht sin a thuar i gcoinníollacha a gconarthaí tráchtála. Gan dochar d'infheidhmeacht na bhforálacha eile, ní dhéanfaidh an díolúine sin ó dhliteanas difear don dliteanas i leith táirgí lochtacha, dá bhforáiltear i dTreoir 85/374/CEE ón gComhairle ⁽²⁴⁾.
- (71) Leis an oibleagáid tosaíochta a thabhairt do tháirgeadh táirgí áirithe, urramaítear bunús na saoirse chun gnó a sheoladh agus na saoirse conradh a dhéanamh a leagtar síos in Airteagal 16 de Chairt um Chearta Bunúsacha an Aontais Eorpaigh ('an Chairt') agus an chirt chun maoine a leagtar síos in Airteagal 17 den Chairt, agus ní dhéantar difear díreireach leis do na saoirsí ná don cheart sin. I gcomhréir le hAirteagal 52(1) den Chairt, déanfar foráil sa dlí maidir le haon teorannú ar na cearta sin sa Rialachán seo, déanfar bunús na gceart agus na saoirse sin a urramú, agus comhlíonfar prionsabal na comhréireachta.
- (72) Nuair a ghníomhachtaítear an chéim ghéarchéime, d'fhéadfadh dhá Bhallstát nó níos mó sainordú a thabhairt don Choimisiún an t-éileamh a chomhiomlánú agus gníomhú thar a gceann ar mhaithe lena soláthar poiblí chun leas an phobail, i gcomhréir le rialacha agus nósanna imeachta de chuid an Aontais atá ann cheana, rud a dhéanfaidh gearáil ar chumhacht ceannaigh an Choimisiúin. Níor cheart ceannach comhpháirteach a úsáid ach amháin chun aghaidh a thabhairt ar bhristeacha ar leathsheoltóirí sa slabhra soláthair le linn géarchéime. Leis an sainordú, d'fhéadfaí a údarú don Choimisiún comhaontuithe a dhéanamh maidir le táirgí atá ábhartha i gcás géarchéime a cheannach le haghaidh earnálacha ríthábhachtacha áirithe. Ba cheart don Choimisiún an áirgiúlacht, an riachtanas agus an chomhréireacht a mheas i gcomhairle leis an mBord Eorpach um Leathsheoltóirí maidir le gach iarraidh. I gcás ina mbeartóidh sé gan an iarraidh a leanúint, ba cheart dó na Ballstáit lena mbaineann agus an Bord Eorpach um Leathsheoltóirí a chur ar an eolas agus a chúiseanna a thabhairt. Ba cheart na mionsonraí nós imeachta a leagan amach i gcomhaontú den sórt sin idir an Coimisiún agus na Ballstáit rannpháirteacha, lena n-áirítear an cúiseanna le húsáid an tsásra ceannaigh chomhpháirtigh agus na dliteanais atá le glacadh. Féadfar a áireamh i gcomhaontú den sórt sin líon na gconarthaí atá le tabhairt i gcrích agus coinníollacha an chomhcheannaigh, mar shampla praghsanna, creataí ama seachadta, cainníochtaí agus clásail um rogha a bheith páirteach nó clásail um rogha gan a bheith páirteach. D'fhéadfadh sé gurb é an toradh a bheadh ar an gcomhcheannach go síneofaí conradh amháin lena gcumhdaítear riachtanais na mBallstát uile nó roinnt conarthaí a gcumhdaíonn gach ceann acu riachtanais Ballstáit amháin nó níos mó. Thairis sin, ba cheart na Ballstáit rannpháirteacha a bheith i dteideal ionadaithe a cheapadh chun treoraíocht agus comhairle a sholáthar le linn na nósanna imeachta soláthair agus i gcaibidlíocht na gcomhaontuithe ceannaigh. Ba cheart imscaradh, úsáid nó athdhíol na dtáirgí a cheannaítear leanúint de bheith faoi shainchúram na mBallstát rannpháirteach.
- (73) Le linn géarchéim ganntanais leathsheoltóra, d'fhéadfadh sé go mbeadh ar an Aontas féachaint ar bhearta cosanta. Ba cheart an Bord Eorpach um Leathsheoltóirí a bheith in ann a thuairimí a chur in iúl chun bonn eolais a chur faoi mheasúnú an Choimisiúin le fáil amach an ionann staid an mhargaidh agus ganntanas suntasach táirgí bunriachtanacha de bhun Rialachán (AE) 2015/479.
- (74) Ba cheart feidhm maidir leis an mBord Eorpach um Leathsheoltóirí a bheith ag an gcreat institiúideach le haghaidh ghrúpaí saineolaithe, lena n-áirítear na rialacha trédhearcachta maidir leis an eintiteas agus a fhoghrúpaí, gan dochar don Rialachán seo. Ba cheart don Bhord Eorpach um Leathsheoltóirí comhairle agus cúnaimh a chur ar fáil don Choimisiún maidir le ceisteanna sonracha. Ba cheart an méid a leanas a bheith san áireamh leis na ceisteanna sin: comhairle a sholáthar faoin Tionscnamh do Bhord Údarás Poiblí an Chomhghnóthais um Shliseanna; faisnéis a mhalartú faoi fheidhmiú na saoráidí táirgeachta comhtháite agus theilgcheartaí oscailte AE; plé ar shainithint earnálacha agus teicneolaíochtaí sonracha agus í a ullmhú, ar earnálacha agus teicneolaíochtaí iad le tionchar mór sóisialta féideartha agus a bhfuil tábhacht slándála ar leith ag baint leo agus a bhfuil gá acu le deimhniú le haghaidh táirgí iontaofa, agus aghaidh a thabhairt ar fhaireachán comhordaithe agus ar fhreagairt ar ghéarchéimeanna. Thairis sin, ba cheart don Bhord Eorpach um Leathsheoltóirí cur i bhfeidhm comhsheasmhach an Rialacháin seo a áirithiú, agus comhar idir na Ballstáit mar aon le malartú faisnéise maidir le saincheisteanna a bhaineann leis an Rialachán seo a éascú. Ba cheart don Bhord Eorpach um Leathsheoltóirí tuairimí a mhalartú leis an gCoimisiún freisin maidir leis na bealaí is fearr chun cosaint agus forfheidhmiú éifeachtach ceart maoine intleachtúla, faisnéise rúnda agus rún trádála agus rannpháirtíocht chuí na ngeallsealbhóirí i ndáil leis an earnáil leathsheoltóra a háirithiú.

⁽²⁴⁾ Treoir 85/374/CEE ón gComhairle an 25 Iúil 1985 maidir le comhfhogasú fhorálacha reachtaíochta, rialúcháin agus riaracháin na mBallstát a bhaineann le dliteanas i leith táirgí lochtacha (IO L 210, 7.8.1985, lch. 29).

Ba cheart don Bhord Eorpach um Leathsheoltóirí tacú leis an gCoimisiún chun comhar idirnáisiúnta a dhéanamh i gcomhréir leis na hoibleagáidí idirnáisiúnta. Ba cheart dó fónamh mar fhóram le haghaidh plé maidir le, *inter alia*, conas feabhas a chur ar an gcomhar feadh an tslabhra luacha leathsheoltóra domhanda gan dochar do shainchumais Pharlaimint na hEorpa agus na Comhairle i gcomhréir leis na Conarthaí. Chun na críche sin, ba cheart don Bhord Eorpach um Leathsheoltóirí tuairimí na Comhghuaillíochta Thionsclaíoch um Próiseálaithe agus Teicneolaíochtaí Leathsheoltóra agus tuairimí geallsealbhóirí eile a chur san áireamh. Ina theannta sin, ba cheart don Bhord Eorpach um Leathsheoltóirí comhordú le struchtúir eile freagartha ar ghéarchéimeanna agus ullmhachta i gcomhair géarchéimeanna de chuid an Aontais, oibríú i gcomhar leo agus faisnéis a mhalartú leo, d'fhonn a áirithiú go mbeidh cur chuige comhleanúnach comhordaithe ag an Aontas a mhéid a bhaineann le freagairt ar ghéarchéimeanna agus bearta ullmhachta i gcomhair géarchéimeanna leathsheoltóra.

- (75) Ba cheart ionadaí ón gCoimisiún a bheith ina chathaoirleach ar an mBord Eorpach um Leathsheoltóirí. Ba cheart do gach Ballstát ionadaí ardleibhéil amháin ar a laghad a cheapadh don Bhord Eorpach um Leathsheoltóirí. D'fhéadfaidís ionadaithe éagsúla a cheapadh freisin i ndáil le cúraimí éagsúla an Bhoird Eorpaigh um Leathsheoltóirí, mar shampla, ag brath ar an gcuid den Rialachán seo a phléifear i gcrúinnithe an Bhoird Eorpaigh um Leathsheoltóirí. Chun comhairle thábhachtach a fháil maidir le gníomhaíochtaí an Bhoird Eorpaigh um Leathsheoltóirí agus chun rannpháirtíocht iomchuí na ngeallsealbhóirí a cheadú, ba cheart an Cathaoirleach a bheith in ann foghrúpaí a bhunú agus ba cheart an Cathaoirleach a bheith i dteideal socruithe oibre a bhunú trí chuireadh a thabhairt do shaineolaithe agus do bhreathnóirí páirt a ghlacadh sna cruinnithe ar bhonn *ad hoc* nó cuireadh a thabhairt do gheallsealbhóirí, go háirithe d'eagraíochtaí a dhéanann ionadaíocht ar leasanna thionscal leathsheoltóra an Aontais, mar shampla an Chomhghuaillíocht Thionsclaíoch um Próiseálaithe agus Teicneolaíochtaí Leathsheoltóra, chuig a fhoghrúpaí mar bhreathnóirí.
- (76) Ba cheart don Bhord Eorpach um Leathsheoltóirí cruinnithe ar leithligh a thionól maidir lena chúraimí i ndáil leis an Tionscanamh dá chúraimí i ndáil le slándáil an tsoláthair agus athléimneacht chomh maith le faireachán agus freagairt ar ghéarchéimeanna. Ba cheart do na Ballstáit féachaint le comhar éifeachtach éifeachtúil a áirithiú ar an mBord Eorpach um Leathsheoltóirí. Ba cheart an Cathaoirleach a bheith ábalta malartuithe idir an Bord Eorpach um Leathsheoltóirí agus comhlachtaí, oifigí, gníomhaireachtaí, agus grúpaí saineolaithe agus grúpaí comhairleacha eile de chuid an Aontais a éascú. I bhfianaise a thábhachtaí atá soláthar leathsheoltóirí d'earnálacha eile agus an gá atá le comhordú dá bharr, ba cheart don Chathaoirleach a áirithiú go mbeidh institiúidí agus comhlachtaí eile de chuid an Aontais rannpháirteach mar bhreathnóirí i gcrúinnithe an Bhoird Eorpaigh um Leathsheoltóirí i gcás inarb ábhartha agus inarb iomchuí i ndáil leis an sásra faireacháin agus freagartha ar ghéarchéimeanna a bhunaítear sa Rialachán seo. Chun leanúint leis an obair tar éis chur chun feidhme Mholadh (AE) 2022/210 ón gCoimisiún ⁽²⁵⁾, agus chun úsáid a bhaint aisti, ba cheart don Bhord Eorpach um Leathsheoltóirí cúraimí Shainghrúpa Leathsheoltóirí na hEorpa a dhéanamh. A luaithe a bheidh an Bord Eorpach um Leathsheoltóirí ag feidhmiú, ba cheart deireadh a theacht leis an sainghrúpa sin.
- (77) Tá ról lárnach ag na Ballstáit maidir le cur i bhfeidhm agus forfheidhmiú an Rialacháin seo. I ndáil leis sin, ba cheart do gach Ballstát údarás inniúil náisiúnta amháin nó níos mó a ainmniú freagrach as an Rialachán seo a chur chun feidhme go héifeachtach agus ba cheart dóibh a áirithiú go bhfuil cumhacht leordhóthanach agus acmhainní leordhóthanacha ag na húdaráis sin. Féadfaidís na Ballstáit údarás nó údaráis atá ann cheana a ainmniú. Chun éifeachtúlacht eagraíochta a mhéadú sna Ballstáit agus chun pointe teagmhála oifigiúil a shocrú i leith an phobail agus contrapháirteanna eile ar leibhéal an Aontais agus na mBallstát, lena n-áirítear an Coimisiún agus an Bord Eorpach um Leathsheoltóirí, ba cheart do gach Ballstát pointe teagmhála náisiúnta amháin a ainmniú, laistigh de cheann de na húdaráis a d'ainmnigh sé mar údarás inniúil faoin Rialachán seo, le bheith freagrach as saincheisteanna a bhaineann leis an Rialachán seo agus as comhar trasteorann le húdaráis inniúla na mBallstát eile a chomhordú.
- (78) Chun comhar iontaofa cuiditheach a áirithiú idir na húdaráis inniúla ar leibhéal an Aontais agus ar an leibhéal náisiúnta, ba cheart do na páirtithe ar fad atá páirteach i gcur i bhfeidhm an Rialacháin seo rúndacht na faisnéise agus na sonraí a fhaightear agus a gcúraimí á ndéanamh acu a urramú go háirithe chun cearta maoine intleachtúla, faisnéis ghnó íogair agus rúin cheirde a chosaint. Maidir le haon fhaisnéis a fhaightear le linn an chur i bhfeidhm mar shaoaráid táirgeachta chomhtháite nó mar theilgcheárta oscailte AE, i gcomhthéacs iarrataí ar fhaisnéis nó oibleagáidí maidir le fógra a thabhairt faoin Rialachán seo, níor cheart í a úsáid ach amháin chun críocha an Rialacháin seo agus ba cheart í a bheith cumhdaithe faoi oibleagáid na rúndachta gairmiúla i gcomhréir le hAirteagal 339 CFAE, chomh maith le rialacha inmheánacha an Choimisiúin maidir le láimhseáil shlán sonraí, go háirithe Cinneadh (AE, Euratom) 2015/443 ón gCoimisiún ⁽²⁶⁾. Ba cheart don Choimisiún agus do na húdaráis inniúla náisiúnta, a n-oifigigh, a seirbhísigh agus daoine eile a oibríonn faoi mhaoirseacht na n-údarás sin, chomh

⁽²⁵⁾ Moladh (AE) 2022/210 ón gCoimisiún an 8 Feabhra 2022 maidir le bosca coiteann uirlisí de chuid an Aontais chun aghaidh a thabhairt ar ghanntanas leathsheoltóirí agus maidir le sásra de chuid an Aontais chun faireachán a dhéanamh ar éiceachóras na leathsheoltóirí (IO L 35, 17.2.2022, lch. 17).

⁽²⁶⁾ Cinneadh (AE, Euratom) 2015/443 ón gCoimisiún an 13 Márta 2015 maidir le Slándáil sa Choimisiún (IO L 72, 17.3.2015, lch. 41).

maith le hoifigigh agus státseirbhísigh údarás eile de chuid na mBallstát, rúndacht na faisnéise a fhaigheann siad le linn dóibh a gcúraimí agus gníomhaíochtaí a bheith á ndéanamh acu a áirithiú. Ba cheart feidhm a bheith aige sin freisin maidir leis an mBord Eorpach um Leathsheoltóirí agus maidir leis an gCoiste Leathsheoltóirí a bhunaítear leis an Rialachán seo. I gcás inarb iomchuí, ba cheart an Coimisiún a bheith in ann gníomhartha cur chun feidhme a ghlacadh chun na socruithe praiticiúla a shonrú maidir le faisnéis rúnda a láimhseáil i gcomhthéacs an bhailithe faisnéise.

- (79) Ba cheart comhlíonadh na n-oibleagáidí a fhorchuirtear faoin Rialachán seo a bheith infhorfheidhmithe trí bhíthin fíneálacha agus íocaíochtaí tréimhsiúla pionóis. Chuige sin, ba cheart leibhéil iomchuí fíneálacha a leagan síos i leith neamhchomhlíonadh iarrataí ar fhaisnéis agus oibleagáidí maidir le fógra a thabhairt faoin Rialachán seo, agus leibhéil éagsúla tromchúise an neamhchomhlíonta idir an dá oibleagáid, agus uasteorainneacha éagsúla do FBManna, á gcur san áireamh. Ina theannta sin, ba cheart íocaíochtaí pionósacha tréimhsiúla a leagan síos i gcás nach gcomhlíonfar an oibleagáid maidir le horduithe a bhfuil rátáil tosaíochta ag baint leo a ghlacadh agus a fheidhmiú, ar cheart dóibh a bheith comhréireach agus leibhéil na bpraghsanna ar an margadh le 90 lá roimhe sin a léiriú, agus uasteorainneacha éagsúla ann do FBManna. Ba cheart feidhm a bheith ag tréimhsí teorann maidir le fíneálacha agus íocaíochtaí tréimhsiúla pionóis a fhorchur, sa bhreis ar na tréimhsí teorann chun pionóis a fhorfheidhmiú. Ina theannta sin, ba cheart don Choimisiún an ceart éisteachta a thabhairt don ghnóthas lena mbaineann nó d'eagraíochtaí ionadaíocha de chuid gnóthas.
- (80) D'fhonn athruithe teicneolaíocha agus forbairtí sa mhargadh a léiriú, chun cur chun feidhme agus meastóireacht éifeachtach an Tionscnaimh a áirithiú agus rialacha mionsonraithe a leagan síos maidir le lipéad na lárionad dearthóireachta barr feabhais, ba cheart an chumhacht chun gníomhartha a ghlacadh i gcomhréir le hAirteagal 290 CFAE a tharmligean chuig an gCoimisiún d'fhonn an Rialachán seo a leasú i dtaca leis na gníomhaíochtaí a dtacaíonn an Tionscnaimh leo ar bhealach atá comhsheasmhach lena chuspóirí agus i dtaca le táscairí intomhaiste chun faireachán a dhéanamh ar chur chun feidhme an Tionscnaimh agus chun tuairisciú a dhéanamh ar a dhul chun cinn maidir le baint amach a chuspóirí, agus d'fhonn an Rialachán seo a fhorlíonadh tríd an nós imeachta le haghaidh iarratais, na ceanglais agus coinníollacha a bhunú maidir leis an lipéad i dtaca le lárionaid dearthóireachta barr feabhais a dheonú, faireachán a dhéanamh air agus a tharraingt siar. Tá sé tábhachtach, go háirithe, go rachadh an Coimisiún i mbun comhairliúcháin iomchuí le linn a chuid oibre ullmhúcháin, lena n-áirítear é sin a dhéanamh ar leibhéal na saineolaithe, agus go ndéanfaí na comhairliúcháin sin i gcomhréir leis na prionsabail a leagtar síos i gComhaontú Idirinstiúideach an 13 Aibreán 2016 maidir le Reachtóireacht Níos Fearr ⁽²⁷⁾. Go sonrach, chun rannpháirtíocht chomhionann in ullmhú na ngníomhartha tarmligthe a áirithiú, faigheann Parlaimint na hEorpa agus an Chomhairle na doiciméid uile ag an am céanna leis na saineolaithe sna Ballstáit, agus bíonn rochtain chórasach ag a gcuid saineolaithe ar chruinnithe ghrúpaí saineolaithe an Choimisiúin a bhíonn ag déileáil le hullmhú na ngníomhartha tarmligthe.
- (81) Chun coinníollacha comhionanna a áirithiú maidir le cur chun feidhme an Rialacháin seo, ba cheart cumhachtaí cur chun feidhme a thabhairt don Choimisiún maidir le roghnú ECICanna, ionas go mbainfear amach cuspóirí an Tionscnaimh, na socruithe praiticiúla agus oibríochtúla a leagan síos le haghaidh fheidhmiú na n-orduithe a bhfuil rátáil tosaíochta ag baint leo, agus chun na socruithe praiticiúla a shonrú maidir le faisnéis rúnda a láimhseáil. Ba cheart na cumhachtaí sin a fheidhmiú i gcomhréir le Rialachán (AE) Uimh. 182/2011 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle ⁽²⁸⁾.
- (82) Ós rud é nach féidir leis na Ballstáit cuspóir an Rialacháin seo, eadhon creat a bhunú chun an t-éiceachóras leathsheoltóra a neartú ar leibhéal an Aontais, a ghnóthú go leordhóthanach agus, de bharr fhairsinge agus éifeachtaí na gníomhaíochta seo, gur fearr is féidir é a ghnóthú ar leibhéal an Aontais, féadfaidh an tAontas bearta a ghlacadh i gcomhréir le prionsabal na coimhdeachta a leagtar amach in Airteagal 5 den Chonradh ar an Aontas Eorpach. I gcomhréir le prionsabal na comhréireachta a leagtar amach san Airteagal sin, ní théann an Rialachán seo thar a bhfuil riachtanach chun an cuspóir sin a ghnóthú.
- (83) Chun go bhféadfar tús a chur le cur chun feidhme an Rialacháin seo a luaithe is féidir d'fhonn a chuspóirí a bhaint amach, ba cheart é a theacht i bhfeidhm mar ábhar práinne,

⁽²⁷⁾ IO L 123, 12.5.2016, lch. 1.

⁽²⁸⁾ Rialachán (AE) Uimh. 182/2011 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 16 Feabhra 2011 lena leagtar síos na rialacha agus na prionsabail ghinearálta a bhaineann leis na sásraí maidir le rialú ag na Ballstáit ar fheidhmiú cumhachtaí cur chun feidhme ag an gCoimisiún (IO L 55, 28.2.2011, lch. 13).

TAR ÉIS AN RIALACHÁIN SEO A GHLACADH:

Caibidil I

Forálacha ginearálta

Airteagal 1

Ábhar agus cuspóirí ginearálta

1. Leis an Rialachán seo bunaítear creat chun an t-éiceachóras leathsheoltóra a neartú ar leibhéal an Aontais, go háirithe trí na bearta seo a leanas:
 - (a) bunú an Tionscnaimh Sliseanna don Eoraip ('an Tionscnamh');
 - (b) na critéir a leagan síos chun aitheantas agus tacaíocht a thabhairt do shaoráidí táirgeachta comhtháite ceannródaíocha agus teilgcheartaí oscailte AE ar saoráidí ceannródaíocha iad agus lena gcothófar slándáil an tsoláthair agus athléimneacht éiceachóras leathsheoltóra an Aontais;
 - (c) sásra comhordúcháin a bhunú idir na Ballstáit agus an Coimisiún chun earnáil leathsheoltóra an Aontais a mhapáil agus faireachán a dhéanamh uirthi chomh maith le cosc agus freagairt ghéarchéime ar ghanntanais leathsheoltóirí agus, i gcás inarb ábhartha, dul i gcomhairle le geallsealbhóirí ón earnáil leathsheoltóirí.
2. Is é an chéad chuspóir ginearálta atá ag Rialachán seo na dálaí is gá le haghaidh iomaíochas agus acmhainneacht nuálaíochta an Aontais a áirithiú agus oiriúnú an tionscail d'athruithe struchtúracha a áirithiú.
3. Is é an dara cuspóir ginearálta, ar leithligh ón gcéad chuspóir ginearálta a leagtar amach i mír 2 agus go comhlántach leis, feidhmiú an mhargaidh inmheánaigh a fheabhsú trí chreat dlíthiúil aonfhoirmeach de chuid an Aontais a leagan síos chun athléimneacht agus slándáil soláthair an Aontais a mhéadú i réimse na dteicneolaíochtaí leathsheoltóra.

Airteagal 2

Sainmhínte

Chun críocha an Rialacháin seo, tá feidhm ag na sainmhínte seo a leanas:

- (1) ciallaíonn 'leathsheoltóir' ceann díobh seo a leanas:
 - (a) ábhar, lena n-áirítear nua-ábhair, bíodh an t-ábhar sin eiliminteach, nó comhdhúileach, ar féidir a sheoltacht leictreach a mhodhnú; nó
 - (b) comhpháirt atá comhdhéanta de shraith sraitheanna d'ábhair leathsheoltacha, inslithe agus sheoltacha, arna leagan amach de réir pátrún réamhshocraithe, agus atá ceaptha chun feidhmeanna leictreonacha nó fótónacha dea-shainithe a dhéanamh, nó an dá rud;
- (2) ciallaíonn 'slis' gaireas leictreonach lena gcuimsítear eilimintí feidhmiúla éagsúla ar aon chuid amháin d'ábhar leathsheoltóra, gaireas arb iondúil dó a bheith i bhfoirm gairis chuimhne, loighce, phróiseálaí, optaileictreonaice agus analógacha;
- (3) ciallaíonn 'slis chandamach' gléas lena bpróiseáiltear faisnéis ar leibhéal na gcóras candamach aonair, ag a bhfuil leibhéal comhtháthaithe comhpháirteanna éagsúil ar an slis, ag brath ar an ardán candamach a úsáidtear, lena n-áirítear ardáin le haghaidh ríomhaireacht, cumarsáid, braiteacht nó méadreolaíocht chandamach;
- (4) ciallaíonn 'nód teicneolaíochta' próiseas monaraíochta leathsheoltóra sonracha agus a rialacha dearaidh;
- (5) ciallaíonn 'slabhra soláthair leathsheoltóra' an córas gníomhaíochtaí, eagraíochtaí, gníomhaithe, teicneolaíochta, faisnéise, acmhainní agus seirbhísí atá bainteach leis an táirgeadh leathsheoltóirí, lena n-áirítear amhábhair agus ábhair phróiseáilte, amhail gáis, trealamh monaraíochta, dearadh, lena n-áirítear forbairt bogearraí gaolmhara, déantúsaíocht, cóimeáil, tástáil agus pacáistiú;

- (6) ciallaíonn ‘slabhra luacha leathsheoltóra’ an tacar gníomhaíochtaí a bhaineann le táirge leathsheoltóra, óna cheapadh go dtí a úsáid deiridh, lena n-áirítear amhábhair agus ábhair phróiseáilte, mar shampla gáis, trealamh monaraíochta, taighde, forbairt agus nuálaíocht, dearadh, lena n-áirítear forbairt bogearraí gaolmhara, déantúsaíocht, tástáil, cóimeáil agus pacáistiú go leabú agus comhtháthú i dtáirgí deiridh, chomh maith le próisis deireadh ré, mar shampla athúsáid, díchóimeáil agus athchúrsáil;
- (7) ciallaíonn ‘líne phíolótach’ tionscadal turgnamhach nó gníomhaíocht thurgnamhach lena dtugtar aghaidh ar ardleibhéil ullmhachta teicneolaíochta ó leibhéil 3 go 8 chun tuilleadh forbartha a dhéanamh ar bhonneagar cumasúcháin ar gá leis chun táirge nó córas a thástáil, a léiriú, a bhailíochtú agus a chalabhrú trí leas a bhaint as toimhdí na samhla;
- (8) ciallaíonn ‘comhordaitheoir’ eintiteas dlítheanach atá bunaithe san Aontas agus ar ball é de Chuibhreannas Eorpach um bonneagar sliseanna agus arna cheapadh ag gach comhalta den chuibhreannas chun bheith ina phríomhphointe teagmhála leis an gCoimisiún;
- (9) ciallaíonn ‘fiontair bheaga agus mheánmhéide’ nó ‘FBManna’ fiontair bheaga nó mheánmhéide mar a shainmhínítear in Airteagal 2 den Iarscríbhinn a ghabhann le Moladh 2003/361/CE ón gCoimisiún ⁽²⁹⁾;
- (10) ciallaíonn ‘cuideachta meánchaipitlithe beag’ cuideachta meánchaipitlithe beag mar a shainmhínítear in Airteagal 2, pointe (20), de Rialachán (AE) 2021/695;
- (11) ciallaíonn ‘saoráid cheannródaíoch’ saoráid monaraíochta leathsheoltóra nua nó uasghrádaithe go substaintiúil, nó saoráid chun trealamh a tháirgeadh chomh maith le príomh-chomhpháirteanna don trealamh sin, nó ar nithe iad a úsáidtear den chuid is mó i monaraíocht leathsheoltóra, saoráidí lena soláthraítear nuálaíocht maidir leis an bpróiseas monaraíochta nó táirge deiridh nach bhfuil ann go fóill nó nach bhfuil geallta a bheith tógtha laistigh den Aontas, lena n-áirítear nuálaíocht a bhaineann le feabhas a chur ar ríomh cumhachta nó ar leibhéal na slándála, na sábháilteachta nó na hiontaofachta, na feidhmíochta fuinnimh agus comhshaoil, an nóid teicneolaíochta nó na n-ábhar foshraithe teicneolaíochta, nó cur chun feidhme próiseas táirgthe as a n-eascraíonn gnóthachain éifeachtúlachta, nó a fheabhsaíonn in-athchúrsáilteacht, nó a laghdaíonn ionchuir táirgthe;
- (12) ciallaíonn ‘sliseanna den chéad ghlúin eile’ sliseanna a sháraíonn an leibhéal úrscothach maidir le feabhsuithe suntasacha ar fheidhmíocht fheidhmiúil, ar chumhacht ríomhaireachta nó ar éifeachtúlacht fuinnimh a chur ar fáil, chomh maith le gnóthachain shuntasacha eile fuinnimh agus comhshaoil;
- (13) ciallaíonn ‘teicneolaíochtaí leathsheoltóra den chéad ghlúin eile’ teicneolaíochtaí leathsheoltóra a sháraíonn an leibhéal úrscothach maidir le feabhsuithe suntasacha ar fheidhmíocht fheidhmiúil, ar chumhacht ríomhaireachta nó ar éifeachtúlacht fuinnimh a chur ar fáil, chomh maith le gnóthachain shuntasacha eile fuinnimh agus comhshaoil;
- (14) ciallaíonn ‘teicneolaíochtaí leathsheoltóra úrscothacha’ nuálaíocht úrscothach maidir le sliseanna agus teicneolaíochtaí leathsheoltóra nuair a chuirtear na tionscadail i grích;
- (15) ciallaíonn ‘monaraíocht leathsheoltóra’, aon cheann de chéimeanna táirgthe agus próiseála na sliseoige leathsheoltóra, lena n-áirítear ábhair foshraithe, tosaigh agus chúil, atá riachtanach chun táirge leathsheoltóra críochnaithe a sheachadadh;
- (16) ciallaíonn ‘monaraíocht tosaigh’ próiseáil iomlán na sliseoige leathsheoltóra;
- (17) ciallaíonn ‘monaraíocht chúil’ pacáistiú, cóimeáil agus tástáil an táirge leathsheoltóra;
- (18) ciallaíonn ‘úsáideoirí leathsheoltóirí’ gnóthais a chuireann táirgí ar fáil ina n-ionchorpraítear leathsheoltóirí;
- (19) ciallaíonn ‘príomhghníomhaithe margaidh’ gnóthais i slabhra soláthair leathsheoltóra an Aontais, gnóthais a bhfuil a bhfeidhmiú iontaofa bunriachtanach don soláthar leathsheoltóirí;
- (20) ciallaíonn ‘earnáil chriticiúil’ aon earnáil dá dtagraítear in Iarscríbhinn IV;
- (21) ciallaíonn ‘táirge géarcheimábhartha’ leathsheoltóirí, táirgí idirmheánacha, agus amhábhair agus ábhair phróiseáilte a úsáideann earnálacha criticiúla go díreach nó a úsáidtear chun gléasanna a tháirgeadh a úsáideann earnálacha criticiúla a bhfuil gá leo chun leathsheoltóirí nó táirgí idirmheánacha a tháirgeadh, a ndéanann géarcheim leathsheoltóra difear dóibh agus atá ábhartha chun feidhmeanna ríthábhachtacha earnála criticiúla a áirithiú;
- (22) ciallaíonn ‘cumas táirgeachta’ an cumas atá ag saoráid cineálacha áirithe táirgí a tháirgeadh;

⁽²⁹⁾ Moladh ón gCoimisiún an 6 Bealtaine 2003 maidir le micrifhiontair, fiontair bheaga agus fiontair mheánmhéide a shainmhíniú (IO L 124, 20.5.2003, lch. 36).

- (23) ciallaíonn ‘acmhainneacht táirgeachta’ aschur uasta féideartha saoráide.
- (24) ciallaíonn ‘rún trádála’ rún trádála mar a shainmhínítear in Airteagal 2, pointe (1), de Threoir (AE) 2016/943.

Caibidil II

An Tionscnamh Sliseanna don Eoraip

Airteagal 3

Bunú an Tionscnaimh

1. Bunaítear an Tionscnamh ar feadh thréimhse an Chreata Airgeadais Ilbhliantúil 2021-2027, arna bhunú le Rialachán (AE, Euratom) 2020/2093 ón gComhairle ⁽³⁰⁾.
2. Cuirfear tacaíocht ar fáil don Tionscnamh trí chistiú ón gClár Fís Eorpach agus ón gClár don Eoraip Dhigiteach, agus go háirithe Cuspóir Sonrach 6 den Chlár don Eoraip Dhigiteach, le haghaidh uasmhéid EUR 1.725 billiún agus EUR 1.575 billiún, faoi seach. Cuirfear an cistiú sin chun feidhme i gcomhréir le Rialachán (AE) 2021/694 agus (AE) 2021/695.

Airteagal 4

Cuspóirí an Tionscnaimh

1. Is é cuspóir ginearálta an Tionscnaimh fothú acmhainneachta teicneolaíche ar mórsála a bhaint amach agus tacú le gníomhaíochtaí taighde agus nuálaíochta gaolmhara ar fud shlabhra luacha leathsheoltóra an Aontais chun forbairt agus imscaradh teicneolaíochtaí leathsheoltóra úrscothacha, teicneolaíochtaí leathsheoltóra na chéad ghlúine eile agus teicneolaíochtaí candamacha úrscothacha a chumasú agus nuálaíocht na dteicneolaíochtaí seanbhunaithe lena dtreiseofar ardacmhainneachtaí dearthóireachta, comhtháthaithe córas agus táirgthe sliseanna san Aontas, agus, ar an gcaoi sin, iomaíochas an Aontais a mhéadú. Rannchuideoidh sé freisin leis an aistriú glas agus leis an aistriú digiteach a bhaint amach, go háirithe trí thionchar na gcóras leictreonach ar an aeráid a laghdú, trí inbhuanaitheacht sliseanna den chéad ghlúin eile a fheabhsú agus trí phróisis an gheilleagair chiorclaigh a neartú, trí rannchuidiú le poist ardcháilíochta laistigh den éiceachóras leathsheoltóra agus trí aghaidh a thabhairt ar phrionsabail slándáil trí dheardh, ar prionsabail iad lena soláthraítear cosaint i gcoinne bagairtí cibearshlándála.
2. Beidh na cúig chuspóir oibríochtúla seo a leanas ag an Tionscnamh:
 - (a) cuspóir oibríochtúil 1: ardacmhainneachtaí dearthóireachta a fhorbairt le haghaidh teicneolaíochtaí leathsheoltóra comhtháite.
 - (b) cuspóir oibríochtúil 2: feabhas a chur ar ardlínte píolótacha atá ann cheana agus ardlínte nua píolótacha a fhorbairt ar fud an Aontais chun teicneolaíochtaí leathsheoltóra úrscothacha agus teicneolaíochtaí na chéad ghlúine eile a fhorbairt agus a imscaradh;
 - (c) cuspóir oibríochtúil 3: ardacmhainneachtaí teicneolaíochta agus innealtóireachta a fhothú chun dlús a chur le forbairt nuálach sliseanna candamacha úrscothacha agus teicneolaíochtaí gaolmhara leathsheoltóra;
 - (d) cuspóir oibríochtúil 4: líonra lárionad inniúlachta a bhunú ar fud an Aontais, trí shaoráidí atá ann cheana a fheabhsú nó trí shaoráidí nua a chruthú;
 - (e) cuspóir oibríochtúil 5: gníomhaíochtaí a dhéanamh, a dtabharfar tuairisc orthu go comhphárteach mar ghníomhaíochtaí an ‘Chiste um Shliseanna’, chun rochtain ar mhaoiniú fiachais agus ar chothromas a éascú, lena n-áirítear trí threoir shoiléir a sholáthar, go háirithe do ghnólachtaí nuathionscanta, gnólachtaí atá i mbun fáis, FBManna agus cuideachtaí meánchaipitlithe beaga sa slabhra luacha leathsheoltóra, trí shaoráid mheasctha faoi Chiste InvestEU agus tríd an gComhairle Nuálaíochta Eorpach.
3. Féadfar gníomhaíochtaí fothaithe acmhainneachta agus gníomhaíochtaí taighde agus nuálaíochta gaolmhara a áireamh ar cuspóirí oibríochtúla an Tionscnaimh. Maoineofar gach gníomhaíocht fothaithe acmhainneachta tríd an gClár don Eoraip Dhigiteach agus déanfar na gníomhaíochtaí taighde agus nuálaíochta gaolmhara a chistiú trí Fhís Eorpach.

⁽³⁰⁾ Rialachán (AE, Euratom) 2020/2093 ón gComhairle an 17 Nollaig 2020 lena leagtar síos an creat airgeadais ilbhliantúil do na blianta 2021 go 2027 (IO L 433 I, 22.12.2020, lch. 11)

Airteagal 5

Ábhar an tionscnaimh

Déanfar an méid seo a leanas leis an Tionscnamh:

(a) faoina chuspóir oibríochtúil 1:

- (i) ardán fíorúil nuálach a fhorbairt agus a chothabháil a bheidh ar fáil ar fud an Aontais, ina gcomhtháthófar saoráidí dearthóireachta atá ann cheana agus saoráidí dearthóireachta nua le leabharlanna leathnaithe agus uirlisí le haghaidh uathobriú dearaidh leictreonaigh;
- (ii) na cumais dearthóireachta a leathnú trí fhorbairtí nuálacha a chothú, mar shampla ailtireachtaí próiseála foinsé oscailte agus ailtireachtaí nuálacha eile, sliseanna, sliseanna in-riómhchláraithe, cineálacha nua cuimhne, próiseálaithe, luasairí nó sliseanna ísealchumhachta, a thógtar i gcomhréir leis na príonsabail slándáil trí dheardh;
- (iii) an t-éiceachóras leathsheoltóra a mhéadú trí earnálacha an mhargaidh ingearaigh a chomhtháthú mar shampla an tsláinte, an tsoghluasteacht, an fuinneamh, an teiléachumarsáid, an tslándáil, an chosaint agus an spás, rud a rannchuideofar le cláir oibre ghlasa, dhigiteacha agus nuálaíochta an Aontais;

(b) faoina chuspóir oibríochtúil 2:

- (i) na cumais maidir le teicneolaíochtaí táirgeachta sliseanna agus trealamh monaraíochta den chéad ghlúin eile a neartú, trí ghníomhaíochtaí taighde agus nuálaíochta a chomhtháthú agus trí fhorbairt nóid teicneolaíochta na todhchaí a ullmhú, mar shampla nóid úrscothacha, teicneolaíochtaí síleacan lánidithe ar an inslitheoir, ábhair leathsheoltóirí nua nó comhtháthú córas ilchinealach agus cóimeáil agus pacáistiú modúl ardleibhéil le haghaidh méideanna arda, ísle agus meánacha;
- (ii) tacú le nuálaíocht ar mórsála trí rochtain a fháil ar línte píolótacha nua nó ar línte píolótacha atá ann cheana chun turgnamh, tástáil, rialú próisis, iontaofacht deiridh feiste agus bailíochtú a dhéanamh ar choincheapa nua dearthóireachta lena gcomhtháthaítear príomhfheidhmiúlachtaí;
- (iii) tacaíocht a sholáthar do shaoráidí táirgeachta comhtháite agus do theilgcheartaí oscailte AE trí rochtain fhabhrach ar na línte píolótacha nua, chomh maith le rochtain ar théarmaí cothroma ar línte píolótacha nua a áirithiú do réimse leathan úsáideoirí eiceachóras leathsheoltóra an Aontais;

(c) faoina chuspóir oibríochtúil 3:

- (i) leabharlanna dearthóireachta nuálacha a fhorbairt le haghaidh sliseanna candamacha;
- (ii) tacú le forbairt línte píolótacha, seomraí glana agus teilgcheartaí atá nua nó atá ann cheana chun sliseanna candamacha a fhréamhshamhaltú agus a tháirgeadh chun ciorcaid chandamach agus leictreonaic rialaithe a chomhtháthú;
- (iii) saoráidí a fhorbairt chun sliseanna ardchandamacha a tháirgfear trí na línte píolótacha a thástáil agus a bhailíochtú, d'fhonn an lúb aischothaithe nuálaíochta idir dearthóirí, táirgeoirí agus úsáideoirí comhpháirteanna candamacha a dhúnadh;

(d) faoina chuspóir oibríochtúil 4:

- (i) na hacmhainneachtaí a neartú agus réimse leathan saineolais a chur ar fáil do na geallsealbhóirí, lena n-áirítear gnólachtaí nuathionscanta agus FBManna is úsáideoirí deiridh, rud a éascóidh rochtain ar na hacmhainneachtaí agus na saoráidí dá dtagraítear san Airteagal seo, chomh maith lena n-úsáid éifeachtach;
- (ii) aghaidh a thabhairt ar an nganntanas feasa agus scileanna agus ar an mí-mheaitseáil scileanna trí dhaoine nua tréitheacha i réimsí an taighde, an deartha agus an táirgthe a mhealladh, a shlógadh agus a choinneáil agus trí thacú le teacht chun cinn lucht saothair atá oile go cuí sna hábhair eolaíochta, teicneolaíochta, innealtóireachta agus matamaitice (ETIM) suas go dtí an leibhéal iardhochtúireachta chun an t-éiceachóras leathsheoltóra a neartú, lena n-áirítear é sin a dhéanamh trí dheiseanna oiliúna oiriúnacha a thairiscint do mhic léinn, mar shampla déchlár staidéir agus treoshuíomh mac léinn, chomh maith le hathsciliú agus uas-sciliú oibrithe;

(e) faoina chuspóir oibríochtúil 5:

- (i) feabhas a chur ar éifeacht ghairála chaiteachas bhuiséad an Aontais agus éifeacht iolraitheora níos airde a bhaint amach i dtaobh maoiniú a mhealladh ón earnáil phríobháideach;
- (ii) tacaíocht a sholáthar do chuideachtaí a bhfuil deacrachtaí acu maoiniú a fháil, agus tabhairt faoi bhonn taca a chur faoi athléimneacht ar fud an Aontais agus na mBallstát;

- (iii) dlús a chur le inrochtaineacht ar infheistíocht agus í a fheabhsú sa réimse deartha sliseanna, monaraithe leathsheoltóra agus teicneolaíochtaí comhtháthúcháin, agus cistiú a ghairíl ón earnáil phoiblí agus ón earnáil phríobháideach araon, agus slándáil an tsoláthair agus athléimneacht an éiceachórais leathsheoltóra a mhéadú don slabhra luacha leathsheoltóra ina iomláine san am céanna.

Airteagal 6

Sineirgí le cláir de chuid an Aontais

Cuirfear an Tionscnamh chun feidhme i sineirgíocht le cláir de chuid an Aontais i gcomhréir le hIarscríbhinn III. Áiritheoidh an Coimisiún nach gcuirfear bac ar bhaint amach na gcuspóirí, agus tairbhe á baint i gcláir de chuid an Aontais as cineál comhlántach an Tionscnaimh.

Airteagal 7

An cuibhreannas Eorpach um bonneagar sliseanna

1. Chun gníomhaíochtaí a chisteofar faoin Tionscnamh a chur chun feidhme, féadfar eintiteas dlíthiúil a bhunú i bhfoirm cuibhreannais Eorpaigh um bonneagar sliseanna ECIC i gcomhréir leis an Airteagal seo. Féadfar níos mó ná ECIC amháin a bhunú.
2. Maidir le ECIC:
 - (a) beidh pearsantacht dhlítheanach aige ón dáta a thagann an gníomh cur chun feidhme ón gCoimisiún dá dtagraítear i mír 5 i bhfeidhm;
 - (b) i ngach Ballstát lena mbaineann, beidh aige an inniúlacht dhlítheanach is fairsinge atá ar fáil d'eintitis dhlítheanacha faoi dhlí náisiúnta an Bhallstáit sin agus, go háirithe, an inniúlacht maoin inchorraithe, réadmhaoin agus maoin intleachtúil a fháil, a shealbhú agus a dhiúscairt agus féadfaidh sé conarthaí a thabhairt i gcrích agus a bheith ina pháirtí in imeachtaí dlíthiúla;
 - (c) beidh oifig chláraithe amháin aige agus beidh an oifig sin lonnaithe ar chríoch Bhallstáit;
 - (d) déanfaidh trí chomhalta (comhaltaí bunaidh), ar a laghad, é a chur ar bun, eadhon Ballstáit, nó eintitis dhlíthiúla phoiblí nó phríobháideacha ó thrí Bhallstát ar a laghad, nó teaglam díobh sin, agus d'fhonn ionadaíocht leathan a bhaint amach ar fud an Aontais;
 - (e) áiritheoidh sé, tar éis an gníomh cur chun feidhme dá dtagraítear i mír 5 a ghlacadh lena mbunáitear ECIC, go bhféadfaidh Ballstáit eile teacht isteach mar chomhaltaí tráth ar bith go bhféadfaidh eintitis dhlíthiúla phoiblí nó phríobháideacha eile teacht isteach mar chomhaltaí tráth ar bith ar théarmaí cothroma réasúnacha a shonraítear i reachtanna ECIC agus go bhféadfaidh na Ballstáit sin nach soláthraíonn rannchuidiú airgeadais ná neamhairgeadais ballraíocht a ghlacadh, mar bhreathnóirí gan cearta vótála, trí fhógra a thabhairt do ECIC;
 - (f) déanfaidh sé comhordaitheoir a cheapadh.
3. Cuirfidh an comhordaitheoir ar ECIC ionchasach, thar ceann na gcomhaltaí bunaidh uile, iarratas faoi bhráid an Choimisiúin i scríbhinn. Beidh an méid seo a leanas san iarratas sin:
 - (a) iarraidh ar an gCoimisiún ECIC a chur ar bun, lena n-áirítear liosta na gcomhaltaí bunaidh atá sa chuibhreannas;
 - (b) tuairisc ar na príomhchúraimí, ar na príomhghníomhaíochtaí agus ar na hacmhainní riachtanacha is gá chun na gníomhaíochtaí a leagtar amach san iarratas a chur i gcrích;
 - (c) dréacht-reachtanna ECIC, lena n-áireofar na heilimintí seo a leanas ar a laghad:
 - (i) ré agus nós imeachta an fhoirceanta i gcomhréir le hAirteagal 10;
 - (ii) an córas dliteanais i gcomhréir le hAirteagal 8;
 - (iii) oifig chláraithe agus ainm ECIC;
 - (iv) raon feidhme thascanna agus ghníomhaíochtaí ECIC;
 - (v) an comhaltas, lena n-áirítear na coinníollacha le haghaidh comhaltas agus an nós imeachta le haghaidh athruithe ar chomhaltas;
 - (vi) an buiséad, lena n-áirítear na socruithe le haghaidh na ranniócaíochtaí airgeadais agus comhchineáil óna chomhaltaí;

- (vii) úinéireacht na dtorthaí;
 - (viii) rialachas, lena n-áirítear an próiseas cinnteoireachta agus ról shonracha
 - (ix) más infheidhme, cearta vótála;
- (d) dearbhú ón mBallstát óstach maidir le cibé acu a aithníonn nó nach n-aithníonn sé ECIC mar chomhlacht idirnáisiúnta de réir bhrí Airteagal 143(1), pointe (g), agus Airteagal 151(1), pointe (b), de Threoir 2006/112/CE, agus mar eagraíocht idirnáisiúnta de réir bhrí Airteagal 11(1), pointe (b), de Threoir (AE) 2020/262, ón dáta bunaithe faoi réir theorainneacha agus choinníollacha na ndíolúintí dá bhforáiltear sna forálacha sin i gcomhaontú idir chomhaltaí ECIC;
- (e) tuairisc ina sonraítear an chaoi a rannchuideoidh na gníomhaíochtaí a dhéanfaidh ECIC leis na cuspóirí ábhartha a leagtar amach in Airteagal 4, lena n-áirítear forléargas ar an tionchar a mheastar a bheidh ag cistiú poiblí féideartha;
- (f) ráiteas ina luaitear go ndéanfaidh ECIC a ghníomhaíochtaí i gcomhréir le prionsabail fhóna bhuiséadacha maidir lena fhreagracht airgeadais a fheidhmiú.

4. Déanfaidh an Coimisiún measúnú ar an iarratas ar bhonn na gcritéir uile seo a leanas:

- (a) na hinniúlachtaí, an fios gnó agus na cumais iomchuí atá ag comhaltaí bunaidh ECIC atá beartaithe i réimse na leathsheoltóirí;
- (b) an acmhainneacht bhainistíochta, an fhoireann agus na hacmhainní iomchuí is gá chun a chuspóir reachtúil a chur i gcrích;
- (c) an cumas dlíthiúil agus oibríochtúil chun na rialacha riaracháin, conarthacha agus bainistíochta airgeadais a leagtar síos ar leibhéal an Aontais a chur i bhfeidhm;
- (d) an inmharthanacht airgeadais iomchuí a chomhfhreagraíonn do leibhéal na gcistí ón Aontas a n-iarrfar air iad a bhainistiú agus a léiriú, i gcás inarb iomchuí, trí dhóiciméid chuntasaíochta agus ráitis bhainc;
- (e) ranníocaíochtaí chomhaltaí ECIC a chuirfí ar fáil do ECIC, agus socrúithe gaolmhara;
- (f) oscailteacht ECIC do chomhaltaí nua;
- (g) cumas ECIC cumhdach riachtanais shlabhra luacha leathsheoltóra an Aontais a áirithiú, lena n-áirítear gnólachtaí nuathionscanta agus FBManna;
- (h) an rannchuidiú leis na cuspóirí ábhartha a leagtar amach in Airteagal 4 den ghníomhaíocht a bheartaítear a chur chun feidhme, go háirithe a rannchuidiú le hiomaíochas fadéarmach earnáil leathsheoltóra an Aontais a áirithiú.

5. Glacfaidh an Coimisiún gníomh cur chun feidhme ar bhonn na critéir a leagtar amach i mír 4 chun aitheantas a thabhairt don iarratasóir mar ECIC nó chun díoltú don iarratas. Tabharfaidh an Coimisiún fógra dá réir sin do na comhaltaí bunaidh. Glacfar na gníomhartha cur chun feidhme sin i gcomhréir leis an nós imeachta scrúdúcháin dá dtagraítear in Airteagal 38(2).

6. Foilseofar an gníomh cur chun feidhme lena mbunaítear ECIC in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

7. Le leasuithe ar reachtanna ECIC, comhlíonfar cuspóirí an Rialacháin seo, agus rannchuideofar na haidhmeanna agus cuspóirí sin. Cuirfidh ECIC an Coimisiún ar an eolas maidir le haon leasuithe den sórt sin laistigh de 10 lá ón dáta a nglacfar é. Sna fógraí sin, beidh an fhaisnéis seo a leanas:

- (a) téacs na leasuithe atá beartaithe nó, i gcás inarb iomchuí, mar a glacadh é, lena n-áirítear an dáta a thiocfaidh siad i bhfeidhm; agus
- (b) leagan leasaithe comhdhlúite reachtanna ECIC.

Féadfaidh an Coimisiún agóid a dhéanamh i gcoinne an leasaithe sin laistigh de 60 lá ón dáta a bhfuarthas fógra den sórt sin, agus na cúiseanna á dtabhairt atá aige lena mheas nach gcomhlíonann an leasú ceanglais an Rialachán seo.

Ní bheidh feidhm ag an leasú ach amháin tar éis don tréimhse dá dtagraítear sa dara fomhír dul in éag, tar éis don Choimisiún a cheart chun agóid a dhéanamh a tharscaoileadh nó tar éis don Choimisiún a agóid a tharmligean.

8. Cuirfidh ECIC tuarascáil bhliantúil ar ghníomhaíochtaí ar fáil, ina mbeidh tuairisc theicniúil ar a ghníomhaíochtaí mar aon le ráiteas airgeadais. Áireofar sa tuarascáil bhliantúil ar ghníomhaíochtaí measúnú ar thionchar comhshaoil agus sóisialta na ngníomhaíochtaí arna gcistiú agus déanfar í a tharchur chuig an gCoimisiún agus a chur ar fáil go poiblí. Féadfaidh an Coimisiún moltaí a sholáthar maidir leis na hábhair a chumhdaítear sa tuarascáil bhliantúil ar ghníomhaíochtaí. Cuirfidh an Coimisiún tuarascálacha bliantúla ar ghníomhaíochtaí ECICanna chuig Parlaimint na hEorpa agus chuig an mBord Eorpach um Leathsheoltóirí gan moill mhíchuí.

9. I gcás ina measfaidh Ballstát go ndiúltaigh ECIC glacadh le comhalta nua sa chuibhreannas gan cúiseanna leordhóthanacha a thabhairt leis an diúltú sin ar bhonn na dtearmaí cothroma agus réasúnacha a shonraítear sna reachtanna, féadfaidh an Ballstát sin aird Bhord Údarás Poiblí an Chomhghnóthais um Shliseanna a tharraingt ar an ábhar. Molfaidh Bord Údarás Poiblí an Chomhghnóthais um Shliseanna, más gá, go ndéanfaidh ECIC gníomhaíocht feabhais, mar shampla leasú ar a reachtanna, i gcomhréir le hAirteagal 137, pointe (f), de Rialachán (AE) 2021/2085.

Airteagal 8

Dlíteanas ECIC

1. Beidh ECIC faoi dhlíteanas maidir lena chuid fiach.
2. Beidh dlíteanas airgeadais na gcomhaltaí as fiacha ECIC teoranta do ranníocaíochtaí a rinne siad cheana le ECIC. Féadfaidh na comhaltaí a shonrú i reachtanna ECIC go ngabhfaidh siad dlíteanas teoranta níos airde ná a ranníocaíochtaí faoi seach nó dlíteanas neamhtheoranta orthu féin.
3. Ní bheidh an tAontas faoi dhlíteanas i leith fhiacha ECIC.

Airteagal 9

An dlí is infheidhme agus dlínse ECIC

1. Rialófar bunú agus feidhmiú inmheánach ECIC:
 - (a) faoi dhlí an Aontais, go háirithe an Rialachán seo;
 - (b) faoi dhlí an Bhallstáit ina bhfuil oifig chláráithe ECIC i gcás nithe nach rialaítear le dlí an Aontais nó nach rialaítear ach go páirteach leis;
 - (c) le reachtanna ECIC agus lena rialacha cur chun feidhme.
2. Gan dochar do na cásanna ina bhfuil dlínse ag Cúirt Bhreithiúnais an Aontais Eorpaigh (an Chúirt Bhreithiúnais) faoi na Conarthaí, is faoi dhlí náisiúnta an Bhallstáit ina bhfuil oifig chláráithe ag ECIC a chinnfear an dlínse is inniúil chun díospóidí idir na comhaltaí i ndáil le ECIC, idir na comhaltaí agus ECIC, agus idir ECIC agus tríú páirtithe a réiteach.

Airteagal 10

ECIC a fhoirceannadh

1. Is le reachtanna ECIC a chinnfear an nós imeachta a bheidh le leanúint le haghaidh ECIC sin a fhoirceannadh tar éis do na comhaltaí cinneadh a dhéanamh chuige sin.
2. Beidh feidhm ag rialacha dócmhainneachta an Bhallstáit ina bhfuil oifig chláráithe ag ECIC i gcás nach mbeidh ECIC in ann a fhiacha a íoc.

*Airteagal 11***Líonra Eorpach na lárionad inniúlachta maidir le leathsheoltóirí**

1. Chun críocha chuspóir oibríochtúil 4 an Tionscnaimh, bunófar líonra Eorpach de lárionad inniúlachta maidir le leathsheoltóirí, comhtháthú agus dearadh córas ('an líonra'). Beidh an líonra comhdhéanta de na lárionad inniúlachta arna roghnú ag an gComhghnóthas um Shliseanna i gcomhréir le mír 3.
2. Déanfaidh na lárionad inniúlachta na gníomhaíochtaí seo a leanas nó cuid díobh a dhéanamh chun sochair d'earnáil tionsclaíochta an Aontais agus i ndlúthchomhar léi, go háirithe FBManna agus cuideachtaí meánchaipitilthe, chomh maith le heagraíochtaí taighde agus teicneolaíochta, ollscoileanna, agus an earnáil phoiblí agus geallsealbhóirí ábhartha eile ar fud an tslabhra soláthair leathsheoltóra:
 - (a) rochtain a sholáthar ar sheirbhísí dearthóireachta agus uirlisí dearthóireachta faoi chuspóir oibríochtúil 1 den Tionscnamh, agus ar na línte píolótacha a bhfuil tacaíocht á fáil acu faoi chuspóir oibríochtúil 2 den Tionscnamh;
 - (b) feasacht a ardú agus an fios gnó, an saineolas agus na scileanna is gá a chur ar fáil do na geallsealbhóirí chun cabhrú leo dlús a chur le forbairt teicneolaíochtaí nua leathsheoltóra, monaraíocht leathsheoltóra, trealamh, roghanna dearaidh agus coincheapa córais chomh maith le comhtháthú teicneolaíochtaí leathsheoltóra nua, trí úsáid éifeachtach a bhaint as bonneagar agus as acmhainní eile an líonra atá ar fáil;
 - (c) feasacht a ardú agus rochtain a sholáthar nó a áirithiú ar shaineolas, fios gnó agus seirbhísí, lena n-áirítear ullmhacht i gcomhair dearadh córas, línte píolótacha nua agus línte píolótacha atá ann cheana agus na bearta tacaíochta is gá chun scileanna agus inniúlachtaí a fhorbairt le tacaíocht ón Tionscnamh;
 - (d) aistriú saineolais agus feasa gnó idir na Ballstáit agus idir réigiúin a éascú agus malartú scileanna, eolais, agus deachleachtas a spreagadh, mar aon le cláir chomhpháirteacha;
 - (e) gníomhaíochtaí oiliúna sonracha maidir le teicneolaíochtaí leathsheoltóra agus maidir lena bhfeidhmeanna a fhorbairt agus a bhainistiú chun tacú le forbairt na linne tallann, trí sciliú agus athsciliú, agus chun líon na mac léinn chomh maith le cáilíocht an oideachais i réimsí ábhartha staidéir a mhéadú suas go dtí leibhéal PhD i scoileanna agus ollscoileanna atá lonnaithe san Aontas trí naisc a éascú idir mic léinn agus cuideachtaí leathsheoltóra ar fud an Aontais, agus aird ar leith á tabhairt ar rannpháirtíocht na mban.
3. Ainmneoidh na Ballstáit lárionad inniúlachta a d'fhéadfaí a áireamh i gcomhréir lena nósanna imeachta agus lena struchtúir riaracháin agus institiúideacha náisiúnta trí phróiseas oscailte iomaíoch.

Leagfar síos i gClár Oibre an Chomhghnóthais um Shliseanna an nós imeachta chun lárionad inniúlachta a bhunú, lena n-áirítear na critéir roghnúcháin chomh maith le sonraí breise maidir le cur chun feidhme na gcúraimí agus na bhfeidhmeanna dá dtagraítear san Airteagal seo.

Roghnóidh an Comhghnóthas um Shliseanna na lárionad inniúlachta as a gcomhdhéanfar an líonra.

Déanfaidh na Ballstáit agus an Coimisiún sineirgí a uasmhéadú leis na hionaid inniúlachta atá ann cheana agus a bunaíodh faoi thionscnaimh eile de chuid an Aontais mar shampla na Moil Eorpacha maidir leis an Nuálaíocht Dhigiteach.

4. Beidh neamhspleáchas foriomlán suntasach ag na lárionad inniúlachta chun a n-eagar, a gcomhdhéanamh agus a modhanna oibre a leagan síos. Beidh eagar, comhdhéanamh agus modhanna oibre na lárionad inniúlachta i gcomhréir agus ina rannchuidiú le cuspóirí an Rialacháin seo agus an Tionscnaimh.

*Airteagal 12***Cur chun feidhme**

1. Maidir le cuspóirí oibríochtúla 1 go 4 an Tionscnaimh, cuirfead faoi chúram an Chomhghnóthais um Shliseanna iad, agus féadfar iad a chur chun feidhme le gníomhaíochtaí arna leagan amach i gclár oibre an Chomhghnóthais um Shliseanna.

2. Chun athruithe teicneolaíochta agus forbairtí sa mhargadh a léiriú, tugtar de chumhacht don Choimisiún gníomhartha tarmligthe a ghlacadh i gcomhréir le hAirteagal 37 chun Iarscríbhinn I a leasú maidir leis na gníomhaíochtaí a leagtar amach inti ar bhealach atá comhsheasmhach le cuspóirí an Tionscnaimh mar a leagtar amach in Airteagal 4.
3. Chun cur chun feidhme agus measúnú éifeachtach an Tionscnaimh a áirithiú, tugtar de chumhacht don Choimisiún gníomhartha tarmligthe a ghlacadh i gcomhréir le hAirteagal 37 chun Iarscríbhinn II a leasú maidir leis na táscairí intomhaiste chun faireachán a dhéanamh ar chur chun feidhme an Tionscnaimh agus chun tuairisciú a dhéanamh ar dhul chun cinn an Tionscnaimh maidir le baint amach a chuspóirí mar a leagtar amach in Airteagal 4.
4. Chun cur chun feidhme, faireachán agus meastóireacht éifeachtach an Tionscnaimh a áirithiú, áireofar sa tuarascáil bhliantúil ar ghníomhaíochtaí an Chomhghnóthais um Shliseanna faisnéis maidir le hábhair a bhaineann le cuspóirí oibríochtúla 1 go 4 an Tionscnaimh, ar bhonn na dtáscairí intomhaiste a leagtar amach in Iarscríbhinn II.
5. Cuirfidh an Coimisiún an Bord Eorpach um Leathsheoltóirí ar an eolas ar bhonn rialta maidir leis an dul chun cinn atá déanta i gcur chun feidhme chuspóir oibríochtúil 5 an Tionscnaimh.

Caibidil III

Slándáil an tsoláthair agus athléimneacht

Airteagal 13

Saoráidí táirgeachta comhite

1. Beidh saoráidí táirgeachta comhtháite mar shaoráidí ceannródaíochta le haghaidh monaraíocht leathsheoltóra, agus, i gcás inarb ábhartha, dearadh nó táirgeadh trealamh nó príomh-chomhpháirteanna den trealamh sin a úsáidtear den chuid is mó i monaraíocht leathsheoltóra san Aontas, ar saoráidí iad a fhéadfaidh céimeanna eile den slabhra soláthair a chomhtháthú, agus a rannchuidíonn le slándáil an tsoláthair agus le hathléimneacht an éiceachórais leathsheoltóra an Aontais, agus ina theannta sin, i gcás inarb ábhartha, féadfaidh siad rannchuidiú le slándáil na slabhraí soláthair domhanda leathsheoltóra.
2. Tráth a chuirfear isteach iarratas i gcomhréir le hAirteagal 15(1), beidh sé de cheangal ar shaoráid táirgeachta chomhtháite cáiliú mar shaoráid cheannródaíoch.
3. Comhlíonfaidh saoráid táirgeachta chomhtháite na ceanglais seo a leanas:
 - (a) beidh tionchar dearfach soiléir ag a bhunadh ar shlabhra luacha leathsheoltóra an Aontais sa mheántearma agus san fhadtearma, lena ngabhfaidh éifeachtaí iarmharta a rachaidh níos faide ná an gnóthas nó an Ballstát lena mbaineann, d'fhonn slándáil soláthair agus athléimneacht an éiceachórais leathsheoltóra a áirithiú, lena n-áirítear fás gnólachtaí nuathionscanta agus FBManna, agus chun rannchuidiú le haistriú glas agus le haistriú digiteach an Aontais;
 - (b) tabharfaidh sí dearbhú gan bheith faoi réir cur i bhfeidhm seach-chríochach oibleagáidí seirbhíse poiblí a bhaineann le tríú tíortha ar chaoi a d'fhéadfadh dochar a dhéanamh do chumas an ghnóthais na hoibleagáidí a leagtar amach in Airteagal 21(1) a chomhlíonadh, agus geallfaidh sí an Coimisiún a chur ar an eolas i gcás ina dtagann oibleagáid mar sin chun cinn;
 - (c) déanfaidh sí infheistíocht san Aontas sa nuálaíocht leanúnach d'fhonn dul chun cinn nithiúil a bhaint amach sa teicneolaíocht leathsheoltóra nó teicneolaíochtaí den chéad ghlúin eile a ullmhú;
 - (d) tabharfaidh sí tacaíocht do phíblíne thallainne an Aontais trí oiliúint oideachasúil agus scileanna a fhorbairt agus a imscaradh agus tríd an líon lucht saothair cáilithe agus oilte a mhéadú.
4. Chun infheistíocht a dhéanamh sa nuálaíocht leanúnach i gcomhréir le mír 3, pointe (c), den Airteagal seo, beidh rochtain fhabhrach ag an tsaoráid táirgeachta chomhtháite ar na línte píolótacha arna mbunú i gcomhréir le hAirteagal 5, pointe (b). Ní dhéanfar, le haon rochtain fhabhrach a thabharfar, rochtain éifeachtach aon ghnóthais leasmhair eile ar théarmaí cothroma ar na línte píolótacha a eisiamh ná a chosc, go háirithe gnólachtaí nuathionscanta agus FBManna.

*Airteagal 14***Teilgcheártaí oscailte AE**

1. Beidh teilgcheártaí oscailte AE mar shaoráidí ceannródaíocha le haghaidh monaríocht leathsheoltóra san Aontas a thairgeann acmhainneacht táirgeachta do ghnóthais nach bhfuil baint acu le chéile agus a rannchuidíonn ar an gcaoi sin le slándáil an tsoláthair don mhargadh inmheánach agus le hathléimneacht éiceachóras leathsheoltóra an Aontais, agus ina theannta sin, i gcás inarb ábhartha, féadfaidh siad rannchuidiú le slándáil an tslabhra soláthair dhomhanda leathsheoltóra.
2. Tráth a chuirfear isteach iarratas i gcomhréir le hAirteagal 15(1), beidh sé de cheangal ar theilgcheárta oscailte AE cáiliú mar shaoráid cheannródaíoch.
3. Comhlíonfaidh teilgcheárta oscailte AE na ceanglais seo a leanas:
 - (a) beidh tionchar dearfach soiléir ag a bhunadh ar shlabhra luacha leathsheoltóra an Aontais sa mheántearma agus san fhadtearma, lena ngabhfadh héifeachtaí iarmharta a rachaidh níos faide ná an gnóthas nó an Ballstát lena mbain'ann, d'fhonn slándáil soláthair agus athléimneacht an éiceachórais leathsheoltóra a áirithiú, lena n-áirítear fás gnólachtaí nuathionscanta agus FBManna, agus rannchuidiú le haistriú glas agus le haistriú digiteach an Aontais, agus aird á tabhairt go háirithe ar a mhéid a chuireann sé acmhainneacht táirgeachta tosaigh nó chúil ar fáil do ghnóthais, nó an dá rud, nach bhfuil baint acu leis an tsaoráid, má tá éileamh leordhóthanach ann;
 - (b) tabharfaidh sí dearbhú gan bheith faoi réir cur i bhfeidhm seach-chríochach oibleagáidí seirbhíse poiblí a bhaineann le tríú tíortha ar chaoi a d'fhéadfadh dochar a dhéanamh do chumas an ghnóthais na hoibleagáidí a leagtar amach in Airteagal 26(1) a chomhlíonadh, agus geallfaidh sí an Coimisiún a chur ar an eolas i gcás ina dtagann oibleagáid mar sin chun cinn;
 - (c) déanfaidh sí infheistíocht san Aontas sa nuálaíocht leanúnach d'fhonn dul chun cinn nithiúil a bhaint amach sa teicneolaíocht leathsheoltóra nó teicneolaíochtaí den chéad ghlúin eile a ullmhú;
 - (d) tabharfaidh sí do phlíne thalainne an Aontais trí oiliúint oideachasúil agus scileanna a fhorbairt agus a imscaradh agus tríd an líon lucht saothair cáilithe agus oile a mhéadú.
4. I gcás ina dtairgfídh teilgcheárta oscailte AE acmhainneacht táirgeachta do ghnóthais nach mbaineann le hoibreoir na saoráide, bunóidh sí agus coimeádfaidh sí deighilt fheidhmiúil leormhaith éifeachtach na bpróiseas dearthóireachta agus monaríochta chun cosaint na faisnéise a fhaightear ag gach céim a áirithiú.
5. Chun infheistíocht a dhéanamh sa nuálaíocht leanúnach i gcomhréir le mír 3, pointe (c), den Airteagal seo beidh rochtain fhabhrach ag teilgcheárta oscailte AE ar na línte píolótacha arna mbunú i gcomhréir le hAirteagal 5, pointe (b). Ní dhéanfar, le haon rochtain fhabhrach a thabharfar, rochtain éifeachtach aon ghnóthais leasmhara eile ar théarmaí cothroma ar na línte píolótacha a eisiamh ná a chosc, go háirithe gnólachtaí nuathionscanta agus FBManna.

*Airteagal 15***Iarratas ar Stádas mar shaoráid táirgthe chomhtháite nó mar theilgcheárta oscailte AE**

1. Féadfaidh aon ghnóthas nó cuibhreas gnóthas iarratas a chur faoi bhráid an Choimisiúin chun stádas mar shaoráid táirgeachta chomhtháite nó mar theilgcheárta oscailte AE a dheonú do thionscadal.
2. Déanfaidh an Coimisiún, agus tuairimí an Bhoird Eorpaigh um Leathsheoltóirí á gcur san áireamh, measúnú ar an iarratas trí phróiseas cóir trédhearcach a bheidh ar bhonn na n-eilimintí seo a leanas:
 - (a) comhlíonadh na gcritéir a leagtar amach in Airteagal 13(2) nó Airteagal 14(2), faoi seach, agus gealltanais do na ceanglais a leagtar amach in Airteagal 13(3) nó in Airteagal 14(3), faoi seach;
 - (b) plean gnó ina ndéantar meastóireacht ar inmharthanacht airgeadais agus theicniúil an tionscadail, agus a shaolré iomlán á chur san áireamh, lena n-áirítear faisnéis maidir le haon tacaíocht phoiblí atá beartaithe;
 - (c) tairthí chruthaithe an iarratasóra ar shaoráidí cosúla a shuiteáil agus a oibriú;

- (d) soláthar doiciméid tacaíochta iomchuí lena gcruthaítear go bhfuil an Ballstát nó na Ballstáit ina bhfuil sé beartaithe ag an iarratasóir a shaoráid a bhunú, ullamh chun tacú le saoráid den chineál sin a bhunú;
- (e) beartais iomchuí a bheith ann, lena n-áirítear cosaint theicniúil agus bearta cur chun feidhme, arb é is aidhm dóibh a áirithiú go gcosnófar faisnéis neamhnóchta agus cearta maoinne intleachtúla, go háirithe d'fhonn nochtadh neamhúdaráithe rún trádála nó sceitheadh teicneolaíochtaí íogaire atá ag teacht chun cinn a chosc.

Cuirfidh an Coimisiún treoraíocht shoiléir ar fáil maidir leis an bhfaisnéis is gá agus maidir lena formáid ábhartha.

3. Déanfaidh an Coimisiún iarratais a phríoiseáil, cinntí a ghlacadh agus cuirfidh sé na hiarratasóirí ar an eolas laistigh de 6 mhí dó an t-iarratas iomlán a fháil. I gcás ina measfaidh an Coimisiún go bhfuil an fhaisnéis a chuir an t-iarratas ar fáil neamhiomlán, tabharfaidh sé deis don iarratasóir an fhaisnéis bhreise is gá chun an t-iarratas a chomhlánú a thíolacadh gan moill mhíchúí. Cinnfear le an cinneadh an Choimisiúin sin fad an stádais ar bhonn shaolré tuartha an tionscadail.

4. Déanfaidh an Coimisiún faireachán ar an dul chun cinn a dhéanfar maidir le saoráidí táirgeachta comhtháite agus na teilgcheártaí oscailte AE a bhunú agus a oibriú agus cuirfidh sé an Bord Eorpach um Leathsheoltóirí ar an eolas ar bhonn rialta.

5. Féadfaidh oibreoir na saoráide a iarraidh ar an gCoimisiún athbhreithniú a dhéanamh ar fhad an stádais nó a phleananna cur chun feidhme a mhodhnú maidir le comhlíonadh na gceanglas faoi Airteagal 13(3) nó Airteagal 14(3), faoi seach, i gcás ina measann sé go bhfuil údar cuí le hathbhreithniú den sórt sin mar gheall ar imthosca seachtracha gan choinne. Ar bhonn athbhreithniú den sórt sin, féadfaidh an Coimisiún athbhreithniú a dhéanamh ar fhad an stádais a deonaíodh i gcomhréir le mír 3 den Airteagal seo nó féadfaidh sé glacadh leis an modhnú ar na plananna cur chun feidhme.

6. I gcás ina gcinneadh an Coimisiún nach gcomhlíonann saoráid na ceanglais a leagtar amach in Airteagal 13(3) nó Airteagal 14(3) a thuilleadh, tabharfaidh sé deis d'oibreoir na saoráide táirgeachta comhtháite nó d'oibreoir teilgcheárta oscailte AE tuairimí a thabhairt agus bearta iomchuí a mholadh.

7. Féadfaidh an Coimisiún, cinneadh lena aithníodh stádas saoráide táirgeachta comhtháite nó stádas teilgcheárta oscailte AE a aisghairm má bhí an t-aitheantas sin bunaithe ar iarratas ina raibh faisnéis mhíchruinn, nó más rud é, d'ainneoin an nós imeachta i mír 5 den Airteagal seo a bheith curtha i gcrích, nach gcomhlíonann an tsaoráid táirgeachta comhtháite nó teilgcheárta oscailte AE na ceanglais a leagtar amach in Airteagal 13(3) nó in Airteagal 14(3) faoi seach. Sula ndéanfaidh sé an cinneadh sin, rachaidh an Coimisiún i gcomhairle leis an mBord Eorpach um Leathsheoltóirí tar éis dó na cúiseanna leis an aisghairm arna moladh a thabhairt dó. Aon chinneadh lena dtarraingítear siar stádas saoráide táirgeachta comhtháite nó stádas teilgcheárta oscailte AE, beidh sé cuí-réasúnaithe agus faoi réir ceart achomhairc ag an oibreoir.

8. Saoráidí ar aisghaireadh a gcuid stádas mar shaoráid táirgeachta comhtháite ná mar teilgcheártaí oscailte AE de bhun mhír 7 den Airteagal seo, caillfidh siad na cearta uile a bhaineann le haithint an stádais sin a eascraíonn as an Rialachán seo. Mar sin féin, beidh saoráidí den sórt sin faoi réir na hoibleagáide a leagtar amach in Airteagal 26(1) ar feadh tréimhse atá coibhéiseach leis an tréimhse dár foráladh ar dtús nuair a deonaíodh an stádas i gcomhréir le mír 3 den Airteagal seo, nó, i gcás ina ndearnadh athbhreithniú ar an stádas, ar feadh tréimhse atá coibhéiseach leis an bhfad is infheidhme, i gcomhréir le mír 5 den Airteagal seo.

Airteagal 16

Leas poiblí agus tacaíocht phoiblí

1. Measfar go gcuireann saoráidí táirgeachta comhtháite agus teilgcheártaí oscailte AE le slándáil an tsoláthair leathsheoltóirí agus le hathléimneacht éiceachóras leathsheoltóra an Aontais agus, dá bhrí sin, gur chun leas an phobail iad.
2. Chun slándáil an tsoláthair agus athléimneacht éiceachóras leathsheoltóra an Aontais a bhaint amach, féadfaidh na Ballstáit, gan dochar d'Airteagail 107 agus 108 CFAE, bearta tacaíochta a chur i bhfeidhm agus foráil a dhéanamh maidir le tacaíocht riaracháin do shaoráidí táirgeachta comhtháite agus teilgcheártaí oscailte AE i gcomhréir le hAirteagal 18.

*Airteagal 17***Lárionaid dearthóireachta barr feabhais**

1. Féadfaidh an Coimisiún lipéad 'lárionad deartha barr feabhais' a bhronnadh ar lárionaid dearthóireachta atá bunaithe san Aontas a chuireann go mór le cumas an Aontais i ndearadh sliseanna nuálacha tríd a dtairiscintí seirbhíse nó trí scileanna agus cumais dearaidh a fhorbairt, a chur chun cinn agus a neartú.
2. Glacfaidh an Coimisiún, i gcomhréir le hAirteagal 37, gníomhartha tarmligthe lena bhforlíonfar an Rialachán seo tríd an nós imeachta le haghaidh iarratais a bhunú agus na ceanglais agus coinníollacha chun an lipéad dá dtagraítear i mír 1 den Airteagal seo a dheonú, faireachán a dhéanamh air agus é a tharraingt siar.
3. Measfar gur chun leas an phobail iad lárionaid dearthóireachta barr feabhais, agus ar an gcaoi sin cuirfear le hathléimneacht éiceachóras leathsheoltóra an Aontais. Féadfaidh na Ballstáit, gan dochar d'Airteagail 107 agus 108 CFAE, bearta tacaíochta a chur i bhfeidhm do lárionaid dearthóireachta barr feabhais, go háirithe más FBManna iad na lárionaid dearthóireachta barr feabhais sin.

*Airteagal 18***Brostú na nósanna imeachta um dheonú ceadanna**

1. Áiritheoidh na Ballstáit go ndéanfar iarratais riaracháin a bhaineann le pleanáil, tógáil agus oibriú saoráidí táirgeachta comhtháite agus theilgcheártaí oscailte AE a phróiseáil ar bhealach éifeachtúil, trédhearcach agus tráthúil. Chuige sin, áiritheoidh na húdaráis náisiúnta uile lena mbaineann go gcaithfear chomh mear agus is féidir de réir dlí leis na hiarratais sin agus ar bhealach ina dtugtar lánurraim do dhlí agus do nós imeachta náisiúnta.
2. I gcás inar ann do stádas den sórt sin sa dlí náisiúnta, déanfar an stádas den tábhacht náisiúnta is airde is féidir a bhronnadh ar shaoráidí táirgeachta comhtháite agus ar theilgcheártaí oscailte AE agus caithfear leo amhlaidh i bpróisis deonaithe ceadanna. Ní bheidh feidhm ag an mír seo ach amháin i gcás inar ann don stádas sin lena ngabhann an tábhacht náisiúnta is airde sa dlí náisiúnta agus nach gcruthaíonn sé oibleagáid ar na Ballstáit an stádas sin a thabhairt isteach.
3. Féadfar slándáil an tsoláthair leathsheoltóirí agus athléimneacht an éiceachórais leathsheoltóra a mheas mar chúis dhianriachtanach leasa phoiblí sháraithigh de réir bhrí Airteagal 6(4) agus Airteagal 16(1), pointe (c), de Threoir 92/43/CEE agus mar ábhar leasa phoiblí sháraithigh de réir bhrí Airteagal 4(7) de Threoir 2000/60/CE. Dá bhrí sin, féadfar pleanáil, tógáil agus oibriú saoráidí táirgeachta comhtháite agus theilgcheártaí oscailte AE a mheas mar ábhar leasa phoiblí sháraithigh, ar choinníoll go gcomhlíontar na coinníollacha eile atá fágtha a leagtar amach sna forálacha seo. Beidh an mhír seo gan dochar d'infheidhmeacht nó do chur chun feidhme dlí comhshaoil eile de chuid an Aontais.
4. I gcás gach saoráide táirgeachta comhtháite agus teilgcheárta oscailte AE, féadfaidh gach Ballstát lena mbaineann údarás a ainmniú a bheidh freagrach as iarratais riaracháin i dtaca le pleanáil, tógáil agus oibriú a éascú agus a chomhordú.

Féadfaidh gach údarás ainmnithe comhordaitheoir a cheapadh a bheidh ina phointe teagmhála aonair don tsaoráid táirgeachta chomhtháite nó do theilgcheárta oscailte AE.

Má tá ceanglas ann cinní a ghlacadh in dá Bhallstát nó níos mó mar thoradh ar shaoráid táirgeachta comhtháite nó ar theilgcheárta oscailte AE a bhunú, féadfaidh na húdaráis ainmnithe ábhartha gach beart is gá chun comhar agus comhordú éifeachtúil éifeachtach a dhéanamh eatarthu féin.

Caibidil IV

Faireachán agus freagairt ar ghéarchéimeanna

Roinn 1

Faireachán

Airteagal 19

Mapáil straitéiseach ar earnáil leathsheoltóra an Aontais

1. Déanfaidh an Coimisiún mapáil straitéiseach ar earnáil leathsheoltóra an Aontais i gcomhar leis an mBord Eorpach um Leathsheoltóirí. Soláthrófar leis an mapáil straitéiseach anailís ar láidreachtaí agus laigí an Aontais san earnáil dhomhanda leathsheoltóra agus sainaitheofar tosca mar shampla:
 - (a) príomhtháirgí agus bonnegair chriticiúla sa mhargadh inmheánach atá ag brath ar sholáthar leathsheoltóirí;
 - (b) príomhthionscail úsáideoirí san Aontas agus na riachtanais agus na spleáchais atá acu faoi láthair agus a bhfuiltear ag súil leo, lena n-áirítear anailís ar na rioscaí a d'fhéadfadh a bheith ann do shlándáil an tsoláthair agus a bheadh nasctha freisin le hinfhéistiúocht neamh-leordhóthanach;
 - (c) príomhchodanna de shlabhra soláthair leathsheoltóra an Aontais, lena n-áirítear dearadh, bogearraí deartha, ábhair, trealamh monaraíochta, monaraíocht leathsheoltóra agus monaraíocht chúil sheachfhoinsithe;
 - (d) na saintréithe teicneolaíochta, na spleáchais ar theicneolaíocht tríú tír agus ar sholáthraithe tríú tír, agus scrogaill in earnáil leathsheoltóra an Aontais lena n-áirítear rochtain ar ionchuir;
 - (e) na riachtanais reatha agus na riachtanais a bhfuiltear ag súil leo maidir le scileanna agus rochtain éifeachtach ar lucht saothair cáilithe san earnáil leathsheoltóra;
 - (f) i gcás inarb iomchuí, an tionchar a d'fhéadfadh a bheith ag bearta géarchéime dá dtagraítear in Airteagail 25, 26 agus 27 ar an earnáil leathsheoltóra.
2. Cuirfidh an Coimisiún an Bord Eorpach um Leathsheoltóirí ar an eolas faoi thorthaí comhiomlána na mapála straitéisí ar bhonn rialta.
3. Déanfaidh an Coimisiún, ar bhonn thoradh na mapála straitéisí arna déanamh de bhun mhír 1 agus tar éis dó dul i gcomhairle leis an mBord Eorpach um Leathsheoltóirí, liosta táscairí luathrabhaidh a fhorbairt. Déanfaidh an Coimisiún, tar éis dul i gcomhairle leis an mBord Eorpach um Leathsheoltóirí, athbhreithniú ar liosta na dtáscairí luathrabhaidh ar bhonn rialta, gach 2 bhliain ar a laghad.
4. Déanfaidh an Coimisiún, tar éis dó dul i gcomhairle leis an mBord Eorpach um Leathsheoltóirí, creat agus modheolaíocht a fhorbairt chun mapáil straitéiseach a dhéanamh ar an earnáil leathsheoltóra. Déanfaidh an Coimisiún an creat agus an mhodheolaíocht a thabhairt cothrom le dáta nuair is gá.
5. Beidh an mhapáil straitéiseach bunaithe, *inter alia*, ar shonraí atá ar fáil go poiblí agus ar bhonn tráchtála agus ar fhaisnéis ábhartha neamhrúnda ó ghnóthais, ar an toradh ar anailís chomhchosúil a rinneadh, lena n-áirítear i gcomhthéacs dlí an Aontais maidir le hamhábhair agus fuinneamh inathnuaithe, chomh maith leis na meastóireachtaí arna ndéanamh de bhun Airteagal 40(1). I gcásanna nach leor sin chun an mhapáil straitéiseach a fhorbairt de bhun mhír 1 den Airteagal seo, féadfaidh an Coimisiún iarrataí ar fhaisnéis dheonach a eisiúint chuig gníomhaithe a bhaineann leis an slabhra luacha leathsheoltóra san Aontas, tar éis dó dul i gcomhairle leis an mBord Eorpach um Leathsheoltóirí. Úsáidfidh an Coimisiún an modh caighdeánaithe slán chun faisnéis a bhailiú agus a phróiseáil, dá dtagraítear in Airteagal 32(4), chun críocha iarrataí ar fhaisnéis den sórt sin.
6. Aon fhaisnéis a fhaightear de bhun an Airteagal seo, caithfear léi i gcomhréir leis na hoibleagáidí rúndachta a leagtar amach in Airteagal 32.

7. Glacfaidh an Coimisiún, tar éis dul i gcomhairle leis an mBord Eorpach um Leathsheoltóirí, treoird maidir le faisnéis a sholáthar de bhun mhír 5. Déanfaidh an Coimisiún an treoird sin a thabhairt cothrom le dáta nuair is gá.

Airteagal 20

Faireachán agus réamhaíocht

1. Déanfaidh an Coimisiún, i gcomhairle leis an mBord Eorpach um Leathsheoltóirí, faireachán rialta ar an slabhra luacha leathsheoltóra d'fhonn tosca a shainathint a d'fhéadfadh cur isteach ar sholáthar leathsheoltóirí nó dochar a dhéanamh nó tionchar diúltach a bheith acu ar an soláthar sin nó ar thrádáil leathsheoltóirí. Chun críocha an Rialacháin seo, beidh na gníomhaíochtaí seo a leanas san fhaireachán:

- (a) faireachán ar tháscairí luathrabhaidh arna sainathint de bhun Airteagal 19;
- (b) faireachán arna déanamh ag na Ballstáit ar shláine na ngníomhaíochtaí a dhéanann na príomhghníomhaithe margaidh arna sainathint de bhun Airteagal 21 agus tuairisciú ó na Ballstáit maidir le mórimeachtaí a d'fhéadfadh bac a chur ar oibríochtaí rialta na ngníomhaíochtaí den sórt sin;
- (c) dea-chleachtais a shainathint maidir le maolú riosca coisctheach agus trédhearcacht mhéadaithe san earnáil leathsheoltóra.

Saineoidh an Coimisiún, tar éis dó dul i gcomhairle leis an mBord Eorpach um Leathsheoltóirí, minicíocht an fhaireacháin ar bhonn riachtanais an earnála leathsheoltóra.

Déanfaidh an Coimisiún comhordú ar na gníomhaíochtaí a bhaineann le faireachán ar an earnáil leathsheoltóra, ar bhonn faisnéise arna bailiú de bhun Airteagal 19 nó trí fhoinsí eile, mar shampla comhpháirtithe idirnáisiúnta.

2. Tabharfaidh an Coimisiún aird ar leith ar FBManna chun an t-ualach riaracháin a eascraíonn as an mbailiú faisnéise a íoslághdú.

3. Iarrfaidh an Coimisiún ar phríomhghníomhaithe margaidh, ar thacar ionadaíoch d'úsáideoirí leathsheoltóirí ó na hearnálacha criticiúla, ar eagraíochtaí ionadaíocha an tslabhra luacha leathsheoltóra agus ar gheallsealbhóirí ábhartha eile faisnéis a chur ar fáil, ar bhonn deonach, chun gníomhaíochtaí faireacháin a dhéanamh i gcomhréir le mír 1, an chéad fhomhír, pointe (a).

4. Chun críocha mhír 1, an chéad fhomhír, pointe (b), féadfaidh na Ballstáit faisnéis a iarraidh, ar bhonn deonach, ar phríomhghníomhaithe margaidh i gcás inar gá agus inar comhréireach.

5. Chun críocha mhír 3, déanfaidh na húdaráis inniúla náisiúnta liosta teagmhálacha na ngnóthas ábhartha uile a oibríonn feadh an tslabhra soláthair leathsheoltóra atá bunaithe ina gcríoch a bhunú agus a chothabháil. Déanfar an liosta sin a tharchur chuig an gCoimisiún. Déanfaidh an Coimisiún foráil maidir le formáid chaighdeánaithe don liosta teagmhálacha d'fhonn idir-inoibritheacht a áirithiú.

6. Déanfar aon fhaisnéis a gheofar de bhun an Airteagail seo a láimhseáil i gcomhréir le hAirteagal 32.

7. Ar bhonn na faisnéise arna bailiú trí na gníomhaíochtaí faoi mhír 1, soláthróidh an Coimisiún tuarascáil ar na torthaí comhiomlánaithe don Bhord Eorpach um Leathsheoltóirí i bhfoirm nuashonruithe rialta. Tíocfaidh an Bord Eorpach um Leathsheoltóirí le chéile chun measúnú a dhéanamh ar thorthaí an fhaireacháin. Tabharfaidh an Coimisiún cuireadh d'eagraíochtaí ionadaíocha ón earnáil leathsheoltóra chuig na cruinnithe den sórt sin. I gcás inarb ábhartha, féadfaidh an Coimisiún cuireadh a thabhairt do phríomhghníomhaithe margaidh, d'úsáideoirí leathsheoltóirí ó na hearnálacha criticiúla, d'údaráis nó d'eagraíochtaí ionadaíocha tríú tíortha comhpháirtíochta, agus do shaineolaithe ón saol acadúil agus ón tsochaí shibhialta chuig na cruinnithe den sórt sin.

*Airteagal 21***Na príomhghníomhaithe margaidh**

Déanfaidh na Ballstáit, i gcomhar leis an gCoimisiún i gcomhréir le hAirteagal 19, príomhghníomhaithe margaidh a shainathint feadh na slabhraí soláthair leathsheoltóra arna mbunú ar a gcrioch, agus na heilimintí seo a leanas á gcur san áireamh acu:

- (a) an líon gnóthas Aontais eile a bhraitheann ar sheirbhís nó earra atá á sholáthar ag gníomhaí margaidh;
- (b) an sciar de mhargadh an Aontais nó den mhargadh domhanda atá ag an bpríomhghníomhaí margaidh i margadh na seirbhísí nó na n-earraí sin;
- (c) an tábhacht a bhaineann le gníomhaí margaidh maidir le leibhéal leormhaith de sholáthar seirbhíse nó earra a choinneáil ar bun san Aontas, agus infhaighteacht modhanna malartacha le haghaidh sholáthar na seirbhíse nó an earra sin á cur san áireamh;
- (d) an tionchar a d'fhéadfadh a bheith ag briseadh i soláthar na seirbhíse nó an earra arna chur ar fáil ag an ngníomhaí margaidh ar shlabhra soláthair leathsheoltóra an Aontais agus ar na margáí a bhraitheann ar an slabhra sin.

Roinn 2

Foláirimh agus an chéim ghéarchéime a ghníomhachtú*Airteagal 22***Foláirimh agus gníomhaíocht choisctheach**

1. I gcás ina bhfaighidh údarás inniúil náisiúnta amach go bhfuil riosca ann go mbeidh briseadh tromchúiseach i soláthar leathsheoltóirí, nó i gcás ina mbeidh faisnéis nithiúil iontaofa aige faoi aon fhachtóir nó teagmhas ábhartha eile a thiocfaidh chun cinn, cuirfidh sé an Coimisiún ar an eolas gan moill mhíchuí.

2. I gcás ina bhfaighidh an Coimisiún amach go bhfuil riosca ann go dtarlódh briseadh tromchúiseach i soláthar leathsheoltóirí nó i gcás ina mbeidh faisnéis nithiúil iontaofa aige faoi aon fhachtóir nó teagmhas ábhartha eile a thiocfaidh chun cinn, lena n-áirítear ar bhonn táscairí luathrabhaidh, tar éis foláireamh a thabhairt de bhun mhír 1 nó ó chomhpháirtithe idirnáisiúnta, déanfaidh sé na gníomhaíochtaí coisctheacha seo a leanas gan moill mhíchuí:

- (a) cruinniú urghnách an Bhoird Eorpaigh um Leathsheoltóirí a thionól chun na gníomhaíochtaí seo a leanas a chomhordú:
 - (i) plé a dhéanamh ar thromchúis an bhriste ar an soláthar leathsheoltóirí;
 - (ii) plé a dhéanamh an mbeadh sé riachtanach agus comhréireach an nós imeachta dá dtagraítear in Airteagal 23 a thionscnamh;
 - (iii) plé a dhéanamh ar cé acu atá nó nach bhfuil sé iomchuí, riachtanach agus comhréireach do na Ballstáit leathsheoltóirí, táirgí idirmheánacha nó amhábhair a cheannach go comhpháirteach mar bheart choisctheach (soláthar comhpháirteach);
 - (iv) dul i mbun idirphlé le geallsealbhóirí an tslabhra luacha leathsheoltóra d'fhonn bearta coisctheacha a shainathint, a ullmhú agus, b'fhéidir, a chomhordú;
- (b) thar ceann an Aontais, dul i gcomhairle nó i gcomhar le tríú tíortha ábhartha d'fhonn réitigh chomhoibríocha a aimsiú chun aghaidh a thabhairt ar bhristeacha sa slabhra soláthair, i gcomhréir le hoibleagáidí idirnáisiúnta, a bhféadfaidh, i gcás inarb iomchuí, comhordú i bhfóraim idirnáisiúnta ábhartha a bheith i gceist leis sin, i gcás inarb iomchuí.
- (c) iarraidh ar na húdaráis inniúla náisiúnta measúnú a dhéanamh ar ullmhacht na bpríomhghníomhaithe margaidh.

3. Aon soláthar comhpháirteach a fhéadfar a dhéanamh tar éis na bpléití dá dtagraítear i mír 2, pointe (a)(iii), déanfaidh na Ballstáit é i gcomhréir leis na rialacha a leagtar amach in Airteagail 38 agus 39 de Threoir 2014/24/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle ⁽³¹⁾ agus in Airteagail 56 agus 57 de Threoir 2014/25/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle ⁽³²⁾.

Airteagal 23

An chéim ghéarchéime a ghníomhachtú

1. Measfar géarchéim leathsheoltóra a bheith ann sna cásanna seo a leanas:
 - (a) tá briseadh tromchúiseach sa slabhra soláthair leathsheoltóra nó bacainní tromchúiseacha ar thrádáil leathsheoltóirí laistigh den Aontas, rud is cúis le ganntanais shuntasacha leathsheoltóirí, táirgí idirmheánacha nó amháibhar nó ábhar próiseáilte, agus
 - (b) leis na ganntanais shuntasacha sin, cuirtear cosc ar sholáthar, deisiú nó cothabháil táirgí fíor-riachtanacha arna n-úsáid ag earnálacha criticiúla sa mhéid go mbeadh éifeacht dhíobhálach thromchúiseach aige ar fheidhmiú na n-earnálacha criticiúla i ngeall ar an tionchar a bheadh acu ar an tsochaí, ar an ngeilleagar agus ar shlándáil an Aontais.
2. I gcás ina bhfaighidh an Coimisiún amach go bhféadfadh géarchéim leathsheoltóra a bheith ann, de bhun Airteagal 22(2), déanfaidh sé measúnú féachaint an bhfuil coinníollacha mhír 1 den Airteagal seo á gcomhlíonadh. Cuirfead san áireamh sa mheasúnú sin na tionchair agus na hiarmhairtí dearfacha agus diúltacha a d'fhéadfadh a bheith ag an gcéim ghéarchéime ar thionscal leathsheoltóra an Aontais agus ar earnálacha criticiúla. I gcás ina soláthrófar fianaise nithiúil iontaofa leis an measúnú sin agus tar éis dul i gcomhairle leis an mBord Eorpach um Leathsheoltóirí, féadfaidh an Coimisiún a mholadh don Chomhairle céim na géarchéime a ghníomhachtú.
3. Féadfaidh an Chomhairle, ag gníomhú di trí thromlach cáilithe, an chéim ghéarchéime a ghníomhachtú trí bhíthin gníomh cur chun feidhme ón gComhairle. Sonrófar fad na céime géarchéime sa gníomh cur chun feidhme agus ní rachaidh sé thar 12 mhí.

Tuairisceoidh an Coimisiún ar bhonn rialta agus, ar aon chaoi, gach 3 mhí ar a laghad don Bhord Eorpach um Leathsheoltóirí agus do Pharlaimint na hEorpa maidir le staid na géarchéime.

4. Sula rachaidh an tréimhse in éag a ndearnadh an chéim ghéarchéime a ghníomhachtú dá barr, déanfaidh an Coimisiún measúnú, ar cé acu is iomchuí nó nach iomchuí an chéim ghéarchéime a fhadú. I gcás ina soláthraítear leis an measúnú sin fianaise nithiúil iontaofa go bhfuil na coinníollacha maidir le gníomhachtú na géarchéime á gcomhlíonadh fós, agus tar éis dul i gcomhairle leis an mBord Eorpach um Leathsheoltóirí, féadfaidh an Coimisiún a mholadh don Chomhairle síneadh a chur leis an gcéim ghéarchéime.

Féadfaidh an Chomhairle, ag gníomhú di trí thromlach cáilithe, an chéim ghéarchéime a fhadú trí bhíthin gníomh cur chun feidhme ón gComhairle. Beidh fad an tsínithe teoranta agus sonraithe sa gníomh cur chun feidhme ón gComhairle.

Féadfaidh an Coimisiún a mholadh an chéim ghéarchéime a fhadú uair amháin ná níos minice i gcás ina bhfuil údar cuí leis sin.

5. Le linn na céime géarchéime, déanfaidh an Coimisiún, tar éis dó dul i gcomhairle leis an mBord Eorpach um Leathsheoltóirí, measúnú ar oiriúnacht luathfhoirceannadh na céime géarchéime. Má léirítear sin sa mheasúnú, féadfaidh an Coimisiún a mholadh don Chomhairle deireadh a chur leis an gcéim ghéarchéime.

Féadfaidh an Chomhairle an chéim ghéarchéime a fhoirceannadh trí bhíthin gníomh cur chun feidhme ón gComhairle.

6. I rith na céime géarchéime, déanfaidh an Coimisiún, ar a iarraidh sin do Bhallstát nó ar a thionscnamh féin, cruinnithe urghnácha an Bhoird Eorpaigh um Leathsheoltóirí a thionól i gcás inar gá.

⁽³¹⁾ Treoir 2014/24/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 26 Feabhra 2014 maidir le soláthar poiblí agus lena n-aisghairtear Treoir 2004/18/CE (IO L 94, 28.3.2014, lch. 65).

⁽³²⁾ Treoir 2014/25/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 26 Feabhra 2014 maidir le soláthar arna dhéanamh ag eintitis a fheidhmiú in earnáil an uisce, an fluinnimh, an iompair agus na seirbhísí poist agus lena n-aisghairtear Treoir 2004/17/CE (IO L 94, 28.3.2014, lch. 243).

Oibreoidh na Ballstáit i ndlúthchomhar leis an gCoimisiún, cuirfidh siad in iúl dó go tráthúil aon bheart náisiúnta a ghlacfar maidir leis an slabhra soláthair leathsheoltóra laistigh den Bhord Eorpach um Leathsheoltóirí agus déanfaidh siad comhordú ar na bearta sin.

7. Ar dhul in éag don tréimhse a ndearnadh an chéim ghéarchéime a ghníomhachtú ina leith, nó i gcás go bhfoirceannfar go luath í de bhun mhír 5 den Airteagal seo, scoirfidh na bearta a glacadh i gcomhréir le hAirteagail 25, 26 agus 27 láithreach d'fheidhm a bheith acu.

8. Déanfaidh an Coimisiún mapáil agus faireachán na slabhraí luacha leathsheoltóra de bhun Airteagal 19 agus Airteagal 20 a thabhairt cothrom le dáta agus taitní na géarchéime á cur san áireamh tráth nach déanaí ná 6 mhí tar éis don chéim ghéarchéime dul in éag.

Roinn 3

Freagairt ar ghanntanais

Airteagal 24

Bosca uirlisí éigeandála

1. I gcás inar ndéanfar an chéim ghéarchéime a ghníomhachtú de bhun Airteagal 23 agus i gcás inar gá chun aghaidh a thabhairt ar an ngéarchéim leathsheoltóra san Aontas, féadfaidh an Coimisiún an beart dá bhforáiltear in Airteagail 25, 26 nó 27 a ghlacadh faoi na coinníollacha a leagtar síos ann.

2. Tar éis don Choimisiún dul i gcomhairle leis an mBord Eorpach um Leathsheoltóirí, déanfaidh sé cur i bhfeidhm na mbearta dá bhforáiltear in Airteagail 26 agus 27 a theorannú do na hearnálacha criticiúla a bhfuil suaitheadh maidir lena n-oibriú i gceist, nó a bhfuil baol ann go mbeadh suaitheadh ina n-oibriú, mar gheall ar an ngéarchéim leathsheoltóra. Beidh úsáid na mbearta dá dtagraítear i mír 1 den Airteagal seo comhréireach agus teoranta dá bhfuil gá leis chun aghaidh a thabhairt ar bhristeacha tromchúiseacha a dhéanann difear d'earnálacha rithábhachtacha san Aontas, agus ní mór úsáid na mbearta a bheith chun leas an Aontais. Le húsáid na mbearta sin, seachnófar FBManna go háirithe a chur faoi ualach riaracháin díréireach.

3. I gcás inar gníomhachtaíodh an chéim ghéarchéime de bhun Airteagal 23 agus i gcás inarb iomchuí chun aghaidh a thabhairt ar an ngéarchéim leathsheoltóra san Aontas, féadfaidh an Bord Eorpach um Leathsheoltóirí an méid seo a leanas a dhéanamh:

- bearta éigeandála éifeachtacha iomchuí a sholáthar agus comhairle a chur ar fáil ina leith;
- measúnú a dhéanamh ar an tionchar a mheastar a bheadh ag bearta cosanta a d'fhéadfaí a fhorchur ar earnáil leathsheoltóra an Aontais, ag cur san áireamh an gcomhfhreagraíonn staid an mhargaidh do ghanntanas suntasach táirge fhíor-riachtanaigh de bhun Rialachán (AE) 2015/479 agus tuairim a thabhairt don Choimisiún.

4. Cuirfidh an Coimisiún Parlaimint na hEorpa agus an Chomhairle ar an eolas go tráthrialta faoi aon bheart a ghlacfar i gcomhréir le mír 1, agus míneoidh sé cad is údar lena chinneadh.

5. Féadfaidh an Coimisiún, tar éis dó dul i gcomhairle leis an mBord Eorpach um Leathsheoltóirí, treoir a eisiúint faoi chur chun feidhme agus úsáid na mbearta éigeandála.

Airteagal 25

Bailiú faisnéise

1. I gcás ina ndéanfar an chéim ghéarchéime a ghníomhachtú de bhun Airteagal 23, féadfaidh an Coimisiún a iarraidh ar ghnóthais a oibríonn feadh an tslabhra soláthair leathsheoltóra faisnéis a sholáthar faoina gcumais táirgeachta, a n-acmhainneachtaí táirgeachta agus na príomhbhristeacha atá ann faoi láthair. Beidh an fhaisnéis a iarrfar teoranta don mhéid is gá chun measúnú a dhéanamh ar chineál na géarchéime leathsheoltóra nó chun bearta féideartha maolaithe nó éigeandála ar leibhéal an Aontais nó ar an leibhéal náisiúnta a shainithint nó a mheas. Ní bheidh soláthar faisnéise i gceist leis na hiarrataí ar fhaisnéis, ar fhaisnéis í a bheadh contrártha do leasanna slándála náisiúnta na mBallstát dá nochtfaí í.

2. Sula seolfaidh sé iarraidh ar fhaisnéis, féadfaidh an Coimisiún comhairliúchán deonach le líon ionadaíoch gnóthas ábhartha d'fhonn ábhar iomchuí agus comhréireach na hiarrata sin a shainaithint. Forbróidh an Coimisiún an iarraidh ar fhaisnéis i gcomhar leis an mBord Eorpach um Leathsheoltóirí.

3. Úsáidfidh an Coimisiún na modhanna slána agus láimhseálfaidh sé aon fhaisnéis a fhaightear i gcomhréir le hAirteagal 32 chun an iarraidh ar fhaisnéis a sheoladh. Chun na críche sin, tarchuirfidh na húdaráis inniúla náisiúnta liosta na dteagmhálacha arna mbunú faoi Airteagal 20(5) chuig an gCoimisiún.

Déanfaidh an Coimisiún cóip den iarraidh ar fhaisnéis a chur ar aghaidh gan mhoill chuig údarás inniúil náisiúnta an Bhallstáit a bhfuil láithreán táirgeachta an ghnóthais a bhfuiltear ag díriú air suite ar a chríoch. Má éilíonn an t-údarás inniúil náisiúnta amhlaidh, tarchuirfidh an Coimisiún an fhaisnéis a fuarthas ón ngnóthas ábhartha i gcomhréir le dlí an Aontais.

4. Leis an iarraidh ar fhaisnéis sonrúfar an bunús dlí atá léi, beidh sí teoranta don íosmhéid is gá agus beidh sí comhréireach i dtéarmaí ghráinneacht agus mhéid na sonraí agus mhinicíocht na rochtana ar na sonraí arna n-iarraidh, tabharfar aird inti ar aidhmeanna dlísteanacha an ghnóthais agus ar an gcostas agus an iarracht is gá chun na sonraí a chur ar fáil, agus leagfar amach inti an teorainn ama a gcaithfear na sonraí a sholáthar laistigh di. Sonrófar inti freisin na pionóis dá bhforáiltear in Airteagal 33.

5. Is iad úinéirí na ngnóthas nó ionadaithe dá gcuid agus, i gcás daoine dlítheanacha, nó comhlachais nach bhfuil aon phearsantacht dhlítheanach acu, na daoine atá údaraithe ionadaíocht a dhéanamh dóibh de réir dlí nó de réir a mbunreachta, a sholáthróidh an fhaisnéis arna hiarraidh thar ceann an ghnóthais nó an chomhlachais gnóthas lena mbaineann.

6. I gcás ina soláthraíonn gnóthas faisnéis atá neamhiomlán, míchruinn nó míthreorach mar fhreagairt ar iarraidh a dhéantar de bhun an Airteagail seo, nó i gcás nach soláthraíonn sé an fhaisnéis laistigh den teorann ama atá leagtha síos, beidh sé faoi réir fineálacha a shocrófar i gcomhréir le hAirteagal 33, ach amháin i gcás ina bhfuil cúiseanna leordhóthanacha ag an ngnóthas gan an fhaisnéis a iarraidh a sholáthar.

7. I gcás ina mbeidh gnóthas atá bunaithe san Aontas faoi réir iarraidh ar fhaisnéis ó thríú tír, ar fhaisnéis í a bhaineann lena ghníomhaíochtaí leathsheoltóra, cuirfidh sé an Coimisiún ar an eolas in am trátha agus ar bhealach a chuirfidh ar chumas an Coimisiúin faisnéis chomhchosúil ón ngnóthas a iarraidh. Cuirfidh an Coimisiún an Bord Eorpach um Leathsheoltóirí ar an eolas go bhfuil iarraidh den chineál sin ann ó thríú tír.

Airteagal 26

Orduithe a bhfuil rátáil tosaíochta ag baint leo

1. I gcás ina ngníomhachtófar an chéim géarchéime de bhun Airteagal 23, féadfaidh an Coimisiún a éileamh ar shaoráidí táirgeachta comhtháite agus ar theilgcheartaí oscailte AE glacadh le hordú táirgí atá ábhartha i gcás géarchéime agus tús áite a thabhairt dó (ordú a bhfuil rátáil tosaíochta ag baint leis). Beidh tús áite ag oibleagáid den sórt sin ar aon oibleagáid feidhmíochta faoin dlí príobháideach nó faoin dlí poiblí.

2. I gcás inarb infheidhme, féadfar an oibleagáid faoi mhír 1 a fhorchur mar cheangal ar ghnóthais leathsheoltóra eile a ghlac an fhéidearthacht sin i gcomhthéacs tacaíocht phoiblí a fháil.

3. I gcás ina bhfuil gnóthas leathsheoltóra atá bunaithe san Aontas faoi réir beart tríú tír maidir le hordú a bhfuil rátáil tosaíochta ag baint leis, cuirfidh sé an Coimisiún ar an eolas faoi sin. I gcás ina n-imríonn an oibleagáid sin tionchar mór ar oibriú earnálacha criticiúla áirithe, féadfaidh an Coimisiún a cheangal ar an ngnóthas sin, i gcás inar gá agus inar comhréireach, orduithe táirgí atá ábhartha maidir leis an ngéarchéim a ghlacadh agus tús áite a thabhairt dóibh i gcomhréir le míreanna 5, 6 agus 7.

4. Beidh orduithe a bhfuil rátáil tosaíochta ag baint leo teoranta do thairbhíthe a úsáideann leathsheoltóirí ó earnálacha criticiúla nó gnóthais a sholáthraíonn earnálacha criticiúla a bhfuil a ngníomhaíochtaí suaite nó i mbaol suaite agus nach raibh in ann, tar éis dóibh bearta iomchuí maolaithe riosca a chur chun feidhme, tionchar an ghanntanais a sheachaint agus a mhaolú. Féadfaidh an Coimisiún a iarraidh ar thairbhí fianaise iomchuí ina leith sin a thíolacadh.

5. Déanfaidh an Coimisiún, mar bheart in am an éigin, na hoibleagáidí faoi mhíreanna 1, 2 agus 3 den Airteagal seo a achtú trí chinneadh. Glacfaidh an Coimisiún an cinneadh sin, tar éis dul i gcomhairle leis an mBord Eorpach um Leathsheoltóirí agus i gcomhréir le hoibleagáidí dlíthiúla uile an Aontais is infheidhme, agus aird á tabhairt ar thosca an cháis, lena n-áirítear prionsabail an riachtanais agus na comhréireachta. Leis an gcinneadh tabharfar aird go háirithe ar aidhmeanna dlisteanacha an ghnóthais lena mbaineann agus ar an gcostas, ar an iarracht agus ar na coigeartuithe teicniúla is gá chun aon athrú ar an seicheamh táirgeachta a dhéanamh. Ina chinneadh, sonródh an Coimisiún bunús dlí an ordaithe a bhfuil rátáil tosaíochta ag baint leis, socródh sé an teorainn ama ar laistigh de a bheidh an t-ordú le tabhairt i gcrích, agus, i gcás inarb infheidhme, sonródh sé an táirge agus an méid agus luafaidh sé na pionóis dá bhforáiltear in Airteagal 33 maidir le neamhchomhlíonadh oibleagáid den sórt sin. An t-ordú a bhfuil rátáil tosaíochta ag baint leis, déanfar é ar phraghas cóir réasúnta.

6. Sula n-eiseofar orduithe a bhfuil rátáil tosaíochta ag baint leo i gcomhréir le mír 1, tabharfaidh an Coimisiún deis d'fhaighteoir beartaithe ordaithe a bhfuil rátáil tosaíochta ag baint leis éisteacht a fháil maidir le hindéantacht agus sonraí an ordaithe. Ní eiseoidh an Coimisiún an t-ordú a bhfuil rátáil tosaíochta ag baint leis sna cásanna seo a leanas:

- (a) nuair nach bhfuil an gnóthas in ann an t-ordú a bhfuil rátáil tosaíochta ag baint leis a dhéanamh mar thoradh ar chumas táirgeachta nó acmhainneacht táirgeachta neamh-leordhóthanach, nó ar fhorais theicniúla, fiú i gcás cóir fhabhrach i leith an ordaithe;
- (b) dá mbeadh an gnóthas faoi ualach eacnamaíoch míréasúnta agus dá mbeadh cruatan ar leith i gceist don ghnóthas mar thoradh ar ghlacadh an ordaithe, lena n-áirítear rioscaí suntasacha a bhaineann le leanúnachas gnó.

7. I gcás ina bhfuil ceangal ar ghnóthas glacadh le hordú a bhfuil rátáil tosaíochta ag baint agus tús áite a thabhairt dó, ní bheidh sé faoi dhliteanas maidir le haon sárú oibleagáidí conarthacha atá riachtanach chun an t-ordú a bhfuil rátáil tosaíochta ag baint leis a chomhlíonadh. Ní eisiafar an dliteanas ach a mhéid a bhí gá le sárú na n-oibleagáidí conarthacha chun an sannadh tosaíochta a chomhlíonadh ar ann do shainordú ina leith.

8. Déanfaidh an Coimisiún gníomh cur chun feidhme a ghlacadh lena leagtar síos na socruithe praiticiúla agus na socruithe oibríochtúla maidir le feidhmiú na n-orduithe a bhfuil rátáil tosaíochta ag baint leo. Déanfar an gníomh cur chun feidhme sin a ghlacadh i gcomhréir leis an nós imeachta scrúdúcháin dá dtagraítear in Airteagal 38(2).

Airteagal 27

Ceannach comhpháirteach

1. I gcás ina ndéanfar an chéim ghéarchéime a ghníomhachtú de bhun Airteagal 23, féadfaidh an Coimisiún, arna iarraidh sin do dhá Bhallstát nó níos mó, gníomhú mar chomhlacht lárnach ceannaigh thar ceann na mBallstát uile atá toilteanach a bheith rannpháirteach (na Ballstáit rannpháirteacha) le haghaidh sholáthar poiblí a dtáirgí atá ábhartha i gcás géarchéime le haghaidh na n-earnálacha rithábhachtacha ('ceannach comhpháirteach'). Ní dhéanfaidh rannpháirtíocht sa cheannach comhpháirteach dochar do nósanna imeachta soláthair eile. Leagfar amach san iarraidh ar ceannach comhpháirteach na cúiseanna ar a bhfuil sé bunaithe agus úsáidfeair í go heisiach chun aghaidh a thabhairt ar shuaitheadh sa slabhra soláthair leathsheoltóra as ar eascair an ghéarchéim.

2. Déanfaidh an Coimisiún measúnú ar fhóntas, riachtanas agus comhréireacht na hiarrata, agus tuairimí an Bhoird Eorpach um Leathsheoltóirí á gcur san áireamh aige. I gcás nach bhfuil rún ag an gCoimisiún an iarraidh a chomhlíonadh, cuirfidh sé na Ballstáit lena mbaineann agus an Bord Eorpach um Leathsheoltóirí ar an eolas faoin méid sin, agus luafaidh sé na cúiseanna lena dhiúltaigh sé don iarraidh.

3. Déanfaidh an Coimisiún togra a tharraingt suas le haghaidh comhaontú a bheidh le síniú ag na Ballstáit rannpháirteacha. Le comhaontú den sórt sin, déanfar an ceannach comhpháirteach dá dtagraítear i mír 1, lena n-áirítear cúiseanna atá le sásra an ceannaigh chomhpháirtigh a úsáid agus dliteanas atá le glacadh, a eagrú go mionsonraithe agus bunófar an sainordú faoina ngníomhóidh an Coimisiún thar ceann na mBallstát rannpháirteach.

4. Is é an Coimisiún a dhéanfaidh soláthar faoin Rialachán seo i gcomhréir leis na rialacha a leagtar amach i Rialachán (AE, Euratom) 2018/1046 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle ⁽³³⁾ (an Rialachán Airgeadais) maidir lena chuid soláthair féin. Féadfaidh sé a bheith de chumas agus de fhreagracht ag an gCoimisiún, thar ceann na mBallstát rannpháirteach uile, conarthaí a dhéanamh le hoibreoírí eacnamaíocha, lena n-áirítear táirgeoirí aonair táirgí atá ábhartha i gcás géarchéime, maidir le ceannach táirgí den chineál sin nó maidir le maoiniú táirgthe nó forbartha táirgí den chineál sin mar chúiteamh ar cheart tosaíochta chun an toraidh.

5. I gcás ina n-áirítear le soláthar táirgí atá ábhartha i gcás géarchéime maoiniú ó bhuiséad an Aontais, féadfar coinníollacha sonracha a leagan amach i gcomhaontuithe sonracha le hoibreoírí eacnamaíocha.

6. Is é an Coimisiún a dhéanfaidh na nósanna imeachta soláthair agus na comhaontuithe le hoibreoírí eacnamaíocha a thabhairt i gcrích thar ceann na mBallstát rannpháirteach. Iarrfaidh an Coimisiún ar na Ballstáit rannpháirteacha ionadaithe a cheapadh chun páirt a ghlacadh in ullmhú na nósanna imeachta soláthair. Is faoi na Ballstáit rannpháirteacha a bheidh an fhreagracht fós as imscaradh, úsáid nó athúsáid na dtáirgí ceannaithe i gcomhréir leis an gcomhaontú dá dtagraítear i mír 3.

7. Ní dhéanfaidh imscaradh an cheannaigh chomhpháirtigh de bhun an Airteagail seo dochar d'ionstraimí eile dá bhforáiltear sa Rialachán Airgeadais.

Caibidil V

Rialachas

Roinn 1

An Bord Eorpach um Leathsheoltóirí

Airteagal 28

Bunú agus cúraimí an Bhoird Eorpaigh um Leathsheoltóirí

1. Bunaítear leis seo an Bord Eorpach um Leathsheoltóirí.
2. Soláthróidh an Bord Eorpach um Leathsheoltóirí comhairle, cúnaimh agus moltaí don Choimisiún de bhun an Rialacháin seo agus, go háirithe, tríd an méid seo a leanas a dhéanamh:
 - (a) comhairle a sholáthar faoin Tionscnamh do Bhord Údarás Poiblí an Chomhghnóthais um Shliseanna;
 - (b) comhairle a chur ar fáil don Choimisiún maidir le measúnú ar na hiarratais maidir le saoráidí táirgeachta comhtháite agus teilgcheartaí oscailte AE;
 - (c) tuairimí a mhalartú leis an gCoimisiún maidir leis na bealaí is fearr chun a áirithiú, i gcomhréir le dlí an Aontais agus an dlí náisiúnta, go ndéanfar cearta maoine intleachtúla, faisnéis rúnda agus rúin trádála a chosaint agus a fhorfheidhmiú go héifeachtach, le rannpháirtíocht chuí na ngeallsealbhoírí, i ndáil leis an earnáil leathsheoltóra;
 - (d) plé ar shainnithint earnálacha agus teicneolaíochtaí sonracha agus í a ullmhú, ar earnálacha agus teicneolaíochtaí iad a d'fhéadfadh tionchar mór sóisialta nó comhshaoil, nó suntasacht ó thaobh na slándála de, a bheith acu agus dar gá, dá bhri sin, deimhniú mar tháirgí atá glas iontaofa slán;
 - (e) aghaidh a thabhairt ar shaincheisteanna a bhaineann le mapáil straitéiseach, faireachán, foláireamh agus gníomhaíocht choiscitheach agus freagairt ar ghéarchéimeanna;
 - (f) comhairle a thabhairt maidir leis na huirlisí lena mbaineann an chéim géarchéime faoi Airteagail 24 go 27;

⁽³³⁾ Rialachán (AE, Euratom) 2018/1046 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 18 Iúil 2018 maidir leis na rialacha airgeadais is infheidhme maidir le buiséad ginearálta an Aontais, lena leasaítear Rialacháin (AE) Uimh. 1296/2013, (AE) Uimh. 1301/2013, (AE) Uimh. 1303/2013, (AE) Uimh. 1304/2013, (AE) Uimh. 1309/2013, (AE) Uimh. 1316/2013, (AE) Uimh. 223/2014, (AE) Uimh. 283/2014, agus Cinneadh Uimh. 541/2014/AE agus lena n-aisghairtear Rialachán (AE, Euratom) Uimh. 966/2012 (IO L 193, 30.7.2018, lch. 1).

(g) comhairle agus moltaí a sholáthar maidir le cur chun feidhme comhsheasmhach an Rialacháin seo, comhar a éascú idir na Ballstáit agus faisnéis a mhalartú faoi shaincheisteanna a bhaineann leis an Rialachán seo.

3. Tabharfaidh an Bord Eorpach um Leathsheoltóirí comhairle don Choimisiún faoi chúrsaí a bhaineann le comhar idirnáisiúnta i ndáil le leathsheoltóirí. Chuige sin, féadfaidh sé tuairimí na ngeallsealbhóirí a mheas, lena n-áirítear tuairimí na Comhghuaillíochta Tionsclaíche um Próiseálaithe agus Teicneolaíochtaí Leathsheoltóra. Déanfaidh an Bord Eorpach um Leathsheoltóirí an méid seo a leanas a phlé ó am go chéile agus cuirfidh sé toradh an idirphlé sin in iúl don Choimisiún:

(a) an chaoi le feabhas a chur ar an gcomhar feadh an tslabhra luacha leathsheoltóra dhomhanda idir an tAontas agus tríú tíortha, agus na comhaontuithe comhair idirnáisiúnta atá ann cheana le tríú tíortha á gcur san áireamh;

(b) na tríú tíortha dá bhféadfaí tosaíocht a thabhairt le haghaidh comhar idirnáisiúnta feabhsaithe a bhaineann le leathsheoltóirí, agus an méid seo a leanas á chur san áireamh:

(i) comhlántachtaí agus idirthuilleamaíochtaí feadh an tslabhra soláthair leathsheoltóra;

(ii) an éifeacht atá ag beartais trádála, taraifí, srianta onnmhairiúcháin, bacainní trádála ar sholáthar leathsheoltóra, chomh maith le dúnadh gnólachtaí, seachfhoinisíú nó fálacha príomhghníomhaithe margaidh an Aontais a bheith á ndéanamh ag eintitis atá bunaithe i dtríú tíortha ar bhonn faisnéise atá ar fáil go poiblí;

(iii) an rannchuidiú a d'fhéadfaí a dhéanamh le cinnteacht an tsoláthair, agus a n-acmhainneacht leathsheoltóirí agus táirgí idirmheánacha a tháirgeadh agus na hamhábhair is gá chun leathsheoltóirí nó táirgí idirmheánacha a tháirgeadh á gcur san áireamh;

(iv) comhaontuithe comhair atá ann cheana idir an tríú tír sin agus an tAontas.

Beidh an mhír seo gan dochar do shainchumais Pharlaimint na hEorpa agus na Comhairle de bhun na gConarthaí.

4. Áiritheoidh an Bord Eorpach um Leathsheoltóirí comhordú, comhar agus malartú faisnéise, i gcás inarb iomchuí, leis na struchtúir ábhartha um fhreagairt ar ghéarchéimeanna agus um ullmhacht i gcomhair géarchéimeanna, struchtúir arna mbunú faoi dhlí an Aontais.

Airteagal 29

Struchtúr an Bhoird Eorpaigh um Leathsheoltóirí

1. Is iad ionadaithe ó na Ballstáit uile a bheidh ar an mBord Eorpach um Leathsheoltóirí. Beidh ionadaí ón gCoimisiún ina Chathaoirleach ar an mBord Eorpach um Leathsheoltóirí.

2. Déanfaidh gach Ballstát ionadaí ardleibhéil amháin ar a laghad a cheapadh don Bhord Eorpach um Leathsheoltóirí. I gcás inarb ábhartha a mhéid a bhaineann leis an bhfeidhm agus an saineolas, féadfaidh Ballstát níos mó ná ionadaí amháin a bheith aige i ndáil le cúraimí éagsúla de chuid an Bhoird Eorpaigh um Leathsheoltóirí. Beidh comhalta malartach ag gach comhalta den Bhord Eorpach um Leathsheoltóirí. Ní bheidh cearta vótála ach ag na Ballstáit. Ní bheidh ach aon vóta amháin ag gach Ballstát gan beann ar líon na n-ionadaithe atá acu.

3. Ag an gcéad chruinniú a bheidh aige, déanfaidh an Bord Eorpach um Leathsheoltóirí, ar thogra ón gCathaoirleach agus i gcomhaontú leis an gCathaoirleach, a rialacha nós imeachta a ghlacadh.

4. Féadfaidh an Cathaoirleach foghrúpaí buana nó sealadacha a bhunú chun scrúdú a dhéanamh ar cheisteanna sonracha.

I gcás inarb iomchuí, iarrfaidh an Coimisiún ar eagraíochtaí ionadaíoch an tslabhra luacha leathsheoltóra, ar an gComhghuaillíocht Thionsclaíoch um Phróiseálaithe agus Teicneolaíochtaí Leathsheoltóra, ar cheardchumainn agus úsáideoirí leathsheoltóirí ar leibhéal an Aontais, ionchur a sholáthar do na foghrúpaí sin i gcáil breathnóirí.

Bunófar foghrúpa lena n-áireofar eagraíochtaí taighde agus teicneolaíochta de chuid an Aontais chun scrúdú a dhéanamh ar ghnéithe sonracha i dtaca le treonna straitéiseacha teicneolaíochta agus chun tuairisciú don Bhord Eorpach um Leathsheoltóirí faoin méid sin.

*Airteagal 30***Oibriú an Bhoird Eorpaigh um Leathsheoltóirí**

1. Tionólfaidh an Bord Eorpach um Leathsheoltóirí gnáthchruinnithe uair amháin sa bhliain ar a laghad. Féadfaidh sé cruinnithe urghnácha a thionól ar a iarraidh sin don Choimisiún nó do Bhallstát agus dá dtagraítear in Airteagail 20 agus 23.
2. Tionólfaidh an Bord Eorpach um Leathsheoltóirí cruinnithe ar leithligh le haghaidh a chúraimí dá dtagraítear in Airteagal 28(2), pointe (a), agus le haghaidh a chúraimí dá dtagraítear in Airteagal 28(2), pointí (b), (d) (e) agus (f).
3. Tionólfaidh an Cathaoirleach na cruinnithe agus ullmhóidh sé an clár oibre, tar éis dó dul i mbun comhairliúcháin le comhaltaí an Bhoird Eorpaigh um Leathsheoltóirí, i gcomhréir le cúraimí an Bhoird Eorpaigh um Leathsheoltóirí de bhun an Rialacháin seo agus lena rialacha nós imeachta.

Soláthróidh an Coimisiún tacaíocht riaracháin agus anailíseach le haghaidh ghníomhaíochtaí an Bhoird Eorpaigh um Leathsheoltóirí de bhun Airteagal 28.

4. I gcás inarb iomchuí, tarraingeoidh an Cathaoirleach eagraíochtaí ionadaíocha na hearnála leathsheoltóra isteach sa phróiseas agus tabharfaidh sé cuireadh do shaineolaithe a bhfuil saineolas sonracha acu ar an ábhar, lena n-áirítear ó eagraíochtaí geallsealbhóirí, agus ceapfaidh sé breathnóirí chun páirt a ghlacadh sna cruinnithe, lena n-áirítear ar mholadh ó chomhaltaí. Féadfaidh an Cathaoirleach malartuithe idir an Bord Eorpach um Leathsheoltóirí agus comhlachtaí, oifigí, gníomhaireachtaí agus grúpaí saineolaithe agus grúpaí comhairleacha eile de chuid an Aontais a éascú. Chuige sin, tabharfaidh an Cathaoirleach cuireadh d'ionadaí ó Pharlaimint na hEorpa mar bhreathnóir buan ar an mBord Eorpach um Leathsheoltóirí, go háirithe chuig cruinnithe a bhaineann le Caibidil IV maidir le faireachán agus freagairt ar ghéarchéimeanna. Áiritheoidh an Cathaoirleach rannpháirtíocht institiúidí agus comhlachtaí Aontais ábhartha eile mar bhreathnóirí ar an mBord Eorpach um Leathsheoltóirí i ndáil le cruinnithe a bhaineann le Caibidil IV maidir le faireachán agus freagairt ar ghéarchéimeanna.

Ní bheidh cearta vótála ag na breathnóirí agus na saineolaithe agus ní ghlacfaidh siad páirt i gceapadh tuairimí, moltaí ná comhairle an Bhoird Eorpaigh um Leathsheoltóirí ná a fhoghrúpaí. I gcás inarb iomchuí, féadfaidh an Bord Eorpach um Leathsheoltóirí cuireadh a thabhairt do na breathnóirí agus do na saineolaithe sin rannchuidiú trí fhaisnéis agus léargas a thabhairt.

5. Glacfaidh an Bord Eorpach um Leathsheoltóirí gach beart is gá chun láimhseáil agus próiseáil shábháilte na faisnéise rúnda a áirithiú, i gcomhréir le hAirteagal 32.

Roinn 2

Údaráis inniúla náisiúnta*Airteagal 31***Ainmniú na n-údarás inniúil náisiúnta agus pointí teagmhála aonair**

1. Ainmneoidh gach Ballstát údarás inniúil náisiúnta amháin nó níos mó chun cur i bhfeidhm agus cur chun feidhme an Rialacháin seo ar an leibhéal náisiúnta a áirithiú.
2. I gcás ina n-ainmneoidh Ballstát níos mó ná údarás inniúil náisiúnta amháin, leagfaidh sé amach go soiléir freagrachtaí gach ceann de na húdaráis lena mbaineann agus áiritheoidh sé go gcomhoibreoidh na húdaráis go héifeachtach éifeachtúil chun a gcúraimí faoin Rialachán seo a chomhlíonadh, lena n-áirítear na tascanna a bhaineann leis an ainmniú agus gníomhaíochtaí an phointe teagmhála aonair náisiúnta dá dtagraítear i mír 3.
3. Ainmneoidh gach Ballstát pointe teagmhála aonair náisiúnta amháin chun feidhm idirchaidrimh a fheidhmiú chun comhar trasteorann le húdaráis inniúla náisiúnta Ballstát eile, leis an gCoimisiún agus leis an mBord Eorpach um Leathsheoltóirí a áirithiú (pointe teagmhála aonair). I gcás nach n-ainmneoidh Ballstát ach aon údarás inniúil amháin, is é an t-údarás inniúil sin a bheidh ina phointe teagmhála aonair freisin.

4. Tabharfaidh gach Ballstát fógra don Choimisiún faoi údarás inniúil náisiúnta nó níos mó ná údarás inniúil náisiúnta amháin a ainmniú, agus faoin bpointe teagmhála aonair, lena n-áirítear a gcúraimí agus freagrachtaí beachta faoin Rialachán seo, a sonraí teagmhála agus aon athrú ar na sonraí ina dhiaidh sin.
5. Áiritheoidh na Ballstáit go bhfeidhmeoidh na húdaráis inniúla náisiúnta, lena n-áirítear an pointe teagmhála aonair a ainmneofar, a gcumhachtaí ar bhealach neamhchlaonta, trédhearcach agus tráthúil agus go soláthrófar dóibh na cumhachtaí agus na hacmhainní teicniúla, airgeadais agus daonna leordhóthanacha is gá chun a gcúraimí a chomhlíonadh faoin Rialachán seo.
6. Áiritheoidh na Ballstáit go rachaidh na húdaráis inniúla náisiúnta i gcomhairle le húdaráis náisiúnta ábhartha eile, agus le páirtithe leasmhara ábhartha agus go gcomhoibreoidh siad leo, i gcás inarb iomchuí agus i gcomhréir le dlí an Aontais agus leis an dlí náisiúnta.

Éascóidh an Coimisiún an malartú taithí idir údaráis inniúla náisiúnta.

Caibidil VI

Rúndacht agus pionóis

Airteagal 32

Faisnéis rúnda a láimhseáil

1. An fhaisnéis a fhaightear le linn an Rialachán seo a chur chun feidhme is chun críocha an Rialacháin seo agus chun na gcríoch sin amháin a úsáidfear í, agus déanfar í a chosaint le dlí ábhartha an Aontais agus leis an dlí ábhartha náisiúnta.
2. An fhaisnéis a fhaightear de bhun Airteagail 15, 20, 25 agus 26(3), beidh sí faoi réir rúndacht gairmiúil agus beidh an chosaint aici a thugtar leis na rialacha is infheidhme maidir le hinstiúidí an Aontais agus leis an dlí ábhartha náisiúnta, lena n-áirítear na forálacha is infheidhme a ghníomhachtú maidir le sárú na rialacha sin.
3. Áiritheoidh an Coimisiún agus na húdaráis náisiúnta, a n-oifigigh, a seirbhísigh agus daoine eile atá ag obair faoi mhaoirseacht na n-údarás sin rúndacht na faisnéise agus na sonraí a gheobhaidh siad agus a gcúraimí agus a ngníomhaíochtaí á ndéanamh acu sa chaoi go gcosnófar go háirithe cearta maoinne intleachtúla agus faisnéis íogair ghnó nó rúin trádála. Bainfidh an oibleagáid sin le hionadaithe uile na mBallstát agus leis na breathnóirí, saineolaithe agus rannpháirtithe eile ar fad a fhreastalaíonn ar chruinnithe an Bhoird Eorpaigh um Leathsheoltóirí de bhun Airteagal 28 agus le comhaltaí an Choiste Leathsheoltóra de bhun Airteagal 38(1).
4. Déanfaidh an Coimisiún foráil maidir le modhanna caighdeánaithe slána chun an fhaisnéis a gheofar de bhun an Rialacháin seo a bhailiú, a phróiseáil agus a stóráil.
5. Féadfaidh an Coimisiún agus na Ballstáit, i gcás inar gá, an fhaisnéis a fuarthas de bhun Airteagal 20 agus Airteagal 25 a mhalartú, i bhfoirm chomhiomlánaithe amháin lena gcuirtear cosc ar nochtadh aon chonclúidí maidir le staid shonrach cuideachta i mBallstát, le húdaráis inniúla tríú tíortha a bhfuil socruithe rúndachta déthaobhacha nó iltaobhacha comhaontaithe acu leo chun leibhéal leormhaith rúndachta a sholáthar. Sula rachaidh an Coimisiún nó na Ballstáit i mbun aon mhalartaithe faisnéise, tabharfaidh siad fógra don Bhorde Eorpach um Leathsheoltóirí faoin bhfaisnéis atá le roinnt agus faoin socrú rúndachta ábhartha.

Agus faisnéis á malartú le húdaráis inniúla tríú tíortha, ainmneoidh an Coimisiún pointe teagmhála aonair san Aontas agus úsáidfídh sé é chun aistriú na faisnéise nó na sonraí sin ar bhealach rúnda a éascú de bhun nósanna imeachta ábhartha an Choimisiúin.

6. Féadfaidh an Coimisiún gníomhartha cur chun feidhme a ghlacadh, de réir mar is gá ar bhonn na taithí arna fáil sa bhailiú faisnéise, chun na socruithe praiticiúla a shonrú maidir le faisnéis rúnda a láimhseáil i gcomhthéacs malartú faisnéise de bhun an Rialacháin seo. Glacfar na gníomhartha cur chun feidhme sin i gcomhréir leis an nós imeachta scrúdúcháin dá dtagraítear in Airteagal 38(2).

*Airteagal 33***Pionóis**

1. Féadfaidh an Coimisiún an méid seo a leanas a dhéanamh, trí chinneadh, i gcás ina meastar é sin a bheith riachtanach agus comhréireach:

- (a) fineálacha a fhorchur, i gcás ina soláthraíonn gnóthas, d'aon ghnó nó trí mhórfhaillí, faisnéis mhíchruinn, neamhiomlán nó mhíthreorach mar fhreagairt ar iarraidh a rinneadh de bhun Airteagal 25, nó mura soláthraíonn gnóthas nó eagraíochtaí ionadaíocha gnóthas an fhaisnéis laistigh den teorainn ama atá forordaithe;
- (b) fineálacha a fhorchur i gcás nach gcomhlíonann gnóthas, d'aon ghnó nó trí mhórfhaillí, an oibleagáid chun an Coimisiún a chur ar an eolas faoi oibleagáid tríú tír de bhun Airteagal 25(7) agus Airteagal 26(3);
- (c) íocaíochtaí pionósacha tréimhsiúla a fhorchur i gcás nach gcomhlíonann gnóthas, d'aon ghnó nó trí mhórfhaillí, oibleagáid chun tús áite a thabhairt do tháirgeadh na dtáirgí atá ábhartha i gcás géarchéime de bhun Airteagal 26.

2. Sula ndéanfaidh sé cinneadh de bhun mhír 1 den Airteagal seo, tabharfaidh an Coimisiún deis éisteacht do na gnóthais i gcomhréir le hAirteagal 36. Cuirfidh sé san áireamh aon fhorais a bhfuil údar réasúnaithe leo a thíolacfaidh gnóthais den sórt sin chun a chinneadh cé acu atá nó nach bhfuil riachtanach agus comhréireach fineálacha nó íocaíochtaí pionósacha tréimhsiúla a fhorchur.

3. Fineálacha a fhorchuirfeadh sna cásanna dá dtagraítear i mír 1, pointe (a), ní sháróidh siad EUR 300 000.

Fineálacha a fhorchuirfeadh sna cásanna dá dtagraítear i mír 1, pointe (b), ní sháróidh siad EUR 150 000.

I gcás inar FBM an gnóthas lena mbaineann, ní rachaidh na fineálacha a fhorchuirfeadh thar EUR 50 000.

4. Íocaíochtaí pionósacha tréimhsiúla a fhorchuirfeadh sa chás dá dtagraítear i mír 1, pointe (c), ní sháróidh siad 1,5 % den láimhdeachas laethúil reatha le haghaidh gach lá oibre de neamhchomhlíonadh na hoibleagáide de bhun Airteagal 26, a ríomhtar ón dáta a leagtar síos sa chinneadh inar eisíodh an t-ordú a bhfuil rátáil tosaíochta ag baint leis.

I gcás inar FBM an gnóthas lena mbaineann, ní rachaidh na híocaíochtaí pionósacha tréimhsiúla a fhorchuirfeadh thar 0,5 % den láimhdeachas laethúil reatha.

5. Agus méid na fineála nó na híocaíochta pionósacha tréimhsiúla á shocrú, tabharfaidh an Coimisiún aird ar chineál, ar thromchúis agus ar fhad an tsáraithe, lena n-áirítear, i gcás neamhchomhlíonadh an ordaithe a bhfuil oibleagáid chun rátáil tosaíochta ag baint leis a ghlacadh agus tús áite a thabhairt di a leagtar amach in Airteagal 26, agus cibé acu ar chomhlíon nó nár chomhlíon an gnóthas an t-ordú a bhfuil rátáil tosaíochta ag baint leis go páirteach, agus prionsabail na comhréireachta agus na hoiriúnachta á gcur san áireamh go cuí.

6. I gcás ina gcomhlíonfaidh an gnóthas na ceanglais a bhí an íocaíocht phionósach thréimhsiúil ceaptha a fhorfheidhmiú, féadfaidh an Coimisiún méid cinntitheach na híocaíochta pionósacha tréimhsiúla a shocrú ag figiúr níos ísle ná an figiúr a bheadh i gceist faoin gcinneadh bunaidh.

7. Beidh dlíne neamhtheoranta ag an gCúirt Bhreithiúnais chun athbhreithniú a dhéanamh ar chinntí ina socraíonn an Coimisiún fineáil nó íocaíocht phionósach thréimhsiúil. Féadfaidh sí an fineáil nó an íocaíocht phionósach thréimhsiúil arna forchur a chealú, a laghdú nó a mhéadú.

*Airteagal 34***Tréimhse theorann chun fineálacha agus pionóis a fhorchur**

1. Beidh na cumhachtaí a thugtar don Choimisiún le hAirteagal 33 faoi réir na dtréimhsí teorann seo a leanas:

- (a) 2 bhliain i gcás sárúithe forálacha a bhaineann le hiarrataí faisnéise de bhun Airteagal 25;
- (b) 2 bhliain i gcás sárúithe forálacha a bhaineann le hoibleagáid faisnéise de bhun Airteagal 25(7) agus Airteagal 26(3);

- (c) 3 bliana i gcás sáruihte forálacha a bhaineann leis an oibleagáid chun tús áite a thabhairt do tháirgeadh na dtáirgí atá ábhartha i gcás géarchéime de bhun Airteagal 26.
2. Cuirfear tús leis an tréimhse theorann dá dtagraítear i mír 1 ar an lá a dhéanfar an sárú. I gcás ina bhfuil sáruihte leanúnacha agus sáruihte a dhéantar arís agus arís eile, cuirfear tús leis an tréimhse theorann ar an lá a rinneadh an sárú deiridh.
3. Aon bheart a dhéanann an Coimisiún nó údaráis inniúla na mBallstát chun comhlíonadh an Rialachán seo a áirithiú, cuirfidh an beart sin isteach ar an tréimhse theorann.
4. Beidh an cur isteach ar an tréimhse theorann i bhfeidhm i gcás na bpáirtithe uile atá freagrach as bheith rannpháirteach sa sárú.
5. Tosófar ag áireamh an ama as an nua le gach cur isteach. Rachaidh an tréimhse theorann in éag, áfach, ar a dhéanaí, ar an lá a bheidh tréimhse imithe thart atá cothrom le dhá oiread na tréimhse teorann gan fineáil ná íocaíocht phionósach thréimhsiúil a bheith forchurtha ag an gCoimisiún. Déanfar an tréimhse sin a shíneadh leis an am ar cuireadh an tréimhse theorann ar fionraí lena linn ar an ábhar go bhfuil cinneadh an Choimisiúin ina ábhar sna himeachtaí atá ar feitheamh os comhair na Cúirte Breithiúnais.

Airteagal 35

Tréimhse theorann maidir le pionóis a forfheidhmiú

1. An chumhacht atá ag an gCoimisiún chun cinntí a ghlacfar de bhun Airteagal 33 a fhorfheidhmiú, beidh sí faoi réir thréimhse theorann 3 bliana.
2. Cuirfear tús leis an tréimhse theorann ar an lá a dhéanfar cinneadh críochnaitheach den chinneadh.
3. Cuirfear isteach ar an tréimhse theorann maidir le fineálacha agus íocaíochtaí pionósacha tréimhsiúla a fhorchur:
- (a) le fógra a thabharfar faoi chinneadh lena n-athraítear méid bunaidh na fineála nó na híocaíochta pionósáí tréimhsiúla nó lena ndiúltaítear iarraidh ar athrú;
- (b) le gníomh ar bith a dhéanfaidh an Coimisiún nó a dhéanfaidh Ballstát, agus é ag gníomhú arna iarraidh sin don Choimisiún, atá ceaptha chun íocaíocht na fineála nó na híocaíochta pionósáí tréimhsiúla a fhorfheidhmiú.
4. Cuirfear tús leis an tréimhse theorann as an nua le gach cur isteach.
5. Cuirfear an tréimhse theorann maidir le forfheidhmiú fineálacha agus íocaíochtaí pionósacha tréimhsiúla ar fionraí:
- (a) go ceann dheireadh an ama ina bhfuil cead íocaíocht a dhéanamh;
- (b) go ceann dheireadh an ama ina bhfuil forfheidhmiú na híocaíochta ar fionraí de bhun cinneadh ón gCúirt Bhreithiúnais.

Airteagal 36

An ceart chun éisteacht a fháil maidir le pionóis a fhorchur

1. Sula nglacfaidh an Coimisiún cinneadh de bhun Airteagal 33, tabharfaidh sé deis don ghnóthas lena mbaineann éisteacht a fháil maidir leis an méid seo a leanas:
- (a) réamhthorthaí an Choimisiúin, lena n-áirítear aon ábhar a ndearna an Coimisiún agóidí ina aghaidh;
- (b) bearta a d'fhéadfadh a bheith beartaithe ag an gCoimisiún a dhéanamh i bhfianaise na réamhthorthaí dá dtagraítear i bpointe (a).
2. Féadfaidh na gnóthais lena mbaineann a gcuid barúlacha maidir le réamhthorthaí an Choimisiúin a thíolacadh de bhun mhír 1, pointe (a), laistigh de theorainn ama a shocróidh an Coimisiún sna réamhthorthaí uaidh agus nach bhféadfaidh a bheith níos lú ná 14 lá.

3. Ní bhunóidh an Coimisiún a chuid cinntí ar aon ní ach amháin na hagóidí a raibh ar chumas na ngnóthas lena mbaineann barúil a thabhairt ina leith.
4. Déanfar cearta cosanta an ghnóthais lena mbaineann a urramú go hiomlán le linn aon imeachtaí. Beidh an gnóthas lena mbaineann i dteideal rochtain a fháil ar chomhad an Choimisiúin faoi théarmaí nochta idirbheartaithe, faoi réir leas dlisteanach gnóthas maidir lena rúin ghnó a chosaint. Ní áireofar leis an gceart rochtana ar an gcomhad faisnéis rúnda ná doiciméid inmheánacha de chuid an Choimisiúin nó de chuid údaráis na mBallstát. Ní áireofar leis an gceart rochtana comhfhreagras idir an Coimisiún agus údaráis na mBallstát go háirithe. Ní chuirfidh aon rud sa mhír seo cosc ar an gCoimisiún faisnéis a nochtadh agus a úsáid, ar faisnéis í atá riachtanach chun sárú a chruthú.

Caibidil VII

Tarmligean cumhachta agus an nós Imeachta coiste

Airteagal 37

An tarmligean a fheidhmiú

1. Is faoi réir na gcoinníollacha a leagtar síos san Airteagal seo a thugtar an chumhacht don Choimisiún chun gníomhartha tarmligthe a ghlacadh.
2. Déanfar an chumhacht chun gníomhartha tarmligthe a ghlacadh dá dtagraítear in Airteagal 12(2) agus (3) agus Airteagal 17(2) a thabhairt don Choimisiún go ceann tréimhse neamhchinntithe ama ó 19 Meán Fómhair 2023.
3. Féadfaidh Parlaimint na hEorpa nó an Chomhairle tarmligean na cumhachta dá dtagraítear in Airteagal 12(2) agus (3) agus Airteagal 17(2) a chúlghairm tráth ar bith. Le cinneadh chun cúlghairm a dhéanamh, cuirfear deireadh le tarmligean na cumhachta atá sonraithe sa chinneadh sin. Gabhfaidh éifeacht leis an lá tar éis fhoilsiú an chinnidh in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh* nó ar dháta is déanaí a shonrófar sa chinneadh. Ní dhéanfaidh sé difear do bhailíocht aon ghnímh tharmligthe atá i bhfeidhm cheana féin.
4. Sula nglacfaidh sé gníomh tarmligthe, rachaidh an Coimisiún i mbun comhairliúcháin le saineolaithe arna n-ainmniú ag gach Ballstát i gcomhréir leis na prionsabail a leagtar síos i gComhaontú Idirinstitiúideach an 13 Aibreán 2016 maidir le Reachtóireacht Níos Fearr.
5. A luaithe a ghlacfaidh sé gníomh tarmligthe, tabharfaidh an Coimisiún fógra, an tráth céanna, do Pharlaimint na hEorpa agus don Chomhairle faoi.
6. Ní thiocfaidh gníomh tarmligthe a ghlactar de bhun Airteagal 12(2) nó (3), nó Airteagal 17(2) i bhfeidhm ach amháin mura mbeidh aon agóid curtha in iúl ag Parlaimint na hEorpa nó ag an gComhairle laistigh de thréimhse 2 mhí tar éis fógra faoin ngníomh sin a thabhairt do Pharlaimint na hEorpa agus don Chomhairle nó más rud é, roimh dhul in éag na tréimhse sin, go mbeidh Parlaimint na hEorpa agus an Chomhairle araon tar éis a chur in iúl don Choimisiún nach ndéanfaidh siad aon agóid. Déanfar an tréimhse sin a fhadú 2 mhí ar thionscnamh Pharlaimint na hEorpa nó na Comhairle.

Airteagal 38

Nós imeachta coiste

1. Gheobhaidh an Coimisiún cúnamh ó choiste ('an Coiste Leathsheoltóra'). Beidh an coiste sin ina choiste de réir bhrí Rialachán (AE) Uimh. 182/2011.
2. I gcás ina ndéantar tagairt don mhír seo, beidh feidhm ag Airteagal 5 de Rialachán (AE) Uimh. 182/2011.
3. I gcás ina ndéantar tagairt don mhír seo, beidh feidhm ag Airteagal 8 de Rialachán (AE) Uimh. 182/2011, i gcomhar le hAirteagal 5 den Rialachán sin.

Caibidil VIII

Forálacha críochnaitheacha

Airteagal 39

Leasuithe ar Rialachán (AE) 2021/694

Leasaítear Rialachán (AE) 2021/694 mar seo a leanas:

- (1) leasaítear Airteagal 3(2) mar seo a leanas:
 - (a) cuirtear an méid seo a leanas in ionad na foclaíochta réamhráití:

‘2. Beidh sé chuspóir shonracha idirghaolmhara ag an gClár.’;
 - (b) cuirtear an pointe seo a leanas leis:

‘(f) Cuspóir Sonrach 6 – Leathsheoltóirí.’;
- (2) cuirtear isteach an tAirteagal seo a leanas:

‘Airteagal 8a

Cuspóir Sonrach 6 – Leathsheoltóirí

Leis ranníocaíocht airgeadais ón Aontas faoi Chuspóir Sonrach 6 – Leathsheoltóirí, saothrófar na cuspóirí a leagtar síos in Airteagal 4(2), pointí (a) go (d) d’Airteagal 4 de Rialachán (AE) 2023/1781 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle (*).

(*) Rialachán (AE) 2023/1781. ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 13 Meán Fómhair 2023 lena mbunaítear creat beart chun éiceachóras leathsheoltóra na hEorpa a neartú agus lena leasaítear Rialachán (AE) 2021/694 (IO C 229, 18.9.2023, lch. 1);

- (3) in Airteagal 9, cuirtear an méid seo a leanas in ionad mhíreanna 1 agus 2:
 - ‘1. Is é EUR 8 168 000 000 i bpraghsanna reatha a bheidh san imchlúdach airgeadais le haghaidh chur chun feidhme an Chláir don tréimhse ón 1 Eanáir 2021 go dtí an 31 Nollaig 2027.
 2. Maidir leis an méid dá dtagraítear i mír 1, is mar a leanas a dháileadh táscach:
 - (a) EUR 2 019 914 000 le haghaidh Chuspóir Sonrach 1 – an Ríomhaireacht Ardfeidhmíochta;
 - (b) EUR 1 663 956 000 le haghaidh Chuspóir Sonrach 2 – an Intleacht Shaorga;
 - (c) EUR 1 399 566 000 le haghaidh Chuspóir Sonrach 3 – an Chibearshlándaíl agus Iontaoibh;
 - (d) EUR 507 347 000 le haghaidh Chuspóir Sonrach 4 – Ardscoilleana Digiteacha;
 - (e) EUR 1 002 217 000 le haghaidh Chuspóir Sonrach 5 – Imscaradh agus Úsáid is Fearr na nAcmhainneachtaí Digiteacha agus Idir-inoibritheachta;
 - (f) EUR 1 575 000 000 le haghaidh Chuspóir Sonrach 6 – Leathsheoltóirí.’;
- (4) in Airteagal 11, cuirtear an méid seo a leanas in ionad mhír 2:

‘2. Comhar le tríú tíortha agus eagraíochtaí dá dtagraítear i mír 1 den Airteagal seo i dtaca le Cuspóirí Sonracha 1, 2, 3 agus 6, beidh sé faoi réir Airteagal 12.’
- (5) in Airteagal 12, cuirtear an méid seo a leanas in ionad mhír 6:

‘6. I gcás ina bhfuil údar cuí leis ar chúiseanna slándála, féadfar a fhoráil sa chláir oibre freisin nach bhféadfar eintitis dhlítheanacha atá bunaithe i dtíortha comhlachaithe agus eintitis dhlítheanacha atá bunaithe san Aontas ach atá á rialú ó thríú tíortha a bheith incháilithe chun bheith rannpháirteach sna gníomhaíochtaí ar fad, nó i gcuid díobh, faoi Chuspóirí Sonracha 1, 2 agus 6 ach amháin má chomhlíonann siad na ceanglais atá le comhlíonadh ag na heintitis dhlítheanacha sin chun a ráthú go gcosnófar leasanna bunúsacha slándála an Aontais agus na mBallstát agus chun a áirithiú go gcosnófar an fhaisnéis rúnaicmithe faoi dhoiciméid. Leagfar na ceanglais sin amach sa chláir oibre.’;

(6) in Airteagal 13, cuirtear an mhír seo a leanas leis:

‘3. Tugtar tuairisc ar shineirgí Chuspóir Sonrach 6 le Clár eile de chuid an Aontais in Airteagal 6 de Rialachán (AE) 2023/1781 agus in Iarscríbhinn III a ghabhann leis an Rialachán sin’;

(7) Leasaítear Airteagal 14 mar a leanas:

(a) cuirtear an méid seo a leanas in ionad mhír 1

‘1. Is faoi bhainistíocht dhíreach a chuirfear an Clár chun feidhme, i gcomhréir leis an Rialachán Airgeadais, nó is faoi bhainistíocht indíreach a chuirfear chun feidhme é trí chúraimí cur chun feidhme áirithe a chur ar iontaoibh na gcomhlachtaí dá dtagraítear in Airteagal 62(1), an chéad fhomhír, pointe (c), den Rialachán Airgeadais, i gcomhréir le hAirteagail 4 go 8a den Rialachán seo. Ní fhéadfaidh na comhlachtaí ar a gcuirtear de chúram an Clár a chur chun feidhme imeacht ó na rialacha maidir le rannpháirtíocht agus scaipeadh a leagtar síos sa Rialachán seo ach amháin i gcás ina ndéantar foráil maidir leis an imeacht sin sa ghníomh dlí lena mbunaítear na comhlachtaí sin nó lena gcuirtear cúraimí cur chun feidhme buiséid ar a n-iontaoibh nó, le haghaidh na gcomhlachtaí dá dtagraítear in Airteagal 62(1), an chéad fhomhír, pointe (c)(ii), (c)(iii) nó (c)(v), den Rialachán Airgeadais, i gcás ina ndéantar foráil maidir leis an imeacht sin sa chomhaontú ranníocaíochta agus má éilítear sin i ngeall ar riachtanais oibríochtúla shonracha comhlachtaí den sórt sin nó ar chineál na gníomhaíochta.’;

(b) cuirtear an mhír seo a leanas leis:

‘4. I gcás ina gcomhlíontar na coinníollacha a leagtar amach in Airteagal 27 de Rialachán (AE) 2023/1781 beidh feidhm ag an Airteagal sin.’

(8) in Airteagal 17, cuirtear an méid seo a leanas in ionad mhír 1:

‘1. Ní bheidh ach gníomhaíochtaí lena rannchuidítear leis na cuspóirí a leagtar síos in Airteagal 3 go hAirteagal 8a a bhaint amach incháilithe chun cistiú a fháil.’;

(9) in Iarscríbhinn I, cuirtear an pointe seo a leanas isteach:

‘Cuspóir Sonrach 6 – Leathsheoltóirí

Soláthraítear gníomhaíochtaí faoi Chuspóir Sonrach 6 in Iarscríbhinn I a ghabhann le Rialachán (AE) 2023/1781’;

(10) in Iarscríbhinn II cuirtear an pointe seo a leanas isteach:

‘Cuspóir Sonrach 6 – Leathsheoltóirí

Soláthraítear táscairí intomhaiste chun faireachán a dhéanamh ar an gcur chun feidhme agus chun tuairisciú ar dhul chun cinn Chuspóir Sonrach 6 in Iarscríbhinn II a ghabhann le Rialachán (AE) 2023/1781’;

(11) in Iarscríbhinn III cuirtear an pointe seo a leanas isteach:

‘Cuspóir Sonrach 6 – Leathsheoltóirí

Soláthraítear sineirgí le Clár Aontais maidir le Cuspóir Sonrach 6 in Iarscríbhinn III a ghabhann le Rialachán (AE) 2023/1781.’

Airteagal 40

Meastóireacht agus athbhreithniú

1. Faoin 20 Meán Fómhair 2026 seo agus gach 4 bliana ina dhiaidh sin, cuirfidh an Coimisiún tuarascáil ar mheastóireacht agus athbhreithniú an Rialacháin seo faoi bhráid Pharlaimint na hEorpa agus faoi bhráid na Comhairle. Cuirfear na tuarascálacha ar fáil go poiblí.

2. Chun críocha mheastóireacht agus athbhreithniú an Rialacháin seo, soláthróidh an Bord Eorpach um Leathsheoltóirí, na Ballstáit agus na húdaráis inniúla náisiúnta faisnéis don Choimisiún ar a hiarraidh sin dó.

3. Agus an mheastóireacht agus an t-athbhreithniú á ndéanamh ag an gCoimisiún, cuirfidh sé san áireamh seasaimh agus torthaí Pharlaimint na hEorpa, na Comhairle, agus comhlachtaí nó foinsí ábhartha eile.

*Airteagal 41***Teacht i bhfeidhm**

Tiocfaidh an Rialachán seo i bhfeidhm an tríú lá tar éis lá a fhoilsithe in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

Beidh an Rialachán seo ina cheangal go huile agus go hiomlán agus beidh sé infheidhme go díreach i ngach Ballstát.

Arna dhéanamh in Strasbourg, an 13 Meán Fómhair 2023.

Thar ceann Pharlaimint na hEorpa
An tUachtarán
R. METSOLA

Thar ceann na Comhairle
An tUachtarán
J. M. ALBARES BUENO

IARSCRÍBHINN I

GNÍOMHAÍOCHTAÍ

Cur síos teicniúil ar an tionscnamh: raon feidhme na ngníomhaíochtaí

Cuirfear gníomhaíochtaí tosaigh an Tionscnaimh agus, i gcás inarb iomchuí, gníomhaíochtaí a dtacaíonn an Tionscnamh leo a bheidh ann ina dhiaidh sin chun feidhme i gcomhréir leis an tuairisc theicniúil seo a leanas:

Cuid IACmhainneacht dearthóireachta le haghaidh teicneolaíochtaí leathsheoltóra comhtháite

Leis an Tionscnamh, cuirfear le hacmhainneachtaí dearthóireachta nuálacha ar mórscála le haghaidh teicneolaíochtaí leathsheoltóra comhtháite trí ardán dearthóireachta fíorúil a bheidh ar fáil ar fud an Aontais. Is éard a bheidh san ardán dearthóireachta fíorúil saoráidí dearthóireachta nuálacha nua ina mbeidh leabharlanna agus uirlisí leathnaithe, lena gcomhtháthófar líon mór teicneolaíochtaí atá ann cheana agus teicneolaíochtaí nua (lena n-áirítear teicneolaíochtaí atá ag teacht chun cinn mar shampla fótónaic chomhtháite, teicneolaíochtaí candamacha agus IS/teicneolaíochtaí néaramorfacha). In éineacht le huirlisí EDA atá ann cheana, beifear in ann comhpháirteanna nuálacha agus coincheapa nua córais a dhearadh agus príomhfheidhmiúlachtaí a léiriú mar shampla cineálacha cur chuige nua maidir le hardfheidhmíocht, ísealfhuinneamh, slándáil, ailtireachtaí nua 3D agus ailtireachtaí córais ilchineálaigh, etc.

Trí bheith ag obair go dlúth leis na tionscail úsáideoirí ó earnálacha éagsúla eacnamaíocha, nascfaidh an t-ardán dearthóireachta fíorúil pobail na gcomhlachtaí dearthóireachta, soláthróirí maoinne intleachtúla agus soláthróirí uirlisí, le heagraíochtaí taighde agus teicneolaíochta (ETTanna) chun réitigh fréamhshamhla fíorúla a sholáthar ar bhonn chomhfhorbairt na teicneolaíochta. Comhroinnfear rioscaí agus costais forbartha agus cuirfear chun cinn modhanna nua gréasánbhunaithe chun rochtain a fháil ar uirlisí dearthóireachta, lena ngabhann samhlacha costais solúbtha, go háirithe maidir le fréamhshamhaltú, chomh maith le comhchaighdeáin chomhéadain.

Déanfar an t-ardán dearthóireachta fíorúil a uasghrádú go leanúnach le cumais dearthóireachta nua fad is a dhéanann sé níos mó teicneolaíochtaí agus dearáí a chomhtháthú go leanúnach le haghaidh próiseálaithe ísealchumhachta (lena n-áirítear teicneolaíochtaí foinsé oscailte, mar shampla RISC-V). Ina theannta sin, féadfaidh teicneolaíochtaí eile a chumasú leis an ardán dearthóireachta fíorúil, mar shampla sliseanna in-riomhchláraithe bunaithe ar eagair gheataí in-riomhchláraithe sa réimse, ailtireachtaí nua 3D agus córais ilchineálacha, srl. Cuirfidh sé a sheirbhísí ar fáil tríd an néal, agus déanfaidh sé rochtain agus oscailteacht don phobal ar fad a uasmhéadú trí líonrú a dhéanamh ar lárionaid deartha atá ann cheana agus ionaid deartha nua ar fud na mBallstát.

Cuid III Línite Píolótacha chun ullmhú le haghaidh táirgeacht nuálach, tástáil agus bailíochtú

Tacóidh an tionscnamh le línte píolótacha le haghaidh táirgeacht nuálach, tástáil agus bailíochtú lena ndúnfar an bhearna idir an tsaotharlann agus an mhonarcha i dtaca le déantús na n-ardteicneolaíochtaí leathsheoltóra mar shampla: ailtireachtaí agus ábhair le haghaidh leictreonaic chumhachta lena gcothaítear fuinneamh inbhuanaithe agus in-athnuaite, stóráil fuinnimh, monaraíocht chliste i gcomhréir leis na caighdeáin chomhshaoil is airde, uathoibriú agus leictrea-shoghluasteacht, ídiú fuinnimh níos ísle, cibearshlándáil, sábháilteacht feidhmiúil, leibhéil níos airde maidir le feidhmíocht ríomhaireachta nó maidir le teicneolaíochtaí claochlaitheacha a chomhtháthú, ar nós sliseanna intleachta saorga néaramorfacha agus leabaithe, fótónaic chomhtháite, graiféin agus teicneolaíochtaí eile bunaithe ar ábhar 2T, lena gcomhtháthaítear leictreonaic agus micrishreabhánaic i gcórais ilchineálacha, réitigh theicneolaíochta chun inbhuanaitheacht agus ciorclaíocht comhpháirteanna agus córas leictreonach a mhéadú. Áirítear an méid seo a leanas ar na réimsí fócais:

- (a) Línte píolótacha chun turgnamh, tástáil agus bailíochtú a dhéanamh ar bhealach oscailte inrochtana, lena n-áirítear trí phacáistí deartha próisis, feidhmíocht bloc maoinne intleachtúla, fréamhshamhlacha fíorúla, dearáí nua agus córais ilchineálacha chomhtháite nua.

Leis an ardán dearthóireachta fíorúil, beifear in ann iniúchadh dearthóireachta a dhéanamh ar bhloic maoinne intleachtúla nua agus coincheapa córais nua atá le tástáil agus le bailíochtú ar na línte píolótacha trí phacáistí deartha próisis tosaigh, rud a sholáthróidh aiseolas láithreach chun na samhlacha a bheachtú agus a fheabhsú roimh an aistriú chuig monaraíocht. Ón tús, leathnóidh an Tionscnamh roinnt línte píolótacha atá ann cheana, agus sineirgí ann leis an mbonneagar dearthóireachta, ionas gur féidir leis na tionscdaí dearthóireachta agus fréamhshamhaltaithe (fíorúla) rochtain a fháil ar na línte píolótacha.

- (b) Línte píolótacha nua maidir le teicneolaíochtaí leathsheoltóra amhail Silicean lán-ídithe ar inslitheoir nach bhfuil ach 10-7 nm ar fad, ardteicneolaíocht thimpeallgheatach agus teicneolaíocht úrscóthach na nód imill tosaigh (e.g. faoi bhun 2 nm), agus iad á gcomhlánú le línte píolótacha le haghaidh córais ilchineálacha 3D a chomhtháthú agus le haghaidh ardphacáistíochta. Leis na línte píolótacha déanfar na ngníomhaíochtaí taighde agus nuálaíochta is déanaí agus torthaí na ngníomhaíochtaí sin a chomhtháthú.

Áireofar sna línte píolótacha bonneagar dearthóireachta tiomnaithe ina mbeidh, mar shampla, samhlacha dearthóireachta lena n-ionsamhláítear an próiseas monaraithe le haghaidh na n-uirlisí dearthóireachta a úsáidtear chun ciorcaid agus córais ar shlis a dhearadh. Bunófar an bonneagar dearthóireachta sin agus fíorúla na línte píolótacha a bheidh soláimhsithe don úsáideoir, le go mbeidh rochtain dhíreach orthu ar fud an Aontais tríd an ardán

dearthóireachta fíorúil. Cuirfidh nasc dá leithéid ar chumas an phobail dearthóireachta roghanna teicneolaíochta a thástáil agus a bhailíochtú sula mbeidh siad ar fáil ar bhonn tráchtála. Áiríteoidh sé go mbainfidh an dearadh nua ar an tsli agus ar an gcóras leas iomlán as acmhainn na dteicneolaíochtaí nua agus gurb é an toradh a bheidh air go mbeidh nuálaíocht úrscothach ann.

In éineacht le chéile, leis na línte píolótacha sin, cuirfear maoin intleachtúil an Aontais, scileanna agus nuálaíocht an Aontais i dteicneolaíocht monaraíochta leathsheoltóra chun cinn agus athneartófar agus leathnófar seasamh an Aontais maidir le trealamh nua monaraíochta agus ábhair nua le haghaidh modúil ardteicneolaíochta leathsheoltóra, mar shampla, liteagrafaíocht agus teicneolaíochtaí sliseoige.

Eagrófar comhar agus comhoibriú dlúth leis an tionscal chun leathnú na hacmhainneachta sin agus chun cuimsiú criticiúil a threorú ón uair a chuirfear tús leis na línte píolótacha cáilithe atá roghnaithe lena mbaineann, mar shampla, ardphacáistiú, teicneolaíocht chomhtháthaithe ilchineálach 3T agus feidhmiúlachtaí tábhachtacha breise amhail fótónaic shileacain, leictreonaic chumhachta, teicneolaíochtaí braiteacha, graiféin síleacain agus teicneolaíochtaí candamacha. An bonneagar cumhachtach leathnaithe uile-Aontais um línte píolótacha sin, atá nasctha go dlúth leis an mbonneagar cumasúcháin dearthóireachta, tá sé bunriachtanach chun eolas, acmhainneacht agus cumais an Aontais a leathnú chun an bhearna idir nuálaíocht ón taighde atá cistithe go poiblí agus an mhonaraíocht atá cistithe ar bhonn tráchtála a dhúnadh, agus chun an t-éileamh agus an mhonaraíocht san Aontas a mhéadú faoi dheireadh na deacáide seo.

Cuid IIIAcmhainneachtaí ardteicneolaíochta agus ardinnnealtóireachta le haghaidh sliseanna candamacha

Leis an Tionscnamh, tabharfar aghaidh ar riachtanais shonracha na gcomhpháirteanna próiseála faisnéise a bheidh ann amach anseo lena mbainfear leas as prionsabail neamhchlasaiceacha, go háirithe sliseanna lena mbainfear leas as éifeachtaí candamacha (i.e. sliseanna candamacha) ar bhonn gníomhaíochtaí taighde. Áirítear an méid seo a leanas ar na réimsí fócais:

- Leabharlanna dearthóireachta nuálacha le haghaidh sliseanna candamacha lena dtógtar ar phróisis dearthóireachta agus monaraithe phróisis sheanbhunaithe thionscal clasaiceach na leathsheoltóirí d'ardáin qubit atá bunaithe ar leathsheoltóirí agus ar fhótónaic; agus iad á gcomhlánú ag forbairt na leabharlanna dearthóireachta nuálacha agus ardfhorbartha a fhorbairt agus próisis mhonaraithe le haghaidh na n-ardán qubit malartach nach bhfuil comhoiriúnach le leathsheoltóirí.
- Línte píolótacha chun ciorcaid chandamacha agus leictreonaic rialúcháin a chomhtháthú chun sliseanna candamacha a thógáil bunaithe ar thaighde leanúnach agus leas á bhaint as an taighde sin; agus, chun rochtain a sholáthar ar sheomraí glana tiomnaithe agus ar theilgcheartaí tiomnaithe fréamhshamhaltaithe agus táirgthe, an bhacainn iontrála le haghaidh forbairt agus táirgeadh méideanna beaga comhpháirteanna candamacha a laghdú agus dlús a chur leis na timthriallta nuálaíochta.
- Saoráidí chun comhpháirteanna ardchandamacha, lena n-áirítear iad siúd a tháirgtear leis na línte píolótacha, a thástáil agus a bhailíochtú, rud lena ndúnfar an lúb aischothaithe nuálaíochta idir dearthóirí, táirgeoirí agus úsáideoirí comhpháirteanna candamacha.

Cuid IVLíonra lárionad inniúlachta agus forbairt scileanna

Tacóidh an Tionscnamh leis an méid seo a leanas:

- Líonra lárionad inniúlachta a chruthú i ngach Ballstát chun úsáid na dteicneolaíochtaí sin a chur chun cinn, lárionaid a bheidh ag feidhmiú mar chomhéadain leis an ardán dearthóireachta fíorúil agus na línte píolótacha, rud lena n-éascófar a n-úsáid éifeachtach, agus lena soláthrófar saineolas agus scileanna do na geallsealbhóirí, lena n-áirítear FBManna úsáideora deiridh. Soláthróidh lárionaid inniúlachta seirbhísí nuálacha don earnáil tionsclaíochta, agus go háirithe do FBManna, ar an saol acadúil agus ar údarais phoiblí agus cuirfidh siad réitigh shaincheaptha ar fáil do réimse leathan úsáideoirí, rud a chothóidh úsáid níos leithne dearaidh agus ardteicneolaíochta san Aontas. Cabhróidh siad freisin le lucht saothair ardoilte a mhéadú san Aontas.
- Maidir le scileanna, eagrófar gníomhaíochtaí sonracha oiliúna i dtaca le huirlisí dearthóireachta agus teicneolaíochtaí leathsheoltóra ar an leibhéal áitiúil, réigiúnach nó uile-Aontas. Tacófar le scoláireachtaí a chur ar fáil le haghaidh staidéar iarchéime. Comhlánóidh na gníomhaíochtaí sin gealltanais thionsclaíochta faoin gComhshocrú um Scileanna, rud a mhéadóidh líon na n-intéirneachtaí agus na bprintiseachtaí, i gcomhar leis an saol acadúil. Tabharfar aird freisin ar chláir athscilithe agus uas-scilithe d'oibrithé atá ag aistriú ó earnálacha eile.

Cuid VGníomhaíochtaí 'an Chiste um Shliseanna' chun rochtain ar chaipiteal a sholáthar do ghnólachtaí nuathionscanta, gnólachtaí atá ag méadú, FBManna agus cuideachtaí eile atá sa slabhra luacha leathsheoltóra

Leis an Tionscnamh, tacófar le héiceachóras nuálaíochta leathsheoltóra agus teicneolaíochtaí candamacha atá faoi bhláth a chruthú trí thacú le rochtain fhorleathan ar chaipiteal fiontair do ghnólachtaí nuathionscanta, do ghnólachtaí atá ag méadú agus do FBManna chun a ngnó a fhás agus a láithreach sa mhargadh a leathnú ar bhealach inbhuanaithe.

IARSCRÍBHINN II

TÁSCAIRÍ INTOMHAISTE CHUN FAIREACHÁN A DHÉANAMH AR CHUR CHUN FEIDHME AN TIONSCNAIMH AGUS TUAIRISCIÚ A DHÉANAMH AR DHUL CHUN CINN AN TIONSCNAIMH MAIDIR LE BAINN AMACH A CHUSPÓIRÍ

1. Líon na n-eintiteas dlíthiúil atá páirteach (foroinnte de réir méide, cineáil agus tír mbunaíochta) sna gníomhaíochtaí a fhaigheann tacaíocht ón Tionscnamh.

I ndáil le cuspóir oibríochtúil 1 an Tionscnaimh:

2. Líon na n-uirlisí dearthóireachta arna bhforbairt nó arna gcomhtháthú faoin Tionscnamh.

I ndáil le cuspóir oibríochtúil 2 an Tionscnaimh:

3. An méid iomlán arna chomh-infheistiú ag an earnáil phríobháideach in acmhainní dearthóireachta agus i línte píolótacha faoin Tionscnamh.

I ndáil le cuspóir oibríochtúil 3 an Tionscnaimh:

4. Líon na n-úsáideoirí leathsheoltóirí nó na bpobal úsáideoirí a lorgaíonn, agus líon na n-úsáideoirí leathsheoltóirí nó na bpobal úsáideoirí a fhaigheann, rochtain ar acmhainní dearthóireachta agus línte píolótacha faoin Tionscnamh.

I ndáil le cuspóir oibríochtúil 4 an Tionscnaimh:

5. Líon na ngnólachtaí a d'úsáid seirbhísí na lárionad inniúlachta náisiúnta a fhaigheann tacaíocht ón Tionscnamh.
6. Líon na ndaoine a bhfuil cláir oiliúna curtha i gcrích go rathúil acu a fhaigheann tacaíocht ón Tionscnamh chun ardscoilleana agus ardoiliúint ar theicneolaíochtaí leathsheoltóra agus ar theicneolaíochtaí candamacha a fháil.
7. Líon na lárionad inniúlachta gníomhach san Aontas i gcomhthéacs an Tionscnaimh.

I ndáil le cuspóir oibríochtúil 5 an Tionscnaimh:

8. Líon na ngnólachtaí nuathionscanta, na ngnólachtaí atá ag méadú agus na FBManna a fuair caipiteal fiontair ó ghníomhaíochtaí an 'Chiste um Shliseanna' agus méid iomlán na n-infheistíochtaí caipitil a rinneadh.
9. Méid na hinfeistíochta a dhéanann cuideachtaí atá ag feidhmiú san Aontas, lena n-áirítear de réir na deighleoge den slabhra luacha ina n-oibríonn siad.

————

IARSCRÍBHINN III

SINEIRGÍ LE CLÁIR DE CHUID AN AONTAIS

1. Le sineirgí an Tionscnaimh le Cuspóirí Sonracha 1 go 5 den Chlár don Eoraip Dhigiteach, áiríteofar an méid seo a leanas:
 - (a) Go bhfuil fócas téamach spriocdhírthe an Tionscnaimh maidir le teicneolaíochtaí leathsheoltóra agus teicneolaíochtaí candamacha comhlántach;
 - (b) Go tabharfar tacaíocht, le cuspóirí sonracha 1 go 5 den Chlár don Eoraip Dhigiteach, don fhothú acmhainneachta digití in ardteicneolaíochtaí digiteacha, lena n-áirítear Ríomhaireacht Ardfeidhmíochta, Intleacht Shaorga, agus cibearshlándaíl, agus ardsceleana digiteacha freisin;
 - (c) Leis an Tionscnamh, déanfar infheistíocht i bhfothú acmhainneachta chun ardchumas dearthóireachta, táirgthe agus comhtháthaithe córas a threisiú i dteicneolaíochtaí leathsheoltóra úrscothacha, teicneolaíochtaí den chéad ghlúin eile agus teicneolaíochtaí candamacha úrscothacha ar mhaithe le forbairt nuálach ghnó, chun slabhraí soláthair agus luacha leathsheoltóra an Aontais a neartú, chun freastal ar phríomhearnálacha tionsclaíochta agus chun margaidh nua a chruthú.
2. Le sineirgí le Fís Eorpach, áiríteofar an méid seo a leanas:
 - (a) cé go dtagann réimsí téamacha a dtugtar aghaidh orthu leis an Tionscnamh agus roinnt réimsí a bhaineann le Fís Eorpach le chéile, gur éagsúil agus comhlántach na cineálacha gníomhaíochtaí atáthar le tacú leo, na haschuir ionchasacha agus na loighic idirghabhála atá acu;
 - (b) go soláthrófar le Fís Eorpach tacaíocht chuimsitheach don taighde, don fhorbairt theicneolaíoch, don taispeáint, don phiólótú, don chruthúnas coincheapa, don tástáil agus don fhréamhshamhaltú, lena n-áirítear imscaradh réamhthráchtálach teicneolaíochtaí digiteacha nuálacha, go háirithe trí bhíthin an mhéid seo a leanas:
 - (i) buiséad tiomnaithe sa cholún 'Dúshlán Dhomhanda agus Iomaíochas Tionsclaíoch Eorpach' le haghaidh na braisle 'Cúrsaí Digiteacha, an Tionscal agus an Spás' chun teicneolaíochtaí cumasúcháin a fhorbairt (IS agus róbataic, idirlíon den Chéad Ghlúin Eile, Ríomhaireacht Ardfeidhmíochta agus Mórshonraí, eochairtheicneolaíochtaí digiteacha (lena n-áirítear micrileictreonaic), lena gcomhcheanglaítear cúrsaí digiteacha le teicneolaíochtaí eile);
 - (ii) tacaíocht do bhonneagair thaighde faoin gcolún 'an Eolaíocht Oscailte';
 - (iii) comhtháthú digiteach i measc na nDúshlán Domhanda ar fad (sláinte, slándáil, fuinneamh agus soghluaisteacht, aeráid, etc.); agus
 - (iv) tacaíocht do nuálaíochtaí ceannródaíochta atá ag méadú faoin gcolún 'An Eoraip Nuálach' (a mbeidh teicneolaíochtaí digiteacha agus teicneolaíochtaí eile cónastha i gcuid mhór acu).
 - (c) go mbeidh an Tionscnamh ag díriú go heisiach ar acmhainn ar mórsála a fhorbairt i dteicneolaíochtaí leathsheoltóra agus candamacha ar fud an Aontais. Déanfar infheistíocht leis sna nithe seo a leanas:
 - (i) an nuálaíocht a chothú trí thacú le dhá acmhainn theicneolaíochta dhlúthnasctha lenar féidir coincheapa nua córais a cheapadh, mar aon lena dtástáil agus lena mbailíochtú i línte píolótacha.
 - (ii) tacaíocht spriocdhírthe a sholáthar chun cur le hacmhainneacht oiliúna agus feabhas a chur ar ardinniúlachtaí agus ardsceleana digiteacha feidhmeacha chun tacú le forbairt agus imscaradh leathsheoltóirí de réir tionscail forbartha teicneolaíochta agus úsáideora deiridh; agus
 - (iii) líonra lárionad náisiúnta inniúlachta, lena n-éascófar rochtain ar phobail agus ar thionscail úsáideora deiridh agus lena soláthrófar saineolas agus seirbhísí nuálaíochta dóibh, chun táirgí agus feidhmchláir nua a fhorbairt agus chun aghaidh a thabhairt ar chlistí margaidh.
 - (d) go gcuirfear acmhainneachtaí teicneolaíochta an Tionscnaimh ar fáil don phobal taighde agus nuálaíochta, lena n-áirítear le haghaidh gníomhaíochtaí a fhaigheann tacaíocht ó Fís Eorpach;
 - (e) de réir mar a théann forbairt na dteicneolaíochtaí digiteacha nuálacha in aibíocht i réimse na leathsheoltóirí a bhfuil le Fís Eorpach, go nglacfar na teicneolaíochtaí sin de réir a chéile agus go n-imscarfar iad de réir a chéile faoin gClár nuair is féidir sin;
 - (f) maidir leis na cláir Fís Eorpach de Rialachán (AE) 2021/695 le haghaidh forbairt scileanna agus curaclam inniúlachtaí, lena n-áirítear iad sin a sholáthraítear ag lárionaid chomhshuí Pobal Eolais agus Nuálaíochta de chuid na hInstitiúide Eorpaí um Nuálaíocht agus um Theicneolaíocht, go ndéanfar iad a chomhlánú le fothú acmhainneachta in ardsceleana agus acmhainneachtaí digiteacha sna teicneolaíochtaí leathsheoltóra agus candamacha a dtacaítear leo faoin Tionscnamh;

- (g) go gcuirfear ar bun sásraí comhordaithe láidre le haghaidh clársceidealú agus cur chun feidhme, agus na nósanna imeachta ar fad don Tionscnamh agus do Fís Eorpach araon á n-ailíniú a mhéid is féidir. Beidh gach seirbhís de chuid an Choimisiúin lena mbaineann páirteach ina struchtúir rialachais.
3. Le sineirgí le cláir an Aontais atá faoi bhainistíocht chomhroinnte, lena n-áirítear Ciste Forbraíochta Réigiúnaí na hEorpa, Ciste Sóisialta na hEorpa, an Ciste Eorpach Talmhaíochta um Fhorbairt Tuaithe agus an Ciste Eorpach Muirí, lascaigh agus Dobharshaothraithe, áiritheofar go ndéanfar éiceachórais nuálaíochta réigiúnacha agus áitiúla, an claoclú tionsclaíoch, mar aon le claoclú digiteach na sochaí agus na riarachán poiblí a fhorbairt agus a neartú. Áirítear leis sin tacaíocht do chlaoclú digiteach na hearnála tionsclaíochta agus glacadh torthaí, chomh maith le teicneolaíochtaí agus réitigh nuálacha a chur i bhfeidhm ar bhonn céimneach. Leis an Tionscnamh, comhlánófar líonrú trasnáisiúnta agus mapáil thrasnáisiúnta na n-acmhainneachtaí a dtacóidh sé leo, agus tacófar leis an líonrú agus leis an mapáil sin, ionas go mbeidh rochtain ag FBManna agus ag tionscail úsáideora deiridh orthu i ngach réigiún de chuid an Aontais.
4. Le sineirgí leis an tSaoráid um Chónascadh na hEorpa, áireofar an méid seo a leanas:
- (a) go ndíreofar, leis an Tionscnamh, ar fhothú acmhainneachta digití agus bonneagair dhigitigh ar mórsála i réimse na leathsheoltóirí, ionas go mbeidh glacadh agus imscaradh forleathan ann ar fud an Aontais i dtaca le réitigh dhigiteacha nuálacha bharrthábhachtacha, atá ann cheana nó a ndearnadh tástáil orthu, laistigh de chreat de chuid an Aontais i réimsí a bhaineann le leas an phobail nó cliseadh sa mhargadh. Tá an Tionscnamh le cur chun feidhme go príomha trí infheistíochtaí comhordaithe agus straitéiseacha leis na Ballstáit, chun acmhainneachtaí digiteacha i dteicneolaíochtaí leathsheoltóra a bheidh le roinnt ar fud an Aontais agus i ngníomhaíochtaí ar fud an Aontais a fhorbairt. Tá sé sin ábhartha go háirithe leis an leictreolaíocht agus leis an tiomáint uathrialach, agus atá ceaptha chun tairbhe do thionscal úsáide deiridh níos iomaíche agus forbairt na dtionscal sin a éascú, go háirithe in earnálacha na soghluaisteachta agus an iompair;
- (b) go gcuirfear acmhainneachtaí agus bonneagair an Tionscnaimh ar fáil chun teicneolaíochtaí agus réitigh nuálacha nua a thástáil ar féidir glacadh leo in earnálacha na soghluaisteachta agus an iompair. Tá an tSaoráid um Chónascadh na hEorpa le tacú le rolladh amach agus imscaradh teicneolaíochtaí agus réitigh nuálacha nua i réimse na soghluaisteachta agus an iompair agus i réimsí eile chomh maith;
- (c) go mbunófar sásraí comhordúcháin, go háirithe trí na struchtúir rialachais iomchuí.
5. Le sineirgí le Clár InvestEU, áiritheofar an méid seo a leanas:
- (a) go soláthrófar tacaíocht trí mhaoiniú margadh-bhunaithe, lena n-áireofar cuspóirí beartais faoin Tionscnamh a ghnóthú, le Rialachán (AE) 2021/523; d'fhéadfaí an maoiniú margadh-bhunaithe sin a chomhcheangal leis an tacaíocht deontais;
- (b) go dtabharfar tacaíocht do shaoráid mheasctha faoin gCiste InvestEU le maoiniú a sholáthrófar tríd an gClár Fís Eorpach nó tríd an gClár don Eoraip Dhigiteach i bhfoirm ionstraimí airgeadais laistigh d'oibríochtaí measctha.
6. Le sineirgí le Erasmus+, áireofar an méid seo leanas:
- (a) leis an Tionscnamh, go dtacófar le forbairt agus foghlaim na n-ardscileanna digiteacha is gá chun teicneolaíochtaí leathsheoltóra úrscóthacha a fhorbairt agus a imscaradh i gcomhar leis na tionscail ábhartha is infheidhme;
- (b) go gcomhlánófar leis an gcuid de Erasmus+ a bhaineann le hardscileanna digiteacha na hidirghabhálacha ón Tionscnamh lena dtabharfar aghaidh ar fhoghlaim scileanna i ngach réimse agus ar gach leibhéal trí thairbhí de bharr na soghluaisteachta.
7. Áiritheofar sineirgí le cláir agus le tionscnaimh eile de chuid an Aontais maidir le hinniúlachtaí agus scileanna.

*IARSCRÍBHINN Ia***EARNÁLACHA CRITICIÚLA**

1. Fuinneamh
 2. Iompar
 3. Baincéireacht
 4. Bonneagar an mhargaidh airgeadais
 5. Sláinte
 6. Uisce óil
 7. Fuíolluisce
 8. Bonneagar digiteach
 9. Riarachán poiblí
 10. An Spás
 11. Táirgeadh, próiseáil agus dáileadh bia
 12. Cosaint
 13. Urrús
-

II

(Gníomhartha neamhrechtacha)

COMHAONTUITHE IDIRNÁISIÚNTA

Nóta faisnéise maidir le teacht i bhfeidhm an Phrótacail lena gcuirtear chun feidhme an Comhaontú Comhpháirtíochta Iascaigh idir an tAontas Eorpach agus Poblacht Oileán Mhuirís (2022–2026)

Tar éis a shíniú an 21 Nollaig 2022, thug an tAontas Eorpach agus Poblacht Oileán Mhuirís fógra go raibh bailchríoch curtha acu ar a nósanna imeachta inmheánacha chun an Prótacal a thabhairt i gcrích, an 10 Iúil 2023 agus an 7 Meán Fómhair 2023 faoi seach.

Tagann an Prótacal lena gcuirtear chun feidhme an Comhaontú Comhpháirtíochta Iascaigh idir an tAontas Eorpach agus Poblacht Oileán Mhuirís i bhfeidhm dá bhrí sin an 7 Meán Fómhair 2023 de bhun Airteagal 19 den Phrótacal.

RIALACHÁIN

RIALACHÁN (AE) 2023/1782 ÓN gCOMHAIRLE

an 25 Iúil 2023

Iena leasaítear Rialachán (AE) 2021/2085 lena mbunaítear na Comhghnóthais faoi Fís Eorpach, a mhéid a bhaineann leis an gComhghnóthas um Shliseanna

(Téacs atá ábhartha maidir le LEE)

TÁ COMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh, agus go háirithe Airteagal 187 agus Airteagal 188, an chéad mhír de,

Ag féachaint don togra ón gCoimisiún Eorpach,

Ag féachaint don tuairim ó Pharlaimint na hEorpa ⁽¹⁾,

Ag féachaint don tuairim ó Choiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa ⁽²⁾,

De bharr an mhéid seo a leanas:

- (1) Le Rialachán (AE) 2021/2085 ón gComhairle ⁽³⁾, bunaítear na Comhghnóthais faoi Fís Eorpach – an Clár Réime um Thaighde agus um Nuálaíocht a leagtar síos i Rialachán (AE) 2021/695 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle ⁽⁴⁾ ('Fís Eorpach'), lena n-áirítear an Comhghnóthas Eochairtheicneolaíochtaí Digiteacha.
- (2) Tugann an Comhghnóthas Eochairtheicneolaíochtaí Digiteacha aghaidh ar ábhair léirshainithe a chuireann ar a gcumas do thionscail Eorpacha trí chéile na teicneolaíochtaí is nuálaí a dhearadh, a mhonarú agus a úsáid i gcomhpháirteanna agus i gcórais leictreonacha.
- (3) Le Rialachán (AE) 2023/1781 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle ⁽⁵⁾, bunaítear creat chun athléimneacht an Aontais i réimse na dteicneolaíochtaí leathsheoltóra a mhéadú, chun acmhainneacht éiceachórais leathsheoltóra an Aontais a threisiú trí spleáchais a laghdú, ceannasacht dhigiteach a fheabhsú, infheistíocht a spreagadh, cumais, slándáil, inoiriúnaitheacht agus athléimneacht shlabhra soláthair leathsheoltóra an Aontais a neartú, agus comhar a mhéadú i measc na mBallstát, an Choimisiúin agus comhpháirtithe straitéiseacha idirnáisiúnta. Bunaíodh an Tionscnamh Sliseanna don Eoraip ('an Tionscnamh') leis an Rialachán sin chun na dálaí is gá a chruthú chun acmhainneacht nuálaíochta tionsclaíche an Aontais a neartú. Chun cur chun feidhme comhsheasmhach an Tionscnaimh a áirithiú, ba cheart don Bhord Eorpach um Leathsheoltóirí, arna bhunú le hAirteagal 29 den Rialachán sin, comhairle a thabhairt do Bhord na nUdaráis Poiblí, arna bhunú le hAirteagal 131 de Rialachán (AE) 2021/2085 ón gComhairle.
- (4) Ba cheart na gníomhaíochtaí a fhaigheann tacaíocht faoin Tionscnamh a chistiú ó Fís Eorpach agus ón gClár don Eoraip Dhigiteach arna bhunú le Rialachán (AE) 2021/694 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle ⁽⁶⁾ agus ba cheart iad a chur chun feidhme i gcomhréir le rialacha na gClár sin.

⁽¹⁾ Tuairim ón 15 Feabhra 2023 (nár foilsíodh fós san Iris Oifigiúil).

⁽²⁾ IO C 365, 23.9.2022, lch. 40.

⁽³⁾ Rialachán (AE) 2021/2085 ón gComhairle an 19 Samhain 2021 lena mbunaítear na Comhghnóthais faoi Fís Eorpach agus lena n-aisghairtear Rialachán (CE) Uimh. 219/2007, (AE) Uimh. 557/2014, (AE) Uimh. 558/2014, (AE) Uimh. 559/2014, (AE) Uimh. 560/2014, (AE) Uimh. 561/2014 agus (AE) Uimh. 642/2014 (IO L 427, 30.11.2021, lch. 17).

⁽⁴⁾ Rialachán (AE) 2021/695 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 28 Aibreán 2021 lena mbunaítear Fís Eorpach – an Clár Réime um Thaighde agus um Nuálaíocht, lena leagtar síos a rialacha maidir le rannpháirtíocht agus scaipeadh, agus lena n-aisghairtear Rialachán (AE) Uimh. 1290/2013 agus (AE) Uimh. 1291/2013 (IO L 170, 12.5.2021, lch. 1).

⁽⁵⁾ Rialachán (AE) 2023/1781 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 13 Meán Fómhair 2023 lena mbunaítear creat beart chun éiceachóras leathsheoltóra na hEorpa a neartú agus lena leasaítear Rialachán (AE) 2021/694 (an Gníomh um Shliseanna) (IO L, 229 18.9.2023, lch 1)..

⁽⁶⁾ Rialachán (AE) 2021/694 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 29 Aibreán 2021 lena mbunaítear an Clár don Eoraip Dhigiteach agus lena n-aisghairtear Cinneadh (AE) 2015/2240 (IO L 166, 11.5.2021, lch. 1).

- (5) Is é is aidhm don Tionscnamh iomaíochas agus athléimneacht an bhoinn theicneolaíoch agus thionsclaíoch leathsheoltóra a threisiú, agus an tráth céanna acmhainneacht nuálaíochta a éiceachóras leathsheoltóra a neartú ar fud an Aontais, an spleáchas ar líon teoranta cuideachtaí agus limistéir gheografacha tríú tír a laghdú, agus a acmhainneacht a neartú chun leathsheoltóirí ardfhorbartha a dhearadh, a tháirgeadh, a phacáistiú, a athúsáid agus a athchúrsáil. Leis an Tionscnamh, ba cheart tacú leis na haidhmeanna sin tríd an mbearna idir ardchumais taighde agus nuálaíochta an Aontais agus a saothrú tionsclaíoch inbhuanaithe a líonadh. Leis an Tionscnamh, ba cheart fothú acmhainneachta a chur chun cinn chun dearthóireacht, táirgeadh agus comhtháthú córas a éascú i dteicneolaíochtaí leathsheoltóra na chéad ghlúine eile, agus chun an comhar i measc príomhghníomhaithe ar fud an Aontais a fheabhsú, rud a neartódh slabhraí soláthair agus luacha leathsheoltóra an Aontais, a d'fhreastalódh ar phríomhearnálacha tionsclaíocha agus a chruthódh margáí nua.
- (6) Ba cheart cuspóirí oibríochtúla an Tionscnaimh dá dtagraítear in Airteagal 4(2), pointí (a) go (d) de Rialachán (AE) 2023/1781 ('cuspóirí oibríochtúla 1 go 4') a chur chun feidhme trí ghníomhaíochtaí ar cheart dóibh cur leis an mbonn eolais láidir a fuarthas tríd an gComhghnóthas Comhpháirteanna agus Córais Leictreonacha le haghaidh Ceannaireacht Eorpach (ECSEL) arna bhumú le Rialachán (AE) Uimh. 561/2014 (*) ón gComhairle, a ionadaíodh leis an gComhghnóthas Eochairtheicneolaíochtaí Digiteacha. Ba cheart an Comhghnóthas Eochairtheicneolaíochtaí Digiteacha a athainmniú mar an gComhghnóthas um Shliseanna agus ba cheart a chur de chúram air, trí aon ionstraim nó nós imeachta dá bhforáiltear in Fís Eorpach nó sa Chlár don Eoraip Dhigiteach, tacaíocht airgeadais a thabhairt do ghníomhaíochtaí a chistítear faoin Tionscnamh. Ar feadh shaolré an Chomhghnóthais um Shliseanna, ba cheart suas le EUR 2,875 billiún a thiomnú don Tionscnamh. As an méid sin, ba cheart EUR 1,450 billiún a bheith ann le haghaidh gníomhaíochtaí fothaithe acmhainneachta a bhaineann le cuspóirí oibríochtúla 1 go 4 agus EUR 1,425 billiún le haghaidh gníomhaíochtaí taighde agus nuálaíochta a bhaineann le cuspóirí oibríochtúla 1 go 4. Ina theannta sin, ba cheart EUR 1,3 billiún a thiomnú do ghníomhaíochtaí taighde agus nuálaíochta nach gcumhdaítear faoin Tionscnamh.
- (7) Ba cheart na gníomhaíochtaí arna gcistiú ag an gComhghnóthas um Shliseanna a chumhdach in aon chlár oibre amháin, ar cheart don Bhord Rialaithe an Chomhghnóthais um Shliseanna arna bhunú i gcomhréir le hAirteagal 14(1) de Rialachán (AE) 2021/2085 ('an Bord Rialaithe') é a ghlacadh. Ba cheart dhá chuid shonracha a bheith sa chlár oibre. Sa chéad chuid shonrach, ba cheart foroinn a bheith ann maidir le gníomhaíochtaí fothaithe acmhainneachta a bhaineann le cuspóirí oibríochtúla 1 go 4 agus foroinn a bheith ann i ndáil le gníomhaíochtaí taighde agus nuálaíochta a bhaineann leis na cuspóirí oibríochtúla 1 go 4. Sa dara cuid shonrach, ba cheart díriú ar ghníomhaíochtaí taighde agus nuálaíochta nach gcumhdaítear faoin Tionscnamh.
- (8) Ba cheart gach gníomhaíocht taighde agus nuálaíochta, lena n-áirítear na gníomhaíochtaí sin a bhaineann leis an Tionscnamh, a mhaoiniú trí Fís Eorpach chun an Clár Oibre Straitéiseach um Thaighde agus Nuálaíocht a chur chun feidhme mar a shainmhínítear in Airteagal 2, pointe (12), de Rialachán (AE) 2021/2085. Ba cheart an fhoroinn atá tiomnaithe do ghníomhaíochtaí fothaithe acmhainneachta a mhaoiniú tríd an gClár don Eoraip Dhigiteach.
- (9) Ba cheart a áireamh sa chlár oibre na coinníollacha a bhaineann le rochtain ar bhonneagar a chistítear go poiblí, mar shampla saoráidí píolótacha agus tástála, agus na lárionaid inniúlachta, oscailteacht do raon leathan úsáideoirí a áirithiú agus rochtain a dheonú ar bhonn trédhearcach neamh-idirdhealaitheach agus ar théarmaí margaidh, nó ar bhonn an chostais móide corrlach réasúnta, do ghnóthais mhóra, agus rochtain fhabhrach nó praghsanna laghdaithe d'fhiontair bheaga agus mheánmhéide ('FBManna') agus d'institiúidí acadúla á gcur san áireamh ag an am céanna.
- (10) Sula ndéantar an clár oibre a ullmhú, ba cheart do Bhord na nÚdarás Poiblí, agus comhairle ó na comhaltaí príobháideacha á cur san áireamh aige chun gur féidir ábharthacht thionsclaíoch na ngníomhaíochtaí a leagtar amach sa chlár oibre a áirithiú agus, i gcás inarb iomchuí, comhairle ón mBord Eorpach um Leathsheoltóirí agus ionchur ó gheallsealbhóirí ábhartha eile á gcur san áireamh aige, cur síos a dhéanamh ar na codanna sonracha agus na foranna ábhartha, lena n-áirítear na meastacháin chomhfhreagracha ar chaiteachas. Chun na críche sin, níor cheart ach an Coimisiún agus na Ballstáit a áireamh ar Bhord na nÚdarás Poiblí. Ina dhiaidh sin, ar bhonn an chur síos sin agus an Chláir Oibre Straitéisigh um Thaighde agus Nuálaíocht, ba cheart don Stiúrthóir Feidhmiúcháin an clár oibre a ullmhú do chodanna sonracha agus d'fhoranna ábhartha araon agus dá meastacháin ar chaiteachas comhfhreagrach.

(*) Rialachán (AE) Uimh. 561/2014 ón gComhairle an 6 Bealtaine 2014 lena mbunaítear an Comhghnóthas ECSEL (IO L 169, 7.6.2014, lch. 152).

- (11) Ba cheart d'ionadaithe uile an Bhoird Rialaithe a bheith rannpháirteach in ullmhú an chláir oibre sa phlé ábhartha, agus ba cheart dóibh an fhaisnéis is gá a fháil. Nuair a ghlacfaidh an Bord Rialaithe an clár oibre, ba cheart na cearta vótála don fhoroinn i ndáil le gníomhaíochtaí fothaithe acmhainneachta den chuid shonrach den chlár oibre atá tiomnaithe do chur chun feidhme an Tionscnaimh a theorannú don Choimisiún agus do na Ballstáit amháin. Maidir leis an bhforoinn i ndáil le gníomhaíochtaí taighde agus nuálaíochta den chuid shonrach den chlár oibre atá tiomnaithe do chur chun feidhme an Tionscnaimh, ba cheart 45 % de na vótaí a bheith ag an gCoimisiún agus ag na Ballstáit araon agus ba cheart 10 % a bheith ag na comhaltaí príobháideacha. Ba cheart na cearta vótála don chuid shonrach sin den chlár oibre atá tiomnaithe do ghníomhaíochtaí taighde agus nuálaíochta nach gcumhdaítear faoin Tionscnamh a roinnt go cothrom idir an Coimisiún, na stáit rannpháirteacha agus na comhaltaí príobháideacha. Sa chás nach féidir teacht ar chinneadh maidir le ceann amháin den dá chuid den chlár oibre, ba cheart an clár oibre a ghlacadh gan ach an chuid sin ar thángthas ar chinneadh dearfach ina leith a bheith san áireamh ann.
- (12) Ba cheart do Bhord na nÚdarás Poiblí a bheith freagrach as roghnú na dtograí. Maidir le tograí a roghnú a bhaineann le cur chun feidhme an Tionscnaimh, níor cheart ach an Coimisiún agus na Ballstáit a áireamh ar Bhord na nÚdarás Poiblí.
- (13) Ba cheart na glaonna ar thograí faoin Tionscnamh a bheith oscailte d'fhoirmeacha dlíthiúla éagsúla comhair agus do rannpháirtithe eile, agus nár cheart roghnú na dtograí le haghaidh cistiúcháin a bheith bunaithe ar fhoirm shonrach dhlíthiúil comhair. D'fhonn cur chun feidhme ghníomhaíochtaí sonracha an Tionscnaimh a éascú, mar shampla an t-ardán deartha nó na línte píolótacha, féadfar cuibhreas Eorpach um bonneagar sliseanna (ECIC) a bhunú i gcomhréir le hAirteagal 7 de Rialachán (AE) 2023/1781. Ba cheart trí chomhalta, ar a laghad, a bheith rannpháirteach in ECIC, eadhon Ballstáit nó eintitis dlíthiúla phoiblí nó príobháideacha ó thrí Bhallstát ar a laghad, nó mar theaghlaim díobh sin, d'fhonn ionadaíocht leathan a bhaint amach ar fud an Aontais.
- (14) Na gníomhaíochtaí a fhaigheann tacaíocht faoin Tionscnamh agus a chuirtear chun feidhme faoin gComhghnóthas um Shliseanna, ós rud é go ndéantar iad a mhaoiniú ó Fís Eorpach agus ón gclár don Eoraip Dhigiteach, ba cheart an ranníocaíocht airgeadais ón Aontas leis an gComhghnóthas um Shliseanna a mhéadú dá réir. Ba cheart costais riaracháin an Chomhghnóthais um Shliseanna a mhéadú freisin i gcomhréir leis an méadú ar chúraimí oibríochtúla. Níor cheart do na stáit rannpháirteacha ranníocaíocht a dhéanamh leis na costais riaracháin. Níor cheart do na comhaltaí príobháideacha rannchuidiú le costais riaracháin bhreise an Chomhghnóthais um Shliseanna toisc go laghdaítear a gcearta vótála a bhaineann leis an gcuid den chlár oibre atá tiomnaithe don Tionscnamh agus go bhfuil siad teoranta do na gníomhaíochtaí taighde agus nuálaíochta.
- (15) Go heisceachtúil, ba cheart cead a bheith ag na stáit rannpháirteacha ranníocaíochtaí airgeadais arna ndéanamh ón 8 Feabhra 2022 a thuairisciú ar choinníoll go gcomhlíonann na gníomhaíochtaí comhfhreagracha náisiúnta an Rialachán seo, go háirithe, agus an cuspóir feabhas a chur ar ardlínte píolótacha atá ann cheana agus ardlínte píolótacha nua a fhorbairt ar fud an Aontais, ós rud é gur thosaigh roinnt stáit rannpháirteacha ar na gníomhaíochtaí fothaithe acmhainneachta sin a chur chun feidhme tar éis don Choimisiún an togra le haghaidh Rialachán (AE) 2023/1781 a thíolacadh mar gheall ar an bpráinn pholaitiúil atá ann freagairt ar thromchúis ghéarchéim na sliseanna. Ba cheart costais bhunúsacha na ngníomhaíochtaí sin a bheith incháilithe faoi choinníollacha áirithe, go háirithe an coinníoll go ndéanann an Comhghnóthas um Shliseanna na tograí a mheas agus a roghnú.
- (16) Ba cheart do sholáthar tacaíochta airgeadais do ghníomhaíochtaí ón gClár don Eoraip Dhigiteach Rialachán (AE) 2021/694 a chomhlíonadh.
- (17) Ós rud é nach féidir leis na Ballstáit cuspóir an Rialacháin seo, eadhon an Comhghnóthas um Shliseanna a bhunú, a ghnóthú go leordhóthanach agus, de bharr a fhairsinge agus a éifeachtaí, gur fearr is féidir é a ghnóthú ar leibhéal an Aontais, féadfaidh an tAontas bearta a ghlacadh, i gcomhréir le prionsabal na coimhdeachta a leagtar amach in Airteagal 5 den Chonradh ar an Aontas Eorpach. I gcomhréir le prionsabal na comhréireachta a leagtar amach san Airteagal sin, ní théann an Rialachán seo thar a bhfuil riachtanach chun an cuspóir sin a bhaint amach.
- (18) Ba cheart, dá bhrí sin, Rialachán (AE) 2021/2085 ón gComhairle a leasú dá réir.
- (19) Chun go bhféadfar tús a chur le cur chun feidhme an Rialacháin seo a luaithe is féidir d'fhonn a chuspóirí a bhaint amach, ba cheart é a theacht i bhfeidhm mar ábhar práinne,

TAR ÉIS AN RIALACHÁN SEO A GHLACADH:

Airteagal 1

Leasaítear Rialachán (AE) 2021/2085 mar a leanas:

(1) sa Rialachán iomlán, cuirtear na focail ‘An Comhghnóthas um Shliseanna’ in ionad ‘An Comhghnóthas Eochairtheicneolaíochtaí Digiteacha’ agus cuirtear i bhfeidhm aon athruithe gramadaí is gá;

(2) in Airteagal 2, cuirtear an méid seo a leanas in ionad phointí 2, 3 agus 4:

‘2. ciallaíonn ‘comhalta bunaidh’ aon eintiteas dlítheanach atá bunaithe i mBallstát, tír atá comhlachaithe le Fís Eorpach nó, i gcás inarb infheidhme, atá comhlachaithe leis an gClár don Eoraip Dhigiteach, nó eagraíocht idirnáisiúnta a aithnítear mar chomhalta de chomhghnóthas sa Rialachán seo nó i gceann de na hlarscríbhinní a ghabhann leis;

3. ciallaíonn ‘comhalta comhlachaithe’ aon eintiteas dlítheanach atá bunaithe i mBallstát, tír atá comhlachaithe le Fís Eorpach nó, i gcás inarb infheidhme, atá comhlachaithe leis an gClár don Eoraip Dhigiteach, nó eagraíocht idirnáisiúnta a aontaíonn do chomhghnóthas trí litir ghealltanais a shíniú i gcomhréir le hAirteagal 6(3) agus faoi réir formheasa i gcomhréir le hAirteagal 7;

4. ciallaíonn ‘stát rannpháirteach’ aon Bhallstát nó aon tír atá comhlachaithe le Fís Eorpach nó, i gcás inarb infheidhme, atá comhlachaithe leis an gClár don Eoraip Dhigiteach ar fhógra a thabhairt maidir lena rannpháirtíocht i ngníomhaíochtaí an chomhghnóthais ábhartha trí bhithin litir ghealltanais;’;

(3) in Airteagal 3, cuirtear an méid seo a leanas in ionad mhír 3:

‘3. Chun fad Fís Eorpach agus, i gcás inarb infheidhme, an Chláir don Eoraip Dhigiteach, a chur san áireamh, déanfar glaonna ar thograí faoi na comhghnóthais a sheoladh faoin 31 Nollaig 2027 ar a dhéanaí. I gcásanna a bhfuil údar cuí leo, féadfar glaonna ar thograí a sheoladh faoin 31 Nollaig 2028, ar a dhéanaí.’;

(4) in Airteagal 4(1), cuirtear isteach an fhomhír seo a leanas:

‘Rannchuideoidh an Comhghnóthas um Shliseanna freisin leis an gCuspóir ginearálta dá dtagraítear in Airteagal 4(1) de Rialachán (AE) 2023/1781 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle (*), leis na cuspóirí oibríochtúla dá dtagraítear in Airteagal 4(2), pointí (a) go (d) de Rialachán (AE) 2023/1781 (‘cuspóirí oibríochtúla 1 go 4’) agus le cuspóirí ginearálta an Chláir don Eoraip Dhigiteach, dá dtagraítear in Airteagal 3(1) de Rialachán (AE) 2021/694

(*) Rialachán (AE) 2023/1781 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 13 Meán Fómhair 2023 lena mbunaítear creat beart chun éiceachóras leathsheoltóra na hEorpa a neartú agus lena leasaítear Rialachán (AE) 2021/694 (an Gníomh um Shliseanna)... (IO L 229 18.9.2023, lch 1);

(5) in Airteagal 10, cuirtear an méid seo a leanas in ionad mhíreanna 2 agus 3:

‘2. Féadfar méid ranníocaíocht an Aontais a shonraítear i gCuid a Dó a mhéadú le ranníocaíochtaí ó thríú tíortha atá comhlachaithe le Fís Eorpach i gcomhréir le hAirteagal 16(5) den Rialachán maidir le Fís Eorpach agus, i gcás inarb infheidhme, leis an gClár don Eoraip Dhigiteach i gcomhréir le hAirteagal 10(1), pointe (d), de Rialachán (AE) 2021/694, ar choinníoll go ndéanfar an méid iomlán faoina méadófar ranníocaíocht an Aontais a mheaitseáil ar a laghad leis an ranníocaíocht ó chomhaltaí eile seachas an tAontas, nó óna gcomheintitis nó óna n-eintitis chleamhnaithe.

3. Íocfar ranníocaíocht an Aontais ó na leithreasuithe i mbuiséad ginearálta an Aontais a leithdháiltear ar an gClár Sonrach lena gcuirtear Fís Eorpach chun feidhme, agus, i gcás inarb infheidhme, ar an gClár don Eoraip Dhigiteach, i gcomhréir le hAirteagal 62(1), pointe (c)(iv), agus Airteagal 154 de Rialachán (AE, Euratom) 2018/1046 i gcás na gcomhlachtaí dá dtagraítear in Airteagal 71 den Rialachán sin.’;

(6) in Airteagal 12(1), cuirtear an méid seo a leanas in ionad an dara fomhír agus an tríú fomhír:

‘Chomh maith leis na critéir a leagtar amach in Airteagal 22 den Rialachán maidir le Fís Eorpach nó, i gcás an Chomhghnóthais um Shliseanna, in Airteagal 18 de Rialachán 2021/694, féadfar a áireamh sa chlár oibre, mar iarscríbhinn, critéir incháilitheachta maidir le heintitis dhlítheanacha náisiúnta.

Cuirfidh gach stát rannpháirteach de chúram ar an gcomhghnóthas meastóireacht ar na tograí de réir an Rialacháin maidir le Fís Eorpach agus, i gcás inarb infheidhme, de réir Rialachán (AE) 2021/694.;

(7) in Airteagal 29, cuirtear an méid seo a leanas in ionad mhír 2:

‘2. Féadfar gealltanais bhuiséadacha na gcomhghnóthas dá dtagraítear in Airteagal 3(1) pointí (b), (d), (g) agus (h), a roinnt ina dtráthchodanna bliantúla. Go dtí an 31 Nollaig 2024, ní rachaidh méid carnach na ngealltanais buiséadach sin i dtráthchodanna thar 50 % de ranniocaíocht uasta an Aontais a leagtar amach in Airteagal 10. Ó mhí Eanáir 2025 ar aghaidh, ní chumhdófar 20 % ar a laghad de bhuiséad carnach na mblianta iarmharacha le tráthchodanna bliantúla.;

(8) leasaítear Airteagal 126 mar a leanas:

(a) leasaítear mír 1 mar a leanas:

(i) cuirtear an méid seo a leanas in ionad phointe (b):

‘(b) sármhaitheas eolaíochta agus ceannaireacht nuálaíochta an Aontais a bhunú i dteicneolaíochtaí comhpháirteanna agus córas atá ag teacht chun cinn, lena n-áirítear i ngníomhaíochtaí a bhaineann le LUTanna níos ísle; agus páirtíocht ghníomhach FBManna a chur chun cinn, ar FBManna iad, ó thaobh gníomhaíochtaí taighde agus nuálaíochta de, lena n-áirítear na gníomhaíochtaí sin a bhaineann leis an Tionscnamh Sliseanna don Eoraip arna bhunú le Rialachán (AE) 2023/1781, a bheidh in aon trian ar a laghad den líon iomlán rannpháirtithe i ngníomhaíochtaí indéreacha agus ar cheart do 20 % ar a laghad den chistiú poiblí a bheith ag dul chucu.;

(ii) cuirtear an pointe seo a leanas leis:

‘(d) fothú acmhainneachta teicneolaíche ar mórsála a bhaint amach agus tacú le gníomhaíochtaí taighde agus nuálaíochta gaolmhara ar fud shlabhra luacha leathsheoltóra an Aontais chun go mbeifear in ann teicneolaíochtaí leathsheoltóra, teicneolaíochtaí leathsheoltóra na chéad ghlúine eile agus teicneolaíochtaí candamacha úrscothacha a fhorbairt agus a imscaradh, chomh maith le nuálaíocht teicneolaíochtaí seanbhunaithe chun ardacmhainneachtaí dearthóireachta, comhtháthaithe córas agus táirgthe sliseanna san Aontas a threisiú, agus, ar an gcaoi sin, iomaíochas an Aontais a mhéadú; agus rannchuidiú leis an aistriú glas agus leis an aistriú digiteach a bhaint amach, go háirithe trí thionchar aeráide na gcóras leictreonach a laghdú, trí inbhuanaitheacht sliseanna na chéad ghlúine eile a fheabhsú agus trí phróisis an gheilleagair chiorclaigh a neartú, trí rannchuidiú le poist ardcháilíochta laistigh den éiceachóras leathsheoltóra agus trí aghaidh a thabhairt ar shlándáil trí dheardh, lena soláthraítear cosaint ar bhagairtí cibearshlándála.;

(b) i mír 2, cuirtear isteach na pointí seo a leanas:

‘(g) ardacmhainneachtaí dearthóireachta a fhorbairt le haghaidh teicneolaíochtaí leathsheoltóra comhtháite;

(h) feabhas a chur ar ardlínte píolótacha atá ann cheana agus ardlínte nua píolótacha a fhorbairt ar fud an Aontais chun teicneolaíochtaí leathsheoltóra úrscothacha agus teicneolaíochtaí leathsheoltóra na chéad ghlúine eile a fhorbairt agus a imscaradh;

(i) ardacmhainneachtaí teicneolaíochta agus innealtóireachta a fhothú chun dlús a chur le forbairt nuálach sliseanna candamacha úrscothacha agus teicneolaíochtaí gaolmhara leathsheoltóra;

(j) líonra lárionad inniúlachta a bhunú ar fud an Aontais, trí shaoráidí atá ann cheana a fheabhsú nó trí shaoráidí nua a chruthú.;

(9) cuirtear an méid seo a leanas in ionad Airteagal 128:

‘Airteagal 128

Ranniocaíocht airgeadais ón Aontas

1. Suas le EUR 4 175 000 000 a bheidh sa ranniocaíocht airgeadais ón Aontais leis an gComhghnóthas um Shliseanna, lena n-áirítear leithreasuithe LEE, lena n-áirítear suas le EUR 62 287 000 le haghaidh costais riaracháin, a dháilfear mar a leanas:

(a) suas le EUR 2 725 000 000 ó Fís Eorpach;

(b) suas le EUR 1 450 000 000 ón gClár don Eoraip Dhigiteach.

2. Úsáidfean an ranníocaíocht airgeadais ón Aontas dá dtagraítear i mír 1, pointe (a), den Airteagal seo chun go ndéanfaidh an Comhghnóthas um Shliseanna tacaíocht airgeadais a chur ar fáil do ghníomhaíochtaí indíreacha mar a shainmhínítear in Airteagal 2, pointe (43), den Rialachán maidir le Fís Eorpach, a chomhfhreagraíonn do ghníomhaíochtaí taighde agus nuálaíochta an Chomhghnóthais um Shliseanna, lena n-áirítear gníomhaíochtaí taighde agus nuálaíochta a bhaineann le cuspóirí oibríochtúla 1 go 4.

3. Úsáidfean an ranníocaíocht airgeadais ón Aontas dá dtagraítear i mír 1, pointe (b), le haghaidh gníomhaíochtaí fothaithe acmhainneachta chuspóirí oibríochtúla 1 go 4.

4. Ní mó ná 50 % de chostais iomlána na ngníomhaíochtaí fothaithe acmhainneachta a bheidh sa ranníocaíocht airgeadais ón Aontas dá dtagraítear i mír 1, pointe (b).

5. Beidh rochtain ar acmhainneachtaí a eascraíonn as cuspóirí oibríochtúla 1 go 4 a chur chun feidhme ag an gComhghnóthas um Shliseanna, oscailte do raon leathan úsáideoirí ar fud an Aontais agus deonófar í ar bhonn trédhearcach neamh-idirdhealaitheach a bheidh comhréireach go díreach leis an ranníocaíocht airgeadais ón Aontas as costais iomlána na ngníomhaíochtaí sin.;

(10) in Airteagal 129, cuirtear an méid seo a leanas in ionad mhíreanna 3 agus 4:

‘3. De mhaolú ar Airteagal 28(4), déanfaidh na comhaltaí príobháideacha ranníocaíocht airgeadais nó socróidh siad go ndéanfaidh a gcomheintitis nó a n-eintitis chleamhnaithe ranníocaíocht airgeadais suas le EUR 26 331 000 le haghaidh chostais riaracháin an Chomhghnóthais um Shliseanna. Is é 30 % a bheidh i sciar na ranníocaíochta iomláine a dhéanfaidh na comhaltaí príobháideacha ar bhonn bliantúil le haghaidh chostais riaracháin an Chomhghnóthais um Shliseanna.

4. Cuimseofar sna ranníocaíochtaí dá dtagraítear i mír 1 na ranníocaíochtaí a leagtar síos in Airteagal 11(3). Go heisceachtúil, de mhaolú ar Airteagal 11(3), tá cead ag na stáit rannpháirteacha ranníocaíochtaí airgeadais a rinneadh ón 8 Feabhra 2022 a thuairisciú. Féadfar a mheas go bhfuil costais bhunúsacha na ngníomhaíochtaí gaolmhara incháilithe ón dáta sin, fiú má tabhaíodh iad sular tíolacadh an t-iarraitas ar dheontas, ar choinníoll go gcomhlíontar na coinníollacha seo a leanas:

- (a) comhlíonann na gníomhaíochtaí an Rialachán seo;
- (b) rannchuidíonn na gníomhaíochtaí leis an gcuspóir dá dtagraítear in Airteagal 126(2), pointe (h), agus is caiteachas caipitiúil atá sna costais ghaolmhara a thabhaítear;
- (c) déanann an Comhghnóthas um Shliseanna meastóireacht ar na hiarratais ar dheontas agus roghnaíonn sé iad i gcomhréir le hAirteagal 12(1);
- (d) leantar de na gníomhaíochtaí a dhéanamh tráth a bhronntar an deontas;
- (e) ní chuirtear ranníocaíocht an stáit rannpháirtigh atá nasctha leis na costais sin san áireamh chun críche cearta vótála na stát rannpháirteach dá dtagraítear in Airteagail 133(2), 133(3) agus 136(1) a ríomh;
- (f) ní théann ranníocaíocht an stáit rannpháirtigh atá nasctha leis na costais sin thar 25 % den ranníocaíocht airgeadais iomlán ón stát rannpháirteach sin a bheartaítear do na gníomhaíochtaí a rannchuidíonn leis an gcuspóir dá dtagraítear in Airteagal 126(2), pointe (h).

5. Cuimseofar sna ranníocaíochtaí dá dtagraítear i mír 2 den Airteagal seo na ranníocaíochtaí a leagtar síos in Airteagal 11(1), lena n-áirítear 90 % ar a laghad de ranníocaíochtaí a leagtar síos in Airteagal 11(1), pointe (a).;

(11) in Airteagal 133, cuirtear isteach an mhír seo a leanas:

‘3a. De mhaolú ar mhír 1, ní áireofar ar an mBord Rialaithe ach an Coimisiún agus na Ballstáit agus iad ag vótáil ar an bhforoinn i ndáil le gníomhaíochtaí fothaithe acmhainneachta den chuid shonrach den chlár oibre atá tiomnaithe do chur chun feidhme an Tionscnaimh Sliseanna don Eoraip. Beidh 50 % de na cearta vótála ag an gCoimisiún. Maidir leis an bhforoinn i ndáil le gníomhaíochtaí taighde agus nuálaíochta den chuid shonrach den chlár oibre atá tiomnaithe do chur chun feidhme an Tionscnaimh Sliseanna don Eoraip, beidh 45 % de na cearta vótála ag an gCoimisiún agus ag na Ballstáit araon agus beidh 10 % ag na comhaltaí príobháideacha. Beidh feidhm *mutatis mutandis* ag míreanna 2 agus 3 maidir le cearta vótála na mBallstát. Beidh ionadaithe uile an Bhoird Rialaithe rannpháirteach in ullmhú na coda sonraí sin den chlár oibre.;

(12) cuirtear isteach an t-airteagal seo a leanas:

'Airteagal 133a

Rialacha is infheidhme maidir leis na gníomhaíochtaí arna gcistiú faoin gClár don Eoraip Dhigiteach

1. Sa bhreis ar Airteagal 24(2), beidh feidhm ag Rialachán (AE) 2021/694 maidir leis na gníomhaíochtaí arna gcistiú ag an gComhghnóthas um Shliseanna faoin gClár don Eoraip Dhigiteach.
2. Foilseofar clár oibre agus glaonna ar thograí an Chomhghnóthais um Shliseanna ar shuíomh gréasáin an Chláir don Eoraip Dhigiteach.
3. Déanfaidh an Comhghnóthas um Shliseanna iniúchtaí *ex post* ar chaiteachas ar ghníomhaíochtaí arna gcistiú le buiséad an Chláir don Eoraip Dhigiteach i gcomhréir le hAirteagal 27 de Rialachán (AE) 2021/694.;

(13) cuirtear an méid seo a leanas in ionad Airteagal 134:

'Airteagal 134

Teorainneacha agus coinníollacha maidir le rannpháirtíocht i ngníomhaíochtaí sonracha

1. I gcás gníomhaíochtaí arna gcistiú faoi Fís Eorpach, de mhaolú ar Airteagal 17(2), pointe (l), den Rialachán seo, i gcás ina n-iarrfaidh an Coimisiún amhlaidh, tar éis formheas ó Bhord na nÚdarás Poiblí, beidh an rannpháirtíocht i ngníomhaíochtaí sonracha teoranta i gcomhréir le hAirteagal 22(5) den Rialachán maidir le Fís Eorpach.
2. I gcás gníomhaíochtaí arna gcistiú faoin gClár don Eoraip Dhigiteach, i gcás ina n-iarrfaidh an Coimisiún amhlaidh, tar éis formheas ó Bhord na nÚdarás Poiblí, beidh an rannpháirtíocht i ngníomhaíochtaí sonracha teoranta i gcomhréir le hAirteagal 12(6) agus Airteagal 18 de Rialachán (AE) 2021/694.
3. Beidh na glaonna ar thograí dá bhforáiltear sa chuid shonrach den chlár oibre atá tiomnaithe don Tionscnamh Sliseanna don Eoraip oscailte do chineálacha éagsúla comhair agus do rannpháirtithe eile. Ní bheidh roghnú na dtograí le haghaidh cistiúcháin bunaithe ar fhoirm shonrach dhlíthiúil comhair. Féadfaidh eintitis dhlíthiúla atá ag comhoibriú laistigh de chuibhreannas atá struchtúrtha i bhfoirm cuibhreannais Eorpach um bonneagar sliseanna (ECIC) gníomhaíochtaí a dhéanamh freisin, arna bhunú i gcomhréir le hAirteagal 7 de Rialachán (AE) 2023/1781. Sonrófar sa chuid shonrach den chlár oibre atá tiomnaithe don Tionscnamh Sliseanna don Eoraip gurb é ECIC féin, agus ní eintitis aonair a chomhdhéanann ECIC, a bheidh ina iarratasóir i gcás ina ndéanfaidh ECIC iarratas ar chistiú le haghaidh gníomhaíocht shonrach.;

(14) cuirtear isteach an t-airteagal seo a leanas:

'Airteagal 134a

Cúraimí breise an Stiúrtóra Feidhmiúcháin

De mhaolú ar Airteagal 19(4), pointe (c), ullmhóidh Stiúrtóir Feidhmiúcháin an Chomhghnóthais um Shliseanna clár oibre an chomhghnóthais, ar bhonn na hachomre arna hullmhú ag Bord na nÚdarás Poiblí dá dtagraítear in Airteagal 137, pointe (aa), agus an Chláir Oibre Straitéisigh um Thaighde agus Nuálaíocht, agus cuirfidh sé faoi bhráid an Bhoird Rialaithe é lena ghlacadh.;

(15) leasaítear Airteagal 136 mar a leanas:

(a) cuirtear an méid seo a leanas in ionad mhír 2:

'2. Chun críocha Airteagal 134(1) agus (2), ní áireofar i mBord na nÚdarás Poiblí ach na Ballstáit. Beidh feidhm *mutatis mutandis* ag mír 1 den Airteagal seo.;

(b) cuirtear isteach an mhír seo a leanas:

'2a. Chun críche Airteagal 137, pointe (aa), agus chun tograí a roghnú a chomhfhreagraíonn do chur chun feidhme an Tionscnaimh Sliseanna don Eoraip faoi Airteagal 137, pointe (d), ní áireofar ar Bhord na nÚdarás Poiblí ach an Coimisiún agus na Ballstáit. Beidh feidhm *mutatis mutandis* ag mír 1 den Airteagal seo.;

(16) Leasaítear Airteagal 137 mar a leanas:

(a) cuirtear isteach an pointe seo a leanas:

‘(aa) sula n-ullmhófar gach clár oibre agus aird á tabhairt ar chomhairle na gcomhaltaí príobháideacha agus, i gcás inar iomchuí, ar chomhairle an Bhoird Eorpaigh um Leathsheoltóirí arna bhunú le hAirteagal 28 de Rialachán (AE) 2023/1781 agus ar ionchur ó gheallsealbhóirí áirithe eile, déanfar dhá chuid shonracha den chlár oibre a leagan amach, lena n-áirítear na meastacháin chomhfhreagracha ar chaiteachas: sa chéad chuid, áireofar foroinn i ndáil le gníomhaíochtaí fothaithe acmhainneachta a bhaineann leis na ngníomhaíochtaí oibríochtúla a bhaineann le cuspóirí oibríochtúla 1 go 4 agus foroinn maidir le gníomhaíochtaí taighde agus nuálaíochta a bhaineann le cuspóirí oibríochtúla 1 go 4, lena n-áirítear coinníollacha i ndáil le rochtain ar bhonneagar arna chistiú go poiblí; beidh an dara cuid tiomnaithe do ghníomhaíochtaí taighde agus nuálaíochta nach gcumhdaítear faoin Tionscnamh ‘Sliseanna do Eoraip;’;

(b) cuirtear an méid seo a leanas in ionad phointe (d):

‘(d) tograí a roghnú i gcomhréir le hAirteagal 12(1) agus Airteagal 17(2), pointe (u);’;

(c) cuirtear an pointe seo a leanas leis:

‘(f) a mholadh, más gá, go ndéanfaidh ECIC gníomhaíocht feabhais, mar shampla leasú ar a chuid reachtanna, i gcás inar thug Ballstát an t-ábhar ar aird Bhord na nÚdarás Poiblí tar éis do ECIC comhalta nua a dhiúltú gan cúiseanna leordhóthanacha a thabhairt leis an diúltú sin ar bhonn na dtéarmaí córa réasúnacha a shonraítear sna reachtanna.’;

(17) cuirtear an méid seo a leanas in ionad Airteagal 141:

‘Airteagal 141

Rátaí cistiúcháin agus rialacha rannpháirtíochta

1. I gcás gníomhaíochtaí indéreacha arna gcistiú faoi Fís Eorpach, i gcomhréir le hAirteagal 17(2) den Rialachán maidir le Fís Eorpach agus de mhaolú ar Airteagal 34 den Rialachán sin, agus i gcás gníomhaíochtaí arna gcistiú faoin gClár don Eoraip Dhigiteach, féadfaidh an Comhghnóthas um Shliseanna rátaí difriúla cistiúcháin a chur i bhfeidhm le haghaidh chistiú an Aontais laistigh de ghníomhaíocht ag brath ar an gcineál rannpháirtí, go háirithe FBManna agus eintitis dhlítheanacha neamhbhrabúsacha, agus ar an gcineál gníomhaíochta. Sonrófar na rátaí cistiúcháin sa chlár oibre.

2. De mhaolú ar mhír 1 den Airteagal seo agus ar Airteagal 34 den Rialachán maidir le Fís Eorpach, déanfaidh an tAontas 100 % de chostais incháilithe iomlána na ngníomhaíochtaí taighde agus nuálaíochta suas le LUT 4 a chistiú.

3. De mhaolú ar Airteagal 22(2) den Rialachán maidir le Fís Eorpach nó Airteagal 18 de Rialachán (AE) 2021/694, beidh lárionad inniúlachta nó eintiteas dlítheanach aonair ina bhfuil trí eintiteas dhlíthiúla neamhspleácha ar a laghad atá bunaithe i dtír stát rannpháirteacha éagsúla ar a laghad, ar Ballstát é stát amháin díobh sin ar a laghad, beidh sé incháilithe chun páirt a ghlacadh i nglaoanna ar thograí arna gcistiú ag an gComhghnóthas um Shliseanna faoi Airteagal 134(4) den Rialachán seo, ar choinníoll go bhfuil údar cuí leis an maolú sin i dtuairisc na n-ábhar ábhartha sa chlár oibre.’

Airteagal 2

Tiocfaidh an Rialachán seo i bhfeidhm an tríú lá tar éis lá a fhoilsithe in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

Beidh an Rialachán seo ina cheangal go huile agus go hiomlán agus beidh sé infheidhme go díreach i ngach Ballstát.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil, an 25 Iúil 2023.

Thar ceann na Comhairle
An tUachtarán
L. PLANAS PUCHADES

RIALACHÁN (AE) 2023/1783 ÓN gCOIMISIÚN**an 15 Meán Fómhair 2023****lena leasaítear Iarscríbhinní II agus V a ghabhann le Rialachán (CE) Uimh. 396/2005 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle a mhéid a bhaineann le huasleibhéil iarmhar le haghaidh beansóait dínádóiniam, dé-úróin, eatocsasóil, meitimile, agus teafluibeansúróin i dtáirgí áirithe nó ar tháirgí áirithe****(Téacs atá ábhartha maidir le LEE)**

TÁ AN COIMISIÚN EORPACH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh,

Ag féachaint do Rialachán (CE) Uimh. 396/2005 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 23 Feabhra 2005 maidir le huasleibhéil d'iarmhair lotnaidicídí i mbia agus i mbeatha de bhunadh plandaí nó ainmhíoch nó ar bhia agus ar bheatha den sórt sin agus lena leasaítear Treoir 91/414/CEE ón gComhairle ⁽¹⁾, agus go háirithe Airteagal 14(1), pointe (a), Airteagal 18(1), pointe (b), agus Airteagal 49(2) de,

De bharr an mhéid seo a leanas:

- (1) I gcás beansóait dínádóiniam, dé-úróin, eatocsasóil, meitimile agus teafluibeansúróin, leagadh síos uasleibhéil iarmhar ('MRLanna') in Iarscríbhinn II a ghabhann le Rialachán (CE) Uimh. 396/2005.
- (2) Maidir le formheas na substainte gníomhaí beansóait dínádóiniam, chuaigh sé in éag an 30 Samhain 2020 ⁽²⁾ agus níor cuireadh aon iarratas isteach chun é a athnuachan. Rinneadh gach údarú atá ann cheana le haghaidh táirgí cosanta plandaí ina bhfuil an tsubstaint ghníomhach sin a chúlghairm. I gcás na substainte sin, níl aon uasteorainn iarmhar Codex (CXLanna) ná lamháltas i dtaca le hallmhairiú ann ina leith. Na MRLanna le haghaidh beansóait dínádóiniam ar gach táirge, leagtar síos iad ag an teorainn chinnidh ('LOD'). Na MRLanna a leagtar amach le haghaidh na substainte sin in Iarscríbhinn II a ghabhann le Rialachán (CE) Uimh. 396/2005, is iomchuí, dá bhrí sin, iad a scriosadh i gcomhréir le hAirteagal 17 de Rialachán (CE) Uimh. 396/2005 i gcomhar le hAirteagal 14(1) pointe (a) de. Ba cheart na MRLanna le haghaidh beansóait dínádóiniam ar gach táirge a leagan síos ag na LODanna a bhaineann go sonrach leis an táirge in Iarscríbhinn V a ghabhann le Rialachán (CE) Uimh. 396/2005 i gcomhréir le hAirteagal 18(1), pointe (b) den Rialachán sin.
- (3) Maidir le formheas na substainte gníomhaí dé-úróin, chuaigh sé in éag an 30 Meán Fómhair 2020 agus níor cuireadh aon iarratas isteach chun é a athnuachan. Rinneadh gach údarú atá ann cheana le haghaidh táirgí cosanta plandaí ina bhfuil an tsubstaint ghníomhach sin a chúlghairm. Níl aon CLX ná lamháltas i dtaca le hallmhairiú ann le haghaidh na substainte sin. Na MRLanna le haghaidh dé-úróin ar gach táirge, tá siad leagtha síos faoi láthair ag na LODanna a bhaineann go sonrach leis an táirge. Na MRLanna a leagtar amach le haghaidh na substainte sin in Iarscríbhinn II a ghabhann le Rialachán (CE) Uimh. 396/2005, is iomchuí, dá bhrí sin, iad a scriosadh i gcomhréir le hAirteagal 17 de Rialachán (CE) Uimh. 396/2005 i gcomhar le hAirteagal 14(1) pointe (a) de. Ba cheart na MRLanna le haghaidh dé-úróin ar gach táirge a leagan síos ag na LODanna a bhaineann go sonrach leis an táirge in Iarscríbhinn V a ghabhann le Rialachán (CE) Uimh. 396/2005 i gcomhréir le hAirteagal 18(1), pointe (b) den Rialachán sin. Ina theannta sin, chun amhras a sheachaint, ba cheart na fonótaí faoi seach ina léirítear go bhfuil easpa faisnéise ann maidir le trialacha ar iarmhair a scriosadh.
- (4) Rinneadh formheas na substainte gníomhaí eatocsasól a athnuachan le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2020/2105 ón gCoimisiún ⁽³⁾ le foráil shonrach nach n-údaróidh na Ballstáit ach úsáidí táirgí cosanta plandaí ar phlandaí ornáideacha i dtithe gloine buana. Rinneadh gach údarú atá ann cheana le haghaidh táirgí cosanta plandaí ina bhfuil an tsubstaint ghníomhach sin le húsáid ar bharráin inite a chúlghairm. I gcomhthéacs an nós

⁽¹⁾ IO L 70, 16.3.2005, lch. 1.

⁽²⁾ Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2020/1643 ón gCoimisiún an 5 Samhain 2020 lena leasaítear Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) Uimh. 540/2011 a mhéid a bhaineann le tréimhsí formheasa na substaintí gníomhacha foisfid cailciam, beansóait dínádóiniam, halocsafof-P, imíodaclóiprid, peinciocúróin agus zéite-cipirmeitirin (IO L 370, 6.11.2020, lch. 18).

⁽³⁾ Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2020/2105 ón gCoimisiún an 15 Nollaig 2020 maidir le hathnuachan ar fhormheas na substainte gníomhaí eatocsasól, mar shubstaint atá le hionadú, i gcomhréir le Rialachán (CE) Uimh. 1107/2009 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir le táirgí cosanta plandaí a chur ar an margadh, agus lena leasaítear an Iarscríbhinn a ghabhann le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) Uimh. 540/2011 ón gCoimisiún (IO L 425, 16.12.2020, lch. 96).

imeachta maidir le formheas na substainte gníomhaí sin, d'fhoilsigh an tÚdarás Eorpach um Shábháilteacht Bia ('an tÚdarás') conclúid ⁽⁴⁾ maidir leis an athbhreithniú piaraí inar míníodh nach bhféadfaí rioscaí do shláinte an duine ó thomhaltas barraí inite arna gcóireáil le heatocsasól a chur san áireamh. Dá bhrí sin, ní féidir na MRLanna atá ann cheana atá bunaithe ar CXLanna a dheimhniú a bheith sábháilte do thomhaltóirí agus ní féidir iad a choinneáil ar bun. Na MRLanna a leagtar amach le haghaidh na substainte sin in Iarscríbhinn II a ghabhann le Rialachán (CE) Uimh. 396/2005, is iomchuí, dá bhrí sin, iad a scríosadh i gcomhréir le hAirteagal 17 de Rialachán (CE) Uimh. 396/2005 i gcomhar le hAirteagal 14(1) pointe (a) de. Ba cheart na MRLanna le haghaidh eatocsasóil ar gach táirge a leagan síos ag na LODanna a bhaineann go sonrach leis an táirge in Iarscríbhinn V a ghabhann le Rialachán (CE) Uimh. 396/2005 i gcomhréir le hAirteagal 18(1), pointe (b) den Rialachán sin. Ina theannta sin, chun amhras a sheachaint, ba cheart an fonóta ina léirítear go bhfuil easpa faisnéise ann maidir le modhanna anailíse a scríosadh.

- (5) Maidir le formheas na substainte gníomhaí meitimil, chuaigh sé in éag an 31 Lúnasa 2019 mar níor cuireadh aon iarratas isteach chun é a athnuachan. Rinneadh gach údarú atá ann cheana le haghaidh táirgí cosanta plandaí ina bhfuil an tsubstaint ghníomhach sin a chúlghairm. Na MRLanna le haghaidh meitimil ar chumcuait agus gircíní, bhí siad bunaithe ar CXLanna ar dheimhniú an tÚdarás go bhfuil siad sábháilte do thomhaltóirí ⁽⁵⁾. Dá bhrí sin, ba cheart na MRLanna sin a choinneáil ar bun in Iarscríbhinn II a ghabhann le Rialachán (CE) Uimh. 396/2005 ag na leibhéil atá ann cheana i gcomhréir le hAirteagal 14(2), pointe (e) de Rialachán (CE) Uimh. 396/2005. Na MRLanna atá ann cheana le haghaidh meitimil ar leitísí, pónairí (tírim), pónairí soighe, síolta cadáis, arbhar Indiach/arbhar agus coirce, bhí siad bunaithe ar CXLanna ar ina leith a tháinig an tÚdarás ar an gconclúid nach dtacaíonn na sonraí go leordhóthanach leo mar tá sonraí in easnamh maidir le meitibileacht meitimil i mbarra duilleog, piseánaigh agus olashíolta ⁽⁶⁾. Dá bhrí sin, ba cheart na MRLanna sin a íslíú go LODanna a bhaineann go sonrach leis an táirge in Iarscríbhinn II a ghabhann le Rialachán (CE) Uimh. 396/2005. I gcás gach táirge eile ar ina leith a bhí na MRLanna bunaithe ar úsáidí san Aontas Eorpach nach bhfuil údaraithe a thuilleadh, is iomchuí na MRLanna a íslíú go LODanna a bhaineann go sonrach leis an táirge in Iarscríbhinn II a ghabhann le Rialachán (CE) Uimh. 396/2005 i gcomhréir le hAirteagal 17 de Rialachán (CE) Uimh. 396/2005 i gcomhar le hAirteagal 14(1), pointe (a) de. Ina theannta sin, chun amhras a sheachaint, ba cheart na fonótaí ina léirítear go bhfuil easpa faisnéise ann maidir le trialacha ar iarmhair agus meitibileacht na mbarr a scríosadh.
- (6) Maidir le formheas na substainte gníomhaí teafluibeansúrón, chuaigh sé in éag an 30 Samhain 2019 mar níor cuireadh aon iarratas isteach chun é a athnuachan. Tá na MRLanna le haghaidh teafluibeansúrón ar sheadóga agus mandairíní bunaithe ar lamháltas i dtaca le hallmhairiú ón mBrasaíl a dheimhniú an tÚdarás go bhfuil siad sábháilte do thomhaltóirí ⁽⁷⁾. Na MRLanna le haghaidh teafluibeansúrón ar oraístí, líomóidí, líomaí, fíonchaora, papánna, trátaí, cúcamair, gircíní, mealbhacáin, síolta lus na gréine, pónairí soighe agus pónairí caifé, tá siad mar thoradh ar chur chun feidhme na CXLanna ar dheimhniú an tÚdarás go bhfuil siad sábháilte do thomhaltóirí ⁽⁸⁾. Dá bhrí sin, ba cheart na MRLanna sin a choinneáil ar bun in Iarscríbhinn II a ghabhann le Rialachán (CE) Uimh. 396/2005 ag na leibhéil atá ann cheana i gcomhréir le hAirteagal 14(2), pointe (e) de Rialachán (CE) Uimh. 396/2005. I gcás gach táirge eile ar ina leith a bhí na MRLanna bunaithe ar úsáidí san Aontas Eorpach nach bhfuil údaraithe a thuilleadh, is iomchuí na MRLanna a íslíú go LODanna a bhaineann go sonrach leis an táirge in Iarscríbhinn II a ghabhann le Rialachán (CE) Uimh. 396/2005 i gcomhréir le hAirteagal 17 de Rialachán (CE) Uimh. 396/2005 i gcomhar le hAirteagal 14(1), pointe (a) de.
- (7) Chuaigh an Coimisiún i gcomhairle le saotharlanna tagartha an Aontais Eorpaigh maidir le hiarmhair lotnaidicídí a mhéid a bhaineann leis an ngá LODanna áirithe a oiriúnú. Maidir le gach substaint ghníomhach a chumhdaítear leis an Rialachán seo, mhol na saotharlanna sin LODanna a bhaineann go sonrach leis an táirge agus ar féidir iad a bhaint amach go hanailíseach.
- (8) Chuathas i gcomhairle le comhpháirtithe trádála an Aontais maidir leis na MRLanna nua tríd an Eagraíocht Dhomhanda Trádála, agus cuireadh a mbarúlacha san áireamh.
- (9) Dá bhrí sin, ba cheart Rialachán (CE) Uimh. 396/2005 a leasú dá réir.

⁽⁴⁾ *EFSA Conclusion on the peer review of the pesticide risk assessment of the active substance etoxazole* [Conclúid ón Údarás Eorpach um Shábháilteacht Bia maidir leis an athbhreithniú piaraí ar an measúnú riosca lotnaidicídí ar an tsubstaint ghníomhach eatocsasól]; *EFSA Journal* [Iris EFSA], 2017;15(10):4988.

⁽⁵⁾ *EFSA Reasoned opinion on the review of the existing maximum residue levels for methomyl according to Article 12 of Regulation (EC) No 396/2005* [Tuairim réasúnaithe ón Údarás Eorpach um Shábháilteacht Bia maidir leis an athbhreithniú ar na huasleibhéil iarmhar atá ann cheana le haghaidh meitimil de réir Airteagal 12 de Rialachán (CE) Uimh. 396/2005]; *EFSA Journal* [Iris EFSA], 2015;13(10):4277.

⁽⁶⁾ *EFSA Reasoned opinion on the review of the existing maximum residue levels for methomyl according to Article 12 of Regulation (EC) No 396/2005* [Tuairim réasúnaithe ón Údarás Eorpach um Shábháilteacht Bia maidir leis an athbhreithniú ar na huasleibhéil iarmhar atá ann cheana le haghaidh meitimil de réir Airteagal 12 de Rialachán (CE) Uimh. 396/2005]; *EFSA Journal* [Iris EFSA], 2015;13(10):4277.

⁽⁷⁾ *EFSA Reasoned Opinion on the setting of import tolerances for teflubenzuron in grapefruits, mandarins and broccoli* [Tuairim réasúnaithe ón Údarás Eorpach um Shábháilteacht Bia maidir le lamháltas i dtaca le hallmhairiú a leagan síos le haghaidh teafluibeansúrón i seadóga, mandairíní agus brocaíl]; *EFSA Journal* [Iris EFSA] 2018;16(11):5474.

⁽⁸⁾ *EFSA Scientific support for preparing an EU position in the 4th Session of the Codex Committee on Pesticide Residues (CCPR)* [Tacaíocht eolaíoch ón Údarás Eorpach um Shábháilteacht Bia chun seasamh ón Aontas Eorpach a ullmhú don 4^ú Seisiún den Choiste Codex maidir le hIarmhair Lotnaidicídí (CCPR)]; *EFSA Journal* [Iris EFSA], 2017;15(7):4929.

- (10) A mhéid a bhaineann leis na substaintí gníomhacha beansóait dínádóiniam, dé-úrón, meitimil agus teafluibeansúrón, chun go mbeifear in ann margú, próiseáil agus tomhaltas táirgí a dhéanamh ar an ngnáthshlí, níor cheart feidhm a bheith ag an Rialachán seo maidir le táirgí a tháirgtear san Aontas nó a allmhairítear isteach san Aontas sula mbeidh na MRLanna nua infheidhme agus ar ina leith a choinnítear leibhéal ard cosanta tomhaltóirí ar bun.
- (11) Ba cheart tréimhse réasúnta a bheith ann sula mbeidh feidhm ag na MRLanna nua ionas go mbeidh na Ballstáit, tríú tíortha agus oibreoirí gnólachtaí bia in ann iad féin a oiriúnú do na ceanglais nua a thagann as an modhnú ar na MRLanna.
- (12) Tá na bearta dá bhforáiltear sa Rialachán seo i gcomhréir leis an tuairim ón mBuanchoiste um Plandaí, Ainmhithe, Bia agus Beatha,

TAR ÉIS AN RIALACHÁN SEO A GHLACADH:

Airteagal 1

Leasaítear Iarscríbhinní II agus V a ghabhann le Rialachán (CE) Uimh. 396/2005 i gcomhréir leis an Iarscríbhinn a ghabhann leis an Rialachán seo.

Airteagal 2

A mhéid a bhaineann leis na substaintí gníomhacha beansóait dínádóiniam, dé-úrón, meitimil agus teafluibeansúrón i ngach táirge agus ar gach táirge, beidh feidhm ag Rialachán (CE) Uimh. 396/2005 i gcónaí mar a bhí sular leasaíodh é leis an Rialachán seo maidir le táirgí a táirgeadh san Aontas nó a allmhairíodh isteach san Aontas roimh an 8 Aibreán 2024.

Airteagal 3

Tiocfaidh an Rialachán seo i bhfeidhm an fichiú lá tar éis lá a fhoilsithe in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

Beidh feidhm aige ón 8 Aibreán 2024.

Beidh an Rialachán seo ina cheangal go huile agus go hiomlán agus beidh sé infheidhme go díreach i ngach Ballstát.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil, an 15 Meán Fómhair 2023.

Thar ceann an Choimisiúin

An tUachtarán

Ursula VON DER LEYEN

IARSCRÍBHINN

Leasaítear Iarscríbhinní II agus V a ghabhann le Rialachán (CE) Uimh. 396/2005 mar a leanas:

(1) Leasaítear Iarscríbhinn II mar a leanas:

a) cuirtear an méid seo a leanas in ionad na gcolún le haghaidh meitimile agus teafluibeansúróin:

Iarmhair lotnaidicídí agus uasleibhéil iarmhar (mg/kg)

Códuimhir	Grúpaí agus samplaí de tháirgí aonair a bhfuil feidhm ag na MRLanna maidir leo ^(*)	Meitimil	Teafluibeansúrón (F)
(1)	(2)	(3)	(4)
0100000	TORTHAÍ, iad ÚR nó REOITE; CNÓNNA CRANN		
0110000	Torthaí citris	0,01 (*)	0,5
0110010	Seadóga		
0110020	Oráistí		
0110030	Líomóidí		
0110040	Líomaí		
0110050	Mandairíní		
0110990	Eile (2)		
0120000	Cnónna crann	0,01 (*)	0,01 (*)
0120010	Almóinní		
0120020	Cnónna Brasaíleacha		
0120030	Cnónna caisiú		
0120040	Castáin		
0120050	Cnónna cócó		
0120060	Cnónna coill		
0120070	Macadaimia		
0120080	Cnónna peacáin		
0120090	Eithní cnónna péine		
0120100	Cnónna pistéise		
0120110	Gallchnónna		
0120990	Eile (2)		
0130000	Torthaí póma	0,01 (*)	0,01 (*)
0130010	Úlla		
0130020	Piorraí		
0130030	Cainchí		
0130040	Torthaí ón meispeal Gearmánach		
0130050	Locuatanna		
0130990	Eile (2)		

0140000	Torthaí cloiche	0,01 (*)	0,01 (*)
0140010	Aibreoga		
0140020	Silíní (iad milis)		
0140030	Péitseoga		
0140040	Plumaí		
0140990	Eile (2)		
0150000	Caora agus torthaí beaga	0,01 (*)	
0151000	(a) fionchaora		0,7
0151010	Fíonchaora boird		
0151020	Fíniúnacha coiteanna		
0152000	(b) sútha talún		0,01 (*)
0153000	(c) torthaí cána		0,01 (*)
0153010	Sméara dubha		
0153020	Eithreoga		
0153030	Sútha craobh (iad dearg agus buí)		
0153990	Eile (2)		
0154000	(d) torthaí beaga eile agus caora eile		0,01 (*)
0154010	Fraocháin		
0154020	Mónóga		
0154030	Cuiríní (iad dubh, dearg agus bán)		
0154040	Spíonáin (iad glas, dearg agus buí)		
0154050	Mogóirí róis		
0154060	Maoildearga (iad dubh agus bán)		
0154070	Torthaí ón sceach gheal asaróil		
0154080	Caora troim		
0154990	Eile (2)		
0160000	Torthaí ilghnéitheacha ag a bhfuil		
0161000	(a) craiceann inite		0,01 (*)
0161010	Dátaí	0,01 (*)	
0161020	Figí	0,01 (*)	
0161030	Ológa boird	0,01 (*)	
0161040	Cumcuaít	1	
0161050	Torthaí réaltúla	0,01 (*)	
0161060	Dátphlumaí Seapánacha	0,01 (*)	
0161070	Plumaí láva	0,01 (*)	
0161990	Eile (2)	0,01 (*)	

0162000	(b) craiceann do-ite, é beag	0,01 (*)	0,01 (*)
0162010	Cíobhaíonna (iad glas, dearg agus buí)		
0162020	Lítsíonna		
0162030	Páiseoga		
0162040	Piorraí deilgneacha		
0162050	Réalt-úlla		
0162060	Dátphlumaí Meiriceánacha		
0162990	Eile (2)		
0163000	(c) craiceann do-ite, é mór	0,01 (*)	
0163010	Abhacáid		0,01 (*)
0163020	Bananaí		0,01 (*)
0163030	Mangónna		0,01 (*)
0163040	Papánna		0,4
0163050	Pomagránaití		0,01 (*)
0163060	Céiriomoighe		0,01 (*)
0163070	Guábhaí		0,01 (*)
0163080	Anainn		0,01 (*)
0163090	Torthaí aráin		0,01 (*)
0163100	Duraígh		0,01 (*)
0163110	Úlla deilgneacha		0,01 (*)
0163990	Eile (2)		0,01 (*)
0200000	GLASRAÍ, iad ÚR nó REOITE		
0210000	Glasraí fréimhe agus tiúbair	0,01 (*)	0,01 (*)
0211000	(a) prátaí		
0212000	(b) glasraí fréimhe agus tiúbair trópaiceacha		
0212010	Casabhaigh		
0212020	Prátaí milse		
0212030	Ionaim		
0212040	Ararút		
0212990	Eile (2)		
0213000	(c) glasraí fréimhe agus tiúbair eile seachas biatas siúcra		
0213010	Meacain bhíatais		
0213020	Meacain dhearga		
0213030	Soiliriac/soilire tornapa		
0213040	Meacain ragaim		
0213050	Bliosáin ghréine		

0213060	Meacain bhána		
0213070	Fréamhacha peirsile/peirsil fréimhe Hamburg		
0213080	Raidisí		
0213090	Salsabh		
0213100	Svaeideanna		
0213110	Tornapaí		
0213990	Eile (2)		
0220000	Glasraí bleibíní	0,01 (*)	0,01 (*)
0220010	Gairleog		
0220020	Oinniúin		
0220030	Seallóidí		
0220040	Oinniúin earraigh/scailliúin agus ciobúil		
0220990	Eile (2)		
0230000	Glasraí a thugann torthaí		
0231000	(a) Solanaceae agus Malvaceae		
0231010	Trátaí	0,01 (*)	1,5
0231020	Piobair	0,01 (*)	0,01 (*)
0231030	Ubhthorthaí	0,01 (*)	0,01 (*)
0231040	Ocra	0,01 (*)	0,01 (*)
0231990	Eile (2)	0,01 (*)	0,01 (*)
0232000	(b) guird a bhfuil craiceann inite acu		
0232010	Cúcamair	0,01 (*)	0,5
0232020	Gircíní	0,1	1,5
0232030	Cúirséid	0,01 (*)	0,01 (*)
0232990	Eile (2)	0,01 (*)	0,01 (*)
0233000	(c) guird a bhfuil craiceann do-ite acu	0,01 (*)	
0233010	Mealbhacáin		0,3
0233020	Puimcíní		0,01 (*)
0233030	Mealbhacáin uisce		0,01 (*)
0233990	Eile (2)		0,01 (*)
0234000	(d) arbhar milis	0,01 (*)	0,01 (*)
0239000	(e) glasraí eile a thugann torthaí	0,01 (*)	0,01 (*)
0240000	Glasraí praisí (seachas fréamhacha praisí agus barra duilleog óga praisí)	0,01 (*)	0,01 (*)
0241000	(a) praiseach bhlátha		
0241010	Brocaílí		
0241020	Cóilis		
0241990	Eile (2)		

0242000	(b) praiseach chinn		
0242010	Bachlóga Bruiséile		
0242020	Cabáistí cinn		
0242990	Eile (2)		
0243000	(c) praiseach dhuilleach		
0243010	Cabáistí Síneacha		
0243020	Cáil		
0243990	Eile (2)		
0244000	(d) cálráibí		
0250000	Glasraí duilleacha, luibheanna agus bláthanna inite		
0251000	(a) leitísí agus plandaí sailéid	0,01 (*)	0,01 (*)
0251010	Ceathrúna uain		
0251020	Leitísí		
0251030	Searbháin muc		
0251040	Biolair agus eascróga agus peacáin eile		
0251050	Biolair thalún		
0251060	Roicéad Rómánach/rucola		
0251070	Mustard dearg		
0251080	Barra duilleog óga (lena n-áirítear speicis phraisí)		
0251990	Eile (2)		
0252000	(b) spionáistí agus duilleoga comhchosúla	0,01 (*)	0,01 (*)
0252010	Spionáistí		
0252020	Puirsléáin		
0252030	Seardas/duilleoga biatais		
0252990	Eile (2)		
0253000	(c) duilleoga caor fíniúna agus speicis chomhchosúla	0,01 (*)	0,01 (*)
0254000	(d) biolair uisce	0,01 (*)	0,01 (*)
0255000	(e) sreabháin na Beilge	0,01 (*)	0,01 (*)
0256000	(f) luibheanna agus bláthanna inite	0,02 (*)	0,02 (*)
0256010	Costóg		
0256020	Síobhas		
0256030	Duilleoga soilire		
0256040	Peirsil		
0256050	Sáiste		
0256060	Marós		

0256070	Tím		
0256080	Basal agus bláthanna inite		
0256090	Duilleog labhrais		
0256100	Dragan		
0256990	Eile (2)		
0260000	Léagúim	0,01 (*)	0,01 (*)
0260010	Pónairí (a bhfuil faighneoga acu)		
0260020	Pónairí (gan faighneoga)		
0260030	Piseanna (a bhfuil faighneoga acu)		
0260040	Piseanna (gan faighneoga)		
0260050	Lintilí		
0260990	Eile (2)		
0270000	Glasraí gais	0,01 (*)	0,01 (*)
0270010	Lus súgach		
0270020	Cardúin		
0270030	Soilirí		
0270040	Finéal Fhlórans		
0270050	Bliosáin chruinne		
0270060	Cainneanna		
0270070	Biabhóg		
0270080	Péacáin bhambú		
0270090	Croíthe pailme		
0270990	Eile (2)		
0280000	Fungais, caonaigh agus léicin	0,01 (*)	0,01 (*)
0280010	Fungais shaothraithe		
0280020	Fungais fhiáine		
0280990	Caonaigh agus léicin		
0290000	Algaí agus orgánaigh phrócaróit	0,01 (*)	0,01 (*)
0300000	PISEÁNAIGH	0,01 (*)	0,01 (*)
0300010	Pónairí		
0300020	Lintilí		
0300030	Piseanna		
0300040	Lúipíní/pónairí lúipíní		
0300990	Eile (2)		
0400000	OLASHÍOLTA AGUS OLATHORTHAÍ	0,01 (*)	
0401000	Olashíolta		
0401010	Ros lín		0,01 (*)
0401020	Piseanna talún		0,01 (*)
0401030	Síolta poipín		0,01 (*)

0401040	Síolta seasamain		0,01 (*)
0401050	Síolta lus na gréine		0,3
0401060	Síolta ráibe		0,01 (*)
0401070	Pónairí soighe		0,05
0401080	Síolta mustaird		0,01 (*)
0401090	Síolta cadáis		0,01 (*)
0401100	Síolta puimcín		0,01 (*)
0401110	Síolta cróch bréige		0,01 (*)
0401120	Síolta borraíste		0,01 (*)
0401130	Caimilín		0,01 (*)
0401140	Síolta cnáibe		0,01 (*)
0401150	Pónairí ricne		0,01 (*)
0401990	Eile (2)		0,01 (*)
0402000	Olathorthaí		0,01 (*)
0402010	Ológa le haghaidh táirgeadh ola		
0402020	Eithní pailme ola		
0402030	Torthaí pailme oila		
0402040	Capac		
0402990	Eile (2)		
0500000	GRÁNAIGH	0,01 (*)	0,01 (*)
0500010	Eorna		
0500020	Ruán agus bréag-ghránaigh eile		
0500030	Arbhar Indiach/arbhar		
0500040	Muiléad coiteann		
0500050	Coirce		
0500060	Rís		
0500070	Seagal		
0500080	Sorgam		
0500090	Cruithneacht		
0500990	Eile (2)		
0600000	TAENNA, CAIFE, INSILTÍ LUIBHE, CÓCÓ AGUS CARÚIB	0,05 (*)	
0610000	Taenna		0,05 (*)
0620000	Pónairí caife		0,3
0630000	Insiltí luibhe ó		0,05 (*)
0631000	(a) bláthanna		
0631010	Camán meall		
0631020	Roiseog		
0631030	Rós		

0631040	Seasmain		
0631050	Teile		
0631990	Eile (2)		
0632000	(b) duilleoga agus luibheanna		
0632010	Sú talún		
0632020	Rooibos		
0632030	Maité		
0632990	Eile (2)		
0633000	(c) fréamhacha		
0633010	Caorthann corraigh		
0633020	Ginsing		
0633990	Eile (2)		
0639000	(d) aon chuid eile den phlanda		
0640000	Pónairí cócó		0,05 (*)
0650000	Carúib		0,05 (*)
0700000	LEANNLUSANNA	0,05 (*)	0,05 (*)
0800000	SPÍOSRAÍ		
0810000	Spíosraí ó shíolta	0,05 (*)	0,05 (*)
0810010	Ainís		
0810020	Calaindí		
0810030	Soilire		
0810040	Lus an choire		
0810050	Cuimín		
0810060	Lus mín		
0810070	Finéal		
0810080	Feinigréag		
0810090	Noitmig		
0810990	Eile (2)		
0820000	Spíosraí ó thorthaí	0,05 (*)	0,05 (*)
0820010	Ilspíosra/pimeantó		
0820020	Piobar Szechuan		
0820030	Cearbhas		
0820040	Cardamam		
0820050	Caor aítíl		
0820060	Piobarchaor (í dubh, glas agus bán)		
0820070	Fanaile		
0820080	Tamarain		
0820990	Eile (2)		

0830000	Spíosraí ó choirt	0,05 (*)	0,05 (*)
0830010	Cainéal		
0830990	Eile (2)		
0840000	Spíosraí ó fhréamhacha agus ó riosóm		
0840010	Liocras	0,05 (*)	0,05 (*)
0840020	Sinséar (10)		
0840030	Tuirmiric/curcuma	0,05 (*)	0,05 (*)
0840040	Meacain ragaim (11)		
0840990	Eile (2)	0,05 (*)	0,05 (*)
0850000	Spíosraí ón mbachlóg	0,05 (*)	0,05 (*)
0850010	Clóibh		
0850020	Caprais		
0850990	Eile (2)		
0860000	Spíosraí ó phistil bláthanna	0,05 (*)	0,05 (*)
0860010	Cróch		
0860990	Eile (2)		
0870000	Spíosraí arail	0,05 (*)	0,05 (*)
0870010	Maicis		
0870990	Eile (2)		
0900000	PLANDAÍ SIÚCRA	0,01 (*)	0,01 (*)
0900010	Fréamhacha biatas siúcra		
0900020	Cánaí siúcra		
0900030	Fréamhacha siocaire		
0900990	Eile (2)		
1000000	TÁIRGÍ DE THIONSCNAMH AINMHÍOCH - AINMHITHE TALÚN		
1010000	Tráchtearraí ó	0,01 (*)	0,01 (*)
1011000	(a) mucra		
1011010	Matán		
1011020	Saill		
1011030	An t-ae		
1011040	An duán		
1011050	Scairteach inite (seachas an t-ae agus an duán)		
1011990	Eile (2)		
1012000	(b) bó-ainmhí		
1012010	Matán		
1012020	Saill		

1012030	An t-ae		
1012040	An duán		
1012050	Scairteach inite (seachas an t-ae agus an duán)		
1012990	Eile (2)		
1013000	(c) caoraigh		
1013010	Matán		
1013020	Saill		
1013030	An t-ae		
1013040	An duán		
1013050	Scairteach inite (seachas an t-ae agus an duán)		
1013990	Eile (2)		
1014000	d) gabhar		
1014010	Matán		
1014020	Saill		
1014030	An t-ae		
1014040	An duán		
1014050	Scairteach inite (seachas an t-ae agus an duán)		
1014990	Eile (2)		
1015000	(e) eachaí		
1015010	Matán		
1015020	Saill		
1015030	An t-ae		
1015040	An duán		
1015050	Scairteach inite (seachas an t-ae agus an duán)		
1015990	Eile (2)		
1016000	(f) éanlaith chlóis		
1016010	Matán		
1016020	Saill		
1016030	An t-ae		
1016040	An duán		
1016050	Scairteach inite (seachas an t-ae agus an duán)		
1016990	Eile (2)		
1017000	(g) ainmhithe talún feirme eile		
1017010	Matán		
1017020	Saill		

1017030	An t-ae		
1017040	An duán		
1017050	Scairteach inite (seachas an t-ae agus an duán)		
1017990	Eile (2)		
1020000	Bainne	0,01 (*)	0,01 (*)
1020010	Eallach		
1020020	Caoirigh		
1020030	Gabhar		
1020040	Capall		
1020990	Eile (2)		
1030000	Uibheacha éan	0,01 (*)	0,01 (*)
1030010	An chearc		
1030020	Lacha		
1030030	Géanna		
1030040	Gearg		
1030990	Eile (2)		
1040000	Mil agus táirgí beachaíreacht eile (7)	0,05 (*)	0,05 (*)
1050000	Débhheathaigh agus Reiptlí	0,01 (*)	0,01 (*)
1060000	Ainmhithe inveirteabracha talún	0,01 (*)	0,01 (*)
1070000	Ainmhithe veirteabracha talún fiáine	0,01 (*)	0,01 (*)
1100000	TÁIRGÍ DE THIONSCNAMH AINMHÍOCH - ÉISC, TÁIRGÍ ÉISC AGUS AON TÁIRGE BIA MARA NÓ FIONNUISCE ILE (8)		
1200000	TÁIRGÍ NÓ CODANNA DE THÁIRGÍ A ÚSAIDTEAR CHUN BEATHA AINMHITHE A THÁIRGEADH AGUS CHUIGE SIN AMHÁIN (8)		
1300000	TÁIRGÍ BIA PRÓISEÁILTE (9)		

(*) Léiríonn an íostearainn an chinnidh anailísigh

(^a) Chun liosta iomlán na dtáirgí de thionscnamh ainmhíoch agus plandaí a bhfuil feidhm ag na MRLanna maidir leo a fheiceáil, ba cheart tagairt a dhéanamh d'Iarscríbhinn I

Teafluibeansúrón (F)

(F) Intuaslagtha i saill

b) scriostar na colúin le haghaidh beansóait dínádóiniam, dé-úróin agus eatocsasóil;

(2) in Iarscríbhinn V, cuirtear isteach na colúin seo a leanas le haghaidh beansóatí dínádóiniam, dé-úróin agus eatocsasóil:

Iarmhair lotnaidicídí agus uasleibhéil iarmhar (mg/kg)

Códuimhir	Grúpaí agus samplaí de tháirgí aonair a bhfuil feidhm ag na MRLanna maidir leo ^(*)	Beansóatí dínádóiniam (suim de dhinádóiniam agus a shaláim, arna sloinneadh mar bheansóatí dínádóiniam)	Dé-úróin	Eatocsasóil
(1)	(2)	(3)	(4)	(5)
0100000	TORTHAÍ, iad ÚR nó REOITE; CNÓNNA CRANN	0,01 (*)	0,01 (*)	0,01 (*)
0110000	Torthaí citris			
0110010	Seadóga			
0110020	Oráistí			
0110030	Líomóidí			
0110040	Líomaí			
0110050	Mandairíní			
0110990	Eile (2)			
0120000	Cnónna crann			
0120010	Almóinní			
0120020	Cnónna Brasaíleacha			
0120030	Cnónna caisiú			
0120040	Castáin			
0120050	Cnónna cócó			
0120060	Cnónna coill			
0120070	Macadaimia			
0120080	Cnónna peacáin			
0120090	Eithní cnónna péine			
0120100	Cnónna pistéise			
0120110	Gallchnónna			
0120990	Eile (2)			
0130000	Torthaí póma			
0130010	Úlla			
0130020	Piorraí			
0130030	Cainchí			
0130040	Torthaí ón meispeal Gearmánach			
0130050	Locuatanna			
0130990	Eile (2)			

0140000	Torthaí cloiche			
0140010	Aibreoga			
0140020	Silíní (iad milis)			
0140030	Péitseoga			
0140040	Plumaí			
0140990	Eile (2)			
0150000	Caora agus torthaí beaga			
0151000	(a) fíonchaora			
0151010	Fíonchaora boird			
0151020	Fíniúnacha coiteanna			
0152000	(b) sútha talún			
0153000	(c) torthaí cána			
0153010	Sméara dubha			
0153020	Eithreoga			
0153030	Sútha craobh (iad dearg agus buí)			
0153990	Eile (2)			
0154000	(d) torthaí beaga eile agus caora eile			
0154010	Fraocháin			
0154020	Mónóga			
0154030	Cuiríní (iad dubh, dearg agus bán)			
0154040	Spíonáin (iad glas, dearg agus buí)			
0154050	Mogóirí róis			
0154060	Maoildearga (iad dubh agus bán)			
0154070	Torthaí ón sceach gheal asaróil			
0154080	Caora troim			
0154990	Eile (2)			
0160000	Torthaí ilghnéitheacha ag a bhfuil			
0161000	(a) craiceann inite			
0161010	Dátaí			
0161020	Figí			
0161030	Ológa boird			
0161040	Cumcuait			
0161050	Torthaí réaltúla			
0161060	Dátphlumaí Seapánacha			

0161070	Plumaí láva			
0161990	Eile (2)			
0162000	(b) craiceann do-ite, é beag			
0162010	Cíobhaíonna (iad glas, dearg agus buí)			
0162020	Lítsíonna			
0162030	Páiseoga			
0162040	Piorraí deilgneacha			
0162050	Réalt-úlla			
0162060	Dátphlumaí Meiriceánacha			
0162990	Eile (2)			
0163000	(c) craiceann do-ite, é mór			
0163010	Abhacáid			
0163020	Bananaí			
0163030	Mangónna			
0163040	Papánna			
0163050	Pomagránaití			
0163060	Céiriomoighe			
0163070	Guábhaí			
0163080	Anainn			
0163090	Torthaí aráin			
0163100	Duraígh			
0163110	Úlla deilgneacha			
0163990	Eile (2)			
0200000	GLASRAÍ, iad ÚR nó REOITE			
0210000	Glasraí fréimhe agus tiúbair	0,01 (*)	0,01 (*)	0,01 (*)
0211000	(a) prátaí			
0212000	(b) glasraí fréimhe agus tiúbair trópaiceacha			
0212010	Casabhaigh			
0212020	Prátaí milse			
0212030	Ionaim			
0212040	Ararút			
0212990	Eile (2)			
0213000	(c) glasraí fréimhe agus tiúbair eile seachas biatas siúcra			
0213010	Meacain bhíatais			

0213020	Meacain dhearga			
0213030	Soiliriac/soilire tornapa			
0213040	Meacain ragaim			
0213050	Bliosáin ghréine			
0213060	Meacain bhána			
0213070	Fréamhacha peirsile/peirsil fréimhe Hamburg			
0213080	Raidisí			
0213090	Salsabh			
0213100	Svaeideanna			
0213110	Tornapaí			
0213990	Eile (2)			
0220000	Glasraí bleibíní	0,01 (*)	0,01 (*)	0,01 (*)
0220010	Gairleog			
0220020	Oinniúin			
0220030	Seallóidí			
0220040	Oinniúin earraigh/scailliúin agus ciobúil			
0220990	Eile (2)			
0230000	Glasraí a thugann torthaí	0,01 (*)	0,01 (*)	0,01 (*)
0231000	(a) Solanaceae agus Malvaceae			
0231010	Trátaí			
0231020	Piobair			
0231030	Ubhthorthaí			
0231040	Ocra			
0231990	Eile (2)			
0232000	(b) guird a bhfuil craiceann inite acu			
0232010	Cúcamair			
0232020	Gircíní			
0232030	Cúirséid			
0232990	Eile (2)			
0233000	(c) guird a bhfuil craiceann do-ite acu			
0233010	Mealbhacáin			
0233020	Puimcíní			
0233030	Mealbhacáin uisce			
0233990	Eile (2)			

0234000	(d) arbhar milis			
0239000	(e) glasraí eile a thugann torthaí			
0240000	Glasraí praisí (seachas fréamhacha praisí agus barra duilleog óga praisí)	0,01 (*)	0,01 (*)	0,01 (*)
0241000	(a) praiseach bhlátha			
0241010	Brocaílí			
0241020	Cóilis			
0241990	Eile (2)			
0242000	(b) praiseach chinn			
0242010	Bachlóga Bruiséile			
0242020	Cabáistí cinn			
0242990	Eile (2)			
0243000	(c) praiseach dhuilleach			
0243010	Cabáistí Síneacha			
0243020	Cáil			
0243990	Eile (2)			
0244000	(d) cálráibí			
0250000	Glasraí duilleacha, luibheanna agus bláthanna inite			
0251000	(a) leitísí agus plandaí sailéid	0,01 (*)	0,01 (*)	0,01 (*)
0251010	Ceathrúna uain			
0251020	Leitísí			
0251030	Searbháin muc			
0251040	Biolair agus eascróga agus peacáin eile			
0251050	Biolair thalún			
0251060	Roicéad Rómánach/rucola			
0251070	Mustard dearg			
0251080	Barra duilleog óga (lena n-áirítear speicis phraisí)			
0251990	Eile (2)			
0252000	(b) spionáistí agus duilleoga comhchosúla	0,01 (*)	0,01 (*)	0,01 (*)
0252010	Spionáistí			
0252020	Puirsleáin			
0252030	Seardas/duilleoga biatais			
0252990	Eile (2)			

0253000	(c) duilleoga caor fíniúna agus speicis chomhchosúla	0,01 (*)	0,01 (*)	0,01 (*)
0254000	(d) biolair uisce	0,01 (*)	0,01 (*)	0,01 (*)
0255000	(e) sreabháin na Beilge	0,01 (*)	0,01 (*)	0,01 (*)
0256000	(f) luibheanna agus bláthanna inite	0,02 (*)	0,02 (*)	0,02 (*)
0256010	Costóg			
0256020	Síobhas			
0256030	Duilleoga soilire			
0256040	Peirsil			
0256050	Sáiste			
0256060	Marós			
0256070	Tím			
0256080	Basal agus bláthanna inite			
0256090	Duilleog labhrais			
0256100	Dragan			
0256990	Eile (2)			
0260000	Léagúim	0,01 (*)	0,01 (*)	0,01 (*)
0260010	Pónairí (a bhfuil faighneoga acu)			
0260020	Pónairí (gan faighneoga)			
0260030	Piseanna (a bhfuil faighneoga acu)			
0260040	Piseanna (gan faighneoga)			
0260050	Lintilí			
0260990	Eile (2)			
0270000	Glasraí gais	0,01 (*)	0,01 (*)	0,01 (*)
0270010	Lus súpach			
0270020	Cardúin			
0270030	Soilirí			
0270040	Finéal Fhlórans			
0270050	Bliosáin chruinne			
0270060	Cainneanna			
0270070	Biabhóg			
0270080	Péacáin bhambú			
0270090	Croíthe pailme			
0270990	Eile (2)			
0280000	Fungais, caonaigh agus léicin	0,01 (*)	0,01 (*)	0,01 (*)
0280010	Fungais shaothraithe			
0280020	Fungais fhiáine			
0280990	Caonaigh agus léicin			

0290000	Algaí agus orgánaigh phrócaróit	0,01 (*)	0,01 (*)	0,01 (*)
0300000	PISEÁNAIGH	0,01 (*)	0,01 (*)	0,01 (*)
0300010	Pónairí			
0300020	Lintilí			
0300030	Piseanna			
0300040	Lúipíní/pónairí lúipíní			
0300990	Eile (2)			
0400000	OLASHÍOLTA AGUS OLATHORTHAÍ	0,01 (*)	0,01 (*)	0,01 (*)
0401000	Olashíolta			
0401010	Ros lín			
0401020	Piseanna talún			
0401030	Síolta poipín			
0401040	Síolta seasamain			
0401050	Síolta lus na gréine			
0401060	Síolta ráibe			
0401070	Pónairí soighe			
0401080	Síolta mustaird			
0401090	Síolta cadáis			
0401100	Síolta puimcín			
0401110	Síolta cróch bréige			
0401120	Síolta borraíste			
0401130	Caimilín			
0401140	Síolta cnáibe			
0401150	Pónairí ricne			
0401990	Eile (2)			
0402000	Olathorthaí			
0402010	Ológa le haghaidh táirgeadh ola			
0402020	Eithní pailme ola			
0402030	Torthaí pailme oila			
0402040	Capac			
0402990	Eile (2)			
0500000	GRÁNAIGH	0,01 (*)	0,01 (*)	0,01 (*)
0500010	Eorna			
0500020	Ruán agus bréag-ghránaigh eile			
0500030	Arbhar Indiach/arbhar			
0500040	Muiléad coiteann			
0500050	Coirce			

0500060	Rís			
0500070	Seagal			
0500080	Sorgam			
0500090	Cruithneacht			
0500990	Eile (2)			
0600000	TAENNA, CAIFE, INSILTÍ LUIBHE, CÓCÓ AGUS CARÚIB	0,05 (*)		0,05 (*)
0610000	Taenna		0,01 (*)	
0620000	Pónairí caife		0,05 (*)	
0630000	Insiltí luibhe ó		0,05 (*)	
0631000	(a) bláthanna			
0631010	Camán meall			
0631020	Roiseog			
0631030	Rós			
0631040	Seasmain			
0631050	Teile			
0631990	Eile (2)			
0632000	(b) duilleoga agus luibheanna			
0632010	Sú talún			
0632020	Rooibos			
0632030	Maité			
0632990	Eile (2)			
0633000	(c) fréamhacha			
0633010	Caorthann corraigh			
0633020	Ginsing			
0633990	Eile (2)			
0639000	(d) aon chuid eile den phlanda			
0640000	Pónairí cócó		0,05 (*)	
0650000	Carúib		0,05 (*)	
0700000	LEANNLUSANNA	0,05 (*)	0,05 (*)	0,05 (*)
0800000	SPÍOSRAÍ			
0810000	Spíosraí ó shíolta	0,05 (*)	0,05 (*)	0,05 (*)
0810010	Ainís			
0810020	Calaindí			
0810030	Soilire			
0810040	Lus an choire			
0810050	Cuimín			
0810060	Lus mín			

0810070	Finéal			
0810080	Feinigréag			
0810090	Noitmig			
0810990	Eile (2)			
0820000	Spíosraí ó thorthaí	0,05 (*)	0,05 (*)	0,05 (*)
0820010	Ílspíosra/pimeantó			
0820020	Piobar Szechuan			
0820030	Cearbhas			
0820040	Cardamam			
0820050	Caor aitul			
0820060	Piobarchaor (í dubh, glas agus bán)			
0820070	Fanaile			
0820080	Tamarain			
0820990	Eile (2)			
0830000	Spíosraí ó choirt	0,05 (*)	0,05 (*)	0,05 (*)
0830010	Cainéal			
0830990	Eile (2)			
0840000	Spíosraí ó fhréamhacha agus ó riosóm			
0840010	Liocras	0,05 (*)	0,05 (*)	0,05 (*)
0840020	Sinséar (10)			
0840030	Tuirmiric/curcuma	0,05 (*)	0,05 (*)	0,05 (*)
0840040	Meacain ragaim (11)			
0840990	Eile (2)	0,05 (*)	0,05 (*)	0,05 (*)
0850000	Spíosraí ón mbachlóg	0,05 (*)	0,05 (*)	0,05 (*)
0850010	Clóibh			
0850020	Caprais			
0850990	Eile (2)			
0860000	Spíosraí ó phistil bláthanna	0,05 (*)	0,05 (*)	0,05 (*)
0860010	Cróch			
0860990	Eile (2)			
0870000	Spíosraí arail	0,05 (*)	0,05 (*)	0,05 (*)
0870010	Maicis			
0870990	Eile (2)			
0900000	PLANDAÍ SIÚCRA	0,01 (*)	0,01 (*)	0,01 (*)
0900010	Fréamhacha biatas siúcra			
0900020	Cánaí siúcra			
0900030	Fréamhacha siocaire			
0900990	Eile (2)			

1000000	TÁIRGÍ DE THIONSCNAMH AINMHÍOCH - AINMHITHE TALÚN		0,01 (*)	
1010000	Tráchtearraí ó	0,01 (*)		0,01 (*)
1011000	(a) mucra			
1011010	Matán			
1011020	Saill			
1011030	An t-ae			
1011040	An duán			
1011050	Scairteach inite (seachas an t-ae agus an duán)			
1011990	Eile (2)			
1012000	(b) bó-ainmhí			
1012010	Matán			
1012020	Saill			
1012030	An t-ae			
1012040	An duán			
1012050	Scairteach inite (seachas an t-ae agus an duán)			
1012990	Eile (2)			
1013000	(c) caoraigh			
1013010	Matán			
1013020	Saill			
1013030	An t-ae			
1013040	An duán			
1013050	Scairteach inite (seachas an t-ae agus an duán)			
1013990	Eile (2)			
1014000	d) gabhar			
1014010	Matán			
1014020	Saill			
1014030	An t-ae			
1014040	An duán			
1014050	Scairteach inite (seachas an t-ae agus an duán)			
1014990	Eile (2)			
1015000	(e) eachaí			
1015010	Matán			
1015020	Saill			
1015030	An t-ae			
1015040	An duán			

1015050	Scairteach inite (seachas an t-ae agus an duán)			
1015990	Eile (2)			
1016000	(f) éanlaith chlóis			
1016010	Matán			
1016020	Saill			
1016030	An t-ae			
1016040	An duán			
1016050	Scairteach inite (seachas an t-ae agus an duán)			
1016990	Eile (2)			
1017000	(g) ainmhithe talún feirme eile			
1017010	Matán			
1017020	Saill			
1017030	An t-ae			
1017040	An duán			
1017050	Scairteach inite (seachas an t-ae agus an duán)			
1017990	Eile (2)			
1020000	Bainne	0,01 (*)		0,01 (*)
1020010	Eallach			
1020020	Caoirigh			
1020030	Gabhar			
1020040	Capall			
1020990	Eile (2)			
1030000	Uibheacha éan	0,01 (*)		0,01 (*)
1030010	An chearc			
1030020	Lacha			
1030030	Géanna			
1030040	Gearg			
1030990	Eile (2)			
1040000	Mil agus táirgí beachaíreacht eile (7)	0,05 (*)		0,05 (*)
1050000	Débheathaigh agus Reiptílí	0,01 (*)		0,01 (*)
1060000	Ainmhithe inveirteabracha talún	0,01 (*)		0,01 (*)
1070000	Ainmhithe veirteabracha talún fiáine	0,01 (*)		0,01 (*)

1100000	TÁIRGÍ DE THIONSCNAMH AINMHÍOCH - ÉISC, TÁIRGÍ ÉISC AGUS AON TÁIRGE BIA MARA NÓ FIONNUISCE ILE (8)			
1200000	TÁIRGÍ NÓ CODANNA DE THÁIRGÍ A ÚSAIDTEAR CHUN BEATHA AINMHITHE A THÁIRGEADH AGUS CHUIGE SIN AMHÁIN (8)			
1300000	TÁIRGÍ BIA PRÓISEÁILTE (9)			

(*) Léiríonn an íostearainn an chinnidh analísigh

(†) Chun liosta iomlán na dtáirgí ar de thionscnamh ainmhíoch agus plandaí iad a bhfuil feidhm ag na MRLanna maidir leo a fheiceáil, ba cheart tagairt a dhéanamh d'Iarscríbhinn I

RIALACHÁN CUR CHUN FEIDHME (AE) 2023/1784 ÓN gCOIMISIÚN
an 15 Meán Fómhair 2023

lena leasaítear Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) Uimh. 686/2012 a mhéid a bhaineann le leithdháileadh ar Bhallstáit, chun críocha an nós imeachta athnuachana, na meastóireachta ar eatocsasól, ar substaint í a rachaidh a formheas in éag an 31 Eanáir 2028

(Téacs atá ábhartha maidir le LEE)

TÁ AN COIMISIÚN EORPACH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh,

Ag féachaint do Rialachán (CE) Uimh. 1107/2009 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 21 Deireadh Fómhair 2009 maidir le táirgí cosanta plandaí a chur ar an margadh agus lena n-aisghairtear Treoracha 79/117/CEE agus 91/414/CEE ón gComhairle ⁽¹⁾, agus go háirithe Airteagal 19 de,

De bharr an mhéid seo a leanas:

- (1) Le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) Uimh. 686/2012 ón gCoimisiún ⁽²⁾ déantar an mheastóireacht ar shubstaintí gníomhacha a leithdháileadh ar Bhallstát is rapóirtéir agus ar Bhallstát is comhrapóirtéir chun críocha an nós imeachta athnuachana. An mheastóireacht ar shubstaintí gníomhacha a rachaidh a bhformheas in éag idir an 31 Márta 2025 agus an 27 Nollaig 2028, rinneadh í a leithdháileadh ar Bhallstát is rapóirtéir agus ar Bhallstát is comhrapóirtéir. Mar sin féin, ní dhearnadh an leithdháileadh sin go fóill maidir leis an meastóireacht ar an tsubstaint ghníomhach eatocsasól, ar substaint í a rachaidh a formheas in éag an 31 Eanáir 2028. Dá bhrí sin, is iomchuí dul ar aghaidh leis an leithdháileadh sin.
- (2) Rinneadh an leithdháileadh sin ar bhealach lena n-áiríthítear cothromaíocht idir na Ballstáit a mhéid a bhaineann le dáileadh na bhfreagrachtaí agus na hoibre.
- (3) Dá bhrí sin, ba cheart Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) Uimh. 686/2012 a leasú dá réir.
- (4) Tá na bearta dá bhforáiltear sa Rialachán seo i gcomhréir leis an tuairim ón mBuanchoiste um Plandaí, Ainmhithe, Bia agus Beatha,

TAR ÉIS AN RIALACHÁN SEO A GHLACADH:

Airteagal 1

I gCuid D den Iarscríbhinn a ghabhann le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) Uimh. 686/2012, cuirtear an iontráil seo a leanas isteach i ndiaidh na hiontrála 'Ciantrainileapról':

Substaint ghníomhach	Ballstát is rapóirtéir	Ballstát is comhrapóirtéir
'Eatocsasól	FR	EL

Airteagal 2

Tiocfaidh an Rialachán seo i bhfeidhm an fichiú lá tar éis lá a fhoilsithe in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

⁽¹⁾ IO L 309, 24.11.2009, lch. 1.

⁽²⁾ Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) Uimh. 686/2012 ón gCoimisiún an 26 Iúil 2012 lena leithdháiltear ar Bhallstáit, chun críocha an nós imeachta athnuachana, an mheastóireacht ar na substaintí gníomhacha a rachaidh a bhformheas in éag an 31 Nollaig 2018 ar a dhéanaí (IO L 200, 27.7.2012, lch. 5).

Beidh an Rialachán seo ina cheangal go huile agus go hiomlán agus beidh sé infheidhme go díreach i ngach Ballstát.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil, an 15 Meán Fómhair 2023.

Thar ceann an Choimisiúin
An tUachtarán
Ursula VON DER LEYEN

CINNTÍ

CINNEADH (AE) 2023/1785 ÓN gCOIMISIÚN

an 15 Meán Fómhair 2023

lena n-aisghairtear Cinneadh 2006/929/CE lena mbunaítear sásra comhair agus fíorúcháin ar dhul chun cinn sa Bhulgáir chun aghaidh a thabhairt ar thagarmharcanna sonracha i réimsí an athchóirithe bhreithiúnaigh agus an chomhraic i gcoinne an éillithe agus na coireachta eagraithe

TÁ AN COIMISIÚN EORPACH,

Ag féachaint don Chonradh ar an Aontas Eorpach,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh,

Ag féachaint d'Ionstraim Aontachais Phoblacht na Bulgáire agus na Rómáine, agus go háirithe Airteagal 37 agus Airteagal 38 di,

De bharr an mhéid seo a leanas:

- (1) Ina thuarascáil faireacháin an 26 Meán Fómhair 2006 maidir le staid ullmhachta do bhallaíocht na Bulgáire agus na Rómáine san Aontas ⁽¹⁾, roimh aontachas na Bulgáire leis an Aontas, shainaithin an Coimisiún roinnt saincheisteanna, go háirithe a mhéid a bhaineann le cuntasacht agus éifeachtúlacht an chórais bhreithiúnaigh agus na gcomhlachtaí forfheidhmithe dlí sa Bhulgáir, áit a raibh gá fós le tuilleadh dul chun cinn chun an cumas a áirithiú na bearta arna nglacadh chun an margadh inmheánach agus limistéar na saoirse, na slándála agus an cheartais a chur chun feidhme agus a chur i bhfeidhm.
- (2) An 13 Nollaig 2006, ghlac an Coimisiún Cinneadh 2006/929/CE ⁽²⁾ lena mbunaítear sásra comhair agus fíorúcháin ar dhul chun cinn sa Bhulgáir chun aghaidh a thabhairt ar sé thagarmharc shonracha i réimsí an athchóirithe bhreithiúnaigh agus an chomhraic i gcoinne an éillithe agus na coireachta eagraithe. Luaitear sa Chinneadh sin go bhfuil sé le haisghairm nuair a bheidh na tagarmharcanna go léir comhlíonta go sásúil.
- (3) Le Cinneadh 2006/929/CE ceanglaítear ar an mBulgáir tuairisc rialta a thabhairt don Choimisiún maidir leis an dul chun cinn a rinneadh chun aghaidh a thabhairt ar na tagarmharcanna. Chuir an Coimisiún a bharúlacha agus a thorthaí féin maidir le tuarascáil na Bulgáire in iúl do Pharlaimint na hEorpa agus don Chomhairle den chéad uair i mí an Mheithimh 2007, agus tá tuairisc rialta tugtha aige ó shin i leith. Is de thoradh ar anailís chúramach gach tuarascáil ón gCoimisiún, ag tarraingt ar dhlúthchomhar leis na húdaráis náisiúnta, agus ar ionchur ón tsochaí shibhialta, agus ó pháirtithe leasmhara agus ó bhreathnóirí eile.
- (4) Ina thuarascáil i mí Eanáir 2017 ⁽³⁾, rinne an Coimisiún measúnú cuimsitheach ar an dul chun cinn atá déanta ag an mBulgáir ó bunaíodh an sásra comhair agus fíoraithe. Ar an mbonn sin, leag an Coimisiún amach conair shoiléir i dtreo thabhairt i gcrích an tsásra, bunaithe ar seacht bpríomh-mholadh déag lenar soiléiríodh na ceanglais ba ghá don Bhulgáir a chomhlíonadh chun na sé thagarmharc atá leagtha síos i gCinneadh 2006/929/CE a chomhlíonadh. I bhfianaise an dul chun cinn a rinneadh, mheas an Coimisiún gur leor comhlíonadh na moltaí sin chun an sásra comhair agus fíoraithe a dhúnadh, ar choinnioll nach mbeadh aon fhorbairt ann idir an dá linn lena n-aisiompaítear an dul chun cinn go soiléir. Díríodh le go leor de na moltaí ar choimircí inmheánacha a fhorbairt chun do-athraitheacht na dtorthaí a áirithiú agus chun a léiriú go leanfaí leis na hathchóirithe leanúnacha agus go ndéanfaí an dul chun cinn a chomhdhlúthú, fiú gan an sásra.

⁽¹⁾ Tuarascáil Faireacháin ar an Staid Ullmhachta do Bhallaíocht AE sa Bhulgáir agus sa Rómáin, 26 Meán Fómhair 2006, COM(2006) 549.

⁽²⁾ Cinneadh 2006/929/CE ón gCoimisiún an 13 Nollaig 2006 lena mbunaítear sásra comhair agus fíorúcháin ar dhul chun cinn sa Bhulgáir chun aghaidh a thabhairt ar thagarmharcanna sonracha i réimsí an athchóirithe bhreithiúnaigh agus an chomhraic i gcoinne an éillithe agus na coireachta eagraithe (IO L 354, 14.12.2006, lch. 58).

⁽³⁾ Tuarascáil ón gCoimisiún maidir le dul chun cinn sa Bhulgáir faoin Sásra Comhair agus Fíorúcháin, COM(2017) 43 final.

- (5) Ina thuarascáil i mí na Samhna 2018 ⁽⁴⁾, ba dhíol sásaimh don Choimisiún an dul chun cinn a rinneadh sa Bhulgáir i dtreo an sásra comhair agus fíoraithe a thabhairt chun críche go pras, agus tháinig sé ar an gconclúid go bhféadfaí a mheas go bhfuil trí cinn de na tagarmharcanna tugtha chun críche go sealadach. Chuir an Coimisiún san áireamh go háirithe an dul chun cinn atá déanta ag an mBulgáir ó dháta a haontachais maidir lena creat bunreachtúil agus reachtach a leasú chun coimircí do neamhspleáchas breithiúnach a fheabhsú, chomh maith le trédhearcacht agus éifeachtúlacht an phróisis bhreithiúnaigh. Ina theannta sin, leis na leasuithe ar bhunreacht na Bulgáire in 2015, rinneadh athchóiriú ar an Ardchomhairle Bhreithiúnach agus tugadh isteach cigireacht bhreithiúnach níos láidre. Tá na leasuithe sin i bhfeidhm anois le roinnt blianta anuas.
- (6) Leagadh síos i dtuarascáil an Choimisiúin i mí Dheireadh Fómhair 2019 ⁽⁵⁾ gur leor an dul chun cinn a rinne an Bhulgáir faoin sásra comhair agus fíorúcháin chun na gealltanais a rinne an Bhulgáir tráth a haontachais leis an Aontas a chomhlíonadh agus gur comhlíonadh go sásúil na sé thagarmharc, mar a leagtar amach i gCinneadh 2006/929/CE, agus arna soiléiriú tríd an seacht moladh déag i dtuarascáil mhí Eanáir 2017. Thug an Coimisiún dá aire go háirithe, i measc nithe eile, na hathchóirithe cuimsitheacha ar an gcreat institiúideach ginearálta frith-éillithe a cuireadh i gcrích le dhá bhliain anuas. Ina theannta sin, thug an Coimisiún dá aire i gconclúid na tuarascála ó mhí Dheireadh Fómhair 2019, liosta de ghealltanais shonracha a rinne rialtas na Bulgáire. Áiríodh leis na gealltanais shonracha sin, go háirithe, nósanna imeachta a chur i bhfeidhm maidir le cuntasacht an Ard-Ionchúisitheora i gcomhréir le moltaí ó Choimisiún na Veinése, mar aon le gealltanais an Achta Córais Bhreithiúnaigh a leasú chun aisghairm a dhéanamh ar na forálacha lena gceanglaítear giúistísí a chur ar fionraí go huathoibríoch i gcás imscrúdú coiriúil ina gcoinne, chomh maith leis na forálacha lena gcuirtear d'oibleagáid ar ghiúistísí a mballraíocht i gcomhlachas gairmiúil a thuairisciú. Gheall an Bhulgáir freisin go leanfadh sí dá comhar le comhlachtaí Chomhairle na hEorpa i réimse an fhrith-éillithe. I dtuarascáil mhí Dheireadh Fómhair 2019, tugadh aird chuí freisin ar iarrachtaí na Bulgáire faireachán a inmheánú ar an leibhéal náisiúnta trí Chomhairle um Chomhordú agus um Chomhar (an 'comhairle iarfhaireacháin') a bheidh freagrach as maoirseacht a dhéanamh ar dhul chun cinn leanúnach na n-athchóirithe.
- (7) Mar obair leantach ar na gealltanais shonracha a tugadh faoi deara i dtuarascáil mhí Dheireadh Fómhair 2019, i mí Feabhra 2020, ghlac Parlaimint na Bulgáire na leasuithe thuasluaite ar an Acht Córais Bhreithiúnaigh, rud a d'fhág nach raibh fágtha ó na gealltanais i dtuarascáil mhí Dheireadh Fómhair 2019 ach an gealltanais sonracha nósanna imeachta a chur i bhfeidhm a bhaineann le cuntasacht an Ard-Ionchúisitheora.
- (8) Bunaíodh creat don imscrúdú i gcoinne an Ard-Ionchúisitheora agus a ionadaithe i gcomhthéacs na Saoráide Téarnaimh agus Athléimneachta, i ndlúthchomhar leis an gCoimisiún agus le comhairliúcháin a dhéanamh le Coimisiún na Veinése ⁽⁶⁾. An 4 Bealtaine 2022, d'fhorghas Comhairle an Aontais Eorpaigh an Plean Téarnaimh agus Athléimneachta atá beartaithe don Bhulgáir, lena n-áirítear i measc na gcloch mhíle atá aici gealltanais na Bulgáire maidir le teacht i bhfeidhm na leasuithe reachtacha chun éifeachtacht imeachtaí coiriúla a chaomhnú agus chun cuntasacht agus dlíteanas coiriúil an Ard-Ionchúisitheora a fheabhsú. An 26 Bealtaine 2023, ghlac Parlaimint na Bulgáire an dlí lena gcuirtear i bhfeidhm nósanna imeachta maidir le cuntasacht an Ard-Ionchúisitheora agus a ionadaithe. Tháinig an dlí i bhfeidhm an 6 Meitheamh 2023, rud a thug chun críche an gealltanais sonracha deireanach a bhí fós gan réiteach faoi thuarascáil Dheireadh Fómhair 2019. Chuir Príomh-Aire na Bulgáire an Coimisiún ar an eolas i litir dar dáta an 26 Meitheamh 2023 faoi na bearta a rinneadh chun na gealltanais shonracha a liostaítear i gconclúidí thuarascáil 2019 faoin sásra comhair agus fíorúcháin a chomhlíonadh, chomh maith le bearta breise chun leanúint den smacht reachta a chaomhnú.
- (9) Maidir le tiomantas na Bulgáire leanúint dá comhar le comhlachtaí Chomhairle na hEorpa faoi shainchúram an fhrith-éillithe, ba cheart a thabhairt faoi deara gur comhaontaíodh roinnt clocha míle frith-éillithe i gcomhthéacs an Phlean Téarnaimh agus Athléimneachta don Bhulgáir, lena n-éilítear comhar idir an Bhulgáir agus comhlachtaí Chomhairle na hEorpa.
- (10) Dá bhrí sin, comhlíonadh go sásúil na tagarmharcanna uile a leagtar amach i gCinneadh 2006/929/CE, agus a soiléiríodh tríd an seacht moladh déag i dtuarascáil mhí Eanáir 2017, chomh maith le gealltanais shonracha ⁽⁷⁾ thuarascáil Dheireadh Fómhair 2019.

⁽⁴⁾ Tuarascáil ón gCoimisiún maidir le dul chun cinn sa Bhulgáir faoin Sásra Comhair agus Fíorúcháin, COM(2018) 850 final.

⁽⁵⁾ Tuarascáil ón gCoimisiún maidir le dul chun cinn sa Bhulgáir faoin Sásra Comhair agus Fíorúcháin, COM(2019) 498 final.

⁽⁶⁾ Féach cloch mhíle 222, Cinneadh Cur Chun Feidhme ón gComhairle maidir le formheas an mheasúnaithe ar phlean téarnaimh agus athléimneachta na Bulgáire, an 28 Aibreán 2022, ST 8091 2022 INIT. Déanfaidh an Coimisiún measúnú ar chomhlíonadh na cloch mhíle i bplean téarnaimh agus athléimneachta na Bulgáire nuair a thíolacfaidh an Bhulgáir an iarraidh íocaíochta ábhartha.

⁽⁷⁾ Tá an measúnú sin gan dochar don mheasúnú ar chomhlíonadh na gcloch mhíle agus na spríocanna ábhartha i bplean téarnaimh agus athléimneachta na Bulgáire.

- (11) Tá comhthéacs nua ann maidir le comhar an Choimisiúin leis an mBulgáir mar thoradh ar an dul chun cinn atá tagtha ar thimpeallacht smachta reachta an Aontais. Go háirithe, leis an timthriall bliantúil maidir le Smacht Reachta, a seoladh leis an Teachtaireacht ón gCoimisiún i mí Iúil 2019 dar teideal ‘An Smacht Reachta a Neartú laistigh den Aontas’⁽⁸⁾ agus i dTreoirlínte Polaitiúla Uachtarán von der Leyen, cuirtear creat leanúnach ar fáil a bhfuil peirspictíocht fhadtéarmach ag gabháil leis chun dul leis an athchóiriú inbhuanaithe, don Bhulgáir mar aon le Ballstáit eile. Mar chuid den timthriall sin, i dTuarascáil bhliantúil an Choimisiúin um an Smacht Reachta, ina bhfuil moltaí do na Ballstáit ó 2022 i leith, spreagtar treoir dhearfach maidir le saincheistanna a bhaineann leis an smacht reachta, idirphlé agus feacht chomhpháirteach a dhoimhniú agus teacht chun cinn dúshlán nó doimhniú na ndúshlán sin a chosc. Beifear in ann faireachán a dhéanamh ar chur chun feidhme athchóirithe comhaontaithe na Bulgáire. Is í an chomhairle iarfhaireacháin a áiritheoidh faireachán ar an leibhéal náisiúnta freisin ar chur chun feidhme leanúnach na n-athchóirithe a chuir an Bhulgáir i bhfeidhm.
- (12) Thíolaic an Coimisiún tuarascáil mhí Dheireadh Fómhair 2019 dá chuid maidir leis an dul chun cinn sa Bhulgáir faoin sásra comhair agus fíorúcháin i gCoiste ábhartha Pharlaimint na hEorpa. Chuir an Coimisiún san áireamh go cuí na barúlacha a fuarthas ó Pharlaimint na hEorpa trí litir ó Uachtarán Pharlaimint na hEorpa an 20 Nollaig 2019.
- (13) An 5 Iúil 2023, chuir an Coimisiún in iúl don Chomhairle go raibh sé ar intinn aige Cinneadh 2006/929/CE lena mbunaítear sásra comhair agus fíoraithe don Bhulgáir a aisghairm agus an sásra a thabhairt chun críche go cinntitheach. Cuireadh an méid sin in iúl do Pharlaimint na hEorpa freisin. I litir dar dáta an 26 Iúil, thug an Chomhairle dá haire go bhfuil sé ar intinn ag an gCoimisiún an sásra comhair agus fíoraithe a dhúnadh go foirmiúil don Bhulgáir agus don Rómáin.
- (14) Ba cheart, dá bhrí sin, Cinneadh 2006/929/CE a aisghairm,

TAR ÉIS AN CINNEADH SEO A GHLACADH:

Airteagal 1

Aisghairtear Cinneadh 2006/929/CE.

Airteagal 2

Tiocfaidh an Cinneadh seo i bhfeidhm an fichiú lá tar éis lá a fhoilsithe in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil, an 15 Meán Fómhair 2023.

Thar ceann an Choimisiúin
An tUachtarán
Ursula VON DER LEYEN

⁽⁸⁾ COM(2019) 343.

CINNEADH (AE) 2023/1786 ÓN gCOIMISIÚN
an 15 Meán Fómhair 2023

lena n-aisghairtear Cinneadh 2006/928/CE lena mbunaítear sásra comhair agus fíorúcháin ar dhul chun cinn sa Rómáin chun aghaidh a thabhairt ar thagarmharcanna sonracha i réimsí an athchóirithe bhreithiúnaigh agus an chomhraic i gcoinne an éillithe

TÁ AN COIMISIÚN EORPACH,

Ag féachaint don Chonradh ar an Aontas Eorpach,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh,

Ag féachaint d'Ionstraim Aontachais Phoblacht na Bulgáire agus na Rómáine, agus go háirithe Airteagal 37 agus Airteagal 38 di,

De bharr an mhéid seo a leanas:

- (1) Ina thuarascáil faireacháin an 26 Meán Fómhair 2006 maidir le staid ullmhachta do bhallaíocht na Bulgáire agus na Rómáine san Aontas ⁽¹⁾, roimh aontachas na Rómáine leis an Aontas, shainaithin an Coimisiún roinnt saincheisteanna, go háirithe maidir le cuntasacht agus éifeachtúlacht an chórais bhreithiúnaigh agus na gcomhlachtaí forfheidhmithe dlí sa Rómáin, áit a raibh gá fós le tuilleadh dul chun cinn chun an cumas a áirithiú na bearta arna nglacadh chun go mbunófaí an margadh inmheánach agus limistéar na saoirse, na slándála agus an cheartais a chur chun feidhme agus a chur i bhfeidhm.
- (2) An 13 Nollaig 2006, ghlac an Coimisiún Cinneadh 2006/928/CE ⁽²⁾ lena mbunaítear sásra comhair agus fíorúcháin ar dhul chun cinn sa Rómáin chun aghaidh a thabhairt ar cheithre thagarmharc shonracha i réimsí an athchóirithe bhreithiúnaigh agus an chomhraic i gcoinne an éillithe. Luaitear sa Chinneadh sin go bhfuil sé le haisghairm nuair a bheidh na tagarmharcanna go léir comhlíonta go sásúil.
- (3) Le Cinneadh 2006/928/CE ceanglaítear ar an Rómáin tuairisc rialta a thabhairt don Choimisiún maidir leis an dul chun cinn a rinneadh chun aghaidh a thabhairt ar na tagarmharcanna. Chuir an Coimisiún a bharúlacha agus a thorthaí féin maidir le tuarascáil na Rómáine in iúl do Pharlaimint na hEorpa agus don Chomhairle den chéad uair i mí an Mheithimh 2007, agus tá tuairisc rialta tugtha aige ó shin i leith. Is toradh ar anailís chúramach gach tuarascáil ón gCoimisiún, ag tarraingt ar dhlúthchomhar leis na húdaráis náisiúnta, agus ar ionchur ón tsochaí shibhialta, agus ó pháirtithe leasmhara agus breathnóirí eile chomh maith.
- (4) Ina thuarascáil i mí Eanáir 2017 ⁽³⁾, rinne an Coimisiún measúnú cuimsitheach ar an dul chun cinn atá déanta ag an Rómáin ó bunaíodh an sásra comhair agus fíorúcháin. Ar an mbonn sin, leag an Coimisiún amach conair shoiléir i dtreo thabhairt chun críche an tsásra, bunaithe ar dhá mholadh déag lenar soiléiríodh na ceanglais ba ghá don Rómáin a chomhlíonadh chun na ceithre thagarmharc atá leagtha síos i gCinneadh a chomhlíonadh. I bhfianaise an dul chun cinn a rinneadh, mheas an Coimisiún gur leor comhlíonadh na moltaí sin chun an sásra comhair agus fíorúcháin a thabhairt chun críche, ar choinníoll nach mbeadh aon fhorbairt ann idir an dá linn lena n-aisiomprófaí go soiléir an dul chun cinn. Dhírigh roinnt de na moltaí ar choimircí inmheánacha a fhorbairt chun do-athraitheacht na dtorthaí a áirithiú agus chun a léiriú go leanfaí leis na hathchóirithe leanúnacha agus go ndéanfaí an dul chun cinn a chomhdhlúthú, fiú gan an sásra.

⁽¹⁾ Tuarascáil Faireacháin maidir le Staid Ullmhachta do Bhallaíocht na Bulgáire agus na Rómáine san Aontas, 26 Meán Fómhair 2006, COM(2006) 549.

⁽²⁾ Cinneadh ón gCoimisiún 2006/928/CE an 13 Nollaig 2006 lena mbunaítear sásra comhair agus fíorúcháin ar dhul chun cinn sa Rómáin chun aghaidh a thabhairt ar thagarmharcanna sonracha i réimsí an athchóirithe bhreithiúnaigh agus an chomhraic i gcoinne an éillithe (IO L 354, 14.12.2006, lch. 56).

⁽³⁾ Tuarascáil ón gCoimisiún maidir le dul chun cinn sa Rómáin faoin sásra comhair agus fíorúcháin, COM(2017) 44 final.

- (5) Ó shin i leith, tá ceithre mheasúnú déanta ag an gCoimisiún ar an dul chun cinn chun na moltaí a chur chun feidhme ⁽⁴⁾. Sainnithníodh cúlú na n-athchóirithe i dtuarascálacha ón gCoimisiún maidir le dul chun cinn sa Rómáin faoin sásra comhair agus fíorúcháin ó dheireadh 2017 go dtí 2019. Mar gheall ar chéimeanna a thug an Rómáin, athosclaíodh saincheistanna ar measadh i dtuarascáil mhí Eanáir 2017 go raibh siad dúnta, agus rinneadh ocht moladh breise i dtuarascáil mhí na Samhna 2018 ⁽⁵⁾.
- (6) Sa tuarascáil uaidh i mí an Mheithimh 2021, ba dhíol sásaimh don Choimisiún an dul chun cinn a rinneadh sa Rómáin chun an sásra comhair agus fíorúcháin ⁽⁶⁾ a thabhairt chun críche go pras. Chuir an Coimisiún san áireamh go háirithe spreagadh athnuaite na Rómáine don athchóiriú agus chun an cúlú a tharla sa thréimhse 2017-2019 a aisiompú. Thug sé dá aire an dul chun cinn atá déanta sna moltaí go léir a bhí fágtha, agus go leor acu ar an mbealach le bheith comhlíonta má fhanann an dul chun cinn seasta.
- (7) Leagadh síos i dtuarascáil an Choimisiúin i mí na Samhna 2022 ⁽⁷⁾ gur leor an dul chun cinn a rinne an Rómáin faoin sásra comhair agus fíorúcháin chun na gealltanais a rinne sí tráth a haontachais leis an Aontas a chomhlíonadh agus gur comhlíonadh go sásúil na ceithre thagarmharc a leagtar amach i gCinneadh arna soiléiriú tríd an dá mholadh déag i dtuarascáil mhí Eanáir 2017 agus na hocht moladh breise i dtuarascáil mhí na Samhna 2018. Thug an Coimisiún dá aire go háirithe an dul chun cinn atá déanta ag an Rómáin maidir le neamhspleáchas agus éifeachtacht na mbreithiúna a neartú trí athchóiriú cuimsitheach a dhéanamh ar an gcóras ceartais. Glacadh Dlíthe Ceartais Nua lenar tugadh isteach athruithe tábhachtacha maidir le heagrú na gairme agus córais dliteanais do ghiúistísí; ceapadh, dífhostú, agus cumhachtaí na n-ionchúisitheoirí ardchéime; agus rialachas na Cigireachta Breithiúnaí. Thug an Coimisiún dá aire freisin an dul chun cinn atá déanta maidir le cur chun feidhme na straitéise náisiúnta frith-éilithe agus an dea-theist maidir le héilliú ardleibhéil a imscrúdú agus smachtbhannaí a fhorchur ina leith. Thug sé dá aire freisin go bhfuil na hinstiúidí atá freagrach as rialacha maidir le sláine agus coinbhleachtaí leasa a chur i bhfeidhm, agus as sócmhainní coiriúla a bhainistiú agus a aisghabháil, ag obair go héifeachtach.
- (8) Thug an Coimisiún dá aire i gconclúid a tuarascála ó mhí na Samhna 2022 trí ghealltanais shonracha a rinne rialtas na Rómáine. Chuir Uachtarán na Rómáine an Coimisiún ar an eolas, i litir dar dáta an 28 Meitheamh 2023, faoi na bearta a glacadh chun na gealltanais sin a chomhlíonadh. Ar an gcéad dul síos, tá gealltanais tugtha ag an Rómáin tuilleadh anailíse a dhéanamh ar thuairimí Choimisiúin na Veinése agus iad a chur san áireamh go huile agus go hiomlán maidir lena Dlíthe Ceartais agus ar bhonn níos ginearálta más gá tuilleadh gníomhaíochtaí a dhéanamh. Bunaíodh painéal saineolaithe ardleibhéil chun machnamh a dhéanamh ar réitigh reachtacha leormhaithe chun obair leantach a dhéanamh ar thuairimí Choimisiúin na Veinése, ar mhaithe le héifeachtúlacht agus neamhspleáchas na mbreithiúna a threisiú a thuilleadh. Ar an dara dul síos, tá gealltanais tugtha ag an Rómáin freisin an t-athbhreithniú ar an gCód Coiriúil agus ar an gCód Nós Imeachta Coiriúil a thabhairt chun críche, chun a áirithiú go mbeidh siad ag teacht leis na cinní atá glactha ag Cúirt Bhunreachtúil na Rómáine ó bhí 2016 ann. Ghlac Parlaimint na Rómáine reachtaíocht chuige sin an 28 Meitheamh 2023. Cuid de ghealltanais na Rómáine faoina Plean Téarnaimh agus Athléimneachta ⁽⁸⁾ is ea an t-athbhreithniú ar an dá Chód a thabhairt chun críche freisin. Ar deireadh, chuir rialtas na Rómáine in iúl go raibh muinín aige as cumas Uaschomhairle nua na Giúistiseachta cur le móiminteam an athchóirithe, agus spreagadh nua a thabhairt don trédhearcacht agus don chuntasacht. Ghlac Uaschomhairle na Giúistiseachta ráiteas prionsabal maidir le trédhearcacht agus cuntasacht, rud a d'fhoilsigh sí an 3 Aibreán 2023.
- (9) Dá bhrí sin, comhlíonadh go sásúil na tagarmharcanna uile a leagtar amach i gCinneadh agus a soiléiríodh tríd an dá mholadh déag i dtuarascáil mhí Eanáir 2017 agus na hocht moladh breise i dtuarascáil mhí na Samhna 2018, chomh maith leis na gealltanais shonracha ⁽⁹⁾ a liostaítear i gconclúidí tuarascáil 2022.

⁽⁴⁾ COM(2017) 751; COM(2018) 851; COM(2019) 499; COM(2021) 370.

⁽⁵⁾ COM(2018) 851.

⁽⁶⁾ COM(2021) 370.

⁽⁷⁾ COM(2022) 664.

⁽⁸⁾ Cinneadh cur chun feidhme ón gComhairle maidir le formheas an mheasúnaithe ar phlean téarnaimh agus athléimneachta na Rómáine, an 26 Deireadh Fómhair 2021, ST 12319 2021 INIT. Déanfaidh an Coimisiún measúnú ar chomhlíonadh na cloch mhíle i bplean téarnaimh agus athléimneachta na Rómáine nuair a thíolacfaidh an Rómáin an iarraidh íocaíochta ábhartha.

⁽⁹⁾ Tá an measúnú sin gan dochar don mheasúnú ar chomhlíonadh na gcloch míle agus na spriocanna ábhartha i bplean téarnaimh agus athléimneachta na Rómáine.

- (10) Mar gheall ar fhorbairtí i dtimpeallacht smacht reachta an Aontais, tugadh comhthéacs nua don chomhar idir an Coimisiún agus an Rómáin. Go háirithe, le timthriall bliantúil an Smachta Reachta, a seoladh leis an Teachtaireacht ón gCoimisiún i mí Iúil 2019 dar teideal ‘An Smacht Reachta a Nearthú laistigh den Aontas’ ⁽¹⁰⁾ agus i dTreoirlínte Polaitiúla Uachtarán von der Leyen, cuirtear creat leanúnach ar fáil a bhfuil peirspictíocht fhadtéarmach ag gabháil leis chun dul leis an athchóiriú inbhuanaithe, don Rómáin mar aon le Ballstáit eile. Mar chuid den timthriall sin, i dTuarascáil bhliantúil an Choimisiúin um an Smacht Reachta, a chuimsíonn moltaí do na Ballstáit ó bhí 2022 ann, spreagtar treoir dhearfach maidir le saincheistanna a bhaineann leis an smacht reachta, idirphlé agus feacht chomhpháirteach a dhoimhniú agus cosc a chur ar theacht chun cinn dúshlán nó doimhniú na ndúshlán sin. Dá thoradh sin, beifear in ann faireachán a dhéanamh ar chur chun feidhme athchóirithe comhaontaithe na Rómáine.
- (11) Chuir an Coimisiún tuarascáil mhí na Samhna 2022 dá chuid maidir leis an dul chun cinn sa Rómáin faoin sásra comhair agus fíorúcháin faoi bhráid Choiste ábhartha Pharlaimint na hEorpa. Chuir an Coimisiún san áireamh go cuí na barúlacha a fuarthas ó Pharlaimint na hEorpa trí litir ó Uachtarán Pharlaimint na hEorpa an 6 Feabhra 2023.
- (12) Chuir an Coimisiún tuarascáil mhí na Samhna 2022 dá chuid maidir leis an dul chun cinn sa Rómáin faoin sásra comhair agus fíorúcháin faoi bhráid mheitheal ábhartha na Comhairle, agus thug an Coimisiún aird chuí ar an tuarascáil ó Uachtaránacht na Comhairle an 16 Nollaig 2022.
- (13) An 5 Iúil 2023, chuir an Coimisiún in iúl don Chomhairle go raibh rún aige Cinneadh lena mbunaítear sásra comhair agus fíorúcháin don Rómáin a aisghairm agus an sásra a thabhairt chun críche go cinntitheach. Cuireadh an méid sin in iúl freisin do Pharlaimint na hEorpa. I litir dar dáta an 26 Iúil, thug an Chomhairle dá haire go raibh rún ag an gCoimisiún an sásra comhair agus fíorúcháin a thabhairt chun críche go foirmiúil don Bhulgáir agus don Rómáin.
- (14) Ba cheart, dá bhrí sin, Cinneadh a aisghairm.

TAR ÉIS AN CINNEADH SEO A GHLACADH:

Airteagal 1

Aisghairtear Cinneadh (2006/928/CE).

Airteagal 2

Tiocfaidh an Cinneadh seo i bhfeidhm an fichiú lá tar éis lá a fhoilsithe in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil, an 15 Meán Fómhair 2023.

Thar ceann an Choimisiúin
An tUachtarán
Ursula VON DER LEYEN

⁽¹⁰⁾ COM(2019) 343.

ISSN 1977-0839 (leagan leictreonach)
ISSN 1725-2571 (leagan páipéir)